# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil Bhliantúil

# 2005

***Curtha i láthair faoi réir Ailt 3 (11) de Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste(Leasú), 1993***

**Baile Átha Cliath**
**Foilsithe ag Oifig an tSoláthair**
Le ceannach díreach ón
**Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais**
**Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 8**
nó tríd an bpost ó
**Fhoilseacháin Rialtais, Roinn Trádála Poist,**
**51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2**
(Guthán: 01-6476000, Facs: 01-6476843)
nó trí aon siopa leabhair.

(Prn.A6/0429) Praghas €8.00

Ullmhaíodh an tuarascáil ar bhonn eolais, cáipéisí agus míniúcháin faighte ó Ranna agus Oifigí Rialtais luaite sa tuarascáil.

Cuireadh dréachtaí de sleachta ábhartha den tuarascáil chuig na Ranna nó na hOifigí i gceist agus d'iarradh orthu a gcuid tráchtanna a thabhairt. Nuair ba chuí, bhí na tráchtanna seo curtha san áireamh sa leagan deireanach den tuarascáil.

© Rialtas na hÉireann 2006

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí – 2005

Tá dualgas orm faoi Alt 33 den Bhunreacht tuairisciú chuig Dáil Éireann ag tréimhsí ainmnithe de réir an dlí. Faoi chumhacht Ailt 3 de Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá sé de dhualgas orm tuairisciú chuig Dáil Éireann ar m'iniúchadh ar Chuntais Leithreasa Ranna agus Oifigí agus na cuntais de fháltas ioncaim an Stáit níos luaithe ná 30 Meán Fómhair sa bhliain i ndiaidh na bliana lena baineann na cuntais.

Mar sin cuirim an tuarascáil do 2005 i láthair faoi réir Ailt 3 den Acht thuasluaite.

**John Purcell**

**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

12 Meán Fómhair 2006

**Clár**


**CAIBIDIL 1 .................................................................................................................. 1**

**ÁBHAIR GHINEARÁLTA........................................................................................................ 1**

1.1 ASCHUR AIRGEADAIS ........................................................................................................ 2

**CAIBIDIL 2 .................................................................................................................. 3**

**IONCAM........................................................................................................................... 3**

2.1 CUNTAS IONCAIM ........................................................................................................... 4
2.2 CÁIN DÍSCRÍOFA .............................................................................................................. 5
2.3 CÁNACHA AGUS ÁSPC LE HÍOC ........................................................................................ 7
2.4 CLÁR INIÚCHTA IONCAIM.................................................................................................. 9
2.5 IONCHÚISIMH ................................................................................................................. 11
2.6 IMSCRÚDUITHE SPEISIALTA.............................................................................................. 12
2.7 GNÉITHE IDIRNÁISIÚNTA D'OIBRÍOCHTAÍ NA GCOIMISINÉIRÍ IONCAIM .............................. 15
2.8 CBL AGUS RÍOMH-THRÁCHTÁIL ....................................................................................... 26
2.9 MEASÚNÚ AGUS BAILIÚ CÁIN GHNÓTHACHAN CAIPITIÚIL .................................................. 34
2.10 BAINISTÍOCHT AR ACHOMHAIRC CÁNACHA ....................................................................... 40

**CAIBIDIL 3 .................................................................................................................. 51**

**GARDA SÍOCHÁNA............................................................................................................ 51**

3.1 FEITHICLÍ NA NGARDAÍ A CHOINNEÁIL ............................................................................. 52

**CAIBIDIL 4 .................................................................................................................. 55**

**AN TSEIRBHÍS PHRÍOSÚIN ................................................................................................ 55**

4.1 FÁIL LÁITHREACH UM FHORBAIRT PRÍOSÚIN .................................................................... 56

**CAIBIDIL 5 .................................................................................................................. 71**

**AN ROINN COMHSHAOIL, OIDHREACHTA, AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL.......................... 71**

5.1 CUSPÓIRÍ LÍONTA TALÚN.................................................................................................. 72

**CAIBIDIL 6 .................................................................................................................. 79**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA................................................................. 79**

6.1 ÍOCAÍOCHT TUARASTAIL IN IONAD SAOIRE BLIANTÚLA NACH GLACADH .......................... 80
6.2 INSTITIÚD TEANGEOLAÍOCHTA ÉIREANN............................................................................ 83
6.3 SCÉIMEANNA AOISLIÚNTAIS ............................................................................................. 85

**CAIBIDIL 7 .................................................................................................................. 87**

**GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE AGUS GAELTACHTA/DLÍ AGUS CEART, COMHIONANNAIS AGUS ATHCHÓIRIÚ DLÍ ............................................................. 87**

7.1 SEIRBHÍSÍ GNÍOMHAIREACHTA – SMACHT AR AIRLEACAIN LE POBAL .............................. 88

**CAIBIDIL 8 .................................................................................................................. 91**

**COMHOIBRIÚ IDIRNÁISIÚNTA ............................................................................................ 91**

8.1 CABHAIR FORBARTHA THAR LEAR .................................................................................... 92

**CAIBIDIL 9 .................................................................................................................. 101**

**AN ROINN CUMARSÁIDE, MUIR AGUS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA................................. 101**

9.1 SUIRBHÉIREACHT NÁISIÚNTA GHRINNEALL FARRAIGE NA HÉIREANN ............................. 102

9.2 ÍOCAÍOCHTAÍ LE COIMISIÚN CRAOLACHÁIN NA HÉIREANN ........................................... 106
**CAIBIDIL 10 ........................................................................................................ 109**
**AN ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA................................................................ 109**
10.1 AN SCÉIM ÍOCAÍOCHTA SINGIL ........................................................................ 110
10.2 SÁBHÁLACHA FHOIRNE................................................................................... 114
**CAIBIDIL 11 ........................................................................................................ 117**
**AN ROINN IOMPAIR............................................................................................ 117**
11.1 CÓRAS TICÉADÚ COMHTHÁITE ........................................................................ 118
11.2 COMHLACHT CALAFOIRT DHÚN DEALGAN – CEISTEANNA AR RIALÚCHÁIN CORPORÁIDEACH........................................................................................................ 126
11.3 INIÚCHÓIREACHT FEIDHMÍOCHTA DE CHOMHLACHTAÍ CALAFOIRT AN STÁIT ................ 129
**CAIBIDIL 12 ........................................................................................................ 131**
**ROINN GNÓTHAÍ SÓISIALACHA AGUS TEAGHLAIGH.................................................. 131**
12.1 RÓ-ÍOCAÍOCHTAÍ .............................................................................................. 132
12.2 IONCHÚISIMH.................................................................................................. 135
**CAIBIDIL 13 ........................................................................................................ 137**
**AN ROINN SLÁINTE AGUS LEANAÍ.......................................................................... 137**
13.1 AN FIOSRÚCHÁN IARBHÁIS ............................................................................... 138
**CAIBIDIL 14 ........................................................................................................ 147**
**FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE.............................................................. 147**
14.1 CÁRTAÍ LEIGHIS ROGHNACHA ........................................................................... 148
14.2 FÓIRDHEONTAS TÍ ALTRANAIS ........................................................................... 153
14.3 LUACH SAOTHAIR BREISE.................................................................................. 158
**CAIBIDIL 15 ........................................................................................................ 161**
**GNÍONMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA AN CHISTÁIN NÁISIÚNTA................................ 161**
15.1 FIACH NÁISIÚNTA............................................................................................. 162
15.2 CISTE BAINC COIGILTIS...................................................................................... 163

# Caibidil 1

# Ábhair Ghinearálta

# 1.1 Aschur Airgeadais

San áireamh san fhoilseachán seo Cuntais Leithreasa Iniúchta Ranna agus Oifigí 2005 (Prn.A6/0430) tá achoimre a léiríonn an méid le bheith géillte mar €568.04m. Fuarthas é seo mar atá taispeánta i d'Tábla 1

**Tábla 1 Aschur don bhliain 2005**

| | €000 | €000 | €000 |
|---|---|---|---|
| *Caiteachas Comhlán Measta* | | | |
| Meastacháin Bhunúsacha | 39,843,648 | | |
| Meastacháin Bhreise | 79,139 | | |
| Géilleadh Iarchurtha 2004 | 236,967 | 40,159,754 | |
| | | | |
| *Lúide:-* | | | |
| *Leithreasuithe-i-gCabhair Measta* | | | |
| Meastacháin Bhunúsacha | 3,671,439 | | |
| Meastacháin Bhreise | (12,167) | 3,659,272 | |
| | | | |
| Caiteachas Glan Measta | | | 36,500,482 |
| Caiteachas Comhlán Iarbhír | | 39,250,208 | |
| *Lúide: -* | | | |
| Leithreasuithe-i-gCabhair Iarbhír | | 3,813,835 | |
| Caiteachas Glan | | | 35,436,373 |
| Farasbarr don Bhliain | | | 1,064,109 |
| | | | |
| Géilleadh Iarchurtha 2005 | | | 289,268 |
| **Méid le bheith Géillte** | | | **€774,841** |

Is ionann an méid atá le tabhairt suas agus 2.12% den Ghlanchaiteachas Measta i gcomparáid le 1.72% i 2004.

## Fáltais Státchiste Bhreise

Ba é méid na bhFáltas Breise iníoctha don Státchiste mar atá taifeadta sna Cuntais Leithreasa ná €252,052,839.

## Iarmhéideanna de Vótaí 2004 a Ghéilleadh

Tháinig na hiarmhéideann le bheith géillte as Vótaí do Sheirbhísí Poiblí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004 go €568m Dearbhaím anseo go bhfuil na hiarmhéideanna seo géillte mar ba chuí.

## Cuntais Stoic agus Stóir

Tá scrúdú déanta ar chuntais stoic agus stóir na Ranna le torthaí sásúla go ginearálta.

# Caibidil 2

# Ioncam

# 2.1 Cuntas Ioncaim

## Bunús don Iniúchadh

Tá cuntas ag taispeáint gach ioncam faighte agus íoctha don Státchiste ag na Coimisinéirí Ioncaim tiomanta dom gach bliain. Ní mór dom faoi Alt 3 den Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 chun scrúduithe cuntais mar sin a dhéanamh amach mar a mheasaim oiriúnach d'fhonn chun mé féin a shásaimh ag a comhlántach agus cruinneas agus tuairisc ar Dáil Éireann ar torthaí mo scrúduithe. Go ginearálta bhí torthaí mo scrúduithe sásúil.

Ní mór dom chomh maith faoi Alt 3 den Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1993 chun scrúduithe mar sin a dhéanamh mar a mheasaim oiriúnach d'fhonn a fháil amach an raibh córais, nósanna imeachta agus cleachtaí bunaithe atá fónta chun seic éifeachtach a dhaingniú ar an léithdháileadh measúnaithe, bailithe agus ceart d'ioncam an Stáit agus chun mé féin a shásamh go bhfuil an modh atá á úsáid agus á chur i bhfeidhm fónta. Tagraíonn Ailt 2.7 go 2.10 do nithe a thagann ón scrúdú seo.

## Ioncam Bailithe

Taispeántar ioncam a bailíodh faoina phríomh-cheannteidil i 2005 i dTábla 2.

**Tábla 2 Ioncam Bailithe[1]**

| | Ioncam Comhlán Fáltais €m | Aisíocaíochtaí €m | 2005 Glan-Ioncam Fáltais €m | 2004 Glan-Fháltais €m |
|---|---|---|---|---|
| Cáin Ioncaim | 14,177 | 2,837 | 11,340 | 10,695 |
| Cáin Bhreisluacha | 15,591 | 3,465 | 12,126 | 10,717 |
| Mál | 5,549 | 158 | 5,391 | 5,066 |
| Cáin Chorparáide | 6,003 | 500 | 5,503 | 5,335 |
| Dleachtanna Stampa | 2,693 | 20 | 2,673 | 2,070 |
| Dleachtanna Custaim | 234 | 8 | 226 | 174 |
| Cáin ar Fháltais Chaipitiúla | 261 | 12 | 249 | 190 |
| Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla | 2,016 | 34 | 1,982 | 1,528 |
| **Iomlán** | **46,524** | **7,034** | **39,490** | **35,775** |

As na glan-fháltais de €39,490 millliún, íocadh iomlán de €168 milliún le linn 2005 faoi Alt 3 den Acht Leithreasa, 1999 ó fháltais de mhál tobac ar Vóta do Shláinte agus Leanaí. Íocadh €39,240 milliún isteach sa Státchiste, méid a sheas do réamhíocaíocht de €250 milliún. Bhí an méid réamhíoctha ag deireadh 2004 cothrom le €332 milliún.

[1]Bhí an glan-bhailiúchán iomlán cothrom le €54.2 billiún mar thobhaigh agus táillí cosúil le ÁSPC (€7.5 billiún), Tobhach Sláinte (€139 milliún) agus Tobhach Comhshaoil (€18 milliún), tobhaigh a bhailítear ó Ranna eile.

# 2.2 Cáin Díscríofa

Thug na Coimisinéirí Ioncaim sonraí dom faoin €143 milliún de chánacha agus ÁSPC a díscríobhadh i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2005. Tá sonraí faoin méid iomlán a díscríobhadh agus an dáileadh de réir foras díscríofa le fáil i dTábla 3 agus Tábla 4.

**Tábla 3 Cánacha Díscríofa**

| **Cáin** | **2005 €'000** | **2004 €'000** |
|---|---|---|
| Cáin Bhreisluacha | 48,433 | 72,369 |
| ÍMAT | 23,992 | 36,862 |
| Cáin Chorparáide | 15,431 | 8,326 |
| Cáin Ioncaim | 23,839 | 16,385 |
| Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla | 2,264 | 868 |
| Cánacha Eile | 4,653 | 1,120 |
| ÁSPC | 24,689 | 36,618 |
| **Iomlán** | **143,301** | **172,548** |

**Tábla 4 Forais de Dhíscríobh**

| **Forais de dhíscríobh** | **2005 Líon de Chásanna** | **2005 €'000** | **2004 Líon de Chásanna** | **2004 €'000** |
|---|---|---|---|---|
| Leachtú/Glacadóireacht/Féimheacht | 1,263 | 69,928 | 2,097 | 88,519 |
| Trádáil críochnaithe – gan sócmhainní | 2,032 | 34,981 | 2,760 | 40,447 |
| Dócmhainneach Éagach agus Eastáit | 132 | 1,340 | 176 | 1,350 |
| Neamheacnamaíoch leanúint leis | 60,911 | 19,358 | 19,359 | 23,162 |
| Dliteanas Gan Bhunús | 187 | 2,160 | 209 | 1,983 |
| Ní féidir a rianú / Lasmuigh de Dhlínse | 588 | 9,680 | 586 | 9,615 |
| Forais Thrócaireacha | 206 | 1,627 | 248 | 2,322 |
| Nach féidir a bhailiú de bharr cúrsaí airgeadais an íocóra cánach | 439 | 4,225 | 706 | 5,150 |
| Scrúdúchán | 4 | 2 | 0 | 0 |
| **Iomláin** | **65,762** | **143,301** | **26,141** | **172,548** |

In 2005, díscríobhadh €3.9 milliún ar bhonn uathoibríoch, ina raibh cásanna le hiarmhéideanna beaga (níos lú ná €500) a raibh sé neamheacnamaíoch leanúint leo. Ní áirítear cásanna faoi imscrúdú ginearálta, cásanna Ansbacher féideartha, agus cásanna faoi smacht Bhiúró na Sócmhainní Coiriúla ó gach nós imeachta díscríofa. Ba é €8.2 milliún an méid ba mhó a díscríobhadh in 2005 i ndáil le Cáin Chorparáide a bhí dlite ag cuideachta faoi ghlacadóireacht. Bhí cúig chás eile ann a raibh an méid díscríofa iontu cothrom le níos mó ná €1 milliún.

Tugann Brainse Iniúchta Inmheánach san Ioncam faoi scrúdú bliantúil de cháin le díscríobh. Scrúdaigh iniúchadh 2005 sampla de 192 cás ag seasamh do 32% (€45 milliún) de luach na ndíscríobh neamh-uathoibríoch (€140 milliún). I gceann de na cásanna a ndearnadh iniúchadh air a raibh díscríobh de €211,200 i gceist leis, bhí an dliteanas cánach bunaithe ar mheastacháin cruthaithe ag an gcóras do chuideachta a d'aimsigh an t-Iniúchadh Inmheánach nach raibh i mbun trádála riamh. Mar thoradh ar an iniúchadh inmheánach, aisiompaíodh an díscríobh agus scaoileadh an meastachán ina ionad. I gcás eile a

raibh díscríobh de €94,851 i gceist leis, d'ardaigh an t-Iniúchadh Inmheánach ceisteanna maidir leis an bhfianaise i gcomhad a bhí ag tacú leis na forais chun díscríobh a dhéanamh .i. forais thrócaireacha. Tá an Ceantar i gceist ag déanamh scrúdaithe ar an gcás in athuair agus tá tuarascáil iomlán le tabhairt don Iniúchadh Inmheánach maidir leis an toradh. Ina theannta sin scrúdaigh an t-Iniúchadh Inmheánach torthaí na deich díscríobh uathoibríocha agus dhearbhaigh cur i bhfeidhm na gcritéar roghnúcháin do gach iniúchadh.

# 2.3 Cánacha agus ÁSPC le hÍoc

Léiríonn Tábla 5 gníomhaíochtaí agus idirbhearta a rinneadh sa tréimhse 12 mí dar críoch an 31 Márta 2006. Leagann Tábla 6 amach anailís aosaithe den iarmhéid gan íoc ag an 31 Márta 2006. D' ullmhaíodh na táblaí seo ar an hfaisnéis a chur na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil.

**Tábla 5 Cánacha agus ÁSPC le hÍoc**

| | | | | | | Anailís ar an Iarmhéid ag an 31 Márta 2006 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ag 31 Márta 2005** | **Cáin nó Tobhach** | **Glan-Táillí Ardaithe** | **Íoctha** | **Díscríofa** | **Iarmhéid ag an 31 Márta 2006** | **Faoi Achomharc** | **Ar Fáil le Bailiú** |
| **€m** | | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| 289 | CBL | 11,056 | 11,067 | 51 | 227 | 69 | 158 |
| 161 | ÍMAT | 10,100 | 10,106 | 18 | 137 | 1 | 136 |
| 176 | ÁSPC | 7,350 | 7,340 | 21 | 165 | 1 | 164 |
| 292 | Cáin Ioncaim (Gan ÍMAT san áireamh) | 2,807 | 2,808 | 15 | 276 | 59 | 217 |
| — | Cáin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce | 184 | 184 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 140 | Cáin Chorparáide | 4,436 | 4,474 | 11 | 91 | 27 | 64 |
| 148 | Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla | 2,200 | 2,206 | 1 | 141 | 85 | 56 |
| 3 | Cáin ar Fháltais Chaipitiúla | 249 | 249 | 0 | 3 | 0 | 3 |
| 8 | Cánacha Díothaithe | 0 | 0 | 0 | 8 | 0 | 8 |
| — | Cáin Conarthaí Ábhartha[2] | 0 | 0 | 0 | 37 | 11 | 26 |
| **1,217** | **Fiach Iomlán** | | | | **1,085** | **253** | **832** |
| **2.5%** | **Fiach mar % de ghlan-bhailiúchán** [3] | | | | **2%** | **0.5%** | **1.5%** |

[2] Áiríodh CCA (Cáin Conarthaí Ábhartha) i bpríomhchóras ITP na gCoimisinéirí Ioncaim ar bhonn céimnithe ag tosú i mí na Samhna 2002. Comhlánaíodh an "cineál comhaid" CCA a sholáthraíonn anailís ar leibhéil fiacha go luath in 2006 agus freastalaíonn sé ar fhiach CCA a áireamh den chéad uair riamh.

[3] Bhí an méid iomlán a bailíodh in 2004 cothrom le €48,705 milliún agus €54,157 milliún in 2005.

**Tábla 6 Anailís Aosaithe ar Fhiach ag an 31 Márta 2006**

| Cáin | Cáin iomlán le híoc an 31 Márta 2006 | Méideanna le híoc do 2005 | Méideanna le híoc do 2004 | Dlite do 2001 go dtí 2003 | Dlite do thréimhsí níos lú (.i.e > 5 bliana d'aois) |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| CBL | 227 | 30 | 49 | 117 | 31 |
| ÍMAT | 137 | 73 | 23 | 26 | 15 |
| ÁSPC | 165 | 97 | 26 | 29 | 13 |
| Cáin Ioncaim | 276 | 4 | 73 | 66 | 133 |
| Cáin Chorparáide | 91 | 19 | 8 | 27 | 37 |
| Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla | 141 | 6 | 24 | 18 | 93 |
| Cáin ar Fháltais Chaipitiúla | 3 | 0 | 0 | 1 | 2 |
| Cánacha Díothaithe | 8 | 0 | 0 | 0 | 8 |
| CCA | 37 | 12 | 9 | 12 | 4 |
| **Iomlán** | **1,085** | **241** | **212** | **296** | **336** |

# 2.4 Clár Iniúchta Ioncaim

## Clár Iniúchta Chomhláin

I gcóras féinmheasúnaithe, glactar le tuairisceáin chomhdaithe ó cháiníocóirí comhlíontacha mar bhonn le dliteanais cánach a ríomh. Tá an bhailíocht d'aischuir bunaithe ag an iniúchadh de rogha cásanna trí athbhreithniú agus lorg níos mó de fhíorú de shonraí áirithe nó trí an scrúdú de cháipéisí agus taifid ag áitribh an íocóra cánach. D'athraigh na Coimisinéirí Ioncaim catagóiriú a ngníomhaíochtaí iniúchta in 2005 chun léargas a thabhairt ar an bpointe go mbraitheann idirghabháil ó na Coimisinéirí Ioncaim ar an síltear go mbaineann an riosca le ceannteideal cánach nó dleachta amháin nó níos mó nó le saincheisteanna nó idirbhearta ar leith. Ní iniúchtaí iad Seiceálacha Dearbhaithe ach idirghabhálacha a d'fhéadfadh go mbeadh tástálacha, seiceálacha fíoraithe, scrúduithe deisce, cuairteanna ar áitribh, cuardaigh, cuairteanna ar shuímh agus teagmhálacha teileafóin do dhoiciméadú taca i gceist leo.

Tá achoimre de thoradh chlár 2005 d'iniúchtaí Ioncaim mar aon le gníomhaíocht dearbhaithe le fáil i dTábla 7.

**Tábla 7 Iniúchadh Ioncaim agus Gníomhaíocht Dearbhaithe**

| Catagóir | 2005 | | 2004 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Líon Iniúchtaí críochnaithe** | **Toradh €m** | **Líon Iniúchtaí críochnaithe** | **Toradh €m** |
| Iniúchtaí Cuimsitheacha | 5,077 | 323.3 | 4,058 | 382.3 |
| Iniúchtaí Cánach/Dleachta | 1,220 | 52.3 | 848 | 18.4 |
| Iniúchtaí Singile Cánach/Dleachta | 6,173 | 122.8 | 4,409 | 68.4 |
| Iniúchtaí Saincheiste/Idirbhirt Shingil | 1,744 | 26.6 | 256 | 4.1 |
| Iniúchtaí Fíoraithe [4] | 0 | 0 | 6,750 | 76.4 |
| **Iniúchtaí Iomlána[4]** | **14,214** | **525** | **16,321** | **549.6** |
| Seiceálacha Dearbhaithe[4] | 98,981 | 50.4 | n/b | n/b |
| **Idirghabhálacha Iomlána** | **113,195** | **575.4** | **n/b** | **n/b** |

(is ionann n/b agus figiúirí nach bhfuil ar fáil)

## Iniúchtaí Cuimsitheacha

D'fhonn freastal ar ghníomhaíocht iniúchta a thaifead faoi na catagóirí iniúchta nua, cuireadh tús le córas bainistíochta cáis nua – Bainistíocht Cáis Iniúchta – i mí Iúil 2005. Mar bheart idirthréimhseach úsáideadh scarbhileoga chun gníomhaíocht iniúchta a thaifead faoi na catagóirí nua agus mar gheall ar an ualach riaracháin a bhí ann, ní raibh dualgas ar Réigiúin anailís a dhéanamh ar shocraíochtaí a bhí déanta ag bannaí socraíochta. Dá bhrí sin, ní raibh anailís bunaithe ar bhannaí socraíochta ar fáil do 2005.

Áiríonn an toradh de €323.5 milliún ón 5,077 iniúchadh cuimsitheach a rinneadh táillí úis de €124.6 milliún agus pionóis de €52.7 milliún. Ba iad na socraíochtaí is airde €4.1 milliún do Cháin Ioncaim agus €9.5 milliún do Cháin Chorparáide. Comhlánaíodh iniúchtaí cuimsitheach i 1,249 cás a bhain le cuntas neamhchónaitheach bréagach le socraíochtaí de €57.2 milliún agus i gcás 1,594 cás a bhain le sócmhainní eischósta le socraíochtaí cothrom le €151.8 milliún in iomlán.

[4] In 2005 rangaítear roinnt gníomhaíochtaí a bhí rangaithe mar iniúchtaí fíoraithe in 2004 mar sheiceálacha dearbhaithe, mar shampla, seiceálacha fíoraithe aisíoca CBL.

# Córas Anailíse Riosca

Cuireadh tús le córas anailíse riosca (REAP) ar bhonn píolótach i gceithre Cheantar Ioncaim in 2005 agus cuirfear an córas i bhfeidhm sna Ceantair uile in 2006. Déanann an córas anailís ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi cháiníocóirí trí shraith ceisteanna nó rialacha a rith trí bhunachar sonraí d'fhaisnéis faoi cháiníocóirí, ag tabhairt scór do na torthaí agus ag rangú na cásanna bunaithe ar na scóir sin. Baineadh na rialacha ón eolas agus taithí atá ag iniúchóirí na gCoimisinéirí Ioncaim agus mionleasaíodh iad chun rioscaí nua agus foinsí sonraí a chur san áireamh. Bunaithe ar an gcóras rangaithe féadfaidh oifigigh Ceantair anailís a dhéanamh ar an riosca agus é a mheas i ngach cás d'fhonn cásanna feiliúnacha a roghnú agus cinneadh a dhéanamh faoin idirghabháil iomchuí.

# Iniúchtaí Randamacha – Clár Tástála um Chomhlíonadh Cáiníocóirí

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le Clár Tástála um Chomhlíonadh Cáiníocóirí in 2005 le teacht in ionad an Chláir Iniúchta Randamaigh. Is é is aidhm leis an gclár comhlíonadh le reachtaíocht cánach a thomhas agus súil a choinneáil air agus a chinntiú go bhfuil seans ann go roghnófar na cáiníocóirí uile le hiniúchadh a dhéanamh orthu. Roghnaíodh 411 cás le hiniúchadh a dhéanamh orthu faoi chlár 2005. Níor leanadh le 53 de na cásanna roghnaithe mar nach raibh an cáiníocóir i mbun trádála níos mó, nár thrádáil sé/sí riamh nó gur cailleadh é/í le déanaí. Bunaíodh dliteanais cánach breise i 91 as an 298 cás a bhí tugtha chun críche. Aontaíodh ar shocraíochtaí a bhí cothrom le €1 milliún sa 91 cás sin. Tá achoimre de na cásanna atá tugtha chun críche le fáil i dTábla 8. Déanfar anailís ar thorthaí chlár 2005 nuair a chríochnófar an 60 cás atá fós le tabhairt chun críche.

**Tábla 8 Clár Tástála um Chomhlíonadh Cáiníocóirí – Cásanna Tugtha Chun Críche bunaithe ar Mhéid an Dliteanais Bhreise**

| Dliteanas Breise | Líon Cásanna Tugtha Chun Críche | % Cásanna Tugtha Chun Críche |
|---|---|---|
| Dada | 207 | 69% |
| < €2,000 | 27 | 9% |
| €2,001 go €5,000 | 24 | 8% |
| €5,001 go €10,000 | 13 | 4% |
| €10,001 go €20,000 | 11 | 4% |
| €20,001 go €50,000 | 14 | 5% |
| > €50,001 | 2 | 1% |
| **Iomlán** | **298** | **100%** |

# 2.5 Ionchúisimh

Faoi straitéis ionchúisimh na gCoimisinéirí Ioncaim, cuireann Réigiúin agus Rannáin cásanna ar aghaidh chuig an Rannán Imscrúdaithe agus Ionchúiseamh chun imscrúdú a dhéanamh agus é mar aidhm ionchúiseamh coiriúil a dhéanamh áit a bhfuil fianaise prima facie de chionta ioncaim tromchúiseacha. Tá na cásanna sin á mheasúnú níos mó laistigh na Rannóige roimh tosú den obair imscrúdaithe dian ar acmhainn a d'fhéadfadh blianta faoi leith roimh teacht ar na Cúirteanna. In 2005, cuireadh 91 cás d'imghabháil cánach tromchúisí faoi bhráid an Rannáin agus glacadh le himscrúdú a dhéanamh ar 30 cás agus é mar aidhm ionchúiseamh a dhéanamh.

Rinneadh 12 ciontú sa deich gcás a cinneadh sa chúirt in 2005. Tá sonraí achomair de na cásanna leagtha amach i dTábla 9.

**Tábla 9 Ciontuithe d'Imghabháil Cánach Tromchúisí i rith 2005**

| Gairm/Gníomhaíocht | Fíneáil | Pianbhreith Choimeádta |
|---|---|---|
| Cuideachta Dáilte Ola | €4,000 | — |
| agus | | |
| Stiúrthóir na Cuideachta Ola thuasluaite | €7,400 | pianbhreith príosúnachta 3 mhí |
| Cuideachta Cruach Dosmálta & Innealtóireachta | €15,000 | — |
| agus | | |
| Stiúrthóir na cuideachta thuasluaite | — | pianbhreith príosúnachta 3 mhí |
| Feirmeoir ar Scor | €125,000 | pianbhreith príosúnachta 2 bhliain mura n-íoctar an fhíneáil laistigh de 3 mhí |
| Riarthóir Díolachán | €10,800 | pianbhreith príosúnachta 3 mhí ar fionraí ar choinníoll go ndéanfar 120 uair de sheirbhís pobail |
| Glanadh ar Conradh agus Slándáil | — | pianbhreith príosúnachta 6 mhí ar fionraí ar choinníoll go ndéantar 240 uair seirbhís pobail atá le déanamh laistigh de 12 mí |
| Indóntóir | €4,500 | — |
| Fo-Chonraitheoir Tógála | €18,700 | pianbhreith príosúnachta 6 mhí ar fionraí ar 4 chomhaireamh le bheith ar siúl i gcomhthráth |
| Ceirneoir agus Tionscnóir | €13,887 | — |
| Tréidlia | — | Phléadáil ciontach in 2005, ar feitheamh pianbhreithe |
| Miondíoltóir Bróg | — | Phléadáil ciontach in 2005, ar feitheamh pianbhreithe |

As an 84 cás d'imghabháil cánach tromchúisí ar bhí idir lámha sa Rannán Imscrúduithe agus Ionchúiseamh ag deireadh 2005, bhí 36 cás fós faoi imscrúdú i mí an Mheithimh 2006 agus bhí seacht gcás dúnta. Seo a leanas stádas an 41 cás eile

- Tá 5 chás le hOifig Aturnae na gCoimisinéirí Ioncaim
- Cuireadh 12 cás faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
- D'eisigh an Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí treoracha le hionchúiseamh a dhéanamh i 9 gcás
- Eisíodh barántais bhinse i gcás amháin
- Tá 14 cás os comhair na cúirte.

Lena chois sin, rinneadh 12 ciontú d'imghabháil Custam agus Mál thromchúisigh in 2005.

# 2.6 Imscrúduithe Speisialta

Leagann Tábla 10 amach Íocaíochtaí a tháinig chun cinn ó Imscrúduithe Speisialta na híocaíochtaí a rinneadh go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2006 mar thoradh ar gach Imscrúdú Speisialta atá ar bun ag na Coimisinéirí Ioncaim. Tá achoimre ghearr den dul chun cinn go dáta sna himscrúduithe seo a leanas.

**Tábla 10 Íocaíochtaí ag ardú ó Imscrúduithe Speisialta**

| Imscrúdú | Cásanna Bainteacha | Íocaíochtaí go Dáta |
|---|---|---|
| Cáin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce — Iniúchtaí Achoimreacha (institiúidí airgeadais) | 37 | €225m |
| Cáin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce — Cáin Fholuiteach | | |
| Scéim Nochta Thoilteanaigh | 3,675 | €227m |
| Imscrúduithe Iar-Nochta Toilteanacha | c. 8,500 | €390m |
| Banc Éireannach Náisiúnta | 465 | €57m |
| Ansbacher | 289 | €62m |
| Scéimeanna Pioc Suas Mé | 71 | €0.8m |
| Binse Mahon | 27 | €30m |
| Binse Moriarty | 18 | €8m |
| Sócmhainní Eischósta | 13,990 | €826m |
| Cistí Neamhluaite – Táirgí Árachais Saoil | 5,150 | €398m |
| **Iomlán** | | **€2,223.8m** |

## Cáin Fholuiteach ar Chuntais Bhréagacha Neamh-Chónaitheacha

D'íoc 3,675 cáiníocóir €227 milliún faoin Scéim Nochta agus Íoca Dheonaigh, scéim faoinár éilíodh go n-íocfaí cáin fholuiteach a bhain le cistí a cuireadh i gcuntais neamhchónaitheacha bhréagacha faoin 15 Samhain 2001 ionas go bhféadfaí leas a bhaint as na dreasachtaí ar chaidhp 100% ar ús agus pionóis agus gealltanas a thabhairt gan ionchúiseamh a dhéanamh nó sonraí na socraíochta a fhoilsiú. Roghnaigh na Coimisinéirí Ioncaim 268 de na cásanna seo chun athbhreithniú dliteanais a dhéanamh orthu. Glacadh le 208 cás astu seo mar chásanna cearta, bhí gá le híocaíochtaí breise de €5,816,408 i 54 cás eile agus tá sé chás fós á scrúdú. Tá íocaíochtaí de €1,097,769 faighte i gceithre chás as na sé chás oscailte. Athbhreithníodh na cásanna uile ó thaobh incháilitheacht de agus measadh go raibh 17 cás neamh-incháilithe. Tá deich gcinn acu seo socraithe le dliteanais bhreise de €1,669,325. Ionchúisíodh ceann de na cásanna seo agus tugadh pianbhreith dhá bhliain ar fionraí. Tá na seacht gcás fágtha ag céimeanna éagsúla imscrúdaithe.

Bhain na Coimisinéirí Ioncaim úsáid as a gcumhachtaí faoi Alt 908 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 chun faisnéis a fháil ó institiúidí airgeadais le cabhrú leo sealbhóirí cuntas neamhchónaitheach bréagach a aithint, sealbhóirí cuntais nár bhain leas as an Scéim Nochta agus Íoca Dheonaigh. Deonaíodh 18 ordú faoi Alt 908, ag lorg faisnéise faoi shealbhóirí cuntais ó 26 institiúid airgeadais. I Meitheamh 2006, bhí íocaíochtaí de €390m faighte ó shealbhóirí cuntais neamhchónaithe bréige de bhreis agus de bharr ar na fáltais ón scéim deonach.

Measann na Coimisinéirí Ioncaim gur cosúil go mbeidh an toradh todhchaíochta ón imscrúdú ar imscrúdú cánach foluití Cháin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce cothrom le thart ar €20m agus go dtiocfaidh sé chun cinn sna blianta beaga amach romhainn.

## Infheistíochtaí Eischósta tríd an mBanc Éireannach Náisiúnta

Tá imscrúduithe críochnaithe i 430 den 465 cás a aithníodh mar chásanna a d'infheistigh i scéim infheistíochta eischósta, scéim a bhí á riaradh ag an mBanc Éireannach Náisiúnta. Tá socraíochtaí ar fiú €51 milliún iad déanta i 308 de na cásanna seo cé nach raibh aon dliteanas ag baint leis an 122 cás eile. Tá imscrúduithe ag leanúint ar aghaidh ar an 35 cás atá fágtha agus tá íocaíochtaí de €3.2 milliún faighte ó 12 díobh seo. Sa bhreis ar na méideanna seo tá €3.1m íoctha ag an mBanc Náisiúnta Éireannach i ndáil le Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla ar chúiteamh a íocadh le hinfheisteoirí áirithe. Measann na Coimisinéirí Ioncaim gur cheart €4 milliún eile a íoc agus go gcríochnófar an t-imscrúdú laistigh de thart ar 12 mí.

## Imscrúdú Ansbacher

Tá imscrúdú á dhéanamh ar chásanna a bhfuil baint dhíreach acu le socruithe a bhaineann le Ansbacher, mar aon le cásanna eile a bhfuil baint acu le cistí agus taiscí eischósta. Tá 289 cás ann, a áiríonn 179 cás faoi Thuarascáil Chigire na hArd-Chúirte agus 110 cás cosúil a d'aimsigh na Coimisinéirí Ioncaim nó atá liostaithe i dTuarascáil na n-Oifigeach Údaraithe.

Tá deich n-ordú Ard-Chúirte aimsithe i gcoinne institiúidí airgeadais agus tríú páirtithe a éilíonn go dtáirgtear leabhair, taifid agus doiciméadú. Tá thart ar 220,000 doiciméad faighte faoi théarmaí Orduithe na hArd-Chúirte. Ina theannta sin, fuarthas doiciméadú de bhua ordú Ard-Chúirte mhí Mheithimh 2004 a cheadaigh rochtain ar dhoiciméadú ar leith a bhain le cliaint Ansbacher, cliaint a bhí ainmnithe i dTuarascáil Chigire na hArd-Chúirte agus na daoine sin a d'aimsigh Cigirí na hArd-Chúirte nár chomhoibrigh lena bhfiosrúchán.

Tá 210 cás ar fad socraithe go dtí seo, agus bhain dliteanais iomlána de €50.77 milliún le 83 acu. Áiríonn sé seo socraíocht de €7.5 milliún le banc atá bunaithe sna hOileáin Cayman. Níor bhain dliteanas ar bith leis an 127 cás eile agus áiríonn siad 66 cás neamhchónaitheach a bhí clúdaithe ag forálacha na Socruithe Cánachais Dúbailte, mar aon le 18 cás a bhí clúdaithe ag forálacha Amnesty 1993. Fuarthas íocaíochtaí ar chuntas de €11.16 milliún i 27 de 79 cás leanúnach. De bhrí gur cosúil go rachaidh cuid de na cásanna seo chomh fada leis na Cúirteanna, ní féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim an toradh a d'fhéadfadh a bheith ann nó an fráma ama go mbeidh na cásanna críochnaithe a réamh-mheas.

## Scéimeanna Pioc-Suas-Mé

Is éard a bhí i gceist le Scéimeanna Pioc Suas Mé costais tabhaithe ag páirtí polaitíochta d'earraí nó seirbhísí a bhfuil sonrasc curtha ag an soláthraí chuig trádálaí eile a d'íoc an soláthraí mar mhodh le tacú leis an bpáirtí. Ní raibh a leithéid sin d'íocaíochtaí inasbhainte chun críche cánach, níorbh fhéidir an CBL a fháil ar ais agus níor eisíodh na sonraisc de réir na riachtanais dlí. D'aimsigh an t-imscrúdú 71 cás ar cosúil gur sheachain siad cáin trí bheith páirteach i gcostais a "chruthú", a tugadh do pháirtithe polaitíochta cearta. Socraíodh 44 cás ar an iomlán de €552,344 lena n-áirítear ús agus pionóis. Tá íocaíochtaí cothrom le € 226,165 faighte i ndáil le deich gcás eile, lena n-áirítear cásanna a bhaineann le Binsí Fiosrúcháin atá fós le tabhairt chun críche. Is deacair cásanna áirithe a thabhairt chun críche mar gheall ar aois na n-íocaíochtaí, a rinneadh sna 1980idí nó go luath sna 1990idí, agus easpa doiciméadaithe agus taifead is cúis le deacracht i dtaobh dliteanas a dhearbhú. Ní féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim an forthoradh agus toradh deireanach a mheas le cruinneas ar bith.

## Binsí

Tá nithe nochtadh ag Binsí Moriarty agus Mahon, a thugann le fios go bhféadfadh imghabháil cánach tarlú, á n-imscrúdú de réir mar a thagann siad chun solais. Tá 18 gcás á n-imscrúdú mar thoradh ar Bhinse Moriarty agus tá dhá chás socraithe d'iomlán €6.3m. Tá íocaíochtaí ar chuntas de €1.4m faighte chomh maith. Tá imscrúdú á dhéanamh ar 27 cás mar thoradh ar Bhinse Mahon agus tá ceithre cinn acu seo socraithe do €26.5m; tá íocaíochtaí de €3.6m faighte freisin.

Tá Binse Moriarty ar tí a bheith críochnaithe agus níl súil leis go dtiocfaidh tuilleadh cásanna chun cinn. Níl a fhios ag na Coimisinéirí Ioncaim an dtiocfaidh aon chásanna breise chun solais ó Bhinse Mahon nó cathain a chríochnófar an Binse sin. I ndáil leis na cásanna atá á n-imscrúdú, tá súil le toradh breise de €5 milliún sa dá bhliain amach romhainn.

# Sócmhainní Eischósta

Baineann an t-imscrúdú seo le daoine nach bhfuil a gcáin dlite ar chistí atá i gcuntais agus infheistíochtaí eischósta íoctha acu. D'éiligh an chéim dheonach den imscrúdú ar cháiníocóirí fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim faoin rún a bhí acu nochtadh cáilitheach a thabhairt faoin 29 Márta 2004 agus ráiteas nochta a thabhairt mar aon le haon íocaíocht dlite faoin 10 Meitheamh 2004. Ba iad na buntáistí a bhain le cloígh leis na spriocdhátaí seo maolú pionós agus nach bhfoilseofaí sonraí socraíochta agus nach mbeadh ionchúiseamh ar bith ann. Fuarthas nochtaí ó 13,651 cáiníocóir agus €650 milliún ón gcéim seo den imscrúdú agus ó dhá imscrúdú a rinneadh níos túisce.

Ag leanúint ar aghaidh ón gcéim dheonach, fuarthas naoi n-ordú Ard-Chúirte ag éileamh ar institiúidí airgeadais sonraí idirbheart a gcustaiméirí a bhaineann le hoibríochtaí eischósta a sholáthar. Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag fáil faisnéise maidir leis na hOrduithe seo ach níl súil leis go mbeidh na sonraí uile faighte roimh dheireadh 2006. Tá "litreacha dúshláin" eisithe i roinnt cásanna agus eiseofar tuilleadh i rith 2006. Teastóidh tuilleadh faisnéise agus orduithe cúirte chun daoine a aithint nach bhféadfaí a aithint ón bhfaisnéis a soláthraíodh ar dtús. Tá €175.7m breise faighte ó cuireadh deireadh leis an scéim dheonach, airgead a tháinig chun cinn ó athbhreithnithe a rinneadh ar aighneachtaí agus íocaíochtaí deonacha ó thart ar 339 cáiníocóir nár bhain leas as an scéim dheonach. Is dócha go leanfaí an obair bhreise seo ar feadh dhá bhliain eile ar a laghad agus d'fhéadfadh an toradh deireanach ón imscrúdú a bheith beagnach cothrom le €1 billiún.

# Táirgí Árachais Saoil

Cuireadh tús le himscrúduithe ar úsáid táirgí infheistíochtaí árachais saoil chun ioncam nó gnóthachain neamhluaite a cheilt, táirgí ar cuireadh tús leo in 2004. Leag céim nochta dheonaigh an imscrúdaithe spriocdháta den 23 Bealtaine 2005 síos dóibh siúd a d'infheistigh cistí neamhluaite níos mó ná €20,000 ina leithéid de tháirgí chun fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim maidir lena rún nochtadh deonach a dhéanamh. Ansin éilíodh go ndéanfaí nochtadh agus íocaíocht iomlán faoin 22 Iúil 2005. Ba iad na buntáistí a bhain leis an gcáiníocóir a bheith páirteach sa scéim dheonach nach bhfoilseofaí sonraí na socraíochta, nach mbeadh aon ionchúiseamh agus go mbeadh pionóis maolaithe de réir an Chóid Chleachtais d'Iniúchóirí na gCoimisinéirí Ioncaim. Fuarthas thart ar 10,000 fógra rúin chun nochtaí a dhéanamh agus rinne thart ar 5,150 cáiníocóir íocaíochtaí de €398m faoin scéim dheonach.

Is éard atá i gceist sa dara céim den imscrúdú na daoine nár bhain leas as an scéim dheonach a aithint. Bhain na Coimisinéirí Ioncaim úsáid as cumhachtaí nua san Acht Airgeadais, 2005 (alt 140), a thugann cead dó sampla a fháil den fhaisnéis atá ag cuideachta árachais saoil, faisnéis a bhaineann le haicme nó aicmí beartas agus sealbhóirí beartais, áit a bhfuil cúinsí a thugann le fios gur úsáideadh a leithéid de bheartais chun cistí neamhchánaithe a infheistiú. Ní féidir an fhaisnéis a fhaightear a úsáid ach amháin mar chabhair le hiarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt d'ordú rochtain níos fearr a bheith acu ar an bhfaisnéis. Tá an obair shamplála comhlánaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim i 14 cuideachta árachais. Tá an fhaisnéis a bhailítear ón obair sin agus ó na nochtaí deonacha in úsáid chun cabhrú le hiarratais don Ard-Chúirt d'orduithe a threoraíonn cuideachtaí árachais sonraí a sholáthar faoi shealbhóirí beartais agus beartais aonair do na Coimisinéirí Ioncaim (rinneadh iarratas ar agus rinneadh 11 ordú i mí Iúil 2006). Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag súil go dtógfaidh sé roinnt blianta chun an imscrúdú seo a chomhlánú agus b'fhéidir go mbeidh an toradh deireanach níos mó ná €500m.

# 2.7 Gnéithe Idirnáisiúnta d'Oibríochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim

I ngeilleagar oscailte agus ré ina bhfuil gluaiseacht thapa agus fhorleathan daoine, earraí, infheistíochtaí agus seirbhísí thar theorainneacha náisiúnta, tá gnéithe idirnáisiúnta d'oibríochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim leathnaithe go maith ón réimse custam traidisiúnta agus anois gné thábhachtach de riarachán na gcánacha uile atá ann. Cé go mbaineann tábhacht leis an réimse custam i dtaobh cosc a chur ar ghníomhaíochtaí coiriúla, agus trí fhreagracht roinnte do theorainn sheachtrach an AE, chomh maith leis sin cinntíonn na Coimisinéirí Ioncaim go gcothaítear riarachán éifeachtach cánach trí chomhaontuithe cánachais dúbailte a fhorbairt, malartú faisnéise, cur i bhfeidhm agus feidhmiú treoracha iomchuí AE, rannpháirtíocht i nGrúpaí Oibre AE, agus a chinntiú go léirítear leasanna cánach Éireannacha i mbeartais cánach an AE, an OECD agus an Eagraíocht Chustaim Dhomhanda.

Scrúdaigh mé roinnt gnéithe d'oibríochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim, go háirithe oibríochtaí a bhfuil gné láidir idirnáisiúnta iontu, agus mheas mé an bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag baint úsáide iomláine agus córasaí as na forálacha agus socruithe sna réimsí sin d'fhonn an leas is fearr agus is féidir a bhaint as measúnú agus bailiúchán cánacha agus dleachtanna. Ba iad na réimsí a ndearnadh athbhreithniú orthu Comhaontú um Chánachas Dúbailte (CCD), Cúnamh Frithpháirteach do Chánacha Díreacha agus Éilimh a Ghnóthú agus Calaois Carúis CBL.

## Comhaontuithe um Chánachas Dúbailte

In Alt 826 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 tá an reachtaíocht faoina ndéantar idirbheartaíocht agus daingniú ina dhiaidh sin ar CCD na hÉireann nó conarthaí cánacha. Go ginearálta, áiríonn na comhaontuithe seo cáin ioncaim, cáin chorparáide agus cáin ar ghnóthachain chaipitiúla. Faoi láthair tá CCD ag Éire le 44 tír[5]. Tá comhráití ar siúl maidir le conarthaí nua leis an Airgintín, an Éigipt, Cuáit, Málta, Maracó, Singeapór, An Túinéis, An Tuirc, An Úcráin, agus Vítneam. I Nollaig 2005 chomhlánaigh Éire próiseas ath-idirbheartaíochta le conarthaí reatha leis an gCipir, An Fhrainc, An Iodáil agus an Chóiré, mar aon le nósanna imeachta chun conradh nua a thabhairt chun feidhme leis an tSile agus prótacal ag déanamh leasaithe ar an gconradh reatha leis an bPortaingéil.

Tá CCD bunaithe den chuid is mó ar Choinbhinsiún Múnla Cánach an OECD ar Ioncam agus Caipiteal agus cuirtear le chéile iad chun deireadh a chur le cánachas dúbailte agus cásanna a shoiléiriú áit a bhféadfadh an cáiníocóir a bheith faoi réir cánachais i níos mó ná tír amháin. Go ginearálta, forálann na comhaontuithe nach ngearrfar cáin ar an gcáiníocóir ach i dtír amháin nó má choimeádann an dá thír an ceart cáin a ghearradh, tá an cáiníocóir i dteideal creidmheas cánach sa tír chónaithe i gcoinne na cánach a íocadh sa tír eile. Cuireann na comhaontuithe deireadh le haon éifeachtaí díobhálacha a bheadh ag cánachas dúbailte ar mhalartú earraí agus seirbhísí agus gluaiseacht caipitil. Ina theannta sin forálann na comhaontuithe do mhalartú faisnéise idir na húdaráis cánach chun seachaint nó imghabháil cánach a chosc.

[5] An Astráil, An Ostair, An Bheilg, An Bhulgáir, Ceanada, An tSín, An Chróit, An Chipir, Poblacht na Seice, An Danmhairg, An Eastóin, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, An Ungáir, An Íoslainn, An India, Iosrael, An Iodáil, An tSeapáin, Poblacht na Cóiré, Laitvia, An Liotuáin, Lucsamburg, An Mhalaeisia, Meicsiceo, An Ísiltír, An Nua Shéalainn, An Iorua, An Phacastáin, An Pholainn, An Phortaingéil, An Rómáin, An Rúis, Poblacht na Slóvaice, An tSlóivéin, An Afraic Theas, An Spáinn, An tSualainn, An Eilvéis, An Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus An tSaimbia.

Sa chás nach bhfuil CCD ann idir thír ar leith, tá forálacha aontaobhacha laistigh d'Achtanna Cánach na hÉireann, a cheadaíonn faoiseamh cánach do cháin íoctha i ndlínsí eile i leith cineálacha áirithe ioncaim (mar shampla, díbhinní agus ús). Tá Rannóg Léirthuisceana agus Idirnáisiúnta na gCánacha Díreacha (RLICD) de chuid na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as déileáil leis na fiosrúcháin i dtaobh nithe a bhaineann le CCD.

Cé go bhfuil formhór de CCD na hÉireann bunaithe ar mhúnla an OECD, tá forálacha neamhchaighdeánacha le fáil iontu ar fad. I measc na samplaí d'fhorálacha neamhchaighdeánacha tá

- Éire – An Astráil: áirítear rialacha do ghnóthachain chánaithe ar shócmhainní a bhfuil tagairt shonrach dóibh sa chomhaontú.
- Éire – An Eastóin: tá áit chónaithe aonáin ghnó le cinneadh bunaithe ar chomhaontú frithpháirteach idir na tíortha. B'fhéidir nach mbainfeadh feidhm le téarmaí an chomhaontaithe i gcás a leithéid d'aonán murar féidir teacht ar chomhaontú.
- Éire – An Eilvéis: meastar go bhfuil comhpháirtíocht eagraithe faoi dhlíthe na hEilvéise ina cónaí san Eilvéis. Ní dhéantar foráil do chomhpháirtíocht eagraithe faoi dhlíthe na hÉireann.
- Éire – An Spáinn: tá de cheart ag an tír ina bhfuil an chuideachta ina cónaí ann do ghnóthachain chánaithe ar dhiúscairt a scaireanna ag duine sa tír eile ar choinníoll go bhfuil 25% suim ar a laghad ag an scairshealbhóir sa chuideachta sa bhliain díreach roimh an diúscairt.

Chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúl dom i gcomhthéacs an domhandaithe gnó, gurb é beartas an Rialtais leanúint le forbairt a dhéanamh ar líonra na hÉireann de CCD. Tá forbairt shuntasach tagtha ar an líonra cheana féin - ó 23 CCD i 1994 go dtí an 44 CCD atá i bhfeidhm anois. Tá an próiseas daingnithe sínithe agus comhlánaithe ag Éire i ndáil leis an 45ú tír agus tá idirbheartaíocht ar siúl maidir le CCD le 10 dtír eile. Ina theannta sin, beidh an chéad bhabhta d'idirbheartaíochtaí ar siúl le trí thír eile an fómhar seo chugainn. Le déanaí d'ath-idirbheartaigh na Coimisinéirí Ioncaim a chonradh leis an bPortaingéil agus faoi láthair tá ath-idirbheartaíocht ar siúl ar cheithre CCD reatha. Tharraing sé aird ar an bpointe áfach, gur thuig sé gur próiseas déthaobhach iad CCD.

I ndáil le hathbhreithniú rialta ar CCD, dúirt sé go ndéantar athbhreithniú ginearálta ar CCD reatha. Áit a dtagann fadhbanna aitheanta chun cinn, déantar breithniú ar idirbheartaíochtaí leis an tír eile a lorg an conradh a leasú. Áit a dtugtar laigí faoi deara i gconradh amháin, athbhreithnítear conarthaí a bhfuil forálacha cosúla iontu freisin. Dúirt sé gur próiseas leanúnach atá i gceist leis seo. Sampla de chás inar mhol Éire an conradh molta a leasú chun neamh-chánachas de ghnóthachain chaipitiúla a sheachaint ba ea an Phortaingéil. Sampla eile fós is ea conradh na Ríochta Aontaithe a leasaíodh le prótacal i 1998 chun léargas a thabhairt ar athruithe sa dlí baile.

Dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta, go gcuireann gach tír, Éire san áireamh, múnla an OECD in oiriúint dá dhlíthe agus beartais baile féin agus go dtagann na forálacha a áirítear ar deireadh ó phróiseas idirbheartaíochta. Imíonn CCD uile na hÉireann ó mhúnla an OECD go pointe áirithe ach ní mór a áireamh nach bhfuil i múnla an OECD ach múnla, agus go bhfuil múnla de choinbhinsiún cánach na Náisiún Aontaithe ann freisin. Léiríonn na samplaí uile seo d'fhorálacha neamhchaighdeánach an pointe go dtugann imeachtaí ó na múnlaí léargas ar dhlíthe agus beartais cánacha baile na dtíortha atá i gceist. Molann Éire roinnt athruithe ón múnla OECD sna hidirbheartaíochtaí sa chonradh cánach. Mar shampla, is é beartas na gCoimisinéirí Ioncaim díolúine a lorg ó fhoinse cánachais ioncaim léasaithe aerárthaí mar gheall ar an tionscal mór léasaithe aerárthaí in Éirinn agus ráta nialasach de cháin shiarchoinneálach ar íocaíochtaí úis, mar gheall ar an nádúr oscailte a bhaineann le geilleagar na hÉireann agus láthair na ngnóthaí baincéireachta idirnáisiúnta agus státchiste in Éirinn. Dúirt sé go bhfuil an fhoráil a bhaineann le comhpháirtíochtaí san áireamh sa chomhaontú leis an Eilvéis, mar neamhchosúil le hÉireann, caitheann an Eilvéis le comhpháirtíocht mar aonán ar leith ó na comhpháirtithe. Dá bhrí sin áiríodh an sainmhíniú atá ar chomhpháirtíocht chun an Eilvéis a chosc ach ní bhaineann sé an bonn de sheasamh cánach na hÉireann ar bhealach ar bith. Tugann an teanga a úsáidtear san alt ar ghnóthachain chaipitiúla de chomhaontú na Spáinne léargas ar an múnla de choinbhinsiún cánach na Náisiún Aontaithe atá in úsáid ag muintir na Spáinne.

### Comhaontuithe Malartaithe d'Fhaisnéis Cánach

In 2000 d'iarr an OECD ar thíortha le tréithe tearmainn cánach comhoibriú le hobair an OECD maidir le himghabháil cánach a chosc trí fhaisnéis a mhalartú le húdaráis cánacha i dtíortha OECD bunaithe ar mhúnla Chomhaontaithe Malartaithe d'Fhaisnéis Cánach (CMFC). Faoi láthair tá na Coimisinéirí Ioncaim i mbun idirbheartaíochta ar CMFC le hOileán Mhanann, Geirsí, Geansaí, Oileáin Cayman agus Oileáin Bhriotanacha na Maighdean. Má éiríonn leis na hidirbheartaíochtaí seo forálfaidh na comhaontuithe do mhalartú faisnéise bainc ar iarraidh, mar aon le faisnéis faoi úinéireacht thairbheach cuideachtaí, comhpháirtíochtaí agus iontaobhais. D'inis an t-Oifigeach Cuntasóireachta dom gur cheart breithniú ar aontú ar CMFC le dlínsí eile i gcomhthéacs taithí le hidirbheartaíochtaí reatha.

## Cúnamh Frithpháirteach – Cánacha Díreacha

Tá RLICD freagrach as malartú faisnéise idir Údaráis Ioncaim faoi fhorálacha na gComhaontuithe Cánachais Dúbailte agus freisin faoi threoir AE 77/799/CE[6], mar atá leasaithe, a fhorálann do chúnamh frithpháirteach (malartú faisnéise) i ndáil le cánachas díreach. Baineann iarrataí ar mhalartú faisnéise chuig na Coimisinéirí Ioncaim le saincheisteanna cosúil le

- An bhfuil an duine aonair/an chuideachta ina c(h)ónaí in Éirinn chun críche cúrsaí cánach?
- Céard iad na cánacha a bhfuil siad cláraithe dóibh?
- Cén cáin atá íoctha acu?
- An bhfuil maoin faoina úinéireacht in Éirinn?
- Cé mhéad fostaithe atá ag cuideachta?
- Cé hiad stiúrthóirí agus scairshealbhóirí cuideachta?
- Fíorú conartha.
- Faisnéis bainc.

Coinnítear tuairisc ar shonraí faoi iarrataí ar bhunachar sonraí agus córais chuardaigh RLICD na gCoimisinéirí Ioncaim chun an fhaisnéis a theastaíonn a fháil. Mura bhfuil an fhaisnéis a iarradh ar fáil go héasca, lorgaíonn RLICD na sonraí ón oifigeach idirchaidrimh atá ainmnithe i ngach Ceantar agus soláthraíonn an t-oifigeach idirchaidrimh an fhaisnéis a iarradh do RLICD chuig an tír a lorg an fhaisnéis sin. Cuirtear iarrataí a eisítear in Éirinn ar aghaidh trí rannóga éagsúla de na Coimisinéirí Ioncaim trí na hoifigigh idirchaidrimh chuig RLICD a chuireann an iarraidh ar aghaidh chuig an tír eile. Tá sonraí maidir leis an méid faisnéise a malartaíodh idir 2003 agus 2005 leagtha amach i dTábla 11.

**Tábla 11 Iarrataí Cánacha Díreacha ar Fhaisnéis 2003 – 2005**

| Bliain | Iarrataí Faighte | | | Iarrataí Eisithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Faighte | Críochnaithe sa Bhliain[7] | Cásanna Oscailte[7] | Eisithe | Críochnaithe sa Bhliain[7] | Cásanna Oscailte[7] |
| 2003 | 155 | 159 | 143 | 21 | 8 | 50 |
| 2004 | 145 | 176 | 112 | 24 | 0 | 74 |
| 2005 | 117 | 114 | 115 | 13 | 1 | 86 |
| **Iomlán** | **417** | **449** | | **58** | **9** | |

[6] D'aistríodh Treoir AE 77/ 799/ CEE agus leasuithe iartheachtacha isteach le Dlí na hÉireann trí roinnt Uirlisí Reachtúla. Thug Uirlis Reachtúil 367 de 2005 éifeacht don dá treoir leasaithe is déanaí agus dhaingnigh sé agus thug sé éifeacht chomh maith, i sraith amháin rialacha, do Threoir 77/ 799/ CEE, mar a leasaíodh.
[7] Áiríonn na cásanna sna colúin seo cásanna faighte/eisithe sna blianta tosaigh.

Ina theannta sin malartaítear faisnéis go huathoibríoch agus go spontáineach idir thíortha. Tarlaíonn malartuithe spontáineacha áit a gcreideann na húdaráis cánach go bhfuil faisnéis acu a chabhródh le tír eile. Malartaítear gnáthfhaisnéis ar leith go huathoibríoch idir thíortha e.g. faisnéis a bhaineann le cáiníocóirí le seoltaí i dtír eile a fhaigheann aisíoc ar cháin shiarchoinneálach Éireannach (e.g. seirbhísí gairmiúla i mbun siarchoinneála cánach, cáin conarthaí ábhartha agus cáin shiarchoinneálach díbhinne). Tá an leibhéal de mhalartuithe uathoibríocha agus spontáineacha faisnéise i ndáil le Cánacha Díreacha sna blianta idir 2003 agus 2005 leagtha amach i dTábla 12.

**Tábla 12 Líon Malartuithe Uathoibríocha agus Spontáineacha 2003 - 2005**

| Bliain | Uathoibríoch | | Spontáineacha | |
|---|---|---|---|---|
| | **Faighte** | **Eisithe** | **Faighte** | **Eisithe** |
| 2003 | 21 | 10 | 38 | 1 |
| 2004 | 27 | 11 | 51 | 3 |
| 2005 | 20 | 13 | 44 | 2 |
| **Iomlán** | **68** | **34** | **133** | **6** |

D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasóireachta ar mheas sé go raibh an líon malartuithe faisnéise uathoibríocha agus spontáineacha a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim comhsheasmhach leis an leibhéal gníomhaíochta eacnamaíche i measc daoine atá ina gcónaí in Éirinn mar a tugadh le fios ó mhór-imscrúduithe na gCoimisinéirí Ioncaim, an scrúdú a rinne sé ar an maoin thar lear agus tuairisciú ginearálta eacnamaíoch. Mar fhreagairt, dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta go bhfuil an leibhéal agus líon na dtuairiscí spontáineacha a fhaightear ó chomhpháirtithe conartha ag brath ar eolas agus scileanna oifigeach na gcoimisinéirí ioncaim sna dlínsí seo agus an méid ar féidir leis na hoifigigh sin na daoine atá ina gcónaí in Éirinn a aithint go furasta, daoine a bhfuil baint acu le hidirbhearta gnó laistigh de na dlínsí seo. Go ginearálta, reáchtáiltear idirbhearta gnó trí ghléasanna corparáideacha agus b'fhéidir nach mbeadh sé seo dealraitheach ó na hidirbhearta níos coimpléascaí, áit a bhféadfadh níos mó gléasanna corparáideacha a bheith, agus ar deireadh gur le daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn an úinéireacht. Dhírigh an t-imscrúdú is déanaí a rinne na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le cuntais eischósta ar fhochuideachtaí agus cuideachtaí cleamhnaithe d'institiúidí airgeadais Éireannacha a raibh oibríochtaí acu lasmuigh den Stát. Den chuid is mó, bhí oibríochtaí ag na fochuideachtaí agus cuideachtaí cleamhnaithe seo i réimsí ina raibh tearmainn cánach go traidisiúnta agus ní bheadh malairtí faisnéise tarlaithe ar chor ar bith leis na dlínsí seo. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le sraith cruinnithe le cuid de na dlínsí seo le déanaí agus é mar aidhm comhaontuithe malartaithe faisnéise cánach a thabhairt chun críche. Tríd is tríd, cé go mb'fhéidir nach mbeidh an leibhéal de thuairiscí spontáineacha faighte suntasach, tá na tuarascálacha a fhaightear ar ardchaighdeán agus meastar gur uirlis úsáideach atá iontu maidir le comhlíonadh leis an gcód cánach a chinntiú. Is é taithí na gCoimisinéirí Ioncaim, an taithí chéanna atá ag baill eile san OECD, maidir le malartuithe uathoibríocha faisnéise a fháil, go n-athraíonn cruinneas agus chomh húsáideach agus atá an fhaisnéis a fhaightear ó thír go tír. Go minic, cuireann sonraí easnamhacha san fhaisnéis a sholáthraítear cosc ar na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis a úsáid mar is ceart. Tá éagsúlacht sna cineálacha faisnéise atá ag údaráis na gcoimisinéirí ioncaim i dtíortha an OECD agus dá bhrí sin, b'fhéidir nach mbeadh roinnt faisnéise a mbeadh suim ag na Coimisinéirí Ioncaim inti i seilbh na dtíortha sin. Níl tíortha eile páirteach i malartuithe uathoibríocha faisnéise go fóill. Tá iarrachtaí á ndéanamh ar leibhéal OECD chun an córas malartaithe faisnéise a fheabhsú. I mí Bealtaine 2006 d'eisigh an OECD lámhleabhar chun cúnamh praiticiúil a sholáthar d'oifigigh atá ag déileáil le malartú faisnéise chun críche cánach agus chun cabhrú le balltíortha lámhleabhair náisiúnta a dhearadh nó athbhreithniú a dhéanamh orthu. Chomh maith leis sin, bunaíodh fo-ghrúpa de Pháirtí Oibre an OECD ar Sheachaint agus Imghabháil Cánach chun gnéithe teicniúla agus oibríochta malartaithe faisnéise do chánacha díreacha a fheabhsú. Faoi láthair tá aghaidh á thabhairt ar dhá ábhar

- Éifeachtacht malartaithe próiseas faisnéise a mhéadú d'fhonn a chinntiú gur féidir malartú faisnéise a úsáid ar shlí níos éifeachtaí i gcomhthéacs comhlíonta

- Monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin OECD do mhalartú uathoibríoch faisnéise agus cineálacha nua faisnéise a aithint ar féidir a mhalairt go huathoibríoch.

Dúirt sé go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim dóchasach go gcuirfidh na moltaí ón obair thuasluaite le héifeachtacht an phróisis malartaithe faisnéise i measc ball OECD.

D'inis an t-Oifigeach Cuntasóireachta dom san am atá caite nár mhalartaigh na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis bainc go huathoibríoch le comhpháirtithe conartha agus dá bhrí sin, i ndáil le cuntais neamhchónaitheacha bhréagacha, nach mbeadh a leithéid sin de shonraí curtha ar fáil do dhlínsí eile. Ach ag leanúint cuir i bhfeidhm na Treorach Coigilteas AE, tá na Coimisinéirí Ioncaim anois ag soláthar faisnéise bainc do chomhpháirtithe conartha AE na hÉireann, faisnéis a bhaineann le hús a tháinig chun cinn sa Stát ar nó i ndiaidh an 1 Iúil 2005.

# Cúnamh Frithpháirteach – Éilimh a Ghnóthú

Forálann Treoir AE 76/308/CEE[8], mar atá leasaithe, do mhalartú faisnéise i ndáil le, agus gnóthú éileamh déanta ag ballstáit eile maidir le fiacha atá dlite don Stát sin do CBL, cánacha ioncaim agus caipitil, dleachtanna allmhairíochta agus onnmhairíochta, agus araile. Leagann Treoir 2002/ 94/ CEE amach mionrialacha do chur i bhfeidhm forálacha na Treorach 76/ 308/ CEE. [8].

Tá na socruithe seo do chúnamh frithpháirteach deartha d'fhonn na nithe seo a leanas a chinntiú

- foráil trasteorann d'aon fhaisnéis a bheadh úsáideach maidir le héilimh a ghnóthú
- ionstraimí agus cinntí, lena n-áirítear ionstraimí agus cinntí de chineál breithiúnach, a bhaineann le héileamh agus/nó é a ghnóthú a chur chuig seoltaí i mballstáit eile
- féadfaidh ballstáit a bhfuil úsáid bainte acu as slí ghnóthaithe éileamh neamhchonspóide ina stát féin an t-éileamh a ghnóthú i mballstáit eile de réir mar is cuí.

## Iarrataí ar Fhaisnéis a Bhaineann le hÉileamh a Ghnóthú

Faoi Airteagal 4 den Treoir AE, féadfaidh ballstát iarraidh a dhéanamh ar fhaisnéis a bhaineann le héileamh a ghnóthú i mballstát eile. Nuair a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim iarraidh tá dualgas orthu de réir na Treorach aon fhaisnéis a sholáthar, a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don údarás iarrthach maidir lena éileamh a ghnóthú. Níl dualgas ar na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis seo a sholáthar áfach

- faisnéis nach mbeadh sé in ann a fháil chun críche fiacha cosúla a aisghabháil, nó
- faisnéis a nochtfadh aon rúin tráchtála, thionsclaíocha nó ghairmiúla, nó
- faisnéis a nochtadh ar dócha go mbeadh sí díobhálach do shlándáil nó contrártha do bheartas poiblí an stáit.

Faightear iarrataí ar fhaisnéis i lár-oifig idirchaidrimh ar a dtugtar VIMA[9]. Soláthraíonn an stát iarrthach ainm agus seoladh an duine lena mbaineann an fhaisnéis atá le cur ar fáil agus nádúr agus méid an éilimh ina bhfuil an iarraidh á dhéanamh ina leith. Taifeadtar na sonraí uile ar bhunachar sonraí agus cuirtear admháil ar aghaidh chuig an mballstát eile. Cuirtear sonraí na hiarrata ar aghaidh chuig rannóg ábhartha na gCoimisinéirí Ioncaim chun an fhaisnéis a iarrtar a fháil. Ach an fhaisnéis a iarradh a bheith bailithe, soláthraítear na sonraí do VIMA a chuireann na sonraí ar aghaidh chuig lár-oifig idirchaidrimh an stáit iarrthaigh.

---

[8] Comhdhlúthaíonn agus tugann Ionstraim Reachtúil 462 de 2002 (mar atá leasaithe ag Ionstraim Reachtúil 344 de 2003) éifeacht do Threoir 76/308/CE mar atá leasaithe, mar aon leis na rialacha mionsonraithe chun an Treoir atá le fáil i dTreoir 2002/94/CE a chur i bhfeidhm.

[9] Déileálann VIMA leis an gCóras Malartaithe Faisnéise CBL, INTRASTAT (sonraí staitistiúla a bhailiú ó thrádálaithe), agus Cúnamh Frithpháirteach.

Go ginearálta is ó iniúchadh a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim a thagann iarrataí ar fhaisnéis do Bhallstát eile chun cinn. Seoltar an iarraidh trí VIMA chuig oifig idirchaidrimh lárnaigh an bhallstáit eile agus taifeadtar na sonraí uile ar bhunachar sonraí. Ach freagra a bheith faighte cuirtear na sonraí ar aghaidh trí VIMA chuig oifig ábhartha na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá líon iarrataí ar fhaisnéis a fuarthas agus a eisíodh i ndáil le gnóthú éileamh le trí bliana anuas le fáil i dTábla 13.

**Tábla 13 Iarrataí ar Fhaisnéis do Ghnóthú 2003 - 2005**

| Bliain | Faighte | Eisithe |
|---|---|---|
| 2003 | 2 | 0 |
| 2004 | 16 | 3 |
| 2005 | 14 | 8 |
| **Iomlán** | **32** | **11** |

Lorg mé tuairimí an Oifigigh Cuntasóireachta maidir leis an líon íseal iarrataí ar fhaisnéis do ghnóthú a bhí eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim (mar a léirítear i Tábla 13) agus iarrataí ar fhaisnéis a bhaineann le cánacha díreacha (Tábla 11). Mar fhreagra, dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta gur fachtóirí iad an beagán feasachta agus an fad ama atá i gceist ar féidir leo tionchar a bheith acu ar líon na n-iarrataí. D'fhonn cur le feasacht, d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim treoirlínte faoi mhalartú faisnéise ar a láithreán Gréasáin inmheánaigh i mí Dheireadh Fómhair 2004 agus leanadh le sraith cainteanna do bhaill foirne i gceantar Bhaile Átha Cliath go deireanach in 2004 agus ag tús 2005. Ceapadh roinnt oifigeach idirchaidrimh freisin ar fud na heagraíochta chun malartú an chórais faisnéise a chur chun cinn agus a éascú. Táthar ag súil gurb éard a bheidh mar thoradh air seo malartú feabhsaithe faisnéis faoi chonarthaí. Cé nach bhfuil méadú suntasach tagtha ar na figiúirí go fóill, tá feabhas suntasach tagtha ar chaighdeán na n-iarrataí atá á gcur le chéile ar leibhéal áitiúil. Tá iarrataí neamhriachtanacha agus easnamhacha ar fhaisnéis laghdaithe agus anois tá iarrataí níos dírithe agus spriocdhírithe. Tuigeann an tOifigeach Cuntasóireachta go bhfuil gá le tuilleadh oibre chun malartú faisnéise a chur chun cinn agus tá na Coimisinéirí Ioncaim ag déanamh iniúchta ar bhealaí breise le cur le feasacht go hinmheánach. Tá tús áite á thabhairt ag an OECD le cabhrú le tíortha faisnéis thráthúil agus ar ardchaighdeán a fháil ó chomhpháirtithe conartha. Ceann de na tionscnaimh atá déanta ag an OECD is ea láithreán Gréasáin shláin a bhunú do bhaill foirne inniúla den údarás atá ag déileáil le malartú nithe faisnéise a bhaineann mar shampla le faisnéis a bhaineann le tír ar leith, liosta reatha d'údaráis inniúla, naisc láithreáin Ghréasáin phoiblí úsáidigh do gach tír agus treoirleabhar maidir le foinsí faisnéise i ngach tír. Cabhróidh úsáid an láithreáin Ghréasáin seo le hiarrataí neamhriachtanacha nó neamhiomlána a laghdú tríd an méid faisnéise agus is féidir a sholáthar i ngach tír. Tá tús áite á thabhairt do réimsí eile freisin (i) cur i bhfeidhm nósanna imeachta sruthlínithe agus, áit ar cuí, nósanna imeachta agus foirmeacha a chaighdeánú agus (ii) níos mó úsáide a bhaint as teicneolaíocht faisnéise. Bíonn Éire rannpháirteach ar leibhéal OECD sna saincheisteanna seo ar fad agus chabhraigh Éire leis an láithreán Gréasáin shláin.

## Iarrataí chun Éileamh a Ghnóthú

Faoi Airteagal 6 den Treoir AE, ar iarraidh ó bhallstát, gnóthóidh an stát iarrthach éilimh de réir na ndlíthe, rialachán nó forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthú éileamh cosúil a thagann chun cinn sa bhallstát sin.

Is é an tArd-Bhailitheoir an t-údarás inniúil in Éirinn maidir le hiarrataí a eisiúint d'fhonn iad a ghnóthú do bhallstáit eile, agus fiacha a bhailiú thar ceann ballstát eile. Roimh mhí na Bealtaine 2006, fuarthas iarrataí a bhí ag teacht isteach trí VIMA ach anois faigheann an tArd-Bhailitheoir na cásanna go díreach ón mballstát eile.

## Iarrataí ar Ghnóthú Faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim

Taifeadtar iarrataí do ghnóthú faighte ar bhunachar sonraí. Ansin seoltar éileamh i scríbhinn chuig an gcáiníocóir agus bíonn an tsuim le híoc iníoctha laistigh de seacht lá ó dháta eisithe an éilimh. Mura n-éiríonn leis an éileamh scríofa, cuireann an tArd-Bhailitheoir an cás ar aghaidh chuig sirriam na gCoimisinéirí Ioncaim chun é a bhailiú. Mura mbailítear an fiacha, féadfaidh an tArd-Bhailitheoir damáistí a éileamh sna cúirteanna Cuarda nó Dúiche. Tá sonraí d'iarrataí faighte do ghnóthú éileamh agus cásanna gnóthaithe le trí bliana anuas leagtha amach i dTábla 14.

Measann an tArd-Bhailitheoir gurb éard is cúis leis an leibhéal íseal ratha i ndáil le héilimh a ghnóthú

- níos mó gluaiseachta de cháiníocóirí laistigh de stáit AE
- easpa cumarsáide idir an cáiníocóir agus an t-údarás iarrthach maidir le gluaiseachtaí
- easpa cumarsáide idir an oifig cánach áitiúla agus an phríomhoifig sa tír iarrthach ba chúis le héilimh mhíchearta a ghnóthú.

**Tábla 14 Iarrataí Faighte chun Éilimh a Ghnóthú 2003 - 2005**

| Bliain | Faighte | | Aisghafa | | % den Luach Aisghafa |
|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | Luach | Líon | Luach | |
| 2003 | 118 | €2,695,224 | 25 | €638,391 | 24% |
| 2004 | 288 | €11,945,991 | 36 | €1,428,034 | 12% |
| 2005 | 483 | €28,659,125 | 89 | €615,000 | 2% |
| **Iomlán** | **889** | **€43,300,340** | **150** | **€2,681,425** | **6%** |

Nóta: Dúnadh 182 cás in 2005 ar iarraidh an údaráis iarrthaigh i ndiaidh idirghabhála an Ard-Bhailitheora. Is éard a bhí sna cásanna seo cáin neamhbhailithe de €3,484,868.

As sampla de 16 cás a scrúdaíodh, bhí aga moille de mhí amháin ar a laghad i gceist le 8 gcás, aga moille idir an tArd-Bhailitheoir ag fáil na hiarrata agus eisiúint na litreach éilimh don cháiníocóir. Scrúdaíodh 15 cás breise, a cuireadh ar aghaidh chuig Sirriam na gCoimisinéirí Ioncaim in 2005. I gcúig cinn de na cásanna seo, ní raibh freagairt ar bith faighte ón sirriam ag tús mhí Aibreáin 2006. I bhformhór na gcásanna eile, bhí ar oifig an Ard-Bhailitheora teagmháil a dhéanamh le Sirriam na gCoimisinéirí Ioncaim chun freagra a fháil. Ina theannta sin tugadh moill faoi deara in aistriúchán cáipéisí eachtracha. Níl faisnéis faoi roinnt cásanna oscailte, líon cásanna leis an sirriam agus araile ar fáil go héasca ón mbunachar sonraí agus faoi láthair tá an fhaisnéis á bailiú ó na cásanna de láimh. Tá roinnt iarrataí arna dhátú ó 1999 fós oscailte.

De bhrí go raibh imní orm mar gheall ar an ráta íseal gnóthaithe agus go bhféadfadh na moilleanna a tugadh faoi deara a léiriú nach raibh na Coimisinéirí Ioncaim ag comhlíonadh go hiomlán lena ndualgais, lorg mé dearcaí an Oifigigh Chuntasaíochta. D'inis an t-Oifigeach Cuntasóireachta dom go bhfuil sé sásta go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag comhlíonadh a n-oibleagáidí maidir le hiarrataí chun cáin a ghnóthú thar ceann tíortha eile ar bhealach sásúil. Thug sé faoi deara go bhfuil an dá bhliain (2003 agus 2004) lena bhfuil comparáidí AE ar fáil gur aisghabháil na Coimisinéirí Ioncaim 24% agus 12% faoi seach, den cháin a iarradh i gcomparáid le meán AE de thart ar 1% agus 2%. Fiú amháin leis an titim san fheidhmíocht bailiúcháin do 2005, is dócha go mbeidh na Coimisinéirí Ioncaim fós thart ar an meán AE don bhliain sin. Ní mór féachaint ar an ráta gnóthaithe i gcásanna ina n-iarrtar ar na Coimisinéirí Ioncaim cáin a aisghabháil thar ceann tíortha eile i gcomhthéacs nádúr na n-éileamh atá i gceist

- Ar dtús bhí cásanna faoi réir gníomhaíochta bailiúcháin iomchuí/infhaighte an Stáit iarrthaigh. Ciallaíonn sé sin go bhfuil iarracht déanta ag na cásanna táillí a íoc cheana féin.
- In a lán cásanna níl faisnéis maidir le seoltaí cruinn.
- Faightear iarrataí do ghnóthú méideanna measta agus is minic nach mbaineann dliteanas ar bith leo seo nuair a sheoltar tuairisceáin isteach.

- Is gnách do go leor de na cáiníocóirí atá mar ábhar de na héilimh seo gluaiseacht go rialta idir Stáit agus cé go mb'fhéidir go raibh siad ag cur fúthu in Éirinn am éigin, d'fhéadfaidís a bheith imithe áit éigin eile faoin am a fhaightear an t-éileamh do ghnóthú.

I ndáil le moilleanna i gcásanna a n-iarrtar aisghabháil, dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta go ndéanann Rannán an Ard-Bhailitheora seiceálacha nuair a fhaightear éilimh chun an méid faisnéise agus is féidir a fháil faoin gcáiníocóir d'fhonn an cinneadh is fearr a dhéanamh faoin ngníomhaíocht a dhéanfar i gcásanna aonair. I dtrí cinn as na hocht gcás b'éigean do na Coimisinéirí Ioncaim dul ar ais chuig an Stát iarrthach d'fhonn soiléiriú a fháil roimh an t-éileamh ar íocaíocht a eisiúint. Go ginearálta, eisítear éilimh i bhformhór na gcásanna laistigh de mhí ón iarraidh a fháil. D'fhéadfaí freisin gurb éard a bhí i gceist go bhféadfadh socruithe inmheánacha na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le héilimh a bheith curtha leis an méid ama maidir le hiarrataí ar ghnóthú éileamh. De bhrí go bhfuil na héilimh agus an comhfhreagras uile a bhaineann le héilimh idirbheartaithe anois idir an t-údarás iarrthach agus Rannán an Ard-Bhailitheora cabhróidh sé le moilleanna a sheachaint i ndáil le cásanna a phróiseáil.

## Iarratais ar Aisghabháil a d'Eisigh na Coimisinéirí Ioncaim

Réitítear tuarascáil ar chásanna neamhchónaitheacha a bhfuil cáin de níos mó ná €20,000 gan íoc acu go rathúil[10]. Bhí 282 chás agus cáin iomlán gan íoc de €25m i dtuarascáil Aibreán 2006. Cinntíonn an tAonad Riar Fiachais go bhfuil úsáid bainte acu as gach modh atá ar fáil dóibh agus iad ag iarraidh an fiach a bhailiú agus ansin cuirtear cásanna cuí ar aghaidh trí VIMA chuig údarás cánach an bhallstáit chuí do chur i bhfeidhm.

Tá sonraí ar iarratais ar aisghabháil a cuireadh chuig ballstáit eile sna blianta 2003 go 2005 leagtha amach I dTábla 15. Ba iad na ceisteanna a tugadh faoi deara ó scrúdú ar nósanna agus chásanna ná

- Eisítear líon beag iarratas go ballstáit eile
- Tá mórán de na cásanna a chuireann an t-Ard-Bhailitheoir chuig ballstáit eile bunaithe ar dhliteanais mheasta. I sampla de 10 gcás ó 2004, ba é an méid iomlán a d'iarradh ná €1,148,648 agus bhí €991,329 den dliteanas seo bunaithe ar fhigiúr mheasta. In Aibreán 2006, bhí €100,345 den dliteanas measta seo bailithe, laghdaíodh na méideanna measta ag €794,467, agus tá €96,517 fós gan íoc.
- Bhí ceann de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú air ón tuarascáil rathúil ar chánacha gan íoc i dtaobh cónaitheora san Astráil a raibh €247,208 air. Níl na Coimisinéirí Ioncaim in ann na húdaráis i dtíortha eile nach bhfuil san AE a úsáid chun méideanna gan íoc a bhailiú ar a son. Cé go ndearnadh foráil maidir leis seo i gcoinbhinsiún cánach mionsamhlach OECD[11], fuair na Coimisinéirí Ioncaim comhairle dlí a dúirt nach mbeadh sé bunreachtúil in Éirinn an fhoráil a leagadh amach sa choinbhinsiún mionsamhlach a chur isteach.

**Tábla 15 Iarratais Eisithe ar Aisghabháil Éileamh 2003 - 2005**

| Bliain | Eisithe | | Aisghafa | | % de Luach Aisghafa |
|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | Luach | Líon | Luach | |
| 2003 | 41 | €9,096,178 | 6 | €226,019 | 2% |
| 2004 | 20 | €2,787,657 | 17 | €437,210 | 16% |
| 2005 | 48 | €6,110,315 | 23 | €761,726 | 12% |
| **Iomlán** | **109** | **€17,994,150** | **46** | **€1,424,955** | **8%** |

[10] Tá cásanna le "stadanna" áirithe (m.sh dleachtú, glacadóireacht, á achomharc, á fhiosrú, iniúchadh) agus cásanna le hiarmhéideanna reatha gan íoc fágtha amach ón tuarascáil seo.
[11] Alt 27 den choinbhinsin mionsamhlach.

Shocraigh tuarascáil de chuid Choimisiún an AE i 2006[12] cé go raibh méadú mór ar úsáid cúnamh frithpháirteach chun éilimh a aisghabháil, bhí bearna mhór fós ann idir na méideanna dá n-iarrtar ar chúnamh agus an méid a n-aisghabhtar. Léiríonn figiúir chomhiomlána don AE gurbh é an ceatadán d'iarratais aisghabhála a sásaíodh ná 1.13% i 2003 agus 1.82% i 2004.

D'inis an t-Oifigeach Cuntasóireachta dom gur thóg na 282 cás neamhchónaitheach ar thuarascáil rathúil Aibreán 2006 gach clárú atá bunaithe thar lear agus nach iad atá san AE amháin san áireamh. Socróidh scrúdú ina dhiaidh ar gach cás i gcomhthéacs na hoibre cáis oiriúnacht an cháis d'aon chineál gníomh aisghabhála faoi leith. Mar shampla, léireoidh scrúdú fáil fritháirimh RCT, íocaíocht an fhéich ina dhiaidh, agus trádáil críochnaithe ag an gcás roimh an tréimhse a chlúdaigh an meastachán ar dhliteanas ag na Coimisinéirí Ioncaim . Chomharthaigh scrúdú ar shampla de 50 de na cáis a bhfuil dliteanas níos mó acu sa liosta de 282 chás nach féidir ach 10 acu seo a chur ar aghaidh do bhailiú faoi chúnamh frithpháirteach. Roghnaítear cásanna d'idirghabháil oibre cáis gach mí trí tagairt do na torthaí a bhí le híoc don mhí roimhe nó trí tagairt do chandam an fhéich cánach. Tugtar tús áite do na cásanna a bhfuil an fiach nó fiach féideartha is mó acu. Ní mór do na Coimisinéirí Ioncaim na modhanna bailithe atá ar fáil a úsáid roimh iarratais ar chúnamh frithpháirteach . I 2005, cuireadh 349 gcás neamhchónaitheach ar aghaidh d'fheidhmiú dlíodóra agus i 2004, cuireadh 372 chás ar aghaidh do seo. San anailís dheireanach, déantar cinneadh maidir le hiarratas ar chúnamh frithpháirteach a dhéanamh nó gan é a dhéanamh ar bhonn cáis i ndiaidh cáis agus brathfaidh sé ar mhéid na féiche, meastachán ar iontaofacht an eolais atá ar fáil faoi sheoladh agus rl. sa dlínse thar lear agus meastachán ar chosúlacht ratha.

Maidir le leibhéal ard na ndliteanas measta atá curtha san áireamh sa sampla de chásanna a ndearnadh scrúdú orthu, dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta go bhfuil an córas bailiúcháin cánach struchtúrtha thart ar chinntiú, sa mhéid agus is féidir, áit a theipeann ar íocóir cánach tuairisceán a chur isteach, go ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim meastachán ar an dliteanas agus úsáid á baint acu as an eolas is fearr atá ar fáil dóibh, agus go dtugann siad faoi na bearta bailiúcháin cuí chun aisghabháil a thabhairt i gcrích. Ó thaobh a nádúir de, mar sin, léireoidh cásanna neamhghéilliúla eilimint de dhilteanas measta go leor uaireanta. Is minic a fhreagraíonn cásanna ar eisiúint meastachán trí tuairisceáin a chur isteach agus íocaíocht a dhéanamh. Dúirt sé gur fiú tabhairt faoi deara as na 10 gcás samplach a ndearnadh scrúdú orthu, go raibh cás amháin freagrach as 45% den mhéid iomlán a cuireadh ar aghaidh d'aisghabháil agus 52% den mhéid measta a cuireadh ar aghaidh agus mar sin cuireadh an sampla go mór ar sceabha. Socraíodh faoi dheireadh nár thrádáil an cás seo riamh agus d'urscaoileadh meastacháin nuair a fuarthas torthaí "Neamhní'. I gcás cásanna thar lear tá deacracht i bhfad níos mó ag baint le socrú an bhfuil an t-aonán ag trádáil faoi láthair, toisc nach bhfuil aon eolas áitiúil nó eolas sirriam ar fáil (gné i gcásanna cónaitheacha).

D'inis an t-Oifigeach Cuntasóireachta dom go raibh eolas ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi chosúlacht deacrachta bunreachtúla a bhainfeadh leis an alt "cúnamh le bailiú cánach" de chuid na samhla OECD . Chuir nuashonrú ar shamhail OECD i 2002 an t-alt roghnach seo isteach, agus roimh dheireadh a chur leis an tsamhail, d'iarr na Coimisinéirí ar chomhairle dlí ón Ard-Aighne. Tharraing an tArd-Aighne aird ar imní faoi bhaint amach dlínse chúirteanna na hÉireann maidir le scrúdú a dhéanamh ar ábhar an éileamh cánach eachtrannaigh. Cuirtear fonóta leis an alt sa mhúnla, mar fhreagra ar bhealach ar thráchtais a rinne na Coimisinéirí Ioncaim, ag rá nach ligfeadh nó nach ndlisteanódh cúrsaí náisiúnta, dlí, beartais nó riaracháin i dtíortha áirithe don chineál cúnaimh atá beartaithe faoin alt nó bhféadfadh siad ordú do srian a chur ar an gcineál cúnaimh, m.sh do thíortha a bhfuil córais cánach nó riaracháin cánach chosúla acu nó maidir leis na cánacha atá clúdaithe, agus ar an gcúis sin, níor ceart an t-alt a chur isteach ach áit ar féidir le gach Stát aontú cúnamh le bailiú cánacha a thoibhíonn an Stát eile a chur ar fáil Agus an deacracht bhunreachtúil tógtha san áireamh, níor iarr na Coimisinéirí Ioncaim ar an alt a chur isteach ina gconarthaí. Ní chuireann tíortha eile OECD an t-Alt nua san áireamh ar chúiseanna cosúlacha.

---

[12]Tuarascáil do Choimisiún na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa ar úsáid forálacha ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh maidir le tobhaigh, dleachtanna, cánacha áirithe agus bearta eile a aisghabháil, 8/2/2006.

# Calaois Inphobal Trádálaí As Láthair (Calaois Timpealláin)

Tá Foireann Calaois Timpealláin (FCT) na gCoimisinéirí Ioncaim ainmnithe mar rannóg idirchaidrimh de réir Alt 3 de Riail Chomhairle na hEorpa (CE) 1798/2003 ar mhaithe le malartú díreach eolais maidir le calaois CBL braite, go háirithe Calaois Inphobail Trádálaí As Láthair nó Calaois Timpealláin. Is é atá i gceist le calaois timpealláin ná trádálaí ag déanamh gnó in earraí de luach ard agus de bhulc íseal (m.sh sliseanna ríomhaire agus gutháin soghluaiste) agus tarlaíonn idirbhearta sa ghnó thar thréimhse ghearr. Is minic go mbíonn na hidirbhearta casta go leor agus earraí ag dul trí roinnt gnóthaí ar bhealach ciorclach, agus d'fhéadfadh siad filleadh don bhuntrádálaí, éiríonn an téarma "timpeallán" as sin.

Tugann an FCT cuairteanna ar ghnóthaí roghnaithe chun fáil amach faoi thrádálaithe as láthair agus thrádálaithe éascaíochta, chun fiosrú a dhéanamh ar thrádáil reatha ar mhaithe le malartú eolais, chun seiceálacha réamhchlárúcháin a dhéanamh ar chásanna de phriacal ard agus chun bheith réamhghníomhach maidir le daoine a chur ó sheachaint agus chalaois . Úsáideann an FCT VIMA chun bailíocht uimhreacha CBL a fhíorú. I measc ghníomhaíochtaí FCT i 2005 bhí

- Taighde ar 211 chás, ag aithint cásanna a bhí oiriúnach do chuairteanna ar an láithreán nó chur ar aghaidh chuig an réigiún cuí
- 93 chuairt ar an láthair a dhéanamh in earnálacha ina bhfuil priacal aitheanta ar mhaithe le faisnéis a bhailiú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí trádálaithe éascaíochta aitheanta
- Eisiúint 177 mír uatheolais do Bhallstáit eile faoi Chúnamh Frithpháirteach agus ag fáil 95 iarratas ar chúnamh . Tá malartú eolais sna blianta 2003 go 2005 leagtha amach i dTábla 16.

Déanann na Coimisinéirí Ioncaim agus Custaim de chuid na RA meastacháin ar an CBL a cailleadh ó chalaois agus neamhghéilleadh eile i an bhearna CBL. Cuireadh leibhéal measta iarracht calaois timpealláin i 2004-2005 idir stg£1.12 bhilliún agus £1.9 mbilliún as caillteanas iomlán CBL measta de stg £11.3 bhilliún. Ba iad na figiúir coibhéiseacha don Ghearmáin ná €2.1 bhilliún a cailleadh mar gheall ar chalaois timpealláin as caillteanas iomlán de €17 mbilliún. Ní dhéantar cleachtas cosúil leis in Éirinn. Cé go bhfuil sé deacair ó thaobh an nádúir de meastacháin dá leithéid a dhéanamh agus gur réimse é nach bhfuil scrúdú déanta air, ligeann meastachán ar chaillteanais fhéideartha do na priacail a mheas, agus do straitéisí a fhorbairt chun dul i ngleic leis na priacail sin .

Is féidir le cuideachtaí clárú in Éirinn mar thrádálaithe éascaíochta amháin a fhaigheann earraí ó bhallstáit eile ag an ráta nialasach CBL agus ag soláthar dóibh ar, saor ó CBL freisin, go hábhar trádálaí eile ar easnamh i mballstát eile. Is é an rogha atá os comhair na Coimisinéirí Ioncaim sna cásanna seo ná an clárú CBL a chur ar ceal. Tá baol leantach go mbunóidh an trádálaí faoi ainm difriúil agus go bhfaighidh sé/sí uimhir chlárúcháin CBL nua.

Bhí an cás ba mhó de chánacha gan íoc a dhíscríobh na Coimisinéirí Ioncaim i 2004 (€5.58m) i dtaobh dliteanais a tháinig chun cinn mar thoradh ar chalaois timpealláin. Fuair na Coimisinéirí Ioncaim eolas faoi shocruithe cúnaimh fhrithpháirtigh maidir le soláthar comhpháirteanna ríomhaire do chuideachta Éireannach . Tar éis cruinniú tosaigh na gCoimisinéirí Ioncaim leis an gcuideachta scaoileadh an chuideachta. Ardaíodh meastachán Alt 23 ach díscríobhadh an fiach ina dhiaidh. Déanann an Biúró um Shócmhainní Coiriúla (BSC) fiosrúcháin freisin maidir le cásanna calaois timpealláin. Tugadh socrú BSC de €3m i dtaobh dliteanais a d'éirigh as calaois timpealláin faoi deara i dtuairiscí na meán cumarsáide i 2006.

**Tábla 16 Foireann Calaois Timpealláin- Malartuithe Eolais 2003 - 2005**

| Bliain | Iarrataí Faighte | | Iarrataí Eisithe | | Malartáin Spontáineacha Eisithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | Cásanna Oscailte | Líon | Cásanna Oscailte | |
| 2003 | 170 | 0 | 10 | 0 | 1,295 |
| 2004 | 150 | 2 | 19 | 7 | 881 |
| 2005 | 95 | 17 | 59 | 30 | 177 |
| **Iomlán** | **415** | **19** | **88** | **37** | **2,353** |

Mar fhreagra ar mo cheisteanna ar chreid sé go gcuideodh meastachán ar chaillteanais CBL leis na Coimisinéirí Ioncaim le dul in aghaidh calaoise, calaois timpealláin san áireamh, dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta gurb í CBL an cháin is mó a thugann toradh agus go léiríonn na bearta lenar ghlac na Coimisinéirí Ioncam chun an toradh seo a chosaint an tábhacht a bhaineann leis maidir leis an Státchiste. Tá an díriú ar chaillteanais CBL a chosc ar an gcéad dul síos agus freagra daingean a thabhairt áit nach n-éiríonn leis an gcosc seo. I measc na mbeart as a mbaineann na Coimisinéirí Ioncaim úsáid tá iniúchadh, tionscadail earnálacha, aonaid réigiúnacha géillteanais speisialta agus aonad speisialta CBL frith-sheachana chomh maith leis an bhFoireann Calaois Timpealláin. Níl aon amhras air ach go léiríonn athlonnú dírithe acmhainne mar thaca leis na bearta seo a n-úsáid is éifeachtúla agus is éifeachtaí .

Cé go mb'fhéidir gurb amhlaidh go bhféadfadh meastachán cruinn ar chaillteanais CBL bheith eolasach, freisin is é a dhearcadh ná nach mbeadh mórán fiúntais ag baint le meastachán a dhéanamh, díreach ar mhaithe le é a bheith ann, nuair a bheadh sé neamhiontaofa ar an taobh is fearr den scéal agus nuair a bheadh sé neamhthreorach ar an taobh is measa den scéal. Aontaíonn sé leis an dearcadh gur réimse é seo nach bhfuil mórán scrúdú déanta air agus tá sé deacair ó thaobh an nádúir de chun meastacháin a dhéanamh.

D'inis an t-Oifigeach Cuntasóireachta dom gur bhreathnaigh na Coimisinéirí Ioncaim ar cheist na calaoise timpealláin mar cheist dháiríre mar a léirigh an Fhoireann Calaoise Timpealláin . D'inis sé dom gur chuir na Coimisinéirí Ioncaim 21 uimhir CBL trádálaí éascaíochta ar ceal idir 2003 agus 2005 . Maidir le gníomh a ghlacadh i gcoinne iadsan a bhfuil baint acu le calaois timpealláin, áit ar díscríobhadh €5.8m, dúirt sé nach raibh príomhaithe na cuideachta, arbh náisiúnaigh coigríche iad araon, ina gcónaí sa Stát. Bhí a fhios acu go raibh seoladh ag duine amháin acu sa Libéir, agus creideadh go raibh an stiúrthóir eile in Antwerp ach ní raibh a fhios acu cá raibh siad go díreach. Breathnaíodh ar dul sa tóir ar na príomhaithe agus ba é an cinneadh, ar bhunús na bhfíricí ar fad a bhí ar eolas acu agus na costais braite a bhainfeadh le hé sin a dhéanamh, ná nárbh cosúil go mbainfeadh aisghabháil amach. D'fhéadfadh na Coimisinéirí Ioncaim gníomhaíocht a aththosú sa chás seo agus dhéanfadh siad amhlaidh dá n-athródh cúinsí ar bhealach ina mbeadh ionchúiseamh/bailiú féich rathmhar féideartha. Dúirt sé cé go bhfuil sé ina údar misnigh gur tháinig an cás seo chun solais chomh fada siar le 2000 agus nár aithníodh aon chaillteanais CBL eile sna blianta idir an dá linn, níl sé de rún ag na Coimisinéirí Ioncaim a dhíriú ar chalaois timpealláin a laghdú. Is cosúil go bhfuil rath na gCoimisinéirí Ioncaim sa réimse seo mar thoradh ar roinnt fachtóirí, a bhfuil ina measc nádúr réamhghníomhach ghníomhaíochtaí an Fhoireann Calaoise Timpealláin agus d'fheabhsaigh siad malartú eolais. Coinníonn glacadh páirte gníomhach sna líonraí idirnáisiúnta Inphobal Trádálaí As Láthair, European Carousel Network ina measc, na Coimisinéirí Ioncaim suas le forbairtí agus bagairtí reatha sa réimse seo. Tuigeann sé nach bhfuil aisghabháil CBL a ndearnadh calaois air sa Stát san áireamh sa socrú BSC €3m a tugadh tuairisc air.

# 2.8 CBL agus Ríomh-Thráchtáil

## CBL

Is cáin indíreach é CBL ar chaiteachas tomhaltóra. Bailíonn trádálaí atá cláraithe do BCL an cáin ar son na Coimisinéirí Ioncaim ar sholáthair earraí agus seirbhísí dá gcustaiméirí. Gearrann gach trádálaí cláraithe san slabhra soláthair CBL ar a gcuid díolacháin agus táid i dteideal baint ó seo an méid CBL gearrtha ortha ar a gcuid ceannaithe. Mar sin, gearrtar an cháin ar an luach breise ag gach céim den chiorcail tháirgiúlachta agus dáileadh. Is é an tomhaltóir deireanach a íocann an BCL i ndáiríre ansin mar chuid den phraghas ceannaithe. Tá riachtanas ann go gcláraíonn trádálaí leis an Oifig Chánach nuair atá a chuid láimhdeachas thar €27,500, i gcás seirbhísí agus €55,000 i gcás earraí. Tá an reachtaíocht a rialaíonn BCL ar fáil san Acht um Cháin Breise Luach, 1972 mar a leasaíodh. I 2005, ba é ós chionn €12 billiúin an méid glan CBL a bhailigh an Oifig Chánach.

## Ríomh-Thráchtáil

Tuigtear go ginearálta go gciallaíonn Tráchtáil Leictreonach nó ríomh-thráchtáil an ceannach agus an díolacháin earraí agus seirbhísí thar an idirlín. D'fhéadfaí earraí agus seirbhísí a sholáthair ghnó-gnó nó idir gnó agus an tomhaltóir. De ghnáth, déanfar íocaíocht arlíne, go príomha le cárta creidmheasa nó cárta dochair. Is iad na sóirt idirbheartaíochta atá bainteach le ríomh-thráchtáil ná

- Ordú ar earraí fisiceacha do sheachadadh trí mhodhanna traidisiúnta
- Ordú seirbhísí (m.sh. Eitiltí aerlíne) nuair a sholáthraíonn an soláthraí an seirbhís san fhoirm traidisiúnta
- Ordú, agus seachadadh earraí samhalta agus digiteacha agus seirbhísí thar an idirlín (m.sh. bogearraí, ceol, físeán).

### Prionsabail agus Treoirlínte OECD/AE

Chomhaontaigh an Comhdháil Airí OECD in Ottawa in 1998 gur cheart go mbainfeadh na prionsabail a bhaineann le cáin ar thrádáil traidisiúnta le ríomh-thráchtáil chomh maith. In Iúil 1998, d'fhormhuinigh an AE roinnt treoirlínte tarraingthe suas ag an Coimisiúin AE mar shlí deimhin a dhéanamh de go leanfadh an Córas CBL AE ag feidhmiú san domhain ríomh-thráchtáil. Is iad seo na treoirlínte

- Ní gearrfar aon cháin nua ar ríomh-thráchtáil ach ba cheart cáin ata ann faoi láthair, go háirithe CBL, a chur in oiriúint
- Déanfar déileáil le soláthair ar-líne táirgí digiteacha mar sholáthair seirbhísí
- Ba cheart go ngearrfar cáin ar sheirbhísí a thomhaltar san AE san AE, is Cuma cad as a dtáinig siad ná a modh soláthair. Ní bheidh seirbhísí a thomhaltar lasmuigh den AE agus a sholáthair trádálaí AE faoi réir ag CBL an AE, ach bainfear CBL ar ionchur bainteacha
- Caithfidh an córas CBL a bheith infheidhmithe
- Ba cheart go gceadófar sonrasc leictreonach a thabhairt laistigh den AE, faoi réir ag rialacha chomhaontaithe
- Ba cheart go mbeadh fógairt CBL agus íocaíocht leictreonach mar fhéideartha.

## Grúpa Oibre Chanach ar Ríomh-Thráchtáil

I Meitheamh 1999, d'ullmhaigh an Grúpa Oibre ar thráchtáil Leictreonach san Oifig Chánach tuarascáil forleathan ar thráchtáil Leictreonach agus ar an gCóras Cánach Éireannach. D'aithin an tuarascáil, a fhoilsíodh, na h-ábhair chánacha ag eascair as an úsáid méadaithe ríomh-thráchtáil agus pléadh freagraí an Oifig Chánach a d'fhéadfadh a bheith ann. D'fhreastal an tuarascáil ar thionchar ríomh-thráchtáil ar na cáin agus dleachtanna go léir agus pléadh conas a d'fhéadfaí an idirlín a úsáid chun riaracháin chánach a fheabhsú. Dúirt an tuairisc gurb é CBL an t-aon cháin go mbeadh gníomhaíocht ag teastáil chun an saothar chanach a chosaint, agus go raibh práinn ag baint le h-ábhair ríomh-thráchtáil san earnáil CBL i gcomparáid le cáin eile.

Ins an tuarascáil chomh maith

- rinneadh imlíniú ar na príomh-ábhair do cháin a ghearradh ar ríomh-thráchtáil
    - o aithint an idirbheartaíochta
    - o na páirtithe san idirbheartaíocht a aithint)
    - o sonraí an idirbheartaíochta a chinntiú
    - o so CBL, na rialacha, rátaí, ríomhadh agus seoltán cearta a aithint don údarás chánach ceart
    - o giniúint slí iniúchadh
- léirigh sé. Go bhféadfadh sé a bheith riachtanach na nósanna imeachta agus teicnící atá ag teastáil chun na cáin seo a bhailiú agus a riaradh go h-éifeachtach, toisc na teicneolaíochtaí agus nádúr domhanda an ríomh - thráchtáil
- phléigh sé go mbeadh ar an Oifig Chánach monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fhorbairtí san earnáil soláthraithe seirbhísí ionas go n-aithneofaí gnó nua agus seirbhísí eile idir lín breis luach.

Aithníodh mar an dúshlán is mó an soláthair ar-líne earraí digiteacha agus seirbhísí (ríomh-sheirbhísí[13]). Chinntigh "áit an tSoláthair" an áit ina ngearrfar CBL agus ba é an riail ghinearálta ag an am sin maidir le seirbhísí ná go raibh cáin le h-íoc san áit ina raibh an soláthraí lonnaithe (féach Tábla 17) atá ann ó uair nár rinneadh trádáil go ghinearálta ar sheirbhísí tras-theorainn. Ní raibh aon CBL le h-íoc ag gnó 3ú tír (sé sin nach den AE í) a bhí ag soláthair seirbhísí do thomhaltóirí an AE[14].

**Tábla 17 Soláthair ríomh-sheirbhísí – Gnó chuig Tomhaltóirí Príobháideacha (roimh Iúil 2003)**

| Soláthraí lonnaithe i | Custaiméir ina áitreabh i | Áit Chánach |
|---|---|---|
| Éire | Éire | Éire |
| Éire | Stáit AE Eile | Éire |
| Éire | 3ú Thír | Ráta Neamhnaí |
| Stáit Eile AE | Éire | Stáit Eile AE |
| 3ú Thír | Éire | Gan CLB |

[13] Soláthraíonn Treoir an AE 2002/38 liosta léiritheach ríomh-sheirbhísí – soláthair suíomh idirlín, óstáil lín, cothabháil seachtrach cláir agus fearais, soláthair agus nua-dhátú ar bhogearraí, soláthair íomhánna, téacs agus eolas, ag cur bunachair ar fáil, soláthair ceoil, scannáin agus cluichí, craoladh polaitiúil, cultúrtha, ealaíona, spóirt, eolaíoch, agus siamsaíochta agus eachtraí, soláthair múinteoireachta seachtrach .

[14] Deimhníodh go raibh an 'Áit soláthraithe' do ghnó atá cláraithe do CBL agus a cheannaíonn ríomh-sheirbhísí ó thír lasmuigh den AE, an tír AE ina bhfuil an gnó cheannaithe lonnaithe agus rinneadh déileáil leis na h-impleachtaí CBL de a leithéid de idirbheartaíocht san filleacháin CBL an cheannaitheora .

# Cuspóirí agus Réimse Iniúchadh

Tá fás leanúnach tar-éis teacht ar leibhéil ríomh-thráchtáil laistigh den thír agus thar teorainn an AE agus idirnáisiúnta. Cuireann canú ceart trádáil san ceantair sin deacrachtaí áirithe ós comhair na hÚdaráis Chánach go ghinearálta de bharr gnéithe ríomh-thráchtáil mar nach bhfuil aon gnó ná láithreacht fisiceach ann ná fiú an gá le aistriú fisiceach earraí . Ba iad cuspóirí an iniúchadh ná scrúdú a dhéanamh ar chur chuige na hOifige Chánach maidir le freastal ar na h-ábhair seo agus leibhéil dhóthanach cloíte chanach a chinntiú . I measc ceisteanna faoi leith a ardaíodh bhí

- cé chomh forleathan agus atá ríomh-thráchtáil in Éirinn, ina measc líon na trádála ríomh-thráchtáil, lion na gnó rannphháirteach, méid CBL ó h-idirbheartaíocht CBL, an raibh aon thionchar mór ar an mbonn chánach
- conas a rinne gníomhaíocht chánach meaitseáil leis na dúshláin agus na riachtanais atá leagtha amach san Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ríomh-thráchtáil 1999
- tionchair tionscnaimh an AE
- an meastar go bhfuil nósanna imeachta cloíte atá ann faoi láthair dóthanach, ina measc,
    - réimse iniúchadh Chanach san earnáil seo
    - fianaise ar aon ardú in annmharú tríd an phost bainteach le gníomhaíocht ríomh-thráchtáil.

San aireamh in an iniúchadh bhí athbhreithniú ar thuarascáil agus ar pháipéir, comhráití neamhfhoirmiúla le h-oifigigh chánacha agus chomhfhreagras foirmiúil leis an Oifigeach Cuntais. Níl féideartha ann athbhreithniú, bunaithe ar idirbheartaíocht, ar CBL bailithe a bhaineanna le ríomh-thráchtáil, a dhéanamh, toisc go dtaispeánann filleacháin CBL iomlán CBL ghnó gan difríocht a dhéanamh idir thrádáil traidisiúnta agus ríomh-thráchtáil.

Tá freagraí agus tráchtais an Oifigigh Cuntais maidir le pointí faoi leith a ardaíodh san caibidil seo curtha leis na rannóga ábhartha san caibidil. Tá a achoimre foriomláin ar chur chuige na h-Oifige Chanach maidir le CBL agus ríomh-thráchtáil, agus an riosca atá ann do theacht isteach CBL ó ríomh-ghnó, curtha san áireamh i ndeireadh an caibidil.

# Réimse ríomh-Thráchtáil in Éirinn

Níl aon fhigiúirí cruinne ar fáil do leibhéil trádála ríomh-thráchtáil in Éirinn. Tá ábhar ar conas a bhaintear úsáid as theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide in Éirinn , san baile agus i ngnó, ar fáil i dTuarascáil Socaí Faisnéise agus Teilichumarsáide 2005 a rinne an Lár-Oifig Staidrimh. Baineann an tuarascáil úsáid as sonraí ó dhaonáireamh an daonra Tionsclaíochta, Fiosrú Bhliantúil Sheirbhísí agus Suirbhé Rathúil Náisiúnta Teaghlaigh. Taispeánann torthaí an suirbhé

- I 2005, bhí díolacháin ag baint úsáide as ríomh-thráchtáil mar 27% den iomlán de láimhdeachas déantúsaíochta. Ins an earnáil seirbhísí, bhí díolacháin trí ríomh-thráchtáil mar 16% den láimhdeachais. Trí na sonraí seo a chur I bhfeidhm do luach an láimhdeachas san earnáil déantúsaíochta (€108 billiúin) agus san earnáil seirbhísí (€103 billiúin) léireodh sé seo go bhfuil díolacháin ríomh-thráchtáil thart ar €46 billiúin.
- Tá ceannaithe déanta ag sa bhreis agus leath de ghnó ag baint úsáide as ríomh-thráchtáil. Tá céatadán ceannaithe iomláine déanta sa tslí seo ardaithe ó 6% I 2004 go dtí 10% i 2005. Fanann sé íseal go coibhneasach maidir leis an céatadán díolacháin trí ríomh-thráchtáil .
- Ins an 12 mí go dtí Meitheamh 2005, bhí sa bhreis agus 587,000 duine tar-éis earraí a ordú thar an idirlín le h-aghaidh úsáide pearsanta. Is iad taisteal agus cóiríocht saoire, scannáin agus ceol agus ticéad d'eachtraí na ceannaithe is coitianta déanta ag teaghlaigh.
- Tá níos mó seans ann go ndíolfadh fiontair Éireannacha ar líne na a gcomhghleacaithe san AE.

Ina aighneacht cáinaisnéise 2006[15] rinne ICT Ireland nótáil go bhfásfadh caiteachas Eorpach ar idirbheartaíocht gnó-tomhaltóra chuig €200 billiúin i 2006 agus go mbeadh Éire mar chúis do €400 milliúin de sin.

Mar fhreagra ar cheisteanna iniúchadh ar mheastachán na h-Oifige Chanach ar líon na trádála ríomh-thráchtáil, tionchar ar an mbonn chanach, teacht isteach CBL mheasta, agus líon na trádálaithe neamh-chláraithe a aithníodh, rinne an Oifigeach Cuntais pointe nach raibh aon idirdhealú ann ar son cúiseanna CBL idir ríomh-thráchtáil agus tráchtáil eile, níl riachtanas ann do na meastacháin mar a luadh san ceistneoir . Bunaithe ar mheastachán ICT, bheadh dliteanas CBL ag leibhéil deiridh an tomhaltóra go mór faoi bhun €80 milliúin do 2006. Ag leibhéil macro ní thugann láidreacht leanúnach an teacht isteach CBL bliain ar bhliain aon chúis amhrais maidir le h-éifeacht diúltach ar an mbob chánach.

Dúirt sé cé ná dhéanann an Oifig Chanach aon idirdhealú idir ghnó le nó gan gníomhaíochtaí ríomh-thráchtáil, leanann na h-aonaid Speisialta Cloíte Chanach ag déanamh monatóireacht go gníomhach ar gach gné de ghníomhaíocht eacnamaíocht faoi cheilt agus cláraíonn siad casann do cháin mar is cuí. Díríonn na h-aonaid ar ghnó a aithint nach bhfuil cláraithe go h-iomláin leis an Oifig Chanach, agus tá feidhm bailithe eolais, ina measc réimse gníomhaíochtaí, m.sh. faireachas, fiosraithe dorais ó dhoras, meaitseáil eolais ó thríú pháirtí, nuachtáin, eolas idirlín agus bunachair seachtracha.

## Soláthar r-Sheirbhísí ag Soláthraithe Seachtracha go Tomhaltóirí AE

Thug an riail CBL do sholáthair ag gnóthaí neamh-AE do thomhaltóirí AE buntáiste ó thaobh an iomaíochais de do Sholáthraithe neamh-AE i gcoinne a macasamhla san AE. Ina theannta, toisc nach gá do Sholáthraithe r-sheirbhísí bheith suite in aice lena gcustaiméirí, bhí an priacal go méadódh soláthar na seirbhísí seo ó taobh amuigh den AE ag méadú. Chun dul i gcoinne é seo, tugadh Treoir CE 2002/38/CE[16] isteach le héifeacht ó Iúil 2003 agus d'fhoráil sé áit a chuireann gnó neamh-AE r-sheirbhísí ar fáil do thomhaltóir príobháideach AE, gurb é áit an tsoláthair ná an áit ina gcónaíonn an custaiméir. Is í an éifeacht atá aige seo ná nach mór do ghnóthaí neamh-AE clárú i ngach tír AE ina bhfuil custaiméirí príobháideacha acu. Tugadh isteach scéim seirbhísí roghnacha (an scéim) ag an am céanna a ligeann do na gnóthaí neamh-AE seo clárú i dtír AE amháin agus chun an CBL ar a soláthair ar fad do chustaiméirí príobháideacha AE a mhíniú agus a íoc sa tír sin. Is é ráta an CBL ná an ráta sa tír ina gcónaíonn an custaiméir. Cuirtear tuairisceáin ar-líne isteach ag cur ar fáil briseadh síos ar sholáthair do chustaiméirí i ngach tír AE. Dáileann an tír clárúcháin AE an CBL a bailíodh do bhallstáit eile de réir na dtuairisceán.

Faoi láthair tá seisear trádálaithe thar lear cláraithe in Éirinn faoin scéim agus chuir trádálaí amháin eile deireadh le clárú ó sin. Ó thús na scéime go deireadh 2005, d'íoc Soláthraithe €17.7m do na Coimisinéirí Ioncaim. As seo, d'íocadh €0.3m i dtaobh CBL ar sholáthair do chustaiméirí na hÉireann agus d'íocadh an €17.4m eile i dtaobh soláthar do chustaiméirí i mballstáit eile agus d'íoc na Coimisinéirí Ioncaim é do na stáit sin (chuaigh beagnach leath de don RA). D'íoc seacht mballstáit eile €1.4m ina iomlán do na Coimisinéirí Ioncaim faoi seach faoin scéim (tháinig 77% de seo ón RA). Mar sin ba é iomlán CBL na hÉireann a fuair na Coimisinéirí Ioncaim faoin scéim go deireadh 2005 ná €1.7m. Tá 900 trádálaí thar lear cláraithe faoin scéim ar fud an AE. Faoi théarmaí na scéime, ní mór do thrádálaithe taifid chearta ar idirbhearta a choimeád agus na taifid sin a chur ar fáil, ar iarratas, do na Coimisinéirí Ioncaim trí mheán leictreonach. Ní dhearna na Coimisinéirí Ioncaim aon seiceálacha ar na taifid sin le dáta. Níl sé soiléir cén smachtbhannaí atá ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim i gcoinne iad siúd a theipeann orthu géilleadh do théarmaí na scéime agus an féidir ús agus pionóis a ghearradh.

---

[15] Is é ICT Ireland an grúpa feachtais ionadaíochta don earnáil ard-theicneolaíochta nó faisnéise laistigh de Chónaidhm Fostóirí Gnó Éireannacha.

[16] Aistríodh Treoir 2002/38/CE isteach i nDlí na hÉireann san Acht Airgeadais, 2003. Míníonn Bileog Eolais 2/03 CBL na gCoimisinéirí Ioncaim na bearta difriúla a thugann an Treoir isteach.

Chomharthaigh an t-Oifigeach Cuntasóireachta go ndearna Rannóg an Ard-Bhailitheora monatóireacht ghníomhach ar shé chás a cláraíodh in Éirinn d'íocaíocht agus ghéilleadh do thuairisceáin. Bhíothas ag breathnú ar sheiceálacha eile i gcomhairle le Brainse Seirbhísí Iniúchta Ríomhaire na gCoimisinéirí Ioncaim. Maidir leis an scéim speisialta a tugadh isteach faoi fhórálacha Threoir Chomhairle na hEorpa (2002/38/CE), níor aithnigh na Coimisinéirí Ioncaim aon ghnóthaí neamhchláraithe ag trádáil in Éirinn (bheadh siad ar fad suite taobh amuigh den AE). Ní raibh mórán amhrais ach go raibh tionchar mór dearfach ag an scéim speisialta ar ghéilleadh do CBL ag na gnóthaí seo san AE go ginearálta. Cé nach bhfuil ach sé ghnó cláraithe faoi láthair faoin Scéim in Éirinn, chláraigh 900 gnó san AE, agus faoi láthair faigheann Éire níos mó CBL ó Bhallstáit eile ná an glanmhéid a fhaigheann sí di féin ó ghnóthaí atá cláraithe faoin Scéim anseo. Maidir leis an gceist an réitíonn an méid CBL, €1.7m, a bailíodh faoin scéim speisialta leis an leibhéal r-sheirbhísí ag gnóthaí neamh-AE do chustaiméirí na hÉireann, dúirt sé cé nach bhfuil dearbhbhearta ar fáil anseo, gur seachbheart luachála úsáideach é comparáid. Maidir leis seo níorbh cosúil go raibh glanfháltais na hÉireann neamhréasúnta nuair a cuireadh iad i gcomparáid leis an nglanmhéid de €59m a fuarthas sa RA faoin Scéim don tréimhse chéanna, agus méideanna na n-eacnamaíochtaí faoi seach tógtha san áireamh agus ag breathnú ar rátaí difriúla do threá leathanbhanda.

## Tuarascáil an Choimisiúin ar Scéimeanna R-Sheirbhísí do Sholáthraithe Seachtrach

Thugadh isteach an treoir a athraigh an riail 'láthair soláthar' do chustaiméirí príobháideach i mí Iúil 2003 ar bhonn sealadach ar feadh trí mbliana. I mí Bealtaine 2006, ghlac Coimisiún an AE le tuarascáil leis an gComhairle faoi obair na treorach agus rinneadar cineadh go raibh a spriocanna bainte amach aige i modh sásúil, agus mholadar a fheidhm a leathnú thar mhí Mheithimh 2006 go dtí 2008. I measc na n-eisithe nótáilte i dTuarascáil an Choimisiúin bhí

- tá an margadh do sheirbhísí íoslódála ar-líne fásta agus faighte níos sofaisticiúla ó glacadh leis an dTreoir agus tá sé tuarascála gur tháinig méadú faoi thrí ar díol ceoil dáilte go digiteach i rith 2005.
- chomh maith leis an méid a bailíodh faoin scéim, tá sé dealraitheach go mbeidh CBL a bailíodh ó ghnóthaí a roghnaigh bunú laistigh den AE suntasach. Tá sé deacair an méid a chainníochtú toisc go roghnaíonn ghothaí a seirbhísí a bhunú san AE ar son fáthanna éagsúla agus ní féidir admhálacha CBL a aithint ó sheirbhísí ar leith. Cé go bhféadfadh an ráta CBL i dtíortha ar leith bheith mar chás chun tír áirithe AE a roghnú, braitear gur roghnaigh gnóthaí áirithe a láthair chun bunú ar son fáth éigin eile.
- ní raibh mórán comhartha gur roghnaigh gnóthaí ó thar lear in aon uimhir suntasach an rogha de chlárú i ngach tír san AE ina raibh custaiméirí acu.
- tionchar eile ar CBL a bailíodh ab ea nach raibh aon inspreagadh níos mó ag gnóthaí a n-obair a aistriú taobh amuigh den AE chun a suíomh iomaíochta a chosaint.
- ba chóir do riarthóirí cánach déileáil le eisithe de thomhaltóirí ag sárú an chórais chun íoc CBL a sheachaint i gcomhthéacs ábharthachta agus comhréireach.
- níor fhuarthas aon tuarascáil faoi fhadhbanna ó riarthóirí cánach ach d'fhéadfadh sé seo bheith de bharr nach bhfuil na forálacha bainteach le scrúdú taifead cánach dá úsáid ar bhonn córasach.

Leathnaigh Comhairle an AE feidhm na Treorach go dtí Nollaig 2006.

# Soláthar Inmheánach R-Sheirbhísí an AE

Cé nach bhfuil aon bhearna i gclúdach CBL ar sholáthraí ó ghnóthaí AE go dtí tomhaltóirí AE, tá cás faoi cén tír a fhaigheann an CBL. Cáin tomhaltóra is ea CBL agus sé an prionsabal ná gur chóir an táille a leagadh síos san in áit an tomhaltóra. Mar atá le feiceáil i Tábla 17, sé an áit cánach do sholáthraí idir thíortha AE ná an áit atá an soláthraí buailte faoi. Tar éis tabhairt isteach na scéime 2003, chuir gnóthaí ó

thar lear fúthu san AE agus roghnaíodar tíortha le CBL íseal, agus anois íocann siad CBL sa tír sin. Bhí sé dealraitheach gur roghnaigh gnóthaí AE cur fúthu i mbaill stáit le rátaí íseal CBL chomh maith chun bheith ábalta ar iomaíocht níos éifeachtaí.

Rinneadh moladh Coimisiúin moladh i 2005[17] chun déileáil leis seo trí iarracht a dhéanamh cáin a chur ar na seirbhísí sa bhall stát ina raibh an custaiméir curtha faoi. Chiallódh sé seo go mbeadh tionchar an CBL ar áit an tsoláthair neodrach, toisc go mbeadh an tseirbhís inchánaithe ar an ráta i fheidhm i stát an tomhaltóra. Bhí moladh déanta ag an gCoimisiún theanna féin meicníocht "one stop shop" a bhunú agus a chur ar chumas ghnóthaí uimhir CBL amháin a úsáid do gach soláthar AE and agus dearbhú CBL a dhéanamh le tairseach leictreonach amháin óna bhféadfaí iad a tharchur go dtí na baill stáit abhartha. Dhéanfadh sé seo níos éasca é do ghnóthaí a ndualgais a chomhlíonadh nuair a thagann siad dleathach do CBL i mball Stát nach bhfuil siad curtha fúthu ann. Tuigtear go bhfuil na moltaí seo dá phlé ar leibhéal AE.

# Earraí Fisiciúil Ordaithe thar an Idirlíon

Tá earraí, earraí ordaithe thar an idirlíon san áireamh, a iompórtáiltear isteach go hÉirinn ón dtaobh amuigh den AE géillsineach do CBL agus Dleacht Custaim ag an bpointe iompórtála. Mar sin féin, tá faoiseamh le fáil do choinsíneachta le luach de ós cionn €22 agus coinsíneachtaí bronntanais san áit nach bhfuil an luach níos mó ná €45. Tá faoisimh ar leith ar fáil do thaistealaithe a iompórtálann earraí isteach ag filleadh ó thar lear. Tá foireann ioncaim buan bunaithe in aonaid poist chun monatóireacht a dhéanamh ar iompórtáil poist ó thíortha taobh amuigh den AE chun contrabhanna a bhraith agus chun a chinntiú go n-íoctar CBL agus dleacht custaim ceart. Scrúdaítear pacáistí ar bhonn samplach le a bhunú gur íocadh an méid ceart CBL agus dleacht. Tá an seolaí freagrach as gach méid dleathach a íoc sula scaoiltear leis an bpaicéad. Mar sin féin, toisc nach forálann reachtaíocht do pionós sibhialta, níl sé dealraitheach go bhfuil mórán bac orthu siúd a orthu siúd ordódh pacáistí thar an idirlíon ó thar lear a thugann tuairisc mícheart nó a thugann dearbhú íseal faoi luach na n-earraí chun cabhrú lena gcustaiméirí chun cáin a sheachaint.

Tá na faoisimh de luach íseal dá chur ar fáil as son fáthanna praiticiúil chun an riachtanas le méideanna beaga cánach a bhailiú ó thomhaltóirí príobháideach. Mar sin féin, de thoradh ar seo bíonn earraí ordaithe thar an idirlíon ó thíortha neamh AE níos iomaí ná iad san ceannaithe go h-áitiúil. Tugann tuarascáil an Ghrúpa Oibre Ioncaim 1999 le tuiscint go ndéanann pacáistí beaga díchumadh ar iomaíocht agus go mbíonn an díchumadh seo dianaithe ag méadú sa mhéid pacáistí beaga agus dá bhrí sin go bhféadfadh go mbeadh sé riachtanach athluacháil a dhéanamh ar an fhaoiseamh.

Thug an t-Oifigeach Cuntasóireachta deimhniú go raibh sé, go ginearálta, sásta leis na h-imeachtaí atá ann faoi láthair san earnáil seo. Earnáil é atá faoi athbhreithniú rialta ó dhearcadh imeachtaí agus foirne de. Dúirt sé go raibh Brainse Iniúchadh Inmheánach an Ioncaim ag déanamh iniúchadh ar iompórtáil poist i mbliana agus, go raibh sé sofheicthe, go gcuirfeadh torthaí an iniúchadh dearcadh an Ioncaim faoi chórais agus próiseas atá ar siúl faoi láthair in iúil. Dúirt sé nach raibh aon fhianaise aige a thabharfadh le tuiscint go fhéachtar ar urghabháil earraí mar laige sa chóras feidhmithe atá ann faoi láthair. Mar sin féin, dúirt sé go raibh Alt 22 den Cód Custaim leasuithe dá phlé faoi láthair agus bhí súil aige go gcuirfí réimse pionóis stiúrtha i fheidhm i ngach Ball Stát chun déileáil le aon sárú ar reachtaíocht custaim comhphobail. Bhí Grúpa Oibre inmheánach bunaithe ag Ioncam chun é seo a ullmhú san earnáil seo, agus beidh sé in áit chun nó má thagann an cód nua i fheidhm déanach i 2006 nó i 2007.

Chomh maith leis sin, ní raibh aon fhianaise aige a thug le tuiscint nach raibh an pobal feasach faoi an féidearthacht de urghabháil i gcás mí-dhearbhú . Bhraith sé go dtuigfeadh aon duine**,** go mór mhór**,** aon oibreoir trádála a dhéanfadh mí-dhearbhú go feasach ar nádúir a gcoinsíneacht ar mhaithe le cuspóirí

[17] COM (2005) 334 deiridh.

cánach go ndéanfaí urghabháil ar na h-earraí i gcás a mbraith. Ar deireadh, dheimhnigh sé nár tugadh faoi ndeara aon mhéadú sa mhí-úsáid ar faoiseamh ar phacáistí beaga/de luach íseal bheith dá urghabháil maidir le h-oibreacha ríomhthráchtála .

# Ríomhthráchtáil agus Géilliúlacht Cánach

De réir Tuarascáil 1999 thug ríomhthráchtáil dúshláin i dtéarmaí de iad san a dhéanann iarracht fanacht lasmuigh den gcóras cánach agus iad san a thagann isteach sa chóras cánach ach nach nochtann fairsinge iomlán a ngníomhaíocht. Rinneadh an tuarascáil roinnt moltaí maidir le conas a fhéadfadh an Ioncam oibreacha ríomhthráchtála agus na páirtithe ina leithéid de idirbheartaíocht a ainmniú. Braith sé gur chóir do Ioncam féachaint go gníomhach ar chomharthaithe faoi an bhfuil gnóthaí atá ann faoi láthair bainteach le ríomhthráchtáil. D'fhéadfaí suímh idirlín a bhunú eischósta nó d'fhéadfadh suímh idirlín eischósta a bheith mar cheileatraim do ghnólachtaí intíre. Bhí gá ag ioncam le inspreagadh a thabhairt chun nochtadh a déanamh ar shuímh idirlín; bhí sé molta go bhféadfadh athrú i fhoirmeacha cánach ceist a chur faoi ríomhthráchtáil agus sonraí a fháil faoi oibreacha ríomhthráchtála. I measc féidearthachtaí eile bhí go mbeadh riachtanas go mbeadh uimhir cánach ar taispeáint ar shuímh idirlín, go mbeadh fianaise aitheantais níos láidre riachtanach chun ainmneacha fearainn a shannadh , agus go rachadh an Ioncam i gcomhairle le h-údaráis cánach eile maidir lena obair ag ainmniú oibreacha ríomhthráchtála. Rinneadh an Tuarascáil tagairt chomh maith do shaineolas teicniúil a bheadh riachtanach chun teacht ar thaifead mionsonraithe de idirbheartaíocht ríomhthráchtála. San áireamh leis sin bhí acmhainní foirne agus traenáil tabhartha suas do iniúchadh ríomhaireachta, agus teacht ar mhodhanna chun sonraí a dhíchriptiú.

Tá Aonad Seirbhíse Ríomhaireachta an Ioncaim nasctha leis an Roinn Cásanna Móra agus faoi láthair tá 10 de foireann ann. Tá an t-aonad ar fáil chun traenáil a chur ar fáil agus chun cúnamh a thabhairt in iniúchadh i ngach Roinn Ioncaim.

Maidir le leorgacht imeachtaí géilliúlachta ríomhthráchtála faoi láthair, dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta go raibh oibreacha géilliúlachta an Ioncaim dírithe ar riosca agus go raibh sé sásta maidir lena leorgacht. Ag glacadh leis an fhás i ríomhthráchtáil a bhfuiltear ag súil leis , tuigeann an tIoncam go h-iomlán an gá atá le súil géar a choimeád ar an earnáil seo.

Chuir sé in iúil gur rinneadh an Ioncam measúnú ar riosca i gcomhthéacs a Chláir Riosca Bliantúil. D'ainmnigh aon riosca ainmnithe sa chlár seo cúrsa imeachta soiléir gníomhaíochta chun déileáil leis an riosca. Bhí ábharthacht agus comhréireach ina gcoincheap ábhartha maidir leo seo. Ní raibh CBL ar ríomhthráchtáil (le uasmhéid teoiriciúil riosca faoi bhun €80m ) san áireamh sa chlár riosca bliantúil seo agus bhí sé sin táscach den measúnú atá déanta faoi láthair. Thug an dearcadh faoi láthair le tuiscint go raibh sé riachtanach bheith an ghníomhach ar an aghaidh idirnáisiúnta agus bhí san dá dhéanamh Earnáil ab ea é mar sin féin, a bhí géillsineach do athbhreithniú leanúnach

Rinneadh an t-Aonad Géilliúlachta Speisialta monatóireacht ar oibreacha ríomhthráchtála in imeachtaí tionscnaimh a bhí dírithe ar chásanna sa gheilleagar rúnda a ainmniú. Níor chuir torthaí a fhíorais go dtí seo suntas ar aon ní le bheith imníoch faoi in idirbheartaíocht ríomhthráchtála.

Chomh maith leis sin rinneadh Ioncam measúnú ar riosca trí a gclár scagadh iniúchadh déanta ag sáinn-iniúchóirí, agus níos déanaí trí úsáid uirlis anailíse riosca nua, atá dá rolladh amach faoi láthair agus a bhí ar fáil i cheithre cheantar piolóideach le breis agus bliain, agus na tionscnaimh teascógach sa Réigiúin. Chomh maith leis sin, lean Ioncam rioscaí comhfhad agus íocaíochta trí a gcláir aischuir agus géilliúlachta íocaíochta . Bhí measúnú riosca leanúnach i ngach clár. Rinneadh Ioncam ós cionn 14,000 iniúchadh i 2005. In iniúchadh déantar athbhreithniú ar gach gné (traidisiúnta agus leictreonach) mar atá cuí.

Rinne sé tagairt chomh maith den fáil atá ar uirlisí idirlín ag Ioncam ó Ghrúpa Tionscnaimh Choimisiún an AE, chun a thuilleadh taighde san earnáil a chur chun cinn, agus chun cumas ríomh-iniúchadh san earnáil a chur chun cinn trí mhéadú ina ríomh-iniúchadh trí úsáid a bhaint ar an Brainse Seirbhíse Iniúchadh, trí chur ar fáil traenála de ard chaighdeán agus earcaíocht saineolaí ríomh-Iniúchadh. Dúirt sé gur thug an Brainse Seirbhísí Iniúchadh cúnamh i 82 cás ó bunaíodh é beagnach trí bliana ó thoin.

# Freagra Achoimrithe an Oifigigh Chuntasóireachta

Ón eolas atá ar fáil, braitheann an Ioncam in ainneoin an fás i ríomhthráchtáil nach bhfuil mórán riosca ar ioncam, agus tá an cinneadh ceanna déanta ag údaráis cánach eile, ar nós an RA. Tugadh le fios i dtuarascáil iniúchta go raibh aighneacht bhuiséid do TEC 2006 go dtiocfadh fás ar scair na hÉireann de chaiteachas ghnó-le-tomhaltóir idirbheartaíocht leictreonach (G2T) go dtí suas le €400m i 2006. Sé idirbheartaíocht G2T , an t-idirbheartaíocht deireanach sa t-slabhra táirgeachta agus dáileachta, a braiteach an riosca is mó; leis an riosca caillteanais idirbheartaíocht gnó-le-gnó (G2G) CBL de ghnáth cuirtear CBL trí an slabhra gan mórán deacracht. Mar sin, chomharthófaí feidhmiú an ráta caighdeánach CBL de 21% le méid measta TEC de idirbheartaíochtaí leictreonacha G2T nochtadh de €80m nó mar sin de mar uasmhéid ó thaobh dliteanas CBL de. Ach chaithfí an méid beag san a laghdú a thuilleadh, nuair a thógann duine san áireamh an foshuíomh nach bhfuil ró mhí-réasúnta go bhfuil mórán de ghnó na hÉireann le tomhaltóirí Éireannach atá theanna féin póilínithe go maith ag Ioncam faoina chlár gnó caighdeánach, agus nach mbeadh aon dliteanas CBL ag mórán de; mar shampla, díolachán leabhar, an chuid is mó de bhia, cógais leighis agus éadaí leanaí. Mar sin, i gcomhthéacs uasmhéid meastachán CBL de €14 billiún do 2006, feictear an riosca CBL ó ríomhthráchtáil mar gan bheith ró mhór.

Feiniméan fíor domhanda a bhí san idirlíon agus ba ionann an tuairim go bhféadfadh nó gur chóir de Ioncam, nó aon stiúrthóireacht cánach eile, eisithe cánach a éiríonn maidir leis a réiteach agus neamhaird a thabhairt ar an gcomhthéacs idirnáisiúnta. Tá an fócas ar forbairtí san earnáil seo iltaobhach, mar sin, in earnálacha iltaobhach ms. An AE agus An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta. Mar shampla, in aitheantas don ngá atá le bheith ábalta tráchtáil idirlín a bhraith agus a ainmniú, tá uirlisí leictreonach forbartha nó dá fhorbairt ag roinnt ball stáit AE chun monatóireacht a dhéanamh ar tráchtáil idirlín, chun anailís a dhéanamh ar threocht agus suímh idirlín ard riosca agus soláthraí idirlín a ainmniú. Chuige seo, i mí Márta 2006 rinneadh Coimisiún an AE cinneadh grúpa tionscnaimh a bhunú chun fiosrú a dhéanamh faoi na h-uirlisí atá ar fáil chun na trádálaithe ag obair ar an idirlíon in Éirinn a bhraith. Dréachtóidh an grúpa tionscnaimh tuarascáil do Choiste Fiscalis an AE. Is é sainordú an ghrúpa ná na h-uirlisí atá ann faoi láthair a thástáil agus a scrúdú agus a léiriú níos déine, agus tuarascáil a dhéanamh faoi feidhm agus éifeacht na n-uirlisí is éifeachtaí, agus go mór mhór conas is féidir le Baill Stáit na h-uirlisí a fháil. San áit atá cuí, oibreoidh an grúpa tionscnaimh ar próifíl agus slite ábhartha eile chun áis a dhéanamh chun tráchtálaí ard riosca a ainmniú. Rinneadh ioncam iarratas do bhallraíocht den ngrúpa seo chun na h-uirlisí cuí a theastaíonn uatha dá riachtanais a fheidhmiú agus fháil agus glacadh lena n-iarratas le déanaí.

Dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta go leanfadh Ioncam ag obair lena chomhpháirtí AE agus leis An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, le féachaint ar bhearta agus imeachta níos fearr a thabhairt isteach a chosnódh an Státchiste náisiúnta. Maidir leis seo, rinneadh an tuarascáil tagairt do mholadh ó Choimisiún an AE chun seirbhísí a dhéanamh inchánaithe sa Baill Stáit ina bhfuil na custaiméirí bunaithe. Tá an prionsabal seo comhaontaithe ar leibhéal An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta. Go cinte, braitear gur chóir moltaí an Choimisiúin do "One-Stop-Shop" áis a dhéanamh do ghéilliúlacht níos fearr ag gnóthaí lena ndualgais CBL go ginearálta. Cheadódh na moltaí seo do ghnóthaí bheith géillsineach lena ndualgais CBL i roinnt Ball Stát trí úsáid tairsí idirlíon-bunaithe amháin, agus cheadódh siad do na h-Údaráis cánach teacht ar CBL, gnó agus idirbheartaíocht trasna gach Ball Stát. Chuirfeadh clár Choimisinéir an AE Fiscalis 2013 breis deiseanna ar fáil chun comhoibriú le tríú tíortha, a bhí riachtanach chun dul i ngleic le calaois agus seachaint cánach agus bheadh malartú eolais san áireamh chomh maith.

Thug sé le tuiscint chomh maith, cé go raibh Tuarascáil an Ghrúpa Oibre Ioncaim Meitheamh 1999 fadradharcach go maith ag a am, i gcomhthéacs an ábhair a bhí faoi chaibidil bhí seacht mbliana an fhada. Mar shampla, san am a bhí an tuarascáil dá ullmhú ní raibh ach 14% de mhuintir na h-Éireann ceangailte leis an Idirlíon, agus ní raibh trácht ar bhanda leathan. Bhí Ioncam ag taiscéal an póiteinsiúlacht agus an gá le breis taighde san earnáil seo , le dearcadh a chinntiú go mbeadh tuiscint acu ar an earnáil tábhachtach seo.

# 2.9 Measúnú agus Bailiú Cáin Ghnóthachan Caipitiúil

Tá gnóthachan caipitiúil a éiríonn ar réimse leathan sócmhainní géillsineach do Cháin Gnóthachain Caipitiúil(CGC) ar ráta caighdeánach de 20%, le ráta 40% ag feidhmiú le diúscairt árachas saoil eachtrach áirithe agus táirgí infheistíochta. Tá gnóthachain caipitiúil atá ag fabhrú le comhlachtaí inmhuirir le Cáin Corparáideach ach amháin le talamh forbartha agus sócmhainní neamh-thrádála le chomhlachtaí neamhchónaitheach atá curtha fúthu sa Stát. Feidhmíonn an córas féin-mheasúnú le CGC agus caithfidh cáin íocóirí aischur a dhéanamh gan iarratas ón Ioncam

Caithfidh ceannaitheoir de sócmhainní áirithe san áit go bhfuil[18] diúscairt ós cionn €500,000, CGC de 15% de thorthaí an díolacháin a choimeád siar agus é a íoc le Ioncam. Ní gá siarchoineáil a dhéanamh ar cháin san áit go gcuireann an díoltóir teastas imréitigh ón Ioncam ar fáil. Eisítear teastas ar iarratas chomh fada agus go bhfuil an díoltóir cónaitheach , nó nach bhfuil aon CGC iníoctha, nó go bhfuil CGC íoctha maidir leis an diúscairt, agus go bhfuil diúscairt roimhe seo íoctha.

**Tábla 18 CGC Admhálacha Glan 2001 go dtí 2005**

| | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|---|---|---|
| Admhálacha glan CGC | €876m | €619m | €1,436m | €1,528m | €1,982m |

An toradh ó CGC de na blianta 2001go dtí 2005 taispeánta i dTábla 18. Tá breis agus dúbailt déanta ag admhálacha CGC i rith an tréimhse sin, agus tá siad dulta thar réamh-mheastachán an bhuiséid de bhreis agus 50% thar na trí bliana atá caite. Bé an toradh do 2005 ná €1,982m a bhí níos airde ná toradh glan Cáin Ioncam IMAT de €1,961m.

## Cuspóirí agus Scóip an Iniúchadh

Cé go gcruthaíonn nádúir an ghnó riosca breise de bharr nádúir aonair na n-idirbheartaíochta CGC thar nádúir ath-tharlú cánacha eile, tá sé seo cothromaithe ag an fáil atá ar eolas faoi ghníomhaíocht géilliúlachta ó iarratais teastais imréitigh agus i gcás sócmhainní áirith, na sonraí ó idirbheartaíocht Stamp Dhleachta. Ba iad cuspóirí mo iniúchadh i Márta 2006 ná

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chomaoin cuí Ioncaim faoi impleacht fáis CGC
- Cásanna samplach a thástáil dhún leorgacht obair géilliúlachta a bhunú, go mór mhór leanúint suas ar eisiúintí teastais imréitigh
- Cruthú a dhéanamh ar an méid a bhí Ioncam ag baint buntáiste as an fhéidearthacht de chros-sheiceáil sonraí Stamp Dleacht.

Rinne mo fhoireann scrúdú ar imeachtaí géilliúlachta agus scrúdaíodar sampla cásanna i gceantar cánach amháin i ngach Réigiúnacha Bhaile Átha Cliath, an Oirthir/ an Oirdheiscirt, agus aonaid de Roinn na gCásanna Móra. Chomh maith leis sin, scrúdaíodh ceist faoi an raibh dliteanas CGC taifeadta i rogha cásanna ó Stampa Dleachta. Rinneadh athbhreithniú ar doiciméadaí agus tuarascálacha agus, pléadh na torthaí le oifigigh Ioncaim.

[18] Siad na sócmhainní faoi chaibidil ná talamh agus foirgnimh sa Stát, sócmhainní mianra sa Stát, cearta thaiscéala nó dúshaothrú i gceantar comhraithe, scaireanna neamh-luaite ag fail a luach ó na sócmhainní luaithe thuas, scaireanna neamh-luaite a fuarthas mar mhalairt ar de na leithéid de scair a cháilíonn do fhaoiseamh S584, cáilmheas gnó a bhí ar siúl sa Stát agus idirbheartaíochta nach bhfuil bainteach leis an gceannaitheoir teacht i seilbh an tsócmhainn .

# Tuarascálacha CGC Ioncaim Inmheánach

Scrúdaíodh tuarascálacha an dá athbhreithniú Ioncaim inmheánach de ghnéithe den CGC. Scrúdaigh an chéad cheann, i Roinn na gCásanna Móra i 2004, an méid a bhféadfadh cáiníocóirí bheith ag iarraidh a ndliteanas a laghdú trí a n-ioncam a rangú mar ghnóthachan. Níos déanaí, i mí Feabhra 2006, d'ullmhaigh an Bailitheoir Ginearálta anailís de thoradh CGC do Choiste Comhairleach Bainistíochta an Ioncaim.

## Anailís na Roinne ar Chásanna Móra ar Cháiníocóirí CGC

Toisc go bhfuil an ráta CGC 20% níos ísle ná an ráta ard Cáin Ioncam (42%), d'fhéadfadh cáiníocóirí a ndliteanas cánach a ísliú trí a n-ioncam a ath-rangú mar ghnóthachan. I 2004, rinne Roinn na gCásanna Móra anailís ar na h-íocóirí CGC ba mhó 2002 agus rinneadar cinneadh nach raibh aon fhianaise go raibh a leithéid de chleachtadh forleathan.

Scrúdaíodh 60 cás de íocaíochtaí de níos mó ná €1m agus rinneadh iniúchadh ar 10[19] díobh seo. Ní raibh aon chás ag eirí ó 35 den 60 cás, fuarthas dearmaid uimhreacha i 8 chás nó go raibh gá acu le socruithe teicniúil le €2.5m bheith le íoc, agus tá 17 dá fhiosrú go fóill. Tá eolas curtha isteach maidir leis na cásanna atá dá fhiosrú agus táthar ag fanacht le eolas maidir leis an 13 eile. I gceann de na cheithre chás ina bhfuil eolas curtha isteach braitear go bhféadfadh comhshóiteacht ioncam go dtí gnóthachan bheith san áireamh.

Rinneadh athbhreithniú ar 50 cás ina raibh íocaíochtaí de idir €250,000 agus €300,000 déanta chomh maith. Rinneadh iniúchadh ar 11 acu san leis na torthaí seo leanas

- 2 chás réitithe gan thuilleadh fiosrúcháin
- bhí dearmaid uimhríochta i 2 cheann de thoradh go gcaitheadh íocaíochtaí breise de €369,424 a dhéanamh
- tá 2 chás faoi achomharc
- tá cás amháin molta le meas faoi reachtaíocht neamhniú[20]
- tá cheithre chás fós dá fhiosrú, ceann tarchurtha go dtí an Oifig Luachála san áireamh.

D'fhéadfadh trí cinn de na cásanna atá dá fhiosrú fós bheith bainteach le comhshó ioncaim go dtí gnóthachan. Baineann an dá chás faoi achomharc le comhshó gnóthachan agus tá cáin breise de €1.1m san áireamh. Tá iarratas scríobtha déanta ag na Coimisinéirí Achomhairc ag iarraidh aighneacht scríofa ó Ioncam i gceann de na cásanna seo agus sa dara cás tá comaoin dá dhéanamh le comhairleoir a cheapadh chun ionadú a dhéanamh ar Ioncam.

## Anailís an Bhailitheora Ginearálta ar Tháirge an CGC

I mí Feabhra 2006, bhreathnaigh Coiste Comhairleach Bainistíochta an Ioncaim ar thuarascáil a bhí ullmhaithe ag an mBaillitheoir Ginearálta ar anailís staitistiúil de eiliminte CGC de Fhoirm 11 Aischur Cháin Ioncaim do 2004 comhadaithe trí Sheirbhísí ar-líne an Ioncaim(SAI), agus de na h-íocaíochtaí CGC is mó i 2005. Ba iad príomh chonclúid an Bhailitheora Ginearálta ná

[19] Lorgaíodh agus scrúdaíodh cáipéisí tacúla, na conarthaí de ghnáth, i 60 cás. Leanadh ar aghaidh le gníomh eile, iarratas ar a thuilleadh eolais agus/nó cruinniú leis an iarrthóir cánach agus a ghníomhaire, i 10 cás.

[20] Alt 811 den Acht Comhdhlúthú Cánach, 1997. Is féidir le Ioncam an dearcadh a fhoirmiú nach bhfuil aon réadúlacht nó beagán ag idirbheartaíocht, nó cáin a laghdú nó asbhaint nó aisíoc a chruthú. Tugtar fógra dá réir sin a léiríonn an gníomhaíocht atá molta ag Ioncam le tógáil. Mura ndéantar achomharc nó mura dtacaítear leis ag achomharc tá cumhacht ag Ioncam na céimeanna léirithe sa fhógra a thógáil chun an scéim neamhniú a chloí.

- Braitear go bhfuil an táirge ó CGC tiomanta ag gnóthachan ó dhíol talún agus, le beagán níos lú ag cothromais agus maoin. Tá táirge láidir leanúnach mar sin ag braith ar mhargadh maoin buacach agus sochar gnó.
- Tá CGC anois ina cháin suntasach agus ba cheart dá réir sin a chomhionann de aird agus géilliúlacht a thabhairt do.
- Cé go bhfuil an táirge ag éirí gach bliain, níl aon anailís cruinn déanta ar an leibhéal neamh ghéilliúlachta. In ainneoin an difríocht idir Stamp Dleacht agus CGC, tá sé riachtanach an gaolmhaireacht idir an dá cheann a dhúshaothrú chun an bearna géilliúlachta a dhúnadh.
- Íoctar CGC in am de ghnáth agus ní raibh ach 3% de admhálacha 2005 íoctha deireanach.
- D'fhéadfadh gur fhiú breis scrúdú faoi an féidearthacht de ioncam a aistriú go dtí gnóthachan a dhéanamh.
- D'fheadfadh go gcaithfeadh Ioncam measúnú a dhéanamh ar an riosca atá ag éirí ó ghluaiseacht suntasach caipitil thar lear.

Rinneadh an Coiste Comhairleach Bainistíochta nóta de ábhar anailíse an Bhailitheora Ginearálta agus d'aontaíodar gur chóir don CGC leibhéal suntasach aird géilliúlachta a tharraingt. Dhíreodh pleananna gnó 2006 ar ghéilliúlacht agus bhreathnódh Grúpa Tionscnaimh Riosca an Ioncaim ar an riosca, an riosca bainteach le comhshó ioncaim go dtí gnóthachan san áireamh.

# Torthaí an Iniúchta

**Leanúint suas ar Theastais Imréitigh**

Eisíonn ceantar teastais imréitigh ó bhunachar sonraí a thaifeadann sonraí de na teastas . I gceantar Bhaile Átha Cliath, eisiaitear sonraí teastais imréitigh eisithe ar scair dhuille chomh maith mar áis chun monatóireacht agus athleanúna. Mar sin féin, ag tosú an iniúchadh, ní raibh aon chomharthaí de ghníomhaíocht measúnaithe ar an scair dhuille maidir le 617 den 706 teastas imréitigh a eisigh an ceantar sa tréimhse Samhain 2003 go dtí Nollaig 2004, agus nach raibh díolmhaithe mar Phríomh Láthair Cónaithe Príobháideach (PLCPs)[21]. Ó mhí Mhárta 2006, tá an ceantar ag obair trí chásanna agus ag cur sonraí i gcomparáid, ag tagairt do chásanna i gceantair eile agus ag tógáil nóta de chásanna eile PLCP, den gcuid is mó ó eolas ar an aischur. Taispeánann na scarbhileoga nuashonraithe 148 cás nach bhfuil marcáilte mar PLCPs ach nach bhfuil an dliteanas measúnaithe. Tá an Ceantar ag fiosrú an 148 cás, den gcuid is mó trí litreacha ag iarraidh aischur nó uimhríocht, faoi mar atá cuí.

Níor choimeád an ceantar i Réigiúin an Oirthir/ Oirdheiscirt scarbhileog de na teastais imréitigh a bhí eisithe. Feidhmíodh leibhéal laghdaithe sheiceála inar roghnaíodh samplaí de theastais a bhí eisithe ó bhunachar sonraí an ceantair iniúchadh agus géilliúlachta ábhartha le leanúint suas. In aonad Roinn na gCásanna Móra, ceaptar oifigeach chun déileáil le gach gnó cánach de gach cás agus sa tslí sin bíonn mioneolas aige faoi gach gníomhaíocht de chásanna ar leith. Ar a shon seo, ní raibh gá le scarbhileog rialacháin sa cheantar san. Ina ionad san beidh nóta de eisiúint teastas imréitigh i gcás dtaifead gach oifigeach.

Chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúil dom go raibh sé riachtanach de réir na mbuan ordaithe taifead a choimeád de theastais imréitigh eisithe, agus gur chóir an taifead san a athbhreithniú go tréimhsiúil le dearcadh measúnaithe a ardú más gá. Dúirt sé chomh maith go raibh obair tosaithe ar ionchorprú eolais faoi theastais imréitigh isteach i bpríomh chórais an Ioncaim a dhéanfadh áis dá chomhtháthú. Maidir leis an 148 cás ar scarbhileog an cheantair, chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúil dom go raibh 53 aitheanta ó thoin mar mheasúnaithe PLCP, ardaíodh measúnaithe i 15 measúnú nach raibh riachtanach, (clúdaithe ag caillteanais, srl) i 29, agus tá 51 fós dá fhiosrú. Tá CGC íoctá i ngach cás measúnaithe agus tá

[21] Níl aon CGC iníoctha ar ghnóthachan a éiríonn ó dhíol PLCPs.

formhuirir curtha i fheidhm ar íocaíochtaí deireanach i cheithre chás. Dúirt sé go nginfeadh an córas ríomhaireachta formhuirear ar gach aischur deireanach go h-uathoibríoch ó mhí Samhna 2006. Leanfaí gach cás go deireadh. Fuair gach cás a bhí amuigh litir meabhrúcháin, agus chuirfí measúnaithe measta isteach chomh luath agus atá cuí.

**Scrúdú ar Theastais Imréitigh Samplach**

Tugadh roinnt eisithe faoi ndeara ó scrúdú sampla de 37 teastas imréitigh eisithe ag trí cheantar, agus ó athbhreithniú de thaifead cáiníocóirí agus aon aischur ina dhiaidh sin. Ina measc seo bhí cásanna

- nach raibh aon aischur ná íocaíocht CGC déanta don dtréimhse lenar bhain an teastas imréitigh
- nach raibh an comaoin de réir an teastais imréitigh eisithe comhsheasmhach leis sin ar an aischur
- nach raibh aon nóta ar phríomh thaifead ríomhaireachta an cháiníocóra chun a chur in iúil go raibh teastas imréitigh eisithe.

Dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta go raibh athbhreithniú dá dhéanamh ar na cásanna nach raibh aon aischur ná íocaíochtaí déanta ortha ar siúl go leanúnach. Dúirt sé go bhféadfadh mórán fáthanna dlisteanach nach raibh na méideanna ar theastas imréitigh agus ar an aischur ag aontú ag éirí ó réimse leathan faoisimh, liúntais agus díolúine, ar nós na faoisimh Príomh Láthair Cónaithe agus Faoisimh Scoir . Mar sin féin, tá cheithre cinn de na cásanna seo nótáilte do iniúchadh (tá an iniúchadh tosaithe ar cheann amháin). Dúirt se go raibh an cás do theastas imréitigh nótáilte ar chomhad an cháiníocóra ar mhaithe le eolas amháin, d'fhéadfadh nós imeachta maidir leis sin bheith éagsúil ó Réigiúin go Réigiún. Mar sin féin, bheadh riachtanas ginearálta go mbeidís curtha isteach chomh sciobtha agus is féidir. Bheadh cur na nótaí seo isteach de láimh iomarcach nuair a chuirfí an t-eolas imréitigh isteach sa stór sonraí.

**Cros-sheiceáil le Sonraí Dleacht Stampa**

I rith mo iniúchadh, scrúdaíodh sonraí íocaíochta Dleacht Stampa bainteach le 12 idirbheartaíocht maoine déanach i 2003 agus 2004 ina raibh an comaoin níos airde ná €500,000. Bhaineadar seo le díol maoine ag 16 cáiníocóir, inar comhlachtaí dhá cheann acu. Ainmníodh roinnt eisithe ina raibh

- chúig chás nach raibh aon aischur ná íocaíocht CGC déanta den tréimhse.
- trí chás ina raibh neamh-comhsheasmhacht idir an Dleacht Stampa agus an aischur a tháinig ina dhiaidh sin.

Thug an t-Oifigeach Cuntasóireachta le tuiscint dom go raibh na ocht chás ainmnithe ar chros-sheiceáil an Dleacht Stampa géillsineach do scrúdú leanúnach.

# Imní Iniúchadh Níos Leithne

Chomh maith le cuireadh a thabhairt do dhearcadh an Oifigigh Chuntasóireachta ag éirí ó na cásanna a scrúdaigh mé i rith mo iniúchadh, d'iarr mé dearcadh maidir le cúiseanna iniúchadh níos leithne a éirigh ó na cásanna san agus athbhreithniú ar dhá Thuarascáil Ioncaim. Go h-áirithe, chuir mé ceist faoi

- chríochnaigh Ioncam an breithmheas de mhéid an aistriú ó ioncam go dtí gnóthachan
- an raibh sé sásta go raibh Ioncam ag baint úsáid iomlán as an eolas luachmhar a bhí ar fáil acu de thoradh na dteastais imréitigh agus sonraí íocaíochtaí Dleacht Stampa
- tá measúnú foirmiúil déanta ag Ioncam den leibhéal neamh-ghéilliúlachta CGC
- bhí sé sásta le leorgacht na nósanna imeachta a bhí ann faoi láthair le a chinntiú go raibh CGC measúnaithe agus bailithe go sciobtha.

# Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

### Ionadú Ioncaim le Gnóthachan

Dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta, de bharr an fás i dtáirge CGC go raibh difríochtaí sa rátaí cánach idir ioncam agus gnóthachan caipitiúil, bhraith coistí comhairleach bainistíochta Ioncaim go mbeadh sé stuama breathnú ar an raibh aon fhianaise ann go raibh daoine áirithe ag aistriú ioncaim go dtí gnóthachan (éifeacht ionadaíochta). Chun coimeád le bainistíocht riosca stuama, leanfadh Ioncam ag coimeád an tsuímh faoi athbhreithniú rialta. Ní fhuair athbhreithniú na Roinne Cásanna Móra i 2004 aon fhianaise chun tacú le aon imní maidir leis an éifeacht ionadaíochta bheith forleathan. Mar sin féin, mar thoradh ar an athbhreithniú, leasaíodh Alt 817 den Acht Comhdhlúthú Cánach, 1997 in Achtanna Airgeadais 2004 agus 2005 chun aon phoill éalaithe a dhúnadh. Dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta gur thagair anailís an Bhailitheora Ginearálta leis na fhigiúirí a thacaigh le athbhreithniú Roinn na Cásanna Móra maidir leis an éifeacht ionadach. Thaispeáin na figiúirí seo gur íoc 237 cáiníocóir ós cionn €1m i CGC i 2005

- Ní raibh ach 24 duine le dliteanas rialta CGC i ngach ceann de na trí bliana roimhe sin,
- Ní raibh dliteanas glan de níos airde ná Cáin Ioncam ach ag 24 duine (sceideal D agus E) i ngach ceann de thrí bliana.

Ceann de chinntí an Bhailitheora Ginearálta ms. ba é dearcadh ginearálta an Ioncaim gur fhiú thuilleadh scrúdú a dhéanamh chun an éifeacht ionadaíochta seo a dheimhniú, agus gur chóir an gnó a choimeád faoi athbhreithniú rialta. Ag tacú leis seo, mhol an Coiste Comhairleach Bainistíochta roinnt bearta. Tá freagracht as bhunú Grúpa Tionscnaimh Riosca sannadh leis an Roinn Polasaí Oibriúcháin agus Luachála, agus ba chóir go dtosódh obair sa dara leath de 2006. De bharr fachtóirí tráthúlachta bhí sé riachtanach déileáil le obair san earnáil seo i gcomhthéacs pleananna gnó 2007. Seachas athbhreithniú Roinn na gCásanna Móra thug páipéar an Bhailitheora Ginearálta le tuiscint chomh maith cleachtadh ar leith a rinneadh i gCeantar Cánach Bhaile Átha Cliath san Earrach 2005 ar 60 de na h-íocóirí CGC is mó. Rinneadh scagadh ar gach cás agus rinneadh iniúchadh ar 10 acu. Ní bhfuair an cleachtadh san ach cás amháin a bhféadfadh an éifeacht ionadach bheith feidhmeach leis. Tá an cás san dá fhiosrú ag an Aonad Frith-neamhnú.

### Cros-sheiceáil le Sonraí Dleacht Stampa

Chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúil dom go raibh comhghaol láidir idir eolas ó shonraí íocaíochta Dleacht Stampa agus teastais imréitigh, ach go raibh eisceachtaí, nach mbeadh comhoiriúnacht iomlán idir an dá dhearbhú ms. Má bhí luach na h-idirbheartaíochta níos lú ná €500,000, nó do thógálaithe ag díol tithíocht nua thógtha. Tugadh sonraí Dleacht Stampa maidir le idirbheartaíocht maoine ach ní raibh gach idirbheartaíocht maoine géillsineach do CGC, m.s. talamh forbartha cónaitheach (Alt 643) agus neamhchónaitheach, a bhfeadfadh bheith inmhuirir le cáin ioncam. In ainneoin seo agus eisceachtaí eile, tá sé sásta go ginearálta go bhfuil an Ioncam ag baint an úsáid is fearr as an eolas atá ar fáil do chun géilliúlacht CGC a uasmhéadú. Chuir sé béim ar nach féidir úsáid a bhaint as eolas ach amháin nuair atá sé bailithe go h-iomlán i stór sonraí agus ar fáil do phróifíl riosca cáiníocóirí ar leith. Bhí rialacha faoi iamh sa chóras Luachála Riosca, Anailís agus Próifíl (LRAP)idirbheartaíochta CGC/Dleacht Stampa. Bhí an córas seo dá chur i fheidhm go náisiúnta agus bheadh thuilleadh forbairt dá dhéanamh ar sa blianta atá le teacht. Theanna féin bhí rialacha bainteach le riosca a bhí dá úsáid chun suntas a chur ar chásanna ar leith faoi iamh ann. Sheiceáil na rialacha cásanna maidir leo seo leanas

- neamhoiriúnach idir ceannach sócmhainn (ó Dleacht Stampa nó sonraí CGC) agus ioncam dearbhaithe
- díol sócmhainní (ó shonraí Dleacht Stampa nó CGC)
- dliteanais CGC amuigh nó íoctha déanach
- neamhoiriúnacht idir íocaíocht CGC agus ceal eolais CGC a chur isteach san aischur (nó gan aischur a dhéanamh), nó

- íocaíocht dliteanas CGC i gcoinne ioncam dearbhaithe.

**Géilliúlacht CGC**

Maidir leis an leibhéal géilliúlachta CGC, dúirt sé go raibh measúnú leanúnach ar siúl ar leibhéal lárnach, réigiúin agus ceantair riosca ginearálta, riosca ceann cánach san áireamh. Mar shampla, rinneadh anailís an Bhailitheora Ginearálta cinneadh go raibh géilliúlacht an ard le íocaíocht déanach freagrach do 3% de tháirge i 2005. Chomh maith leis sin, rinneadh roinnt Ceantair feachtais géilliúlachta CGC agus scaipeadh eisithe agus rioscaí laistigh den Ioncam tríd an nGréasán Cánach Caipitiúil. Ceann de na tionscain géilliúlachta ab ea an tionscnamh leanúnach maidir le riosca CGC faoi dhíol dara láithreacha cónaithe príobháideach nach príomh áit cónaithe iad ag cónaitheoirí Éireannach, agus cónaitheoirí eachtrach ag díol maoin sa stát. Bhí 113 cásanna faoi scrudú ag an am, 68 dóibh a bhí ina chonaí ann agus 45 nár raibh ina chónaí ann. Gan amhras leanfaí ag scagadh eisithe riosca CGC, mar pháirt de ghnáth chlár leanúnach géilliúlachta / iniúchta .

**Leorgacht na n-Imeachtaí Géilliúlachta atá ann faoi láthair**

Dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta gur cáin féin mheasúnaithe é CGC agus go raibh dualgas ar cháiníocóirí aischuir a dhéanamh gan iarratas ó Ioncam. Chomh maith leis sin, cáin tiomanta ag ócáid ab ea CGC agus caithfidh teacht Ioncam é seo a ghlacadh ar bord chomh maith. Bhí sé sásta go ginearálta go raibh imeachtaí faoi láthair maith go leor agus dá úsáid le géilliúlacht a chinntiú le reachtaíocht CGC. Bhí imeachtaí, go h-áirithe de bharr forbairtí san earnáil FT, ag déanamh athraithe suntasach. San áireamh leis na forbairtí seo bhí, mar shampla, gabháil leictreonaic eolais (ó SAI nó ó aischuir páipéir), an fáil leathan a bhí ar an eolas san do oifigigh tríd an bhfeidhm Faisnéise Ghnó Comhtháite ar an inlíon, úsáid an eolais sin ag LRAP, agus cur CGC san áireamh ag measúnú sa chóras Seirbhísí Cánachais Comhtháite sa phríomh shruth. Ar deireadh, rinne sé tagairt do phleananna na Roinne Polasaí Oibríochta agus Luachála chun bainistíocht riosca a dhéanamh níos déanaí sa bhliain; bhí roinnt obair scóip déanta theanna féin.

# 2.10 Bainistíocht ar Achomhairc Cánacha

## Cúlra

Tá cead ag íocaí canach atá míshásta le cinneadh nó le measúnú atá déanta ag na Coimisinéirí Ioncam achomharc a dhéanamh tríd an Oifig Cánach chuig na Coimisinéirí Achomhairc . Caithfear é seo a dhéanamh laistigh de thréimhse teoranta atá éagsúil ó cháin go cáin (m.sh. 14 lá ó dháta an mheastacháin do BLC : nó 21 lá ó dháta meastóireachta agus 30 lá do Cháin Ioncam ó: dháta na meastóireachta ó n Oifig Cánach). Tá an achomhairc curtha faoi bhráid an oifigigh de na Coimisinéirí Ioncaim, an Cigire Cánach mar a bhfearr aithne air roimhe seo, atá tar-éis a bheith ag déileáil leis an gcás.

Is féidir le h-íocaí cánach atá fos míshásta le cinneadh na Coimisinéirí Achomhairc, achomharc a dhéanamh sa Chúirt Chuarda le h-aghaidh ath-éisteacht iomlán. Seachas Cáin Faighte Caipitil , níl aon chomh-sholáthar ann d'achomharc ag an Oifig Cánach . Is féidir Pointe dlí a eascraíonn as cinneadh na gCoimisinéirí Achomhairc a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte (nó faoi bhráid na Cúirte Uachtaraigh, más gá) trí *cás luaite* ar iarratas ó ceachtar den na páirtithe achomhairc. Tá Foramharc den phróiseas Achomhairc Cánach taispeánta i bhfoirm léaráide i bhFigiúr 1. Tá ról na gCoimisinéirí Achomhairc léirithe ag dhá bhosca aibhsithe.

Rinneadh trácht in Alt 20 de mo Thuarascáil Bhliantúil 1999 ar, mar chuid den athbhreithniú ghinearálta leanúnach de na córais, nósanna imeachta agus cleachtais curtha i bhfeidhm maidir le meastóireacht agus le bailiú cánach, eolas a bhí lorgtha agam maidir leis an líon casann achomhairc bhliantúil agus achoimre foriomláin na dtorthaí m.sh. cinntí fabhracha don ranníocóir canach nó don Oifig Cánach, gur rinneadh achomharc orthu chuig na Cúirteanna, agus líon na gcásanna idir láimhe . Léirigh an freagra gur rinneadh déileáil le gach cás ar bhonn aonarach ó é a chur ar an sceidil go dtí an éisteacht . Fad agus a fhoilsíodh sonraí phrionsabail, ní binse taifid iad na Coimisinéirí Achomhairc agus ní raibh riachtanach ann do ná níor, choimeádadh taifead i scríbhinn de na cinntí, nósanna imeachta ná ar na cáipéisí a fuarthas . Níor choimeád na Coimisinéirí Achomhairc ná an Oifig Cánach aon thaifead staitisticíula ná achoimre. Rinne an Oifig Cánach meastachán gur chuireadh idir 500 agus 600 cás faoi bhráid na gCoimisinéirí Achomhairc i 1999, agus gur éisteadh le agus gur rinneadh cinntí ar thart ar 250 go bliantúil. Aistarraingíodh nó thángthas ar réiteach roimh éisteachta ar na h-achomhairc eile .


## Nós Imeachta Achomhairc Cánach[22]

### Achomharc a chur faoi bhráid na hOifige Chánach

Déanann an Oifig Chánach athbhreithniú ar gach iarratas achomhairc chun a dheimhniú gur cloíodh leis na coinníollacha reachtúla. Ní ceadaítear achomhairc i gcásanna nuair atá an achomharc lasmuigh den theorainn ama ábhartha, nó nuair nach bhfuil an cáin go léir atá iníoctha, íoctha – seachas an méid atá mar ábhar aighnis -. Nuair a cinntítear nach bhfuil an achomhairc ceadaithe, eisíonn an Oifig Chánach fógra diúltaithe chuig an ranníocóir cánach. Is féidir leis an ranníocóir achomhairc a dhéanamh maidir leis an cinneadh seo go díreach chuig na Coimisinéirí Achomhairc laistigh de 15 lá den fhógra diúltaithe. Is féidir leis an ranníocóir achomhairc a dhéanamh ag aon am, go díreach chuig na Coimisinéirí Achomhairc, má cheapann sé go bhfuil maoil thar an gnáth ann laistigh den Oifig Chanach .

[22] Is féidir le Ranníocóir Canach iarratas a dhéanamh go ndéanfaidh Oifigeach Cánach Sinsearach, go háitiúil, Oifigeach eile Sinsearach cánach, nó i dteannta oifigeach eile agus athbhreithneoir seachtrach, athbhreithniú ar dhéileáil na hOifige Chánach maidir lena gcuid ábhair chánacha . Ní chuireann sé seo isteach ar cheart an ranníocóir cánach achomhairc a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Achomhairc. Níor scrúdaíodh an próiseas athbhreithnithe inmheánach seo.

**Figiúir 1 Foramharc ar an bPróiseas Achomhairc Chanach**



Nuair a cinntítear go bhfuil achomhairc in ord, cuirtear foirm canach (AH1) a dhéanann imlíniú ar an gcás ón dá thaobh chuig an ranníocóir cánach. Is féidir le ranníocóir canach nach bhfuil sásta leis an imlíniú Cánach ráiteas neamhspleách a chomhlíonadh agus a sheoladh thar n-ais ar fhoirm eile. Cuireann an t-Oifig chánach na foirm(eacha) AH1 chuig na Coimisinéirí Achomhairc, i dteannta le meastacháin ama a thógfaidh sé don éisteacht, agus iarratas ar dháta éisteachta. Cuireann na Coimisinéirí Achomhairc an cás ar liosta a chuireann an dáta, an t-ionad agus an t-am in iúil don Oifig chánach. Cuireann an t-Oifig Chánach na sonraí éisteachta in iúil don ranníocóir cánach.

## Éisteacht an Achomhairc ag na Coimisinéirí Achomhairc

D'fhéadfadh na Coimisinéirí Achomhairc, tríd an Oifig Chánach iarratas a dhéanamh ar bhreis aighneachtaí roimh na h-éisteachta chun an próiseas a thapú agus chun cead a thabhairt d'athbhreithniú an cháis roimh thosú na h-éisteachta . Nuair a chuireann an ranníocóir cánach breis eolais ar fáil roimh na h-éisteachta, d'fhéadfadh an Oifig Chanach athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás agus teacht ar réiteach leis an ranníocóir cánach. aistarraingítear an achomhairc ansin. Is féidir leis an ranníocóir canach an achomhairc a aistarraingt ag am ar bith ar fáth ar bith.

Éisteann Coimisinéir Achomhairc leis an Achomhairc ag oifig ceanncheathrú Bhaile Átha Cliath nó in oifigí na Cúirte Chuarda ag ionaid éagsúla lasmuigh de Bhaile Átha Cliath . Éistear le casann *in camera* ach is féidir ionadaí gairmiúil a bheith i láthair ag an ranníocóir cánach agus ag an Oifig chanach. Fógraítear cinneadh an achomhairc de ghnáth ar la na h-éisteachta, leis an dá pháirtí i láthair. Cuirtear an cinneadh in iúil ina dhiaidh sin i scríbhinn chuig an Oifig Chanach ( ar Fhoirm AS1).

# Oifig na Coimisinéirí Achomhairc

Ceapann an tAire Airgeadais na Coimisinéirí Achomhairc faoi Mír 850 den Acht Chánach Chomhdhlúite, 1997, chun achomhairc ranníocóirí a cloisteáil i gcoinne meastacháin nó cinntí na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cáin nó le dleacht. Tá cinntí na gcoimisinéirí Achomhairc bunaithe ar chinntí fíricí tagtha í fhianaise a chuirtear faoina mbráid ag an éisteacht agus de réir tuisceana ar dhlí na gcánach. Roimh 1978, d'éist Coimisinéir amháin nó dhá choimisinéir le h-achomhairc. Tar-éis méadú ar ualach oibre, ceapadh an tríú Choimisinéir san bhliain sin, ach chuig an líon sin thar n-ais chuig beirt i 1993 tar éis féin mheasúnú a thabhairt isteach.

Bunaíodh vóta faoi leith i 2003 do mhaoiniú na h-Oifige na gCoimisinéirí Achomhairc le Coimisinéir amháin ag feidhmiú mar Oifigeach Cúntasaíochta . Roimhe seo, íocadh tuarastail agus costais na gCoimisinéirí Achomhairc trí an Vóta Chánach. Tá cabhair á fháil ag na Coimisinéirí ó bheirt bhaill foirne tacaíochta, a fheidhmíonn mar chléireach chuig na coimisinéirí. Tá earcú baill foirne eile ceadaithe ag an Roinn Airgeadais, ach níl an ceapachán déanta. Ba é €344,000 (Meastachán de €561,000) líon na gcaiteachais i 2003, €357,000 (Meastachán de. €571,000) i 2004, agus €399,000 (Meastachán. €607,000) i 2005.

Lasmuigh de liostáil agus le h-éisteacht na gcásanna, áfach, braitheann Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc ar an Oifig Chanach do phróiseáil beartaíochta airgeadais agus do sheirbhísí eile mar phearsanra, oiliúint agus mar theicneolaíocht faisnéise. Faigheann an t-Oifigeach Cuntasóireachta tuarascáil mhíosúil ar chaiteachas ón Oifig Chánach. Tá na socraithe déanta go foirmiúil i gComhaontú Leibhéil Seirbhíse idir an dá Oifig agus a shíníodh i bhFeabhra 2005.

Tá suíomh idirlín na gcoimisinéirí Achomhairc ósta agus cothaithe ag an Institiúid Chánach Éireann. Tá 31 Cinneadh liostáilte ann faoi láthair, 25 bainte le 2000, 5 bainte le 2003 agus cás amháin bainte le 2005, Tá féilire dátaí éisteachta agus ionaid don téarma reatha ann chomh maith agus Treoir um shaoráil Faisnéise maidir leis na gCoimisinéirí Achomhairc . Ní eisíonn na Coimisinéirí Tuarascáil Bhliantúla chlúdaíonn forbairtí nó gníomhaíochtaí , agus níl ráiteas straitéise na plean gnó ullmhaithe . Ní choimeádtar taifead achoimre ar chásanna, líon na gcásanna, torthaí ná ar chinntí.

# Athbhreithnithe Seachtracha ar Fheidhmiú na gCoimisinéirí Achomhairc

Ag eascair as Fiosrúcháin Parlaiminte an Choiste Cuntais Phoiblí maidir le DIRT, d'ullmhaigh páirtithe éagsúla moltaí maidir le ról agus le feidhmiú na gCoimisineirí Achomhairc, agus pléadh an t-ábhair chomh maith i dtuarascáil deireanach Choiste Chuntais Phoiblí in Aibreáin 2001. Le linn na tréimhse 2000 go 2003, bhí moltaí chun an próiseas achomhairc cánach, mar a riarann na Coimisinéirí Achomhairc é, a fheabhsú, a leasú nó a shíneadh san áireamh sna tuarascálacha agus sna haighneachtaí ullmhaithe ag na comhlachtaí agus na grúpaí seo a leanas

- D/Grúpa Stiúradh Airgeadais ar Athbhreithniú Cánach – Lúnasa 2000
- Aighneacht an Institiúid Canach chuig an Fiosrú CCP – Feabhra 2001
- Aighneacht na h-Oifige Chánach chuig an Fiosrú CCP – Feabhra 2001
- Aighneacht na gCoimisinéirí Achomhairc chuig an Fiosrú CCP – Márta 2001
- PAC Tuarascáil Deiridh Fiosrú DIRT an CCP – Aibreáin 2001
- Tuarascáil an Choimisiúin Athchóirithe Dlí ar Ionchúisitheoir Fisiceach agus ar Chúirt Chánach – Iúil 2003 .

## Moltaí a Rinneadh

Chlúdaigh roinnt mhaith de na moltaí na gnéithe níos leithne stádais agus feidhmeanna na gCoimisinéirí Achomhairc ó cheapacháin na gCoimisinéirí, dliteanais, bonn reachtúil, athraithe reachtúla chuig ról na gCoimisinéirí. Moltaí eile, áfach, atá ar liosta i bhFigiúir 2 táid mar ábhar suime níos mó don athbhreithniú seo toisc go bhféadfaí féachaint orthu mar tháscairí laige i bhfeidhmiú reatha na gcoimisinéirí Achomhairc, agus mar dheiseanna d'fheabhsú feidhmithe in earnáil achomhairc cánacha.

**Figiúir 2 Moltaí maidir le Feidhmithe agus Feidhmiú Reatha na gCoimisinéirí Achomhairc**

| | D/Grúpa Athbhreithnithe Airgeadais Cánach | Institiúid Chanach | Coimisinéirí Ioncaim | Coimisinéirí Achomhairc | Foth-Choiste CCP DIRT | An Coimisiún um Athchóiriú Dlí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Foilsiú Tuarascáil bhliantúil | ● | ● | | ● | ● | |
| Tráchtais ar earnáil Reachtaíochta Cánach trí thuairisciú | ● | | | | | |
| Vóta faoi leith agus Oifigeach Cuntais a sholáthair | ● | | | | | |
| Athbhreithniú ar dhóthanach acmhainní le déanach ag an OC | ● | | | | | |
| Ní léiríonn ainm na h-Oifige neamhspleáchas | | ● | | | | ● |
| Rialacha foirmiúla ag teastáil de bharr moill ar liostáil | | ● | ○ | | | |
| Rialacha foirmiúla ag teastáil de bharr moill ar chinntí | | ● | ○ | | | |
| Foilsiú sonrach na gcinntí | | ● | | | ● | ● |
| Ceapacháin an tríú Choimisinéir Achomhairc | | ● | ● | ○ | ● | |
| Athbhreithniú riachtanais TF, an Suíomh Idirlín san áireamh | | | | ● | ● | |
| Athbhreithniú ghinearálta ar chórais riaracháin | | | | ● | | |
| Athbhreithniú ar riachtanais foirne | | | | ● | | |
| Córas bainistíochta cáis a bhunú san Oifig | | | | ● | | |
| Buiséad réalaíoch a bhunú go h-oibiachtúil don Oifig | | | | | ● | |
| Deireadh a chur le freagracht na h-Oifige Canach do liostáil achomhairc | | | | | | ● |
| Cinneadh soiléir scríofa a eisiúint laistigh de 3 mhí | | | | | | ● |

- Léiríonn sé seo tacaíocht do na moltaí ón eagraíocht nó ón ngrúpa.
    - o Ní cheapann an eagraíocht nó an grúpa go bhfuil gá leis an moladh.

# Cuspóirí agus Scóip an Iniúchta

Is cosaint tábhachtach é an próiseas achomhairc reachtúil don ranníocóir canach ina c(h)aidreamh leis an gcóras cánach. Soláthraíonn sé seiceáil réasúnta ar an bpróiseas measúnachta cánach. Lorg m'iniúchadh

- Fáil amach ar rinneadh aon fhorbairt ar na córais, ar na nósanna imeachta agus ar na cleachtais do bhainistiú achomhairc canach san Oifig Chánach agus in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc ó mo thuarascáil deiridh i 1999

- Plé a dhéanamh ar cé chomh forleathan agus a léiríonn líon na gcás achomhairc bliantúil agus an ama a chuaigh thart sa dá Oifig réiteach éifeachtach na gcásanna achomhairc

- chun fáil amach ar rinneadh anailís ar thorthaí na n-achomhairc agus achoimre orthu chun eolas bhainistíochta laistigh den Oifig Chánach, nó foilsithe ag na Coimisinéirí Achomhairc ar leas na ranníocóirí go ginearálta.

Mar a fheictear bhó Figiúir 1, fhreagracht do bhainistíocht na n-achomhairc chánacha atá roinnte go feidhmiúil idir dhá Oifig neamhspleách gur féidir leo an dá ról faoi leith a dhéanamh atá tugtha dóibh ag na hAchtanna Cánacha. In ainneoin na róil reachtúla faoi leith, chuaigh an iniúchadh i ngleic leis an

bpróiseas achomhairc mar cheann leanúnach a thosaíonn leis an achomhairc a chur isteach agus a chríochnaíonn le cineadh na gCoimisinéirí Achomhairc sé sin ó thaobh an ranníocóir cánach.

Tá torthaí an iniúchadh bunaithe ar athbhreithniú na nósanna imeachta agus na gcáipéisí , an anailís ar shonraí ó chórais Chánach, an t-am a chuaigh thart a tógadh ó thaifead Cánach ag gach céim den phróiseas achomhairc maidir le sampla de na cásanna, ar phlé neamhfhoirmiúil le h-oifigigh san Oifig Chánach agus in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc, agus ar chomhfhreagras foirmiúil leis na h-Oifigigh Cuntais na h-Oifige Cánach agus na h-Oifige Coimisinéirí Achomhairc.

Ba chuid tábhachtach den phríomh-phlean scrúdaithe ná feidhmiú na gníomhaíochta leanta cáis a leanann sampla de na cásanna achomhairc tríd an Oifig Canach agus na Coimisinéirí Achomhairc. Ní fhéadfaí é seo a chríochnú, áfach, toisc go raibh dabht dáiríre ar an Oifigeach Cuntais na h-Oifige Coimisinéirí Achomhairc maidir lena dliteanais chun m'Oifig a sholáthair le h-eolas agus le cáipéisí a iarradh maidir le ranníocóirí cánacha. Tá tuairim an Ard-Aighne lorgtha aige maidir le seo, agus táthar ag feitheamh ar an dtuairim seo. Mar thoradh ar seo, rinneadh anailís ar na sonraí go léir agus roghnú agus samhlaíocht na gcásanna déanta, de bharr riachtanais, ar thaifead agus ar chomhaid na h-oifige Chanach.

# Próiseas Achomhairc Canach Laistigh den Oifig Chanach

## Gnáth Cleachtais

Go ginearálta déanann oifigeach go raibh freagracht roimhe seo aige don chás déileáil le gnáth achomhairc ar bhonn aonair . Is é cleachtas Cánach ná go gcuirtear cásanna cánacha, gur rinneadh achomhairc orthu, ar aghaidh chuig éisteacht achomhairc, tar-éis gach iarracht réasúnta a bheith déanta chun an cás a réiteach trí idirbheartaíocht gan géilleadh ar aon phointe tábhachtach prionsabal amháin. Tá cabhair ar fáil maidir le cur i láthair agus le h-argóint na gcásanna ó Rannóga Seirbhísí Reachtaíochta Cánacha (SRC) d'oifigigh aonair atá ag déileáil le h-achomhairc. Ionas go gcloífear le teorainn ama, tá éileamh ag Oifig Canach go gcuirfear cás faoi bhráid cúirte níos airde i ngach cás ina bhfuil an t-Oifigeach míshásta le cinneadh na gCoimisinéirí Achomhairc nó na Cúirte Chuarda ar phointe dlí, agus ceaptar go bhfuil an t-ábhar tábhachtach a dhóthain chun achomhairc chuig an Ard Chúirt a phlé. D'fhéadfaí an t-éileamh a tharraingt siar ina dhiaidh sin tar-éis é a phlé.

## Cásanna a chur faoi Bhráid an Choiste Lárnach Achomhairc Cánach

Tá riachtanas ar Oifigigh cásanna achomhairc áirithe a chur faoi bhráid an Choiste Achomhairc laistigh den Oifig Chánach sula gcuirtear an fhoirm AH1 chuig na Coimisinéirí Achomhairc. Bunaíodh an Coiste Achomhairc chun ábhair a aithint a d'fhéadfadh a bheith mar chúis buartha maidir le caighdeán agus le cur chuige Oifige Chánach i dtaobh "achomhairc argóna" chomh maith le maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar a leithéid d'achomhairc

- Cur chuige chomhsheasmhach agus éifeachtach a chur I bhfeidhm maidir le roghnú agus cur I láthair achomhairc do na cúirteanna níos airde
- Cinneadh a dhéanamh maidir le ceadú abhcóide a fhostú i gcásanna airithe
- Cinntiú go bhfuil saor scaipeadh ar eolas ar fud na h-Oifige cánach maidir le cásanna gur rinneadh achomhairc orthu chuig cúirteanna níos airde
- Cinntiú go bhfuil ionchur cuí teicniúil faighte ó rannóga SRC
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhreastal tráthúil achomhairc tríd an phróiseas achomhairc.

Cásanna go bhfuil gá iad a chur faoi bhráid an Choiste Achomhairc is ea

- Gach cás ina bhfuil achomhairc chuig na cúirteanna níos airde féideartha
- Nuair a mheasann Oifigeach gur cheart abhcóide a fhostú

- Nuair a fheictear go bhfuil tábhacht leathan fasaigh ag baint leis an bpointe
- Cásanna go mbaineann méid mór cánach nó dleacht leo
- Cásanna go mbaineann seachaint nó scéimeanna seachana leo
- Nuair atá *cás luaithe* éilithe agus nach bhfuil sé pléite ag an gCoiste cheanna.

## Eolas maidir le Dul Chun Chinn Achomhairc

Scaipeann an Coiste Achomhairc cinntí m.sh. conas mar a ndéanfar déileáil le cás, agus an bhfuil abhcóide le fostú, chuig na h-oifigigh aonair, chuig oifigigh chaidrimh réigiúnacha agus chuig gach Rúnaí Cúnta . I gcásanna ina bhfuil fostú abhcóide ceadaithe , cuirtear sonraí na n-ábhair ar inlín na h-Oifige Cánach mar eolas ghinearálta don fhoireann. Nuair atá an cheist atá idir láimhe ag feitheamh ar éisteacht ag cúirteanna níos airde, nó gur rinneadh déileáil leo i slí éigin eile, cuirfear cásanna samhailteacha thar n-ais chuig an réigiúin nó chuig an rannóg chun feitheamh ar thoradh an cháis roimhe sin nó déileáil leis de réir cinneadh roimhe seo. Cuireann an t-oifigeach cáis tuairiscí gairide faoi bhráid an Choiste ag gach céim den achomhairc nuair atá abhcóide údaraithe. Tugann an Coiste Tuarascáil gach sé mhí chuig An Bord Cánach ar dhul chun chinn cásanna atá faoi achomhairc chuig na cúirteanna níos airde.

### Ról Bainisteora Ceantair

Sa bhreis ar na róil sainiúla an oifigigh cáis agus an Choiste Achomhairc, táthar ag súil go mbeadh bainisteoir gach ceantair rannpháirteach go dlúth i

- Roghnú na gcásanna le bheith pléite ag an gCoiste Achomhairc
- Caighdeán ard seasmhach a chinntiú in ullmhú agus I gcur I láthair cás na h-Oifige chánach ag an achomhairc
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun chinn ag gach céim ina dhiaidh sin sa phróiseas achomhairc.

## Taifead ar Chásanna Faoi Achomhairc

Ní choimeádann an Oifig Chánach taifead lárnach ná réigiúnach maidir le h-achomhairc cánacha a thugann bun eolas smachta m.sh. liosta de na h-achomhairc go léir a fuarthas, na sonraí agus na h-ábhair a bhí i gceist, suíomh reatha, dáta a cuireadh faoi bhráid na gCoimisinéirí Achomhairc é agus an Toradh . Mar a luadh thuas, coimeádann an Coiste Achomhairc taifead sonrach ar na cásanna reatha atá faoi threoir an Choiste, baineann cásanna eile leis an oifigeach cáis aonair. Nuair a fhaightear achomhairc, áfach, tá sé riachtanach gach gníomh feidhmithe a chur ar athló maidir leis an méid atá mar chúis aighnis. Baintear é seo amach trí dheachtú "Stad" a chur isteach ar thaifead ríomhaireachta an ranníocóra - "Stad 16" do chásanna atá faoi achomhairc .

# Roghnú agus Anailís ar Shampla Iniúchadh

De bharr nach bhfuil taifead staitisticiúil ná achoimre coimeádta ag an Oifig Chanach maidir le cásanna achomhairc, líon na gcás a déileáiltear leo, torthaí agus cinntí , bhí sé riachtanach go mbainfeadh an iniúchadh úsáid as an gluaiseacht i Stad 16 mar tháscaire gníomhaíochta ins na hearnáil seo. Tá an dealramh ann go bhfuil caighdeán an eolais seo go maith tar-éis gníomh a dhéanamh i ndiaidh freagairt do tráchtais neamhfhabharacha Iniúchadh Inmheánach Cánach i 2003 ar stad neamhghlanta. Le linn an iniúchadh, fuarthas bunachar cásanna áit ina riabh an " stad faoi achomhairc" curtha ar an gcás i ngach ceann de na blianta 2000 go dtí 2005. Thaispeáin an bunachar na dátaí ina cuireadh na stadanna isteach agus bainte ina dhiaidh sin. Bhí 3,104 cás san iomlán ar an mbunachar. Taispeánann Tábla 19 líon na gcás de réir catagóir bliana an staid a cuireadh isteach agus an tréimhse a bhí an Staid i bhfeidhm ó Bhealtaine 2006.

**Tábla 19 Bunachar le Stadanna Achomhairc**

| Tréimhse Staid i bhfeidhm Place | Stad curtha i bhfeidhm sa bhliain | | | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2000 | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | |
| 0-6 mhí | 142 | 132 | 244 | 197 | 208 | 231 | 1,154 |
| 6-12 mhí | 63 | 54 | 63 | 47 | 48 | 46 | 321 |
| 1-2 bl | 53 | 91 | 46 | 58 | 47 | 7 | 302 |
| 2-3 bl | 64 | 31 | 38 | 27 | 2 | n/a | 162 |
| 3-5 bl | 115 | 56 | 13 | 2 | n/a | n/a | 186 |
| Fós i bhfeidhm | 40 | 49 | 54 | 69 | 155 | 612 | 979 |
| **Iomlán Casanna** | **477** | **413** | **458** | **400** | **460** | **896** | **3,104** |

Cé ná léiríonn Stad 16 an stádas leanúnach i ngach cás, thug anailís sampla randamach de 43 Stad 16 chuig deireadh 2005 na torthaí seo a leanas:

- bhí sé chinn curtha isteach trí bhotúin (Bhí ceann amháin neamh-cheartaithe ó Shamhain 2005)
- de na 37 cás achomhairc bháillí, ní raibh ach 11 cás curtha faoi bhráid na gCoimisinéirí Achomhairc ag an Oifig Chánach
- le h-eisceacht de chás amháin de 79 mí, bhí an t-am a chuaigh thart idir dháta faighte na h-achomhairc in s an Oifig Chanach agus na cásanna á chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Achomhairc idir níos lú ná mí amháin agus 27 mí, cuireadh moill leis an gcás de 79 mí ag feitheamh ar thoradh cásanna eile
- Tá éisteacht d'ocht gcás ar liosta, bhí an t-am a chuaigh thart idir dháta curtha faoi bhráid na gCoimisinéirí Achomhairc agus dáta na n-éisteachta idir 1 agus 8 mí
- As an 8 gcás, réitíodh 3 chás roimh na n-éisteachta, éisteadh le 5 agus rinneadh cinntí I 3 chinn acu. Ba é idir 3 agus 15 mí an tréimhse ama idir éisteacht agus cinneadh a dhéanamh sa trí chás
- Coimeádadh na cásanna nár cuireadh faoi bhráid na gCoimsinéirí Achomhairc san Oifig Chánach ar feadh thréimhsí idir 8 agus 17 mí.

Ní dheachaigh ach trí chás ón sampla de 37 tríd an próiseas iomlán achomhairc. Ba é 83 mí iomlán an ama a chuaigh thart sa trí chás sin[23], 30 mí agus 18 mí.

## Ábhar Iniúchadh

Léiríonn torthaí an iniúchadh samplach nach bhfuil an córas le h-aghaidh déileáil le h-achomhairc chomh éifeachtach agus a d'fhéadfadh sé, agus lorgaíos tuairimí na n-Oifigigh Cuntais Canach agus na gCoimisinéirí Achomhairc.

Go h-áirithe, lorgaíos breathnóireacht ón Oifig Chanach maidir le easpa taifead, bainistíocht na nAchomhairc agus smacht Staid 16. Maidir leis na gCoimisinéirí Achomhairc, lorgaíos eolas ar na chur tríd cásanna, riaradh na h-oifige agus leibhéil curtha i bhfeidhm na moltaí éagsúla leagtha amach i bhFigiúir 2.

[23] San áireamh san iomlán seo tá an 79 mí leis an Oifig Chánach a luadh níos luaithe.

# Freagraí na nOifigigh Cuntais

## Fad Ama atá Riachtanach i gCásanna Achomhairc

Léirigh an Oifigeach Cuntais d'Oifig na gCoimisineírí Ioncaim nár bhain fad ama aon cháis laistigh de na Choimisinéirí Achomhairc lena Oifig. Nótáil sé gur thaispeáin na torthaí maidir leis an méid ama chuaigh thart éagsúlacht mór idir chásanna aonair rud a chur lena thuairim dar leis, gurb é nádúir an cháis ba chúis leis an méid ama é a chur faoi bhráid na gCoimsinéirí Achomhairc, seachas aon mhoill ghinearálta i nósanna imeachta chun déileáil leis san Oifig Chánach. Caitheadh a choimeád i gcuimhne nach ábhar don Oifig Chanach amháin críoch a chur le cás le h-aghaidh é a chur faoi bhráid an Choimisinéirí Achomhairc, tá an ranníocóir lár-ghníomhach i soláthair eolais agus i gcomhaontú an AH1. D'fhéadfadh ranníocóirí cánacha achomhairc a dhéanamh go díreach ag am ar bith chuig na Coimisinéirí Achomhairc dá mheasann siad go raibh moill thar an gnáth laistigh den Oifig Chánach. Bhí gearáin maidir le moill an-neamhghnáthach, áfach.

Ó tugadh féin-mheasúnú isteach, bhí gach achomhairc i gcoinne measúnachta "argónta" go h-éifeachtach,. D'fhéadfadh na pointe aighnis a bheith idir easaontas idir an Oifig Chanach agus an ranníocóir maidir le leibhéil ioncam a cuireadh in iúil i bhfilleachán agus difríocht tuisceana reachtaíochta . In a lán cásanna, ardaíodh meastacháin measta fad agus a bhí iniúchadh idir láimhe, go h-iondúil nuair nach bhfuil dul chun chinn san iniúchadh nó nuair a bhí difríocht suntasach ann atá dealraitheach gur féidir a réiteach le comhaontú. D'fhéadfadh ardú meastacháin a bheith mar spreagadh do thuilleadh idirbheartaíocht nó d'ábhar nár cuireadh isteach a chur isteach. De réir a nádúir, bhí a leithéid de chásanna deacair agus thógadar am iad a thabhairt chuig céim ina rabhadar ullamh le chur faoi bhráid na Coimisinéirí Achomhairc. Léirigh sé chomh maith go raibh dealramh ar an scéal go raibh baint ag athrú patrúin ina raibh cásanna 2005 ina fuarthas 896 cás mar dhá oireadh an meán bhliantúil roimhe seo agus gur thit coibhneas na gcásanna a réitíodh laistigh de 6 mhí ó 45% go dtí 26%, le dhá mhór-ghrúpa cásanna (260 agus 290) a rinne achomhairc ar na boinn céanna.

Léirigh na Coimisinéirí Achomhairc nach raibh siad in ann trácht a dhéanamh ar chásanna faoi leith fad agus a bhíodar ag feitheamh ar chomhairle sainiúil maidir leo ó Oifig an Ard-Aighne.

## Am a Chuaigh thart laistigh den Oifig Chánach

Ní fhaca an oifig Chanach a ról sa phróiseas achomhairc mar ról smachta ach, ó thaobh na hOifige Chánach de, mar ról éascaíochta. Bhí an tuairim sin tacaithe ag an bhfíric gur féidir le ranníocóirí achomhairc a dhéanamh go díreach chuig na Coimisinéirí Achomhairc ag aon am dá gceapaidís go raibh moill thar an gnáth san Oifig Chánach. Ról pragmatach ba ea é an ról chomh maith sa tslí gur réitíodh an chuig cásanna achomhairc idir an Oifig Chánach agus an ranníocóir gach dul faoi bhráid na gCoimisinéirí Achomhairc.

Rinne an Oifig Chánach déileáil le cásanna de réir na reachtaíochta cuí. Rinne an Oifig Chanach staidéir ar mholtaí na Tuarascála Choimisiúin Athchóirithe Dlí ar Ionchúisitheoir Fioscach agus ar Chúirt Canach leis an dtuairim ann a chuid breathnóireachta a chur chuig an Roinn Airgeadais. I gcomhthéacs an cur i bhfeidhm iomláin an phacáiste moltaí, ní bheadh aon dheacracht mór ag an Oifig Chánach leo chomh fada agus a bhaineadar leis an Oifig sin. Go sainiúil, ní bheadh aon dheacracht aici leis an moladh maidir le deireadh a chur le freagrach na hOifige Chánach as achomhairc a chur ar liosta. Léirigh an Oifigeach Cuntais, áfach, nach ábhar é seo go príomha don Oifig Chánach.

Dúirt na Coimisinéirí Achomhairc gur tionóladh comhráití neamhfhoirmiúla leis an Institiúid Cánach agus leis an Oifig Chánach maidir leis an moladh gur cheart achomhairc a chur faoi bhráid na Coimisinéirí Achomhairc go díreach seachas tríd an Oifig Chánach. Leanfadh na comhráití sin ar aghaidh ach ní raibh céim bainte amach acu go fóill nuair gur féidir moladh a dhéanamh.

## Breathnóireacht Eile ón Oifig Chánach

Léirigh an Oifigeach Chuntais gur seoladh gach cás tábhachtach chuig an Lár-Choiste Achomhairc, a choimeád taifead sonrach agus a rinne tuarascáil gach sé mhí chuig an Bord Chánach. Coimeádadh leibhéil éagsúla taifead ag leibhéil éagsúil áitiúil. Bhí anailís á dhéanamh faoi láthair ar eolas ar achomhairc ag an Rannóg Pleanála Straitéise leis an dtuairim bainistíocht lárnach agus áitiúil a sholáthair le tuarascáil feidhmithe cuí.

Dúirt sé cé go raibh an suíomh maidir le Stadanna ar an lár –chóras ríomhaireachta feabhsaithe go ginearálta ó thuairisc Iniúcha Inmheánach i 2003, tharla roinnt eachtraí moille á mbaint. Eisíodh liosta Stadanna níos sine ná trí mhí chuig gach bainisteoir Cheantair i Mí an Mheithimh, agus déanfar é sin arís roimh deireadh na bliana. Bhí áis fiosraithe ríomhaireachta á thaiscéal chun chur ar chumas na réigiúin agus na ceantair smacht a bheith acu agus monatóireacht a dhéanamh ar Stadanna níos éifeachtaí faoi láthair.

## Breathnóireachtaí Eile ó na Coimisinéirí Achomhairc

Dúirt an Oifigeach Cuntais nár cuireadh bac leis an ngluaiseacht tráthúil achomhairc trí Oifig trí easpa taifead. Cé nach raibh staitisticí ar fáil do bhlianta níos luaithe, sholáthair sé achoimre ar chasann próiseáilte do na blianta 2002-2005 mar atá taispeánta i dTábla 20.

**Tábla 20**

| Bliain | Liostáilte | Cloiste | Bainte[24] |
|---|---|---|---|
| 2002 | 441 | 314 | 127 |
| 2003 | 325 | 247 | 78 |
| 2004 | 283 | 219 | 64 |
| 2005 | 228 | 178 | 50 |

Rinne sé tuairisciú gur tugadh cinntí, nó go rabhadar ar liosta d'fhógairt roimh deireadh an téarma reatha ar an 31 Iúil, maidir le gach cás a éisteadh leo go h-iomláin chuig an 30 Mheitheamh 2006, nuair a bhí an t-eolas go léir a bhí iarrtha faighte ag an Oifig. Fuarthas idir 10 agus 15 achomhairc go bliantúil go díreach ó ranníocóirí i gcásanna a mheas an Oifig Chánach go rabhadar neamh-bhailí go reachtúil. Toisc nach raibh na Coimisinéirí Achomhairc curtha ar an eolas ag ceachtar den dá pháirtí ná ag an gCúirt, ní raibh aon eolais aige ar éisteachtaí Rialacha foirmiúla ag teastáil de bharr moill ar liostáil Cúirte Chuarda. Sholáthair sé chomh maith staitisticí *cás luaite* sé sin cásanna curtha faoi bhráid na hArd Cúirte ar phointe Dlí mar atá taispeánta i dTábla 21.

**Tábla 21**

| Bliain | Ranníocóir Cánach | Oifig Cánach | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **2002** | 3 | 11 | 14 |
| **2003** | 4 | 0 | 4 |
| **2004** | 3 | 10 | 13 |
| **2005** | 4 | 14 | 18 |

Maidir le riaradh na hOifige, tá athbhreithniú iomláin acmhainní, córais riaracháin agus riachtanais foirne tugtha chun críche. Bhí sé sásta go raibh buiséad réalaíoch bunaithe don Oifig. Tharla an caiteachais níos ísle toisc an teip iarrthóir oiriúnach a earcú don phost breise ceadaithe. Shásaigh an suíomh idirlín agus na haiseanna TF ginearálta na riachtanais reatha, cuireadh moill, áfach, ar fhoilsiú cásanna roghnaithe breise trí easpa na foirne bhreise.

[24] Cásanna bainte nó réitithe trí chomhaontú, nó ath-liostáilte

**Ioncam**

Dúirt sé go raibh roinnt moltaí i  bhFigiúir 2 curtha i bhfeidhm.  Sa bhreis bhí sé glacadh le fada ag na Coimisinéirí gur cheart Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú ach go rabhthas ag feitheamh ar an bpost foirne ceadaithe a bheith líonta.  Bhí moltaí eile roimh ama agus bhí riachtanas ann do scrúdú níos mine chomh maith le dul i mbun comhairle níos leithne .

# Caibidil 3

# Garda Síochána

# 3.1 Feithiclí na nGardaí a Choinneáil

## Foinsiú Allamuigh le hAghaidh Feithiclí na nGardaí a Choinneáil

Mhol tuairisc shaincomhairleora ar Ghéilliúlacht Soláthair agus Choinneáil Iompair in An Garda Síochána i láthair i mí Iúil 2002, i measc rudaí eile, foinsiú allamuigh a dhéanamh ar, "*foinsiú allamuigh a dhéanamh chuig soláthraí seirbhíse náisiúnta nó comheagras ar an ngníomhaíocht choinneála iomlán, lena n-áirítear an flít, na conarthaí agus costais a bhainistiú, chomh maith le bainistiú a dhéanamh ar fheidhmíocht seirbhíse ardchaighdeáin agus géilliúlacht a bhainistiú.*"

Rinneadh athrá ar an moladh seo i dtuairisc dheireanach an Ghrúpa Stiúrtha agus Forfheidhmithe ar Thionscnamh Bainistíochta Straitéisí de chuid na nGardaí, i mí Feabhra 2004. Chuir na moltaí in iúl go bhfaighfí luach níos fearr ar airgead dá n-eagrófaí coinneáil fheithiclí ar an mbealach seo.

Le linn na hiniúchóireachta in Earrach 2006, thug mé faoi deara go raibh deisiú agus coinneáil flít na nGardaí eagraithe ag Leibhéal Ceantair, seachas na feithiclí a gcoimeádtar ag garáiste iompair na nGardaí, agus go raibh an obair seo curtha i gcrích ag príomh-dhéileálaithe i ngach Ceantar de ghnáth. Ní raibh córas tairiscintí iomaíocha i bhfeidhm le haghaidh an obair choinneála seo.

D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta cén fáth nach raibh an príomh-mholadh maidir le foinsiú allamuigh ar choinneáil feithiclí curtha i bhfeidhm go fóill.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur thug na tuairiscí ar Sheirbhísí Iompair na nGardaí i 2002 le tuiscint go gcuirfí conradh i bhfeidhm uair éigin sa bhliain 2003, a dhéanfadh foinsiú allamuigh ar choinneáil an fhlít iomláin, ach amháin roinnt feithiclí slándála áirithe. B'éigean dul i mbun díospóireachtaí fada leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, leis na sainchomhairleoirí a réitigh an tuairisc agus leis An Garda Síochána toisc go mbeadh sé chomh casta sin foinsiú allamuigh a dhéanamh ar os cionn 2,000 feithicil i bhflít na nGardaí, mar is léir ó thaithí Fhórsaí Póilíní eile.

Thosaigh próiseas chun Iarratas ar Fhorthairiscint (IAF) a dhréachtú mar thoradh ar thuairisc an tsainchomhairleora. Níor cuireadh an IAF i gcrích le linn an fhráma ama socraithe mar gheall ar dhíospóireachtaí leantacha agus deacrachtaí teicniúla. Nuair a cuireadh na cúinsí uile san áireamh socraíodh go ndéanfaí foinsiú allamuigh ar an tionscadal ag úsáid próisis dhéchéime. Eisíodh iarratas réamhcháilithe le haghaidh eolais sa mhargadh agus bhí measúnú reatha á dhéanamh ar na freagraí agus bheadh IAF á eisiúint ag na comhlachtaí cáilithe go luath.

Bhí an tionscadal seo in ainm agus a bheith comhlíonta i mbliana agus tugadh faoi le cúnamh saineolach ó shainchomhairleoirí.

Ina theannta sin, dúirt sé nach raibh fáil ar fhoireann le conradh coinneála a eagrú nó a mhaoirsiú, toisc go raibh sé mar thosaíocht ag an líon beag foirne garáiste a bhí fágtha Flít na nGardaí a choimeád i riocht ródacmhainneach agus uas-infhaighteacht oibriúcháin a chinntiú.

## Socruithe Coinneála

D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta an raibh sé sásta leis na socruithe chun coinneáil feithiclí a fhoinsiú le príomh-dhéileálaithe áitiúla gan córas tairiscintí iomaíocha a úsáid, go raibh sé fabhrach le haghaidh luach maith ar airgead a fháil, ach go háirithe i gceantar Bhaile Átha Cliath áit go bhfuil iliomad príomh-dhéileálaithe le haghaidh armála a úsáideann na Gardaí.Ina thaobh seo, thug mé faoi deara gur íocadh idir €200,000 agus €420,000 le comhlachtaí/déileálaithe coinneála áirithe i gceantar Bhaile Átha Cliath sna blianta 2004 agus 2005.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach raibh an dara rogha acu ach an príomh-dhéileálaí áitiúil a úsáid i bhformhór na gceantar lasmuigh de Bhaile Átha Claith agus b'fhéidir Corcaigh. Sa chás nach mbeadh aon chonradh náisiúnta daingnithe a bheartódh costais le haghaidh seirbhísithe go lárnach, thuigfeadh an déileálaí áitiúil gurb é an t-aon duine a bhí in ann baránta a chaomhnú agus sábháilteacht bhaill den Gharda agus an phobail a chinntiú. Mura raibh a leithéid de chonartha i bhfeidhm ní bheifí in ann teacht ar fheithiclí ina gceantair chuí ar feadh tréimhsí fada ama, ní a chúiseodh costais iarmhartacha i dtéarmaí breosla agus ama.

Thug sé aird ar an gcaoi ina raibh na príomhdhéileálaithe/déileálaithe formheasta is cóngaraí á n-úsáid ag an leibhéal áitiúil mar thoradh ar leithne tíreolaíoch na gceantar agus an gá le hiamh-aga fheithiclí na nGardaí a íoslaghdú. Shonraigh sé, ámh, ó tharla go raibh meánaois feithicle sa flít faoi bhun 4 bliana, go raibh a dtromlach faoi bharántas ag am ar bith agus ar an ábhar seo, tuigeadh go raibh sé riachtanach go n-úsáidfí príomh-dhéileálaithe a bhí comhlíneach leis na déantóirí faoi leith leis na barántais seo a chaomhnú. Ba í seo an chúis gur úsáideadh príomh-dhéileálaithe le haghaidh coinneáil sceidealta agus lena chinntiú go bhféadfadh baill den Gharda Síochána a gcuid dualgais a chomhlíonadh go sábháilte agus go muiníneach.

## Imscrúdú ar Mhírialtachtaí Líomhanta

Le linn an iniúchta, d'fhoghlaim mé go raibh imscrúdú á dhéanamh chun fíricí a nochtadh maidir le líomhaintí mírialtachta. Bhí baint ag príomh-dhéileálaí i mBaile Átha Cliath, a bhí gafa le cuid d'fhlít na nGardaí a choinneáil, leis na líomhaintí.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go ndearna Rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána réamhscrúdú i mí Feabhra 2006, ar mhírialtachtaí féideartha i gcás seirbhísithe agus coinneáil a rinne conraitheoir ar roinnt fheithiclí de chuid na nGardaí. D'ardaigh an réamhscrúdú seo amhras i dtaobh modhanna oibre míchuí ar a d'fhéadfadh iompraíocht choiriúil a bheith mar thoradh, lena n-áirítear

- Ag gearradh costas ró-ard ar shaothar
- Ag gearradh táille ar pháirteanna nár úsáideadh
- Páirteanna bréige a úsáid
- Ag cur le caillteanas
- Ag siarchoinneáil theidil bharántais.

Dúirt sé nár tháinig aon fhianaise chun solais le linn an réamhscrúdaithe i dtaobh iompraíocht choiriúil maidir le baill den Gharda Síochána nó den fhoireann tacaíochta sibhialta, a leithdháileadh ar Rannóg Iompair na nGardaí. Ina theannta sin, níor aithníodh aon sárú de rialacha i measc na mball den Gharda Síochána go dtí seo. Mar thoradh ar scrúdú Rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána b'éigean do Bhiúró Náisiúnta Imscrúdaithe Coiriúil na nGardaí imscrúdú coiriúil iomlán a dhéanamh ar an ábhar seo. Bhí an imscrúdú sin fós ar siúl.

# Caibidil 4

# An tSeirbhís Phríosúin

# 4.1 Fáil Láithreach um Fhorbairt Príosúin

Tá an tSeirbhís Phríosúin ina cuid den Roinn Cirt, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí. Tá sé beartaithe bord reachtúil chun an tSeirbhís Phríosúin a bhainistiú a bhunú, agus, in oirchill ar an reachtaíocht riachtanach, ceapadh Bord Eatramhach chun comhairle a thabhairt don Aire ar bhainistíocht agus riarachán na Seirbhíse. I mBealtaine 2003, mhol Fochoiste Caipitil an Bhoird Eatramhaigh príosún nua a thógáil ar láthair páirce glaise i gceantar Bhaile Átha Cliath chun dul in áit áiseanna príosúin i Muinseó, a bhfuil riocht faoin gcaighdeán ar an gcuid is mó acu.

D'iarr an tSeirbhís Príosúin ar Oifig na n-Oibreacha Poiblí (OOP) cuidiú leis láthair nua a aimsiú don fhorbairt príosúin. Choimisnigh an OOP na comhairleoirí maoine CBRE chun cuardach láithreach a dhéanamh agus thug CBRE tuairisc don OOP i Meán Fómhair 2003, ag ainmniú 17 maoin. Ina dhiaidh rinne an OOP mioncheagartú ar na critéir cuardaigh agus thug CBRE tuairisc arís in Eanáir 2004. An uair seo, d'ainmnigh sé dhá mhaoin, ceann amháin i mBaile Brigín agus an dara ceann i nDún Búinne, Co. na Mí. Thug an OOP tuairisc ar thorthaí don tSeirbhís Príosúin a choinnigh an Roinn ar a eolas faoi fhorbairtí, faoi seach. D'inis an OOP dom gur cheap an Roinn go raibh fad na láithreacha ó Bhaile Átha Cliath ró-fhada.

I bhFeabhra 2004, shocraigh an Roinn fógrú do thalamh oiriúnach. Chuir an tSeirbhís Phríosúin fógra i gceann de nanuachtáin náisiúnta, ag iarraidh ar thairiscintí do láithreacha i mórcheantar Bhaile Átha Cliath a bheadh oiriúnach d'fhorbairt príosúin daingean.

I mBealtaine 2004, shocraigh an Roinn Coiste Roghnúcháin Láithreach a bhunú, ina raibh oifigigh ón Roinn, ón tSeirbhís Phríosúin agus ón OOP, chun na roghanna láithreach éagsúla a mheas. Chuir an Coiste tús le hobair ar 1 Iúil 2004 agus, ar 16 Meán Fómhair 2004, rinne sé gearrliosta de thrí láthair molta.

Rinne CBRE idirbheartaíochtaí le díoltóirí na dtrí láthair, agus thug siad tuairisc ar na torthaí. Shocraigh an Roinn láthair de díreach faoi 100 acra a cheannach[25] i Coolquay i mBaile Átha Cliath, ar chostas €31.35m (díreach ós cionn €318,000 in aghaidh an acra). Ach ar 30 Samhain 2004, insíodh don Roinn nach raibh úinéir an láthair i Coolquay sásta dul ar aghaidh leis an díolachán. Ag an am céanna, cheadaigh an Rialtas ceannach láithreach faoi réir cinneadh deireanach an tAire maidir le suíomh.

Ina dhiaidh táirgeadh feirm i Thornton – sa cheantar céanna go ginearálta le talamh Coolquay – don tSeirbhís Phríosúin. Scríobh CBRE chuig na díoltóirí ar 13 Eanáir 2005 ag leagadh amach na bpríomhthéarmaí faoina raibh an tSeirbhís Phríosúin sásta an talamh a cheannach. Ina measc bhí praghas de €29.9m don láthair.

Bhuail an Coiste Roghnúcháin Láithreach ar 18 Eanáir 2005 agus d'aontaigh siad ceannach an talaimh i Thornton a mholadh. Shínigh an tSeirbhís Phríosúin comhaontas ceangailteach chun an talamh a cheannach ar 26 Eanáir 2005. Tarraingíodh íocaíocht as an talamh ar Vóta na Seirbhíse Phríosúin i 2005.

Ar mhaithe le tagairt a dhéanamh éasca tá príomhdhátaí agus imeachtaí sa phróiseas fála leagtha amach i dTábla 22.

[25] Go ginearálta úsáideann taifid na Roinne/Seirbhíse Phríosúin agus an OOP maidir le fáil an láithreáin an t-aonad impiriúil 'acra' maidir le hachar talúin in áit an aonaid mhéadraigh 'heicteár'. Úsáidtear acraí sa tuarascáil seo chun aon trí chéile a sheachaint. 1 heicteár = 2.47 acra.

**Tábla 22 Príomhdhátaí agus príomhimeachtaí i gceannach talaimh i Thornton**

| Dáta | Imeacht |
|---|---|
| **Bealtaine 2003** | Molann Fochoiste Caipitil Bord Eatramhach na Seirbhíse Príosúin a chur in áit Phríosún Muinseó ar láthair páirce glaise i gceantar Bhaile Átha Cliath |
| **Meán Fómhair 2003** | Iarrann an tSeirbhís Phríosúin ar Oifig na n-Oibreacha Poiblí (OOP) láthair oiriúnach a lorg. Iarrann an OOP ar CBRE cuardach do láthair idir 60 agus 100 acra, i mórcheantar Bhaile Átha Cliath |
| **Meán Fómhair 2003** | Tugann CBRE tuairisc don OOP ar thorthaí a chuardach maoine don OOP, ag ainmniú 17 láthair féideartha |
| **Eanáir 2004** | Tugann CBRE a dhara tuarascáil don OOP agus, mar a treoraíodh, cuireann sé dhá rogha talaimh de thart ar 80 acra i láthair dó |
| **3 Feabhra 2004** | Aontaíonn an Rialtas le fógrú an Aire den rún i bprionsabal áis príosúin nua a chur in áit coimpléasc príosúin Mhuinseó ar láthair páirce glaise i mórcheantar Bhaile Átha Cliath |
| **11 Feabhra 2004** | Fógraíonn an tSeirbhís Phríosúin san Irish Independent do láthair de thart ar 100 acra, laistigh de 25 chiliméadar ó lár Bhaile Átha Cliath |
| **23 Feabhra 2004** | Fógraíodh an dáta deireanach do thairiscintí láithreacha a fháil |
| **1 Iúil 2004** | 1ú Cruinniú den Choiste Roghnúcháin Láithreach – pléann an Coiste critéir roghnúcháin |
| **9 Iúil 2004** | 2ú Cruinniú —Aontaíonn an Coiste ar scéim luachála láithreach; déanann sé réamh-athbhreithniú ar thairiscintí láithreach |
| **15 Iúil 2004** | 3ú Cruinniú—Déanann an Coiste luacháil ar roghanna láithreach agus roghnaítear sé láthair chun breathnú níos mó orthu |
| **31 Lúnasa 2004** | 4ú Cruinniú —Tugann na comhairleoirí pleanála agus innealtóra toirbhirtí don Choiste ar na láithreacha ainmnithe |
| **15 Meán Fómhair 2004** | Iarrann Príomhstiúrthóir na Seirbhíse Phriosúin ar an gCoiste na critéir luachála a athrú |
| **16 Meán Fómhair 2004** | 5ú Cruinniú— Aontaíonn an Coiste le hiarratas an Phríomhstiúrthóra; molann sé tús a chur le hidirbheartaíochtaí i dtaobh trí láthair |
| **22 Samhain 2004** | Scríobhann CBRE chuig díoltóir Coolquay leis an gcomhaontas dréachtúil; is é an praghas beartaithe ná €31.35m do dhíreach faoi 100 acra |
| **29 Samhain 2004** | 6ú Cruinniú —Aontaíonn an Coiste moladh chun talamh Coolquay a cheannach |
| **30 Samhain 2004** | Faomhann an Rialtas ceannach an láithreach |
| **20 Nollaig 2004** | Táirgtear láthair Thornton don tSeirbhís Phríosúin |
| **21 Nollaig 2004** | Scríobhann dlíodóir dhíoltóra talaimh Coolquay chuig CBRE ag aistarraingt an talamh go foirmeálta |
| **12 Eanáir 2005** | Buaileann ionadaithe na Seirbhíse Phríosúin le páirtithe Thornton agus aontaíonn siad ar bheart |
| **13 Eanáir 2005** | Tairiscint scríofa chuig díoltóir Thornton chun 150 acra a cheannach ar phraghas €29.9m |
| **18 Eanáir 2005** | 7ú Cruinniú – Aontaíonn an Coiste go bhfuil láthair Thornton oiriúnach d'fhorbairt an phríosúin |
| **26 Eanáir 2005** | Síníonn an Stát agus an díoltóir an conradh do cheannach talamh Thornton |

Tugadh faoin scrúdú seo chun breathnú ar conas a bainistíodh aithint agus luacháil na roghanna láithreach agus an ndearnadh an próiseas fála ar bhealach a chinnteodh go bhfaigheadh an Stát luach mhaith ar airgead. Agus an measúnú á dhéanamh, d'fhéach mé chuig an praghas margaidh a shocrú do thalamh inchurtha leis an talamh i Thornton thart ag an am céanna.

Tugadh conradh do Lisney Teoranta chun cuidiú leis an scrúdú.

# Ag Sainiú na Riachtanais Láithreach

Ina thuarascáil i Bealtaine 2003 ar na roghanna d'athfhorbairt nó athsholáthar Príosún Mhuinseó, mhol Fochoiste Caipitil Bord Eatramhach na Seirbhíse Príosúin príosún 600-áit a thógáil ar láthair páirce glaise áit eile i gceantar Bhaile Átha Cliath. Shocraigh siad go mbeadh sé níos éifeachtaí ó thaobh costais de agus ó thaobh oibrithe de go mbeadh sé níos éascaí agus níos tapúla príosún nua a thógáil ar láthair páirce glaise in áit athfhorbairt a dhéanamh ar an gcoimpléasc a bhí ann cheana agus é fós á úsáid. Shocraigh siad freisin go mbeadh laghdú suntasach ar chostais oibrithe mar thoradh ar príosún a thógáil ar láthair páirce glaise agus go ligfeadh sé do sholáthar áiseanna oiliúna oibre agus ceantar caitheamh aimsire atá ag teastáil do phríosún nua-aimseartha, ach nach bhféadfaí cur ar fáil ar láthair Mhuinseó atá srianta.

Níor shonraigh tuarascáil an Fochoiste an chineál talaimh gur cheart a fháil don láthair príosúin, suíomh an talaimh (ach gur ceart go mbeadh sé i gceantar Bhaile Átha Cliath), nó méid an talaimh a bhí ag teastáil. Bhí sé riachtanach ina dhiaidh na riachtanais don láthair maidir leo sin a shainiú mar chuid den phróiseas fála.

## Cineál agus Suíomh an Talaimh

Faoi Alt 181 den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000, tá forbairtí áirithe ag nó ar son na h-údaráis Stáit fágtha amach ó chur i bhfeidhm an chód pleanála ar mhaithe le slándáil náisiúnta nó riaradh an chirt. Mar thoradh air, agus é ag cuardach láithreach, ní raibh an tSeirbhís Phríosúin srianta chun talamh a cheannach i gceantair cathrach nó talamh a bhí criosaithe d'fhorbairt[26]. Uaidh sin bhí talamh talmhaíochta a chomhlíon riachtanas na Seirbhíse Príosúin oiriúnach le breathnú air.

Nuair a chuir an OOP tús leis an gcuardach láithreach ar son na Seirbhíse Príosúin i Meán Fómhair 2003, d'iarr sé ar CBRE suímh a lorg i gceantar ina raibh Baile Bhrigín ar an taobh thuaidh, An Uaimh ar an taobh thiar thuaidh, An Nás ar an taobh thiar theas agus Áth na Fuinseoige ar an taobh thoir theas -i. crios teorann 25 go 30 ciliméadar ó cheartlár Bhaile Átha Cliath. Bhí réimse an chuardaigh chun talamh talmhaíochta, talamh a bhí criosaithe ar mhaithe le tionsclaíocht agus talamh institiúide a chur san áireamh. Níos déanaí mhioncheagartaigh an OOP a threoracha do CBRE, ag iarraidh orthu an cuardach a shrianú go dtí an ceantar ar an taobh thuaidh/an taobh thiar thuaidh den M50.

Nuair a fhógair an tSeirbhís Phríosúin do thairiscintí talaimh ar 11 Feabhra 2004, shonraigh sí go raibh sí ag lorg láthair laistigh de 25 ciliméadar ó cheartlár chathair Bhaile Átha Cliath. Dúirt an Roinn go raibh an teorainn seo bunaithe ar mheasúnú oibrithe nárbh chosúil go mbeadh láthair níos faide ná 25 ciliméadar inmharthana mar phríosún Bhaile Átha Cliath. Rinneadh measúnú tosaigh ar na láithreacha ag an gCoiste Roghnúcháin Láithreach ar an mbunús sin.

I Meán Fómhair 2004, d'iarr Príomhstiúrthóir na Seirbhíse Príosúin ar an gCoiste Roghnúcháin gan breathnú ach ar láithreacha a bhí laistigh d'ocht gciliméadar ó mhótarbhealach M50 - i. thart ar 15 go 16 ciliméadar ó cheartlár chathair Bhaile Átha Cliath. Ba é an dearcadh a bhí aige ná go mbeadh an M50 ina phríomhbhealach chun príosúnaigh a iompar ó agus chuig aon phríosún nua agus go mbeadh deacrachtaí oibrithe do-glactha ag baint le haon áit níos faide ná ocht gciliméadar ón M50.

[26] Forálann Cuid 9 de na Rialacha Pleanála agus Forbartha, 2001 do nósanna fógraíochta le leanúint ag na húdaráis Stáit a bhaineann leo, chun cinntiú go dtéitear i gcomhairle leis an bpobal maidir le forbairtí molta den chineál seo·

D'ainmnigh na cuardaigh tosaigh a rinne OOP/CBRE roinnt láithreacha arbh leis an Stát iad cheana. Luaigh an OOP go raibh eolas aici ar gach gabháltas mór talaimh leis an Stát i mBaile Átha Cliath agus thart air agus go ndearna sí measúnú ar na gabháltais seo le déanaí d'úsáid mar thithíocht inacmhainne, láithreacha do lucht iarrtha tearmainn, agus rl. Mar thoradh air, bhí sí in ann deimhniú go tapaigh don Choiste Roghnúcháin Láithreach nach raibh aon láithreacha oiriúnacha arbh leis an Stát iad ar fáil.

## Méid Talaimh ag Teastáil

Tá coimpléasc príosúin Mhuinseó suite go hachomair ar 20 acra talaimh i gceartlár Bhaile Átha Cliath.

Ba iad treoracha tosaigh an OOP do CBRE ná láthair idir 60 agus 100 acra a lorg. Níos déanaí mioncheagartaíodh na treoracha d'achar láithreach thart ar 80 acra, agus thug CBRE tuairisc ar an mbunús seo in Eanáir 2004.

Nuair a d'fhaomh an Rialtas beartas an tAire chun an príosún a athlonnú ar láthair páirce glaise ar 3 Feabhra 2004, d'iarr sé ar an tAire dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte agus Linbh maidir le todhchaí an Príomh-Ospidéal Meabhairghalar, Dún Droma. Shocraigh athbhreithniú ar na riachtanais chun an t-ospidéal a athsholáthar go mbeadh 20 acra optamach chun a riachtanais a chomhlíonadh.

Shonraigh fógra na Seirbhíse Príosúin ar 11 Feabhra 2004 go raibh sí ag lorg láithreach "circa 100 acra". Dúirt an Roinn gurbh meastachán é seo ar achar an talaimh a bhí ag teastáil chun

- lóistín aon-chillín agus áiseanna a chur ar fáil don líon príosúnach atá i gcoimpléasc Mhuinseó faoi láthair (níos mó ná 900)
- ligin do mhéadú an phríosúin sa todhchaí
- crios mhaolánach a bheadh domhain go leor (70-100 méadar) a chur ar fáil thart ar an imlíne chun cosc a chur ar dhrugaí a shíneadh isteach sa phríosún agus
- soláthar don chás go bhféadfaí an Príomh-Ospidéal Meabhairghalar a chur ar láthair cóngarach do áis an phríosúin nua.

I Meán-Fómhair 2004, mar thoradh ar dheacrachtaí soiléire i láthair idéalach a aithint, chomharthaigh Príomhstiúrthóir na Seirbhíse Príosúin go mb'fhéidir go mbeadh láthair níos lú, gan soláthar don Phríomh-Ospidéal Meabhairghalar nó méadú sa todhchaí, inghlactha. Níor chomharthaigh sé cén t-achar laghdaithe a d'fhéadfadh bheith inghlactha, toisc go mbeadh sé riachtanach dinnseanchas agus cruth na láithreach a chur san áireamh.

Ina dhiaidh cheannaigh an tSeirbhís Phríosúin 150 acra i Thornton, 50 faoin gcéad níos mó ná an méid a measadh go mbeadh ag teastáil.

Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne gur bhraith méid díreach na láithreach a bhí le ceannach ar roinnt factóirí athraitheacha a raibh ina measc

- méid optamach ag tógáil an Phríomh-Ospidéal Meabhairghalar agus forbairt fhéideartha sa todhchaí san áireamh
- fáil
- costas
- coinníollacha a ghearrfadh an díoltóir
- úsáid sa todhchaí
- deis athdhíola.

Dúirt sé gurbh factóirí dinimiciúla iad seo nach bhféadfaí iad ar fad a mheas roimh ré nó gan na láithreacha a bhí ar fáil, ach nach raibh aon athbhrí maidir leis an íos-riachtanas.

## Buiséad um Fháil Láithreach

San áireamh i dtuarascáil Fochoiste Caipitil Bord Eatramhach na Seirbhíse Príosúin do Bhealtaine 2003 tá meastachán do €10m don chostas ar láthair páirce glaise a fháil don fhorbairt príosúin. Ní cuirtear aon sonraí ar fáil sa tuarascáil seo maidir le conas a thángthas ar an meastachán seo (m.sh. méid na láithreach, costas in aghaidh an acra, suíomh agus rl.).

Níor ghlac an Roinn/Seirbhís Phríosúin le buiséad na teorainn inacmhainneachta chun soláthar a láithreach a threorú.

Dúirt an Roinn, mar thoradh ar an líon athróg a bhí ag baint leis, nár creideadh go mbeadh aon tairbhe mhór ag baint le hiarracht a dhéanamh buiséad a bheadh bunaithe go saorga a leagadh don láthair sula mbeadh a obair críochnaithe ag an gCoiste. Ar bhunús a dtaithí fairsinge, bhí an OOP agus CBRE in ann comhairle a thabhairt ar phraghsanna margaidh ginearálta do chineálacha difriúla talaimh a d'fhéadfadh bheith oiriúnach d'fhorbairt príosúin. D'aithin an Coiste freisin go mb'fhéidir go mbeadh orthu plé le díoltóir neamhthoilteanach mar gheall ar an úsáid deiridh a bhí beartaithe don talamh agus go mb'fhéidir go mbeadh sé riachtanach préimh a íoc chun tabhairt ar an díoltóir díol. Níor breathnaíodh ar chostas na láithreach ach mar fhachtóir amháin sa tionscadal iomlán de Mhuinseó a athsholáthar (agus an Príomh-Ospidéal Meabhairghalar) le háiseanna nua ar láthair nua. Ní bheadh costas ceannaigh ina fhactóir criticiúil más rud é gur bhagair sé ar indéantacht an tionscadail iomláin.

# Ag Nochtadh Leas an Stáit

Is é an rogha atá os comhair ceannaitheora ionchasaigh a bhfuil spéis faoi leith aige/aici i ngabháltas talaimh ná a spéis a nochtadh do dhíoltóirí féideartha, nó socruithe a dhéanamh ionas go rachfaí chun cainte ar bhealach discréideach ar a s(h)on gan aitheantas an cheannaitheora a aithint ná na fáthanna lena spéis sa mhaoin.

Roghnaíonn go leor forbróirí talaimh maoin a fháil go discréideach, fiú nuair atá an talamh le díol go hoscailte. Is é an príomh fháth gan spéis a nochtadh go poiblí ná go bhféadfadh díoltóirí bheith in ann aithint cén fáth a mbeadh spéis faoi leith ag an bhforbróir ina dtalamh, sa bhealach sin d'aithneodh sé/sí é mar cheannaitheoir speisialta a mbeadh sé/sí ag súil go n-íocfadh sé préimh thar an bpraghas margaidh, go háirithe áit a d'fhéadfadh sé bheith riachtanach go dtabharfaí ar úinéir an talaimh díol.

Dúirt an OOP gurb í an comhairle a thug sí don Roinn agus don tSeirbhís Phríosúin ná, go mbeadh sé níos fearr dul ar aghaidh go rúnda, ag úsáid gníomhaire tríú páirtí nach bhfoilseodh gurbh é an Stát an ceannaitheoir deiridh, chun an talamh riachtanach a fháil ar an bpraghas ba ísle agus a d'fhéadfaí. Bhí sé seo ar bhunús go bhféadfadh aon fhógra poiblí ar spéis an Stáit sa talamh a fháil an praghas iarrata a mhéadú.

Admhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta go bhféadfadh praghas níos ísle bheith mar thoradh ar straitéis rúnda an tríú pháirtí, ach dhiúltaigh sé é ar roinnt cúiseanna.

- Ní raibh an tSeirbhís Phríosúin cinnte go gcuirfeadh an straitéis seo réimse fairsing láithreacha a d'fhéadfadh bheith oiriúnach ar fáil. Creideann an Roinn gur deimhníodh an dearcadh seo nuair a táirgeadh roinnt láithreán nach n-aithneofaí ar bhealach eile mar thoradh ar an bhfógra.
- Bhí imní ar an tSeirbhís Phríosúin nár chloígh an cur chuige tríú páirtí leis an gcleachtas is fearr chun láthair a fháil d'fhorbairt phríosúin mór toisc nach raibh sé oscailte agus trédhearcach, agus go bhféadfadh líomhaintí gur shocraigh tionchar polaitiúil nó breabaireacht rogha na láithreach éirí as agus mar sin go mbeadh sé deacair a leithéid de Straitéis a chosaint don Roinn ná do Choiste na gCuntas Poiblí.

- Mar gheall ar mhéid an cheannaithe agus an gá le measúnú agus suirbhéanna doimhne roimh cheannach, bhí fíor-amhras ar an tSeirbhís Phríosúin go mbeadh sé dodhéanta i gcleachtas conradh a dhúnadh gan an díoltóir ag fháil amach faoi aitheantas an cheannaitheora.

Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne gur cheart costas aon phréimhe a d'íocfaí thar phraghsanna talamh feirme a mheas i gcoinne na dtairbhí airgeadúla agus neamh airgeadúla a bhainfeadh le cuireadh a thabhairt do chomharthaí spéise trí fhógra poiblí. Dúirt sé freisin nár lorg an Roinn aon chomhairle ghairmiúil ar an tionchar féideartha a bheadh ag a spéis i dtalamh a fháil a fhógrú ar an bpraghas arbh chosúil go mbeadh uirthi íoc. Luaigh sé go raibh an fógra ag lorg tairiscintí láithreacha beartaithe chun roinnt comhartha de napraghsanna a bhí á lorg don chineál talaimh a d'fhéadfadh bheith oiriúnach d'fhorbairt príosúin a chur ar fáil. Bhíothas ag súil, áfach, go mbeadh préimh ceannaitheora speisialta san áireamh sna praghsanna seo cheana, agus mar sin bheadh sé deacair.

Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta OOP go nglacann sé leis go raibh an cur chuige ar ghlac an tSeirbhís Phríosúin leis réasúnta. Luaigh sé freisin, i ndiaidh ceannach faoi rún, go mbronnfadh iarratas pleanála Cuid 9 cead ar an Stát agus ní ar aon duine eile, an cumas an talamh a fhorbairt . D'ardaigh sé an cheist an ceart don Stát an nós seo a úsáid chun gnóthachan pleanála agus luach méadaithe a bhronnadh air féin tar éis praghas i bhfad níos ísle a íoc as an talamh ar an mbunús nach raibh aon deis forbartha aige.

# Fostú Comhairleoirí

Ní mór do ranna agus oifigí lárnacha rialtais cloí le Treoracha Fála AE agus iad ag fáil seirbhísí gairmiúla, seirbhísí comhairleoirí ina measc. Ordaíonn na Treoracha, áit a bhfuiltear ag súil go rachaidh conarthaí earnála poiblí beartaithe do sheirbhísí thar luachanna tairsí áirithe, go gcaithfear a bheith fógraithe in Iris Oifigiúil an AE. I 2004 agus 2005, ba é an tairseach ábhartha d'fháil seirbhísí ná €154,014 (gan CBL).

I dteannta le Treoracha an AE, foilsíonn an Roinn Airgeadais treoracha ag leagadh amach na bprionsabal don chleachtas is fearr agus treorach maidir le comhairleoirí a fhostú agus a bhainistiú. Ina measc tá riachtanais chun conarthaí iomaíochta a lorg ó roinnt soláthraithe seirbhíse, chun táillí seasa a aontú do sheirbhísí sonraithe, agus chun athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar an obair a rinne comhairleoirí roimh íocaíocht dheireanach.

Ar bhunús rialacha agus treoracha Airgeadais an AE, bhunaigh an OOP Coiste Roghnúcháin Comhairleoirí a bhreathnaíonn ar iarratais ar cheapachán comhairleoirí do thionscadail tógála. Tá an Coiste seo freagrach freisin as athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí fostaithe na gcomhairleoirí agus a leibhéil táillí.

D'iarr OOP ar CBRE páirt a ghlacadh sa chuardach láithreach thart ar lár 2003. Ní raibh aon tairiscint don tseirbhís ná aon chonradh foirmiúil. Ainneoin cuardaigh a dhéanamh agus dhá thuarascáil a dhéanamh, níor scríobh CBRE go foirmiúil chuig OOP ag leagadh amach a dtáillí do sheirbhísí gairmiúla beartaithe a bhí ag teastáil chun an fáil láithreach a chríochnú go dtí Bealtaine 2004. Tharla sé roimh chinneadh na Roinne an Coiste Roghnúcháin Láithreach a bhunú.

I measc bearta costais CBRE bhí táillí i dtaobh staidéar roghnúcháin láithreach, scrúdú láithreach agus idirbheartaíochtaí fáil láithreach; staidéir innealtóireachta ar sheirbhísí, coinníollacha bóthair agus láithreach; agus staidéir ar cheisteanna pleanála. Chomharthaigh CBRE gur bheartaigh siad na staidéir innealtóireachta agus pleanála a thabhairt ar fhochonradh do ghnólachtaí innealtóirí comhairle ainmnithe agus pleanálaithe comhairle.

Nuair a thug CBRE a bheartas táille do OOP, bhíothas ag súil nach ndéanfaí measúnú ach ar thrí láthair mar a bhí beartaithe. Ina dhiaidh, ba é an beartas táille iomlán de naseirbhísí comhairle ná €184,500 (móide CBL agus costais).

Faoin am a raibh an próiseas críochnaithe bhí measúnú déanta ar deich láthair ag na hinnealtóirí agus pleanálaithe comhairle. Mar thoradh, ba é an méid a d'íocadh do CBRE maidir le fáil an láthair príosúin ná €256,506 (móide CBL de €53,866).

Níor ghéill an bealach ina ndearna OOP an conradh le CBRE do sholáthar seirbhísí gairmiúla do roghnú agus fháil na láithreach leis na rialacha d'fháil seirbhísí gairmiúla ar roinnt bealaí.

- Níor fógraíodh an riachtanas do sheirbhísí gairmiúla san Iris Oifigiúil, cé go ndeachaigh an méid iomlán a d'íocadh thar an tairseach fógraíochta.
- Ní raibh aon tairiscint iomaíochta do chonradh na seirbhísí gairmiúla
- Níor iarradh ar Choiste Roghnúcháin Comhairleoirí OOP cuidiú leis na soláthraithe seirbhíse a roghnú agus a fhostú.
- Ní raibh conradh scríofa faoi leith ag OOP le CBRE, rud a théann i gcoinne measúnú ar thabhairt seirbhíse agus socrú an mhéid atá iníoctha do na seirbhísí sin.

Mar fhreagra ar mo fhiosrúcháin maidir le fógraíocht agus tairiscint iomaíochta, d'inis an tOifigeach Cuntasaíochta dom go gcaithfear breithiúnais a dhéanamh ar bhonn ó chás go cás de réir na bhfíricí atá ar eolas ag an am. Níor chreid an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh sé riachtanach an riachtanas do sheirbhísí gairmiúla a fhógairt san Iris Oifigiúil. Dúirt sé go raibh ionchur tosaigh CBRE ar bhunús cuardach rúnda do láithreacha á dhéanamh acu. Rinne CBRE obair don tSeirbhís Phríosúin cheana, bhí eolas aige ar na ceisteanna a bhí ag baint leis agus bhí taithí ábhartha aige le déanaí.

Dúirt sé freisin, i gcás an láthair an phríosúin, gurbh é cur chuige tosaigh OOP ná an láthair a fháil go discréideach. Bhí costas measta na seirbhíse seo faoi thairseach fógraíochta an AE. Chomh maith leis sin, toisc go raibh sé beartaithe ag an am úsáid deiridh aon mhaoine a fuarthas a choimeád faoi rún, nach mbeadh aon chiall ag baint le fáil poiblí do cheapadh comhairleoirí gairmiúla. Nuair a socraíodh glacadh le próiseas níos trédhearcaí, chreid OOP go mbeadh moill mar thoradh ar thairiscint do ghníomhaire nua ag an bpointe sin agus go n-éireodh dúbailt neamhriachtanach iarrachta agus costais as.

Dúirt sé go bhfuil an cur chuige a nglactar leis do chomhairleoirí maoine agus ghníomhairí eastáit difriúil leis an gcur chuige do chomhairleoirí seachtracha do ghníomhaíochtaí tógála agus innealtóireachta OOP . Cé go dtarraingítear liosta de ghnólachtaí oiriúnacha ar bhonn fógraí poiblí do sheirbhísí comhairle maoine, coimeádann OOP a gceart ar mhaithe leis an bpobal chun ceapacháin a dhéanamh taobh amuigh den liosta ar chúinsí speisialta nó ar chúinsí ina bhfuil saineolas speisialta ag teastáil nó ar chúiseanna rúnda áit ar cheart spéis an Stáit a choimeád faoi rún ar feadh tréimhse

Dúirt sé go raibh cur chuige tosaigh an OOP don chás seo – go gcoimeádfaí spéis an stáit agus cuspóir na fála faoi rún – i dteannta le taithí ábhartha CBRE le déanaí, ar cheann de na cúiseanna go ndearnadh ceapachán rúnda.

Maidir leis an gconradh le CBRE, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh an conradh bunaithe ar mhalairt r-phost idir an bheirt pháirtí.

Faoi dheireadh, chreid an tOifigeach Cuntasaíochta gurbh ionann an forbhreathnú agus athbhreithniú leantach ar fheidhmiú an ghnóthais ag OOP agus an Coiste gnáth fhorbhreathnú agus gnáth mhonatóireacht sách oiriúnach.

# Luacháil Roghanna Láithreach

D'iarr fógra na Seirbhíse Príosúin go dtabharfaí tairiscintí láithreacha isteach faoi 23 Feabhra 2004. Níor caitheadh leis seo, áfach, mar dháta deireanach seasta (mar is gnách i bpróiseas tairisceana iomaíochta) agus níor fágadh tairiscintí a fuarthas tar éis an dáta sonraithe amach ón mbreathnú. Ní chlúdaíonn rialacha fála AE ceannach talaimh, mar sin bhí sé cuí gur smaoinigh an tSeirbhís Phríosúin ar thairiscintí de réir mar a d'éirigh siad, ar mhaithe le hiomaíocht idir díoltóirí féideartha a uasmhéadú.

## Luacháil Tosaigh

Faoi dheireadh Aibreán 2004, bhí 28 tairiscint ina n-iomlán faighte ag an tSeirbhís Phríosúin mar fhreagra ar an bhfógra. D'aithin OOP/CBRE trí láthair eile a d'fhéadfadh bheith suimiúil trína gcuid oibre cuardaigh. Rinne an OOP agus CBRE measúnú ar na láithreacha ar fad, agus rinne siad gearrliosta de thrí chinn, a tarraingíodh ós na láithreáin sin a chloígh de réir méid agus suíomh leis an méid a bhí ag teastáil. Níl an bunús ar a dtángthas ar an gearrliosta soiléir. Thug OOP tuairisc don Roinn ar an ngearrliostú seo ar 20 Bealtaine 2004.

Le himpleachtaí móra an roghnú láithreach don tSeirbhís Phríosúin ó thaobh airgeadais de agus oibrithe de tógtha san áireamh, chreid an Roinn go daingean go raibh sé riachtanach go ndéanfadh daoine a raibh an saineolas agus taithí acu sna réimsí ábhartha ar fad luacháil ar na roghanna láithreacha ar bhealach oibiachtúil. Toisc nach raibh réimse iomlán na dtaithí a bhí ag teastáil ag OOP agus CBRE, shocraigh an Roinn ar 27 Bealtaine 2004 Coiste Roghnúcháin Láithreach a bhunú chun an luacháil a dhéanamh agus chun taifead a dhéanamh ar an mbunús ar a ndearnadh na moltaí do roghnú láithreach.

## Critéir Luachála

Reachtaigh an Coiste Roghnúcháin Láithreach ar 1 Iúil 2004 agus phléigh sé scéim luachála láithreach. Beartaíodh ocht gcritéar luachála a raibh ina measc costas in aghaidh acra, suíomh ginearálta agus insroichteacht an tsuímh, agus cruth agus méid na láithreach. Le roinnt mionathraithe, aontaíodh ar an scéim ag dara cruinniú an Choiste ar 9 Iúil 2004.

Tar éis litir a fháil ó Phríomhstiúrthóir na Seirbhíse Príosúin, thug an Coiste Roghnúcháin Láithreach athchuairt ar na critéir luachála ar 16 Meán Fómhair 2004. Shocraigh siad costas in aghaidh acra a fhágáil amach ón scéim luachála agus rinne siad athdháileadh ar na marcanna a bhain leis de nacritéir a bhain le suíomh ginearálta agus cruth/méid Tar éis an dáta sin bhí luacháil láithreacha bunaithe ar an scéim athdhéanta. Rinneadh athbhreithniú ar láithreacha a d'fhágadh amach ón mbreathnú níos luaithe ar bhonn costais, agus rinneadh luacháil ar chuid acu de réir na scéime luachála athbhreithnithe. Ní dhearnadh athluacháil ar láithreacha gur fágadh amach ar bhoinn eile. Leagann Tábla 23 amach na critéir luachála agus comharthaíonn sé cén t-ualú a dáileadh do gach ceann acu.

**Tábla 23 Critéir Luachála agus ualaithe a d'úsáideadh sa phróiseas roghnúcháin láithreach**

| Critéar luachála | Bunscéim (9 Iúil go 31 Lúnasa 2004) | | Scéim Athdhéanta (16 Meán Fómhair 2004 go 18 Eanáir 2005) | |
|---|---|---|---|---|
| | Uamharc | Ualú ceatadáin | Uasmharc | Ualú ceatadáin |
| Costas in aghaidh an acra | 80 | 16% | — | — |
| Suíomh ginearálta /insroichteacht maidir le Cúirteanna, príosúin eile agus rl. | 60 | 12% | 100 | 20% |
| Cóngaracht do nascanna iompair poiblí | 80 | 16% | 80 | 16% |
| Fáil seirbhísí éigeandála (Seirbhísí Dóiteáin/Garda/ ospidéil) | 15 | 3% | 15 | 3% |
| Roghanna rochtain/bealaí éalaithe | 65 | 13% | 65 | 13% |
| Cruth, méid, dinnseanchas na láithreach | 100 | 20% | 140 | 28% |
| Fáil seirbhísí, cumhacht, séarachas, agus rl. | 40 | 8% | 40 | 8% |
| Pleanáil/tionchar ar an bpobal | 60 | 12% | 60 | 12% |
| **Iomlán** | **500** | **100%** | **500** | **100%** |

## Seasmhacht Luachála

D'aontaigh an Coiste Roghnúcháin Láithreach go mbeadh ar láithreacha scór de 40% d'iomlán na scór atá ar fáil ar gach critéar ionas nach bhfágfaí amach ón mbreathnú iad.

Scrios an Coiste amach an chuid is mó de na roghanna láithreach ar bhonn comhaontaithe, gan scóir luachála a thabhairt dóibh, shocraigh siad gur theip siad ar cheann amháin de nacritéir luachála ar a laghad. Dháil sé marcanna do 13 láthair ina n-iomlán i gcoinne na gcritéir luachála ag a chruinnithe ar 15 Iúil 2004 (8 láthair), 16 Meán Fómhair 2004 (4 láthair agus athbhreithniú ar láthair amháin a tugadh scór dó níos luaithe) agus 18 Eanáir 2005 (1 láthair— Thornton).

Ní dhearna an Coiste taifead ar an mbunús ar a bronnadh scóir ar láithreacha aonar faoi na critéir éagsúla, cé go raibh na critéir freagrach go ginearálta d'anailís theicniúil agus chainníochtú m.sh fad ó Bhaile Átha Cliath, cóngaracht seirbhísí iompair poiblí, am glao d'fháil seirbhísí éigeandála, meánchostas measta do sholáthar seirbhísí agus fheabhsúcháin ar bhóithre agus rl. Níl sé soiléir ach an oiread conas a chuaigh an t-eolas a sholáthair na comhairleoirí innealtóireachta agus pleanála i bhfeidhm ar an gcinneadh faoin rogha láithreach a dhéanamh .

Toisc nach bhfuil taifead ar bhunús na scórála, tá sé deacair socrú an raibh an luacháil ar na láithreacha seasmhach. Ar mhaithe leis an scrúdú seo, rinneadh comparáid idir na scóir luachála a thug an Coiste do cheithre láthair chun a gcomhsheasmhacht a mheas. Chun ligin do chomparáid a dhéanamh idir na láithreacha a bhí marcáilte faoi na bunscéimeanna agus na scéimeanna athbhreithnithe, léiríodh na scóir a bhronn an Coiste faoi gach critéar mar chéatadán de na huasmharcanna ábhartha.

Roghnaíodh na ceithre láthair toisc go raibh siad suite réasúnta gar dá chéile, agus ar nó in aice leis an bpríomhbhóthar náisiúnta N2. Ba iad na láithreacha ná

- an tIonad Gailf Oscailte, suite idir mótarbhealach M50 agus aerfort Bhaile Átha Cliath – fuair an láthair seo an scór ab airde as na láithreacha ar fad a ndearna an Coiste luacháil orthu, ach tharraing díoltóir na láithreach siar an tairiscint i Lúnasa 2004
- láthair ag Baile na dTarbh, díreach taobh istigh de theorainn Chontae na Mí, a scrios an Coiste amach ó tuilleadh plé ar 31 Lúnasa 2004
- an láthair ag Coolquay, a thairg an Stát a cheannach i Samhain 2004
- láthair Thornton a cheannaigh an Stát faoi dheireadh.

Ba cheart tabhairt faoi deara nach ndearnadh athluacháil ar na suímh seo mar chuid den chleachtadh seo. Ba í an chuspóir ná socrú an raibh na marcanna luachála coibhneasacha comhsheasmach nó nach raibh, níorbh í an chuspóir socrú a dhéanamh ar cén marcanna a bheadh 'ceart'.

Ar roinnt bealaí is cosúil go raibh na marcanna a bhronn an Coiste Roghnúcháin Láithreach neamh-chomhsheasmhach. Mar shampla

- Ní cosúil go bhfuil na faid trí bhóthair ó na láithreacha faoi seach go acomhal an M50/N2 (agus go cheartlár Bhaile Átha Cliath) léirithe go comhréireach sna marcanna a bronnadh faoin gcritéar suíomh ginearálta/insroichteacht.
- Fuair láithreacha ar a d'fhreastal an tseirbhís bus poiblí céanna marcanna difriúla maidir le cóngaracht d'iompar poiblí; agus fuair láthair nár fhreastal aon tseirbhís bus díreach air an marc céanna agus a fuair láthair ar a d'fhreastal seirbhís bus poiblí.
- Fuair láthair amháin marc a bhí níos ísle go mór ná dhá láthair eile i dtaobh fáil seirbhísí láithreach, cé gur mheas na comhairleoirí go mbeadh costas soláthar seirbhísí uisce, séarachais agus fuinnimh ag na láithreacha eile níos airde .

Tá sé ráite ag Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne nach nglacann sé leis gur comparáid bhailí é úsáid céatadán nuair a d'úsáideadh ualaithe difriúla agus nuair a rinneadh measúnú a bhí nua go hiomlán. Dúirt sé gurbh í an tosaíocht ná cinntiú go raibh gach próiseas measúnú comhseasmhach go hinmheánach chun cinntiú go bhféadfaí comparáid bhailí a dhéanamh idir na láithreacha a bhí i gcoinne a chéile.

## Luacháil ar Chostas

Thóg an bunscéim luachála a cheap an Coiste costas in aghaidh an acra mar chritéar, ach bhí ualú íseal aige (16% den scór iomlán a bhí ar fáil). Chruthaigh sé seo an baol go bhféadfadh ualú níos mó a bheith ag difríochtaí idir gnéithe láithreach a bhí réasúnta beag i gcomparáid le difríochtaí móra i gcostas in aghaidh an acra idir tairiscintí láithreáin .

Thug baint amach an critéar costas in aghaidh acra ón gcóras scórála i Meán Fómhair 2004 an deis comparáid a dhéanamh idir láithreacha de réir a mbuanna faoi seach agus ordú ranga coibhneasaigh de na láithreacha a bhí á dtairiscint a bhunú. Ach, ansin bhí scrúdú éigin ar an ngaol idir costais agus tairbhí ag teastáil chun breathnú ar chostas arís sa phróiseas roghnúcháin láithreacha má bhí luach mór le baint amach.

Mhol an Coiste idirbheartaíochtaí praghas a thosú le díoltóirí na dtrí láthair a tugadh an rangú ab airde dóibh sa luacháil a ndearnadh ar 16 Meán Fómhair. Níor breathnaíodh ar chostas ag an gcéim sin – shocraigh an Roinn/an tSeirbhís Phríosúin an breathnú ar chostas a chur siar go dtí gur tháinig fíorchostais talaimh chun cinn in idirbheartaíochtaí leis na díoltóirí. Mar thoradh ar seo, áfach, níor osclaíodh idirbheartaíochtaí ach ar láithreacha áit a raibh na díoltóirí ag iarraidh praghsanna arda ar dtús.

Seans go mbainfí luach níos fearr ar airgead dá mbreathnódh an Roinn/an tSeirbhís Phríosúin ar na láithreacha ar fad a ndeachaigh thar na híosleibhéil scórála i rith an phróiseas luachála iomláine, agus dá measfadh sé arbh fhiú na tairbhí breise cosúla a bhain leis na láithreacha níos costasaí na costais breise. Ba cheart breathnú freisin ar roghanna chun oiriúnacht na láithreacha nach raibh chomh costasach a fheabhsú m.sh. maoin bheag thadhlach a fháil chun cumraíocht iomlán na láithreacha a dhéanamh rialta.

Dúirt an OOP gur chreid an Coiste Roghnúcháin Láithreach go daingean nach raibh i gcostas caipitiúil na láithreach ach eilimint amháin sa chothromóid iomlán luacha le breathnú air don phríosún nua. Dúirt an Coiste gur chreid sé go raibh sé riachtanach an láthair a raibh an chumraíocht is fearr a fháil ionas nach dtarraingeofaí amhras ar chruth rud a mbeadh ina mhór institiúid Stáit le saol feidhmeach de thart ar 150 bliain. Chreid an Coiste go daingean go dtarraingeodh aon bhotún ar leagan amach an phríosúin nua mar thoradh ar láithreacha a bhí níos lú ná idéalach méadú den bhunphraghas láithreach in feidhmiúlactaí oibrithe thar shaol fada an phríosúin.

# Luacháil Láithreacha

Lena spéis fógraithe go poiblí aige, d'fhógair an Stát a staid mar cheannaitheoir a raibh 'spéis speisialta' aige. Chun fáil rathmhar a idirbheartú ar na cúinsí seo, ar a laghad bhí ar na gníomhairí Stáit iomaíocht a choimeád agus iad féin a sholáthar le príomheolas i bhfoirm tuarascála luachála .

Dúirt an Roinn agus OOP cé nár iarr siad ar thuarascálacha luachála ar an maoin a bhí á idirbheartú, phléigh siad go cuimsitheach réimse dóchúil luach margaidh na láithreacha spéisiúla le CBRE. D'aithin siad gurbh cosúil go rachadh na praghsanna a mholfadh na díoltóirí thar na luachálacha margaidh faoi seach tríd an bpréimh 'ceannaitheora speisialta' a bhí ceangailte leis an díolachán. Ní dhearnadh taifead ar chomhairle CBRE ar réimse dóchúil luachála do láithreacha a chuir an tSeirbhís Príosúin spéis iontu ag an am.

## Anailís ar Luachanna Talaimh

Is é luach margaidh an talaimh ná an praghas ar cosúil go mbainfidh sé amach i ndíolachán oscailte, áit a chuireann an díoltóir tús leis an díolachán. Ar na cúinsí sin, is gnách go léireoidh an praghas a baineadh amach cumas táirgthe an talaimh (agus aon fhoirgnimh a théann leis) agus aon 'luach dóchais' a bhraitear go ginearálta agus a éiríonn as an deis an talamh a fhorbairt m.sh. baineann sé le cóngaracht do bhailte nó cheantair i mbun forbartha, bonneagar, pleananna criosaithe agus rl.

Ag an am a ceannaíodh é, ba iad príomhthréithe talamh Thornton a bhí ábhartha maidir lena luach margaidh ná

- gabháltas talaimh mór a bhí ann (150 acra)
- criosadh an talamh do thalmhaíocht, ach bhí eilimint bheag de thalamh criosaithe 'CT' ann[27]
- bhí sé suite faoin dtuath den chuid is mó (tá an t-ionad bhaile is gaire – Soird – thart ar 5 chiliméadar uaidh, trí bhóithre áitiúla
- ní raibh aon teacht ar príomhphíopaí draenála in aice leis
- bhí an talamh suite 1.6 ciliméadar ón N2 agus bhí teacht díreach aige ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla amháin
- the site was not served by public transport.

Léiríonn suirbhé do thorthaí ceant i 2004/2005 le haghaidh gabháltais mhóra talaimh talmhaíochta i gceantair Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus an Mhí Thoir go raibh na praghais a gnóthaíodh sa limistéir idir €20,000 agus €30,000 an acra. Leagtar Tábla 24 amach sampla de na torthaí ceant.

**Tábla 24 Praghsanna a d'íocadh as talamh talmhaíochta i mBaile Átha Cliath thuaidh agus sa Mhí Thoir, Samhain 2004-Deireadh Fómhair 2005**

| Seoladh | Méid (acra) | Praghas in aghaidh an acra | Praghas iomlán |
|---|---|---|---|
| Baile Bachaille, Contae Bhaile Átha Cliath | 86 | €29,766 | €2,560,000 |
| Baile Gháire, Contae Bhaile Átha Cliath | 102 | €30,293 | €3,090,000 |
| An Aill, Contae Bhaile Átha Cliath | 109 | €19,265 | €2,100,000 |
| Ráth Tó Contae na Mí | 238 | €26,050 | €6,200,000 |

Tá sé deacair an leibhéal deise forbartha a d'fhéadfadh dul le haon bheart talaimh faoi leith, mar Thornton, a mheas. Laistigh de cheantar Bhaile Átha Cliath thuaidh, d'íocadh praghais níos airde as bearta móra talaimh talmhaíochta, rud a léiríonn leibhéil dhifriúla deise forbartha. Mar shampla, íocadh €68,000 in aghaidh an acra ar 73 acra talamh talmhaíochta ag Tuirbhe, Contae Bhaile Átha Cliath, cóngarach don M1 – criosaíodh an talamh seo mar thalamh talmhaíochta níos déanaí.

I gceantair atá i mbun forbartha baile de scála mór, is féidir le talamh neamhchriosaithe praghais i bhfad níos airde a tharraingt. Tóg mar shampla

- Íocadh €191,000 in aghaidh an acra as 115 acra talamh neamchriosaithe ag Maigh Arnaí, Contae Bhaile Átha Cliath, ceantar atá beartaithe do mhéadú mór baile nua faoi phleananna ceantair gnímh aontaithe

[27] Tá talamh atá criosaithe mar CT i bPlean Forbartha Fhine Ghall 2005-2011 dáilte mar seo chun a thaitneamhacht do chónaitheoirí agus carachtar braislí lonnaíochta a chosaint agus chun soláthar d'fhorbairt líon isteach ar scála bheag chun freastal ar riachtanais áitiúla

- Íocadh €400,000 as 96 acra talamh neamhchriosaithe ag Tyrrellstown, Contae Bhaile Átha Cliath, ceantar atá i mbun forbartha cónaithí móire.

Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta OOP go ndeimhneodh an t-eolas ar bhrú deimeagrafach ar mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus staidéar ar léarscáil Contae Bhaile Átha Cliath agus suímh coibhneasacha na lonnaíochtaí agus líonraí bóithre gur cosúil go sroichfidh an fhorbairt ceantar Thornton sa todhchaí. Is é a dhearcadh, agus measúnú á dhéanamh ar a luach, ná go ndáilfeadh díoltóir 'luach dóchais' do ghabháltas dá leithéid, ar an mbunús go gceadófaí an fhorbairt leis an aimsir, go háirithe nuair a bheadh athbhreithniú á dhéanamh ar phleananna forbartha i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Dúirt sé gur thóg an Coiste Roghnúcháin Láithreach an dearcadh fada den cheist luacha san áireamh i gcomhthéacs saol dóchúil do 150-bliain ag an phríosúin nua beartaithe agus a áit i gcathair méadaithe.

I ndiaidh an chomhaontais chun an talamh a cheannach i Thornton, scríobh CBRE chuig an Seirbhís Phríosúin ar 3 Feabhra 2005 á rá (i ndiaidh cáineadh poiblí faoin bpraghas ceannaithe) ag rá "*Mar a luamar díbh ón tús, tá aon ní idir €75,000 agus €100,000 in aghaidh an acra á caitheamh ag forbróirí i gceantar chontae Fhine Ghall agus é d'aidhm acu go mbeadh an talamh criosaithe i bpleananna forbartha amach anseo* ."

Chuir CBRE iarmhéid an chostais, leis an bhfíric, go gcuirfí praghas préimhe i gcónaí ar mhaoin a thairg díoltóirí do dhíol, toisc go raibh aitheantas an cheannaitheora ar eolas ag díoltóirí féideartha mar thoradh ar fhógrú poiblí ar riachtanais na Seirbhíse Príosúin. Dar leo, 'sé ba chúis leis an bpréimh seo ná " …*toisc gur aithin díoltóirí an tréith 'titim amach' a bhaineann leis an stiogma maidir le bheith i do dhíoltóir de mhaoin don phríosún i do cheantar."*

Faoi dheireadh, b'ionann an praghas a d'íoc an tSeirbhís Phríosúin don thalamh i Thornton – thart ar €200,000 in aghaidh an acra – an praghas margaidh ag an am do thalamh talmhaíochta a bhí suite go maith le deis forbartha sa cheantar sprice i gContae Bhaile Átha Cliath thuaidh faoi dhó. Cé go n-admhaítear go bhféadfadh an luach dóchais a théann le haon ghabháltas faoi leith bheith éagsúil de réir measúnú suibiachtúil na bpáirtithe ar dheis agus nádúr forbartha sa todhchaí, is cosúil gurbh í an príomhfhactóir as a d'éirigh an difríocht idir an praghas a d'íocadh as talamh Thornton agus an ráta reatha do thalamh cosúil leis sa cheantar ná eolas an bpobal gurb é an Stát an ceannaitheoir agus an phréimh a bhain leis an stádas sin.

# Idirbheartú Ceannachta

Rinne CBRE idirbheartaíochtaí leis na díoltóirí féideartha ar son an Stáit, bhí roinnt bainte ag oifigigh na Seirbhíse Phríosúin.

Níl aon taifead oifigiúil a chomharthaíonn gur shonraigh an Roinn/ an tSeirbhís Phríosúin agus/nó OOP don CBRE cérbh é an straitéis idirbheartaíochta ar ceart dó úsáid, cérbh é an teorainn ar chaiteachas nó cén coinníollacha ar ceart leagadh chun leas an Stáit a chosaint. Ba í an fhianaise amháin ar sainordú idirbheartaíochta ná dhá litir ó CBRE don OOP agus don tSeirbhís Phríosúin ar 11 agus 22 Samhain 2004, ag cur príomheilimintí thairiscint beartaithe an Stáit chun an talamh a cheannach i Coolquay ar thaifead.

Níl aon taifead comhchosúil ann maidir le tairiscint ón Stáit chun an talamh a cheannach i Thornton. Seans, áfach, gur chaith an tSeirbhís Phríosúin leis an teorainn chostais a socraíodh do thairiscint Coolquay (is é sin suas le €31.5m, mar a thug CBRE faoi deara ina litir de 22 Samhain 2004) mar theorainn a shocrú maidir leis an méid a d'fhéadfaí caitheamh maidir le Thornton.

Tugtar faoi deara gur bheartaigh an cur chuige tosaigh ó ghníomhaire díoltóra Thornton praghas de €210,000 in aghaidh acra, ag tabhairt praghas iarrata de €31.5m don 150 acra a bhí á dtairiscint le tuiscint.

## Leibhéal Iomaíochta

Go déanach i Meán Fómhair 2004, tosaíodh idirbheartaíochtaí le díoltóirí trí láthair gearrliostaithe. Bhí siad sin suite i

- Coolquay, Contae Bhaile Átha Cliath
- Saileog, Contae Bhaile Átha Cliath, agus
- Cluain Aodha, Contae na Mí.

Nuair a bhuail an Coiste ar 29 Samhain 2004, áfach, insíodh dó go raibh costas láithreach imithe suas go €500,000 in aghaidh an acra agus nach raibh úinéir láithreach eile "gan a bheith oscailte le haghaidh comhrá réadúil maidir le costas". Mar sin, bhí sé soiléir do CBRE, don Roinn/don tSeirbhís Phríosúin agus don OOP nárbh deis réalaíoch ach an rogha a bhí fágtha (Coolquay) . Faoin uair a bhí talamh Thornton i gceist, ba é an t-aon deis réalaíoch freisin.

Déanta na fírinne, rinne an Stát idirbheartú ar dhíolachán le díoltóirí aonar faoi dhó, gan aon leibhéal éifeachtach iomaíochta. Cé go bhféadfadh na díoltóirí bheith ar an eolas nó gan bheith ar an eolas faoi sin, lagaigh an easpa iomaíochta staid idirbheartaíochta an Stáit. Seans gur chruthaigh an easpa bearta soiléire eile ar fáil eagla sa ghníomhairí Stáit nárbh cosúil go dtiocfadh tairiscintí eile, níos fearr chun cinn.

## Nochtadh Ceangail

Ar 10 Eanáir 2005, insíodh don OOP i gcomhráití teileafóin le hionadaí an CBRE go bhfuair sé amach go raibh ceangal fada aige trí phósadh le díoltóir láithreach Thornton. Deireann oifigigh na Seirbhíse Príosúin gur insíodh dóibhsean freisin ar an dáta sin.

Tógann taifead OOP cóip de nóta comhaid CBRE a scríobh ionadaí CBRE ar 12 Eanáir 2005 san áireamh. Deireann an nóta

- Nach bhfuair ionadaí CBRE amach faoin gceangal leis an díoltóir go dtí 10 Eanáir 2005.
- Ar 12 Eanáir 2005, thug OOP faomh dó chun idirbheartú chun an mhaoin a cheannach faoi réir teidil, fhaomh an Aire agus fhaomh na Comh-aireachta ar an mbunús gur ceart go mbeadh faomh ag teacht agus na comparáidí le maoin Coolquay tógtha san áireamh.
- Bhuail ionadaí CBRE, i dteannta le beirt oifigeach ón tSeirbhís Phríosúin, le díoltóir Thornton, ar 12 Eanáir 2005 chun díolachán féideartha an talaimh don Stát a phlé.

Dúirt OOP gur iarr sé cabhair a nósanna inmheánacha maidir le fógrú spéise nó ceangail sa chás sin, tar éis nochtadh an cheangail seo. Tháirg ionadaí CBRE tarraingt siar ó idirbheartaíochtaí ach dhiúltaigh OOP an tairiscint sin, agus iad ag beartú go raibh an ceangal fada go leor agus go ndéanfaí a thuilleadh dochair don phróiseas dá dtarraingeódh ionadaí CBRE siar.

# Nósanna Réamhfhála

Ag am a thairiscintí chun talamh a cheannach i Coolquay agus Thornton, ní raibh nósanna áirithe críochnaithe ag an Stát.

- Ní raibh suirbhéanna cuimsitheacha láithreacha, a thógfadh roinnt míonna le críochnú, déanta ar cheachtar maoin roimh na tairiscintí ceannaithe. Ar na cúinsí sin, is gnách go bhfuil déanamh suirbhéanna cuimsitheacha láithreacha mar choinníoll do thairiscintí chun ceannach.
- Ní raibh aon chostais chuimsitheach i gceachtar cás ar an obair a bheadh riachtanach tar éis fála chun ligin don láthair a úsáid mar phríosún daingean. Mar shampla níor measadh costas leathnú an bhóthair chun freastal ar thalamh Thornton agus, i gcás talamh Coolquay, ní dhearnadh measúnú ar an gcostas a bhainfeadh le plé le fadhb aitheanta tuile láithreach.

Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta OOP gur chuir na comhairleoirí gairmiúla suirbhéanna ar fáil a thóg san áireamh an t-eolas agus na costais ábhartha ar fad a bhí ag teastáil chun cinneadh a dhéanamh ar fáil, agus gur léirigh críochnú rathmhar díolachán Thornton nár tháinig aon cheist a chuirfeadh deireadh leis an mbeart chun cinn. Dúirt sé freisin gur phléigh an Coiste priacail a bhí ag baint le láithreach agus costais iarfhála sular ndearnadh tairiscintí do dhíoltóirí.

D'inis an tOifigeach Cuntasaíochta dom, cé nár fágadh amach an rogha go bhféadfaí an bóthar a leathnú sa todhchaí, gur measadh go raibh leithead reatha bóthar R130 ón N2 go láthair Thornton dóthain go críochnúil.

# Críochnú Ceannaithe

Tar éis do mholadh láthair Thornton ag an gCoiste Roghnúcháin Láithreach ar 18 Eanáir 2005, scrúdaigh an tSeirbhís Phríosúin agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit teideal, shoiléirigh siad teorainneacha díreacha na láithreacha leis an díoltóir agus réitigh siad conradh le síniú. Réitíodh meabhrán d'eolas don chruinniú Rialtais ar 26 Eanáir 2005, ar a tugadh an ceannach beartaithe faoi deara. Eisíodh cead an Roinn Airgeadais do cheannach an lá céanna agus síníodh an conradh do cheannach an t-iarnóin sin. Bhí deich faoin gcéad den phraghas ceannaigh de €29.9m le híoc nuair a síníodh an conradh, bhí an t-iarmhéid le híoc ar dhúnadh ar 1 Deireadh Fómhair 2005.

# Conclúidí

Bhí na critéir luachála lenar ghlac an Coiste Roghnúcháin Láithreach, a bunaíodh chun measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar na láithreacha a bhí ar fáil agus taifead a dhéanamh ar an mbunús ar ndearnadh moltaí, ábhartha don roghnú láithreach . Ní sholáthraíonn na taifid atá ar fáil, áfach, dóthain eolas faoi bhunús mheasúnú an Choiste, agus tá roinnt neamhréireachtaí soiléire ina luachálacha.

Ba í an fhachtóir dosháraithe i gcostas ard an cheannaithe ná an cinneadh spéis an Stáit i láthair a fháil don phríosún a nochtadh. D'aithin sé seo an Stát mar cheannaitheoir speisialta leis na himpleachtaí ó thaobh an airgeadais de dón Státchiste a chuaigh leis. Toisc gurbh í an suíomh sprice ná talamh ar an taobh thuaidh/an taobh thuaidh theas de Chathair Bhaile Átha Cliath, i ngar go réasúnta don M50, bheadh eilimint de luach dóchais san áireamh sa phraghas iarrtha don talamh, is cuma faoin gcriosú faoi láthair ar mhaithe le pleanáil.

Ar dtús b'fhearr le OOP cur chuige rúnda. Shocraigh an Roinn, cé gur aithnigh sé go bhféadfadh costas láithreach níos ísle bheith mar thoradh ar straitéis tríú páirtí, gur ceart don cheannach bheith oscailte agus trédhearcach i bprionsabal, agus trína spéis a nochtadh go poiblí, go dtarraingeodh sé réimse fhairsing láithreacha a d'fhéadfadh bheith oiriúnach, go háirithe tailte nár smaoinigh a n-úinéirí ar iad a dhíol roimhe sin. Freisin, shocraigh an Roinn, ar leibhéal pragmatach, go bhféadfadh sé bheith deacair díolachán a dhúnadh gan an díoltóir a fháil amach faoi aitheantas an ábhar ceannaitheora mar thoradh ar na measúnú agus suirbhéanna doimhne a bheadh ag teastáil roimh cheannach.

Ghlac OOP leis go raibh cinneadh na Roinne a spéis agus an úsáid deiridh beartaithe a nochtadh réasúnta. Thuig sé na himpleachtaí féideartha dá n-úsáidfeadh an Stát nós speisialta sa dlí pleanála chun gnóthachan airgeadais a bhronnadh air féin.

Rinneadh iarracht mhór chun láithreacha oiriúnacha a ainmniú agus a luacháil don phríosún nua. Ach níor chuir babhtaí aitheantais ag OOP agus an cuireadh do chomharthaí spéise trí fhógrú poiblí go díreach le maoin a bhí oiriúnach ar gach bealach don chuspóir luaite ar phraghas inghlactha a chur ar fáil. Toradh amháin a bhí ar an bpróiseas a tugadh faoi ná socrú praghais, €31.5m, a bhí an Roinn sásta íoc as láthair Coolquay – ceannach nár éirigh leis. Ina dhiaidh, mar thoradh ar chonradh tríú páirtí, cuireadh an láthair ag Thornton ar fáil do dhíol ar an bpraghas céanna. Faoi dheireadh, cheannaigh an Roinn an láthair seo do €29.9m.

Níor chuir na socruithe fála agus go háirithe, úsáid fógra poiblí an Stát i riocht an talamh a fháil ar an gcostas ab ísle a d'fhéadfaí baint amach ó thaobh na heacnamaíochta de. Ach, nuair a glacadh leis an gcur chuige sin, bhí sé tábhachtach go mbeadh eilimint iomaíochta ann chun iarracht a dhéanamh dul in aghaidh bogadh suas costais. Mar a tharla se, níor tháinig aon fhíor-iomaíocht maidir le praghas chun cinn. Dhá uair i rith an phróiseas fála, ní raibh an Stát ag idirbheartú praghais ach le díoltóir féideartha amháin. Níor chuidigh an staid lag idirbheartaíochta seo le luach ar airgead a bhaint amach.

Bhí an tSeirbhís Phríosúin saor faoin dlí pleanála talamh talmhaíochta a úsáid d'fhorbairt áiseanna príosúin. Is cosúil gurb ionann an praghas a d'íocadh as an láthair ag Thornton an praghas margaidh ag an uair do thalamh talmhaíochta a bhí suite go maith le deis forbartha sa cheantar sprice i mBaile Átha Cliath thuaidh faoi dhó. Ar na cúinsí, d'fhéadfadh cur chuige tríú páirtí bainistithe go maith, rúnda ligin don tSeirbhís Phríosúin talamh oiriúnach a fháil ar phraghas i bhfad ba ísle ná an praghas a d'íocadh as an talamh ag Thornton.

Bhí achar an talaimh a fuarthas níos mó ná an t-achar a bhí á lorg ag an tSeirbhís Phríosúin chun freastal ar a riachtanais agus riachtanais Príomh-Ospidéal Mheabhairghalar athlonnaithe. Cé go dtugann an láthair níos mó deis do thuilleadh méadaithe gan tuilleadh fáil talaimh, toisc go raibh an talamh a ceannaíodh níos mó ná praghas margaidh tailte cosúil leis ceistítear an luach a fhaightear as an acraíocht mhéadaithe.

Ardaíonn ceannach na láithreach seo an cheist an bhfuil gá le comhsheasmhacht níos mó sna nósanna fála talaimh a úsáideann an Stát do thionscadail ar mhaithe leis an bpobal. Maidir leis seo, is fiú tabhairt faoi deara go bhfuil praghsanna a íoctar as talamh atá ag teastáil d'fhorbairt bonneagair phoiblí ar bhonn luach margaidh, faoi Mheicníochtaí Ordú Ceannaithe Éigeantaigh, cé gur íoc an Stát préimh mhór faoin meicníocht a d'úsáideadh agus talamh do struchtúr riachtanach ar nós príosúin a fháil.

# Dearcadh Ginearálta na Roinne

Cé go nglacann Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne, go bhféadfadh an luach is fearr ar airgead bheith mar thoradh ar chur chuige tríú páirtí sa chuid is mó de cháis, luaigh sé gur leag na imperatives morálta agus straitéiseacha i gceannach láithreach don fhorbairt príosúin is tábhachtaí i stair an Stáit éilimh speisialta agus uathúla. Glacadh le cinneadh d'aon ghnó ar bhonn prionsabail gan cur chuige tríú páirtí a úsáid do cheannach na láithreach ar na cúiseanna praiticiúla a leagadh amach cheana ach freisin ar chúiseanna eiticiúla go háirithe áit a d'fhéadfaí dul i gcoinne an phobail a mhúscailt agus go gcuirfí iachall ar an díoltóir an ceantar a fhágáil. Tá sé sásta nach bhféadfaí láthair a bheadh chomh oiriúnach agus atá Thornton a fháil ar phraghas níos lú mar a d'íocadh ar na cúinsí faoi leith. Athneartaíonn an fhíric nár íocadh aon láithreacha chomparáideacha níos gaire do Bhaile Átha Cliath le déanaí ar phraghas in aghaidh acra níos lú ná mar a d'íocadh as Thornton go bhfios don Oifigeach Cuntasaíochta, an dearcadh seo.

# Caibidil 5

# An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtais Áitiúil

# 5.1 Cuspóirí Líonta Talún

Is í dramhaíl bardasach in-bhithmhillte (DBI) dramhaíl atá in ann dianscaoileadh a dhéanamh i gceann tréimhse trí phróisis nádúrtha. Cuimsíonn sé dramhaíl teaghlaigh chomh maith le dramhaíl trádála agus eile atá cosúil le dramhaíl ó theaghlaigh, de bharr a nádúr nó cumadh. Déantar suas é de réir cineál de dhramhaíl orgánach mar ábhar bia agus gairdín, le chéile le hábhair in-bhithmhillte eile mar pháipéar agus cairtchláir, adhmad agus teicstílí.

## Dualgais Stáit

Chuir Treoir an AE um Líonadh Talún 1999 [28] dualgais ar Bhaill Stáit maidir le Bainistiú Dramhaíola. San áireamh leis na príomh-dualgais gearrtha ag an Treoir tá an riachtanas ann chun:

- leibhéal an DBI a bhí curtha de lámh trí líonadh talún i gcéimeanna suas go 2016 a laghdú de réir a chéile
- straitéis náisiúnta um bhainistiú dramhaíola a fhoilsiú.

Bhí iallach ar Éire dlíthe, rialacháin agus achta riaracháin a tharraingt isteach roimh Iúil 2001, chun an Treoir a chur i bhfeidhm. Glacadh leis an Acht um Bhainistiú Dramhaíola (Leasú), 2001, de thoradh an dhualgais seo. Thar na bliana, thóg an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil isteach a lán rialacháin chun déileáil le gnéithe na Treorach – neartaíodh iad seo i 2004.

## Polasaí Náisiúnta

D'eisigh an Roinn méid mór cáipéisí polasaí le déanaí d'fhonn freastal a dhéanamh ar an gceist dramhaíola, agus ba é an chéad cheann ná *Waste Management-Changing Our Ways* a foilsíodh i 1998. Chuir an cháipéis seo amach cuspóirí náisiúnta do chóireáil bhitheolaíoch agus athchúrsáil dramhaíola bardasaigh, chun bheith curtha i gcrích thar tréimhse cúig mbliana déag. Seo iad na cuspóirí atá úsáidte ag an Roinn nuair a fhéachtar ar dhul chun cinn.

D'éiligh an Treoir 1999 an fhorlíonadh straitéis náisiúnta um DBI don AE roimh Iúil 2003. Bhí an Straitéis Náisiúnta um Dramhaíl In-bhithmhillte foilsithe ag an Roinn in Aibreán 2006. Cuireann an Straitéis síos ar réimse bealaí, deartha chun an Stáit a chumasú cuspóirí claonta líonta talún, mar a leagadh amach sa Treoir 1999, a chomhlíonadh.

## Cur in bhFeidhm Beart

Bhunaigh Treoir Creatlaí um Dramhaíl 1975 riachtanas don phleanáil dramhaíola, ceadúnais d'iompróirí agus íocann an truaillitheoir an cuid is mó. D'ullmhaigh gach ceann de na húdaráis áitiúla pleananna bainistíochta dramhaíola, de thoradh dualgais a tháinig ón Treoir. D'éiligh an tAcht um Bhainistiú Dramhaíola, 1996 ó na húdaráis áitiúla pleananna bainistíochta dramhaíola a dhéanamh, ina n-aonair, é sin nó le chéile le húdaráis eile. Ina dhiaidh sin, tháinig seacht gceantair i gcrích, gach ceann ag léiriú méid mór údaráis áitiúla. Rinne gach ceann de na seacht ceantair plean bainistíochta dramhaíola don a gceantair, seachas trí údaráis áitiúla a d'ullmhaigh pleananna aonair. I 2005 d'fhoilsigh na ceantair a dóú sraith pleananna, i nginearálta do thréimhse cúig bliana suas go 2009 nó 2010. Bhí Ráiteas Polasaí, a rinne an Roinn i 1998, bunaithe ar chliarlathas cinntithe idirnáisiúnta de roghanna do dhéileáil le bainistíocht dramhaíola. Ba iad na roghanna, in ord, cosc, laghdú, athúsáid, athchúrsáil, aisghabháil fuinnimh agus diúscairt. De réir Tuarascáil Fhorbhreathnaithe na Roinne ar Phleananna Bainistíochta Dramhaíola, foilsithe i 2004, ba iad na roghanna ar roghnaigh na húdaráis áitiúla iad ina bpleananna bainistíochta dramhaíola ná athchúrsáil, cóireáil theirmeach agus líonadh talún, leis an athchúrsáil mar an rogha ab ansa leo.

---

[28] Treoir Comhairle 1999/ 31/ CE

Déanann an bhailiú teaghlaigh scartha, bainc tarraingthe, suímh áise cathartha, áiseanna fáil ar ais ábhair nó stáisiúin seachadta agus áiseanna cóireála bitheolaíocha éascaíocht do athchúrsáil. Níl soláthar áiseanna cóireála bitheolaíocha, a dhéileálfadh le dramhaíl orgánach, ach ag an gcéim molta leis na húdaráis áitiúla go léir ach amháin i dhá réigiúin. Bíodh sin mar atá, tá méid méadaithe áiseanna rannta príobháidigh ag teacht ar aon chéim le cinn eile ag na céimeanna pleanála agus forbartha.

Cé gur soiléir é an dul chun cinn maidir le hathchúrsáil rudaí áirithe de dhramhaíl bardasach mar ghloine agus miotail iarnála, níl an toradh céanna le feiceáil leis an DBI. Seoltar cuid mhór ábhair orgánacha agus teicstílí fós do láithreacha líonta talún.

# Tuairisciú Dul chun cinn

Tháinig Rialú Staitistice Dramhaíola AE isteach i Mí na Nollag 2002, le dualgas ar an Stáit chun tuairisc a dhéanamh ar an eolas 2004 roimh Mheitheamh 2006. Beidh tuilleadh comhréiteach maidir le staitisticí dramhaíola riachtanach. Tá rogha ag an Stát maolú ón dáta tuairisce 2006 seo a iarraidh i leith catagóirí dramhaíola éagsúla.

Ag leibhéal náisiúnta, tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) freagrach as bailiú agus tuairisciú staitisticí náisiúnta ar ghiniúint agus bhainistiú dramhaíola. Ó 2001, tá eolas foilsithe acu i leith DBI. Tá an t-eolas bunaithe ar bhailiú bliantúil d'fháltas ó údaráis áitiúla agus coimeádaithe ceadúnais dramhaíola, le húsáid ceistiúcháin.

Thug tuairisc, a rinne an Roinn[29], faoi deara gur chuir pleananna bainistíochta dramhaíola an údaráis áitiúil an easpa eolais seasmhaigh, iontaofa ar ghiniúint dramhaíola laistigh na réigiúin chun suntas agus ann chaoi ina mbíonn smaointe difriúla d'fháltas agus do staitisticí tar éis bheith tógtha sa phleananna le húsáid éagsúlachta measartha fáltais agus cleachtaidh cur i láthar. D'úsáid cuid de na pleananna rátaí cuspóra nó cainníochtaí, chuir cuid eile díobh cuspóirí in iúl i dtéarmaí méadaithe sa rátaí nó cainníochtaí a fuarthas ar ais nó a bhí athchúrsáilte, nuair a bhí cuspóirí curtha in iúl i bpleananna eile i dtéarmaí laghdaithe sa rataí nó cainníochtaí dramhaíola chun bheith riartha i mbealaí eile (m.sh. líonadh talún). Thug sé faoi deara freisin go d'athraigh dátaí toraidh cuspóra idir pleananna agus rangaigh sé ó 2004 suas go 2013.

Mhol tuairisc, foilsithe ag Forfás[30], níos mó comhordú i gcur i bhfeidhm pleananna bainistíochta dramhaíola agus comhoibriú réigiúnach agus náisiúnta níos éifeachtaí in ordú chun gréasán iomlána de háiseanna bainistíochta dramhaíola a chur i gcrích.

Mhol an GCC in a thuairisc 2004 go mba chóir go dtabharfadh údaráis áitiúla tacaíocht d'iniúchadh agus chleachtaidh deimhnithe eile in ordú chun creidiúint an fháltais a fheabhsú, agus go mba chóir go dtacófaí forbairt na gcórais bainistíochta eolais dramhaíola ag leibhéil áitiúla agus náisiúnta go gníomhach.

# Cuspóirí do Laghdú Dramhaíola Bardasaigh In-bhithmhillte Líonta i Talamh

Socraíodh laghdú sa mhéid a d'fhéadfaí a bheith seolta go láthair líonta talún faoi Threoir 1999 ag tagairt don mhéid iomlán de réir meáchain DBI arna ghiniúint i 1995. Ní bheadh an t-uasmhéid, a mbeadh in ann bheith seolta go láthair líonta talún, in ann bheith níos airde ná na céatadáin seo a leanas den leibhéil 1995

- 75% roimh Iúil 2006
- 50% roimh Iúil 2009
- 35% roimh Iúil 2016

[29] Bainistíocht Dramhaíola, ag Athbhreithniú agus ag Dul ar Aghaidh, Aibreáin 2004
[30]Bun-Ceisteanna Bainistíochta Dramhaíola in Éirinn, Iúil 2003

Aontaíodh 1995 an bun-fhigiúir do DBI giniúna idir an GCC agus an Roinn ag beagáinín faoi 1.3m ton. Socraíodh an fhigiúir seo tar éis eolais, a bhí bailithe ag an nGníomhaireacht ón a raibh príomh-fháltas 1995 curtha le chéile, a thabhairt san áireamh agus cuireadh sé sin san áireamh i dTuairisc Dramhaíola Náisiúnta na Gníomhaireachta 2004 a bhí foilsithe i 2006.

Tugann an Treoir 1999 cead do Bhaill Stáit, a choinsínigh níos mó ná 80% de dhramhaíl bardasaigh bailithe do láthair líonta talún, chun cur i gcrích na cuspóirí seo a chur siar go tréimhse nach bhfuil ag dul thar cheithre bhliain. De réir an *National Waste Database Report 1995*, choinsínigh Éire timpeall 92% de dhramhaíl bardasaigh go láthair líonta talún sa bhliain sin. Cuireadh in iúl don Choiste Eorpach go foirmiúil i litir an 22 Mí na Nollaig 2005 go mbeidh an Straitéis Náisiúnta um Dramhaíl In-bhithmhillte bunaithe ar an gcéad céim dáta cuspóra de 2010 (iarchurtha ó 2006) agus ar dháta cuspóra den dara chéim i 2013 (iarchurtha ó 2009), leis an rún ráite go mbíonn na húdaráis Éireannacha geallta go daingean do chur i gcrích na cuspóirí ag na dátaí is luatha agus go díreoidh iarrachtaí ar chur i gcrích an chlaonta DBI riachtanaigh ó líonadh talún roimh na dátaí cuspóra athbhreithnithe seo.

Deireann an Straitéis Náisiúnta freisin go athbhreithneoidh Éire cúrsaí i leith maolaithe ceithre bhliain le fáil ó 2016 go 2020 agus déanfaidh sé beart feasach ar na seansanna do chur i gcrích cuspóirí claonta an tríú céim chomh luath agus is indéanta.

# Léiriú Laethúil ar Chlaonadh ó Líonadh Talún

D'iontráladh don chéad uair an cuid in-bhithmhillte de dhramhaíl bardasach ar leith i Tuairisc Bunú Fáltais Náisiúnta 2001 an GCC. Cuirtear DBI i gcatagóirí faoi teidil an adhmad, an páipéir agus an cairtchláir, na n-orgánaí agus teicstílí.

I 2004, an bhliain is déanaí ina mbíonn staitisticí le fáil, bhí 1.3m ton de DBI fós á dhiúscairt trí líonadh talún. Ba é an méid iomlán DBI a soláthraíodh thar 1.9 ton.

Nuair a bhriseann an catagóir síos an cur i láthar seo, leagtar amach an suíomh i dTábla 25.

**Tábla 25 Dramhaíl Bardasach In-bhithmhillte Stiúrtha i 2004[31]**

| Catagóir Dramhaíola | Tonnáiste Riartha | Tonnáiste Líonta i Talamh | Tonnáiste faighte ar ais | % Líonta i Talamh |
|---|---|---|---|---|
| Adhmad | 175,330 | 14,180 | 161,150 | 8.1 |
| Páipéar agus Cairtchláir | 821,903 | 446,306 | 375,597 | 54.3 |
| Orgánacha | 780,460 | 696,955 | 83,505 | 89.3 |
| Teicstílí | 157,521 | 146,986 | 10,535 | 93.3 |
| **Iomlán** | **1,935,214** | **1,304,427** | **630,787** | **67.4** |

Bhí dramhaíl a bhí faighte ar ais i 2004 curtha ar leataobh ó líonadh talún trí athchúrsáil agus oibríochtaí aisghabhála eile. Cuireadh sé sin i bhfeidhm trí bhailiúcháin scartha de ábhair in-athchúrsáilte tirim measctha le scéimeanna taobh ciumhaise agus dramhaíl orgánach, le chéile le hábhair in-athchúrsáilte tirim bailithe trí háiseanna tarraingthe.

Tá dhá príomh treonna soiléir i mbainistíocht an DBI i mblianta deireanacha.

- Tá an méid iomláin saothraithe tar éis fáis go héifeachtach ó 1995 agus leanann sé ar aghaidh ag fás – ó 1.5m ton i 2001 go 1.9m ton i 2004. Tá an treo ardaithe thar na blianta tar éis bheith curtha i leith fáis daonra agus gníomhaíochta eacnamaíochta méadaithe.


[31] Foinse: EPA National Waste Report 2004

- Tá inruathair tar éis tarlú i laghdú an méid a bhí seolta go láthair líonta talún. Go dtí 2004, bhí 67% ag dul go láithreacha líonta talún i gcomparáid le 85% i 2001. Cibé mar atá, bhí beagáinín níos mó ag dul go láthair líonta talún i saor théarmaí i 2004 ná i 1995.

# Claonadh Éilithe chun Cuspóirí a Chomhlíonadh

D'ainneoin an laghdú i gcéatadán DBI atá ag dul go láthair líonta talún agus ag tabhairt an fáis beartaithe i nginiúint DBI san áireamh, tá sé tar éis bheith measartha go mbeadh ar an méid a mbeadh curtha ar leataobh méadú mar a leagtar amach i bhFigiúir 3 Claonadh riachtanach chun cuspóirí a chomhlíonadh

**Figiúir 3 Claonadh riachtanach chun cuspóirí a chomhlíonadh**[32] [33]




# Imní Iniúchta

Nuair a bhí an cuid iomláin DBI a bhí ag dul go láthair líonta talún ag laghdú, lean an tomhais a bhí ag dul go láthair líonta talún ag méadú sa tréimhse 1995 go 2004. Dhealródh sé, dá bhrí sin, go mbíonn fiontar mór ann go teipfidh Éire na cuspóirí a leagadh amach sa Treoir um Líonadh Talún a chomhlíonadh. Le féidearthacht pionóis airgeadúla AE atá ag teacht ó theipeadh mar seo, chuardaigh mé tuairimí an Oifigigh Cuntasóireachta ar éifeachtach na mbealaí a rinneadh go dtí an dáta seo agus ar an ngníomhaireacht mollta chun cuspóirí ainmnithe a chomhlíonadh.

# Freagra an Oifigigh Chuntasóireacha

D'inis an t-Oifigeach Cuntasóireachta go bhfuil sé muiníneach go cruthaíonn an Straitéis Náisiúnta um Dramhaíl In-bhithmhillte bunú creidiúnach do chur i gcrích cuspóirí claonta líonta talún. Bhí an Straitéis Náisiúnta Dréachta um Dramhaíl In-bhithmhillte faoi réir próisis comhairligh poiblí faoin a raibh forlíonta faighte ón a lán príomh coimeádaithe geallta. Rinne na forlíonta seo éascaíocht do hullmhú Straitéise níos mó inste, scafánta agus comhtháite, a mba chóir go mbeadh leibhéil níos airde tacaíochta aige ó coimeádaithe geallta. Cruthaíonn an straitéis foilsithe clár cuimsitheach bealaí agus gníomhaíochta atá dealraithe géilleadh do chuspóirí Claonta Líonta Talún mar atá le feiceáil sa Treoir um Líonadh Talún.

Chuir sé in iúl go raibh dul chun cinn fiúntach déanta ar bhainistíocht an DBI idir 1995 agus 2004. Bhí beagnach 33% dramhaíola athchúrsáilte i 2004 i gcomparáid le 11% i 1995. Léirítear é sin i dTábla 26.

---

[32] Foinse: National Strategy on Biodegradable Waste.
[33] Tá na diúracaidh seo bunaithe ar mhaolú ceithre mbliana do na cuspóirí 2006 agus 2009.

**Tábla 26- Dramhaíl Bardasach In-bhithmhillte athchúrsáilte 1995, 2001 - 2004**

| Bliain | Ollmhéid le Fáil Tonnáiste | Líonadh Talún Tonnáiste | Athchúrsáilte Tonnáiste | Ráta % |
|---|---|---|---|---|
| 1995 | 1,289,911 | 1,147,320 | 142,591 | 11.1 |
| 2001 | 1,525,315 | 1,291,464 | 233,852 | 15.3 |
| 2002 | 1,727,490 | 1,365,628 | 361,862 | 20.9 |
| 2003 | 1,855,505 | 1,317,560 | 537,944 | 29.0 |
| 2004 | 1,935,214 | 1,304,426 | 630,788 | 32.6 |

D'imlínigh sé freisin na bealaí atá mollta laistigh an Straitéis, de bharraíocht iad sin a bhí i bhfeidhm i 2004, in ordú chun éascaíocht a dhéanamh do bhaint amach cuspóirí claonta líonta talún sna ceantair coisc, athchúrsáil agus cóireáil bhitheolaíocha, agus cóireáil dhramhaíola fuílligh.

## Cosc

- Clár Coisc Dramhaíola Náisiúnta – tá modúil chun déileáil go sainiúil le DBI chun bheith forbartha i ndiaidh foilseacháin den Straitéis.
- Tabhairt isteach córas "Íoc-le-hÚsáid" de bhainistíocht dramhaíola ar 1 Eanáir 2005.
- Leanúint feachtas "Rás in aghaidh Dramhaíola" leis an aidhm iompair timpeallachta a fheabhsú.

## Athchúrsáil agus Cóireáil Bhitheolaíocha

- Bunaíodh Grúpa Forbartha Margaidh de phríomh coimeádaithe geallta i ndeireadh 2004 le haidhm forbairt margaidh a bhí ann do ábhair in-athchúrsáilte a thiomáint ar aghaidh agus úsáid agus margaidh nua do thimthriallaí agus tháirgí athchúrsáilte tánaisteacha a ionannú. Bunaíodh Grúpaí Oibre Scartha do thosaíocht scuaine DBI páipéir/ cairtchláir agus orgánacha.
- Úsáidfidh na hÚdaráis Áitiúla an chóras Ceada Bailithe Dramhaíola chun riachtanas do pholasaithe bailithe scartha a thabhairt isteach i gcaoi aonfhoirmeacha trasna a gceantar feidhme.
- Cinnfidh údaráis áitiúla fodhlithe a mbeidh ag rialú léirithe agus bailithe dramhaíola chun cur in áit córais bailithe scartha a thacú.
- Athbhreithneofar ar rialacháin ar bhunú rialta chun bheith cinnte go dtabharfaidh na soláthair achtála do bhailiú dramhaíola agus áiseanna cóireála dramhaíola tacaíocht do chuspóirí an Straitéise go dtí an fhairsinge is mó atá indéanta.
- Tabharfaidh cúnamh deontais caipitil tacaíocht do sholáthar roimh-cóireála (m.sh. Áiseanna Fáil ar Ais Ábhair) agus áiseanna cóireála bitheolaíocha na n-údaráis áitiúla.

## Cóireáil Dhramhaíola Fuílligh

- Éileofar Cóireáil dhramhaíola fuílligh chun déileáil leis an gcuid DBI nach bhfuil in ann bheith coiscthe nó athchúrsáilte (ag cur aon ceann de timthriall ábhair nó cóireála bitheolaíocha san áireamh) agus nach bhfuil cead aige bheith curtha i láthair líonta talún faoi sholáthraí na Treorach 1999.
- Féachtar ar Cóireáil theirmeach le fáil ar ais fuinnimh mar teicneolaíocht cóireála dramhaíola fuílligh atá in ann déileáil le dramhaíl nach bhfuil ina DBI agus dramhaíl tionsclaíocha. Aithníonn na 10 Pleananna Bainistíochta Dramhaíola do réigiúin/ chontaetha na hÉireann go bhfuil ról polasaithe iomlána an cóireála teirmigh agus áiseanna tar éis bheith mollta do chóireáil an dhramhaíola fuílligh laistigh 6 den réigiúin.
- Leanann cóireáil theirmeach nó líonadh talún an Cóireáil Mheicniúla-Bitheolaíocha (CMB) go ginearálta – agus tá sé in ann ról i roimh-leigheas an dhramhaíola teirmigh a imirt, go háirithe i dtréimhse gairid-go-meáin nuair a fhorbraítear an ceapaíocht cóireála teirmigh. Ba chóir go mbeadh an ceapaíocht CMB comhoiriúnacht le leigheas orgánaí scartha-foinse sa todhchaí.

Chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúl go leagann an Straitéis Náisiúnta um Dramhaíl In-bhithmhillte amach an tonnáiste bliantúla iomláin a mba chóir go gcuirfí i leataobh ó láthair líonta talún ag leibhéil náisiúnta gach bliain chun cuspóirí líonta talún Éireannaigh a chomhlíonadh. Freagraíonn na riachtanais claonta seo don cheapaíocht le fáil a mbeidh riachtanach do bhealaí cóireála eile chun an DBI, atá curtha i leataobh ó líonadh talún, a shaothrú. Cuireann an ceapaíocht san áireamh bonneagar bailithe dramhaíola oiriúnacha, bonneagar roimh-cóireála (mar Áiseanna Fáil ar Ais Ábhair) agus ceapaíocht saothraithe deireanaigh do na hábhair ullmhaithe atá in ann bheith athchúrsáilte.

In ordú chun an solúbthacht is fearr a fháil don Straitéis, chun cuspóirí náisiúnta a chur i gcrích, tiomnaíodh saoirse do contaetha/ réigiúin pleanála dramhaíola aonair chun roghnú ar conas a mbeadh a bPleananna Bainistíochta Dramhaíola in ann déileáil leis na riachtanais claonta líonta talún laistigh fráma iomláin na gcuspóirí náisiúnta. Bheadh gach réigiúin/ contae éilithe chun an ceapaíocht riachtanach a sholáthar go díreach nó faoi seach chun an ceapaíocht riachtanach a lorg taobh amuigh den réigiúin/ chontae. Tá na figiúirí beartaithe do riachtanais cóireála eile chun bheith coinneálaithe faoi léirmheas leanúnach agus chun bheith thuas-dátaithe go rialta ag gach réigiúin/ contae in ordú chun bheith cinnte go bhfuil sá-ceapaíocht ar fáil chun éascaíocht a dhéanamh do chur i gcrích na cuspóirí claonta DBI riachtanacha.

# Measúnú Feidhmíochta

I dtéarmaí an léirithe measartha de húdaráis áitiúla ag an Roinn, dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta go mbeidh toradh cur in áit na mbealaí bainistíochta don scuaine DBI tomhaiste in aghaidh leibhéil giniúna an dhramhaíola, na rátaí athchúrsáil agus fáil ar ais do hábhair éagsúla, agus an méid DBI seolta go láthair líonta talún faoi dheireadh. Athbhreithneofar ar an Straitéis ag scaití rialta agus beidh sé faoi réir forbartha níos faide a mbeidh deartha chun na príomh-cuspóirí agus aidhmeanna, atá tar éis bheith bunaithe, a sheachadadh.

Ghlac an t-Oifigeach Cuntasóireachta leis an gcaoi go mbeidh an féachaint ar agus athbhreithniú ar chur in áit straitéise géibheannach má cuirfear na cuspóirí dúshlánacha i gcrích. Moltar na bealaí faire seo a leanas

- treoraí léirithe simplí ag imlíonadh léirithe laethúil agus cuspóirí todhchaí i dtéarmaí giniúna DBI, rátaí athchúrsáil cairtchláir/ páipéir, rátaí athchúrsála teicstíle, rátaí athchúrsáil adhmad, rátaí cóireála bitheolaíocha do dhramhaíl orgánach, rátaí cóireála dramhaíola fuílligh agus leibhéil líonta talún DBI (féachTábla 27).
- Eiseoidh an GCC tuairiscí rialta ar na treoraí léirithe seo in a fhoilseacháin Tuairisce Dramhaíola Náisiúnta.
- Cuirfidh gach Tuairisc Cur in Áit Bliantúil, chun bheith ullmhaithe ag údaráis áitiúla ar chur in áit an Phlean Bainistíochta Dramhaíola, i gcuntais dul chun cinn a mbeidh déanta i leith an Straitéis Náisiúnta um Dramhaíl In-bhithmhillte i rith na bliana roimhe sin.
- Soláthróidh an Grúpa Cur i bhFeidhm Straitéise eolas cineálach maidir le mionsonraí cur in áit straitéise agus déanfaidh sé moltaí ar an gcaoi ina mbeidh léiriú feabhsaithe in ann bheith curtha i gcrích.

I dtéarmaí na hábhair aonair laistigh an scuaine DBI, moltar na leibhéil cuspóirí athchúrsáil seo a leanas.

**Tábla 27 Leibhéil Sprice atá Bearthaithe**

| **Athchúrsáil Ábhair** | **Spriocanna** |
|---|---|
| Páipéir/ Cairtchláir | 55% i 2010, 65% i 2013 agus 67% i 2016 |
| Adhmad | 90% go 95% idir 2010 agus 2016 |
| Teicstílí: | 15% i 2010, 20% i 2013 agus 25% i 2016. |
| **Cóireáil Bhitheolaíocha** | **Spriocanna** |
| Claonadh Iomláin de bhia agus dhramhaíl gairdín: | idir 35% i 2010 agus 48% i 2016. |
| Muiríne Teaghlaigh: | 13.5% i 2010 agus 2013, 16% i 2016. |
| Bailiú Scartha agus Cóireáil Bhitheolaíocha Cuimsithe | 25% i 2010, 33% i 2013 agus 36% i 2016. |

# Caibidil 6

# An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

# 6.1 Íocaíocht Tuarastail in ionad Saoire Bliantúla nach Glacadh

## Rialacháin na Saoire Bliantúla

Leagtar amach rialacháin do rialú agus do smachtú liúntais saoire bliantúla do státseirbhísigh i gCiorclán 27/03 na ranna airgeadais.

Ligeann na rialacháin seo déanamh na n-íocaíochtaí do státseirbhísigh don shaoire bliantúil glactha a fhástar ag dáta stoptha na fostaíochta *m.sh.* géilliúlacht, scor nó bás. Ba chóir go gcomhairfí íocaíocht i leith gach lá de shaoire bliantúla nach glacadh ar bhonn cúigiú den thuarastal seachtainiúil gnáiche, gan baint le cibé go híoctar an fhoireann oibre ar bhonn seachtainiúil, coicísiúil nó míosúil.

Leagann an Ciorclán amach rialacháin chun bheith curtha i bhfeidhm in aon áit nach bhfuil sé féidearthacht de bharr riachtanais oibre cead a thabhairt do bhaill den fhoireann oibre fónamh a bhaint as saoire bhliantúil de bharraíocht ar an íosmhéid reachtúil. Tá aon saoire nach glacadh mar seo in ann bheith tugtha ar aghaidh go dtí an bhliain i ndiaidh sin ar bhonn timthrialla trí-bhliana. Cibé sin, is fíneáil é saoire atá tugtha ar aghaidh ag deireadh an dara bhliain den thimthriall muna tógtar é i rith an tríú bhliain. Faoi choinníollacha Ullmhaithe an Achta Ama Oibre 1997, bíonn ar Roinne bheith cinnte go dtógann oifigeach a t(h)eidlíocht saoire bliantúla íosmhéide reachtúla iomláin laistigh den bhliain ina fhástar é nó, le cead an fostaí, laistigh de sé mhí ó thosach na bliana saoire i ndiaidh sin. Ligeann sé seo tabhairt ar aghaidh teoranta d'fhuílleach reachtúla nach glacadh sa bhliain saoire nua.

## Torthaí an Iniúchta

Le linn iniúchta párolla den Roinn Oideachais agus Eolaíochta tugadh faoi deara gur íoc an Roinn as saoire nár tógadh de 120 lá le hoifigeach sinsearach a d'imigh ar scor le déanaí. B'é an méid grósa íocaíochta déanta ná €77,586.

Sa chaoi gurbh buartha a bhí mé gur bhris cuid den shaoire nach glacadh, don a rinneadh íocaíocht sa chás seo, na rialacháin ar thabhairt ar aghaidh a bhí curtha in áit ag an Roinn Airgeadais, d'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta sonraí na saoire nár tógadh, a íocadh as sa chás seo, a thabhairt dom, na nithe ba chúis leis an íocaíocht, méid na n-íocaíochtaí déanta ag an Roinn as saoire nár tógadh le cúig bliana anuas agus líon na gcás inar sháraigh an Roinn na rialacháin faoi shaoire a thabhairt ar aghaidh.

## Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

### Cás Éagsúla

Dúirt an tOifigeach Cuntasóireachta gur bailíodh an shaoire nach glacadh thar tréimhse ó 1994 sa chás seo. Chuir sí in iúl dom nach raibh sé ar eolas ag an oifigeach nach raibh an íocaíocht seo de réir Ciorclán na Ranna Airgeadais. D'inis roinnt Daoine na Ranna dó ag am a scor, go raibh teidlíocht aige bheith íoctha d'aon saoire nach glacadh agus d'iarr siad de mionsonraí na saoire nach glacadh a chur ar aghaidh sa chaoi go mbeadh an roinnt Daoine in ann na comhaireamh riachtanacha a dhéanamh agus an íocaíocht a shocrú. Nuair a tógadh an ceist don a ard le déanaí, léirigh sé go díreach gur mhaith leis an méid a bhfuair sé i leith na laethanta de bharraíocht ar na cinn ceadmhacha dá gcuirfeadh an Roinn soláthair an Chiorcláin Airgeadais 27/03 in áit (agus a réamhtheachtaí 26/99) i leith tabhairt ar aghaidh saoire bliantúla, a bhfuarthas go neamhaireach. Dá gcuirfí soláthair an chiorcláin in áit, d'íocfadh sé do 37 laethanta in ionad 120. B'é an íocaíocht iomarcach grósa ná €53,554: socraíodh an méid gan laigse mar €29,570 agus tá réitigh ag dul ar aghaidh chun an méid seo a áth-íocadh don Roinn.

### Cleachtadh na Ranna

Chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúl dom gur chleachtadh a bhí sé sa Roinn cead a thabhairt don lucht oibre saoire bhliantúil de bharraíocht ar an méid atá ceadmhach faoi Chiorclán Airgeadais 27/03 na Ranna a thógáil ar aghaidh agus baill den fhoireann oibre a íocadh nuair a scor siad don shaoire nach glacadh. Cé gur d'inis an Roinn téarmaí na gCiorclán don fhoireann oibre, lig sé an tabhairt ar aghaidh de bharraíocht é sin a bhí ceadmhach faoi na Ciorclán seo de bharr imní éagsúla thar na mblianta i réalaíoch.

Dúirt sí go raibh imní dáiríre ag an Roinn sna 1990í déanacha faoin a chumas chun an réimse seirbhísí oideachasúla atá riachtanach i dtimpeallacht atá ag éirí níos éilithe a sheachadadh. Bhí clár mór athchóirithe struchtúir molta ag Fórsa Taisc a bhí faoi cheannas Sean Ard-Rúnaí na Ranna Airgeadais. Ba chúis é seo d'atheagrú inmheánach na Ranna, do chruthú eangaigh Oifigí Réigiúnacha agus do bhunú Coiste Scrúdaithe Stáit agus an Choiste Náisiúnta d'Oideachas Speisialta. Thug na athchóirithe seo cúnamh d'aistriú mór an fhoireann oibre i 2003. Lean Uachtaránacht AE na hÉireann é sin ó Eanáir go Meitheamh 2004, a bhí mar chúis freisin do bhrúnna breise. De thoradh na mbrúnna seo, thóg an Roinn an suíomh nach ceart go fulaingíonn baill den fhoireann oibre cailleadh de shaoire nach glacadh.

D'aontaigh sí nach chuardaigh an Roinn cead na Ranna Airgeadais soláthair an Chiorcláin 27/03 a chur ar leataobh.

### Fairsinge Íocaíochtaí do Shaoire nach Glacadh

Chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúl dom gur íocadh timpeall €392,000 do 64 oifigigh sna cúig bhlianta seo chaite de bharr na saoire nach glacadh ar staonadh na fostaíochta. Maidir le 16 díobh (seachas an íocaíocht sa chás speisialta), íocadh timpeall €69,000 i leith saoire nach glacadh, measraithe bheith de bharraíocht ar an méid a mbeadh iníoctha dá gcuirfeadh an Roinn na Ciorcláin in áit i rith na tréimhse i gceist. Rangaíonn an shaoire nach glacadh ó leath lá go 151 laethanta, le 22 íocaíochtaí sa thréimhse de bharraíocht ar €5,000.

Dúirt sí liom freisin gur thug an Roinn cead do bhaill den lucht oibre dul thar na huasmhéide tabhairt ar aghaidh de shaoire bhliantúla i 137 cásanna difriúla, i rith na tréimhse cúig bhliain céanna.

### Fáil ar ais Méideanna atá Thar-Íoctha

Chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta ar eolas dom nach raibh áth-íocaíocht cuardaithe ag an Roinn d'aon méideanna a íocadh i leith saoire nach glacadh de bharraíocht ar an méid a mbeadh ceadmhach dá gcuirfeadh an Roinn soláthair an Chiorcláin 27/03 agus a réamhtheachtaí i leith tabhairt ar aghaidh na saoire bliantúla in áit.

Cibé mar sin, dúirt sí go raibh sí ag measrú ar an suíomh maidir leis an mbealach le bheith coinnithe sna cásanna ina raibh íocaíochtaí iomarcacha déanta.

### Bealaí Athbhreithnithe

Dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta, i ndiaidh anailís an suíomh, go bhfuil sé ar intinn na Ranna réimse mór reachtanna a chur in áit atá dealraithe bheith cúiseach do chomhlíonadh le Ciorclán 27/03 don fhoireann oibre go léir ar bhonn sraithe agus ag an am céanna, laghdaíonn siad na coinníollacha ina bhfaigheann daoine íocaíocht in ionad saoire glactha.

## Tuairimí na Roinne Airgeadais

Sa chaoi go bhfuil na ceisteanna atá ag teacht chun solas sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta oiriúnach freisin do na Rannta agus Oifigí eile go léir, chuardaigh mé breathnaithe Oifigigh Cuntasóireachta na Ranna Airgeadais ar an gceist.

Chuir sé in iúl dom gurbh ceist do Roinne agus Oifigí é an cur in áit lá go lá an Chiorcláin. Neartaigh sé, cibé mar sin, gur cailleadh, faoi na rialacháin, aon saoire nach glacadh den chuid ceadmhach chun bheith tugtha ar aghaidh ag an bhfoireann freastail faoi thimthriall trí bhliain soláthraithe sa Chiorclán agus nach raibh aon soláthar d'íocaíocht chun bheith déanta i gcásanna mar seo. D'inis sé dom go ligeann socraithe scartha faoi Chiorclán d'íocaíochtaí chun bheith déanta maidir le saoire nach glacadh fáis ag dáta stoptha na fostaíochta laistigh comhthéacs na timthrialla trí bhliain agus, nuair is oiriúnach é, soláthair Eagraithe an Achta Ama Oibre, 1997.

B'é a thuairim go mba chóir go measródh Roinne agus Oifigí, mar ceist cúrsa, fáil ar ais aon íocaíochtaí iomarcacha den nádúr seo a tharla. Léirigh sé freisin gur cheist do Roinne agus d'Oifigí chun ba chóir go measrú an ea gur féidearthacht é nó oiriúnach é ath-íocaíocht a leanúint i ndiaidh coinníollacha gach cás aonair.

Chuir sé in iúl dom freisin nach raibh an Roinn Airgeadais airdeallach go díreach de Roinne nó Oifigí eile, áiteanna nach raibh soláthair na gCiorclán curtha i bhfeidhm i mblianta le déanaí. Chuir sé isteach freisin, i ndiaidh mo cheisteanna agus freagrachta na Ranna Oideachais agus Eolaíochta, gur iarr a Roinn le déanaí ar Roinn agus Oifigí athbhreithniú ar a líomháin chun aon cásanna nár cuireadh i bhfeidhm tabhairt ar aghaidh rialacháin na saoire bliantúla go ceart a ionannú agus chun an ceist a cheartú. Chomhairligh an Roinn Airgeadais na Roinne agus Oifigí go léir den riachtanas chun na rialacháin agus bealaí sna Ciorcláin oiriúnacha a chur i bhfeidhm agus d'inis sé dóibh gan aon íocaíochtaí a dhéanamh i leith na saoire tiomsaithe seachas iad atá leagtha amach sa Chiorclán chun na socraithe a théann i bhfeidhm ar staonadh na fostaíochta a chlúdach.

# 6.2 Institiúd Teangeolaíochta Éireann

Bunaíodh Institiúd Teangeolaíochta Éireann (ITÉ) i 1972 mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal. Ba é a príomchuspóir mar a bhí leagtha amach sa Mheabhrán Comhlachais ná: *"Staidéir, taighde agus turgnaimh ar theanga, ar iompar teanga, shealbhú teanga agus múineadh na dteangacha a thosú, a chur chun cinn, a choimisiúnú agus a dhéanamh, beidh an obair sin ag baint go príomha le Gaeilge, lena forbairt a chur chun cinn agus a húsáid a mhéadú".*

Le déanaí rinne tuarascáil ar luach ar airgead agus tuarascáil comhairleora neamhspleách moltaí maidir le hatheagrú ITÉ. Ach ní dhearnadh aon dul chun cinn maidir leis na moltaí sin a chur i bhfeidhm.

De thoradh roinnt deacrachtaí inmheánacha sa chuideachta d'aontaigh an Stiúrthóir éirí as a dhualgais mar Stiúrthóir sa chéad leath de 2002. Ina dhiaidh d'éirigh an Stiúrthóir Gníomhach as a phost i Samhain 2002, ag lua fáthanna pearsanta. D'éirigh an Cathaoirleach a bhí ag an gcuideachta ansin as a phost in Eanáir 2003. Ag an uair seo bhí an chuideachta gan Stiúrthóir ná Cathaoirleach. In Eanáir 2003, sheirbheáil beirt bhall foirne imeachtaí dlí i gcoinne na cuideachta seo.

Bhuail an Roinn le dealagáid ball ó Choiste Feidhmiúcháin ITÉ i mBealtaine 2003 agus tar éis breathnú ar stair an easaontais sa chuideachta agus na deacrachtaí a bheadh ag na baill leis an gcuideachta a rith, d'aontaigh go mbeadh sé críonna an chuideachta a fhoirceannadh. Theastaigh ón Roinn go mbeidh an próiseas foirceanta ordaithe agus go mbainfí amach é gan iomarca moille.

D'aontaigh Cruinniú Ginearálta Úrghnách ITÉ, a reáchtáladh ar 18 Iúil 2003 tús a chur le próiseas leachtaithe toilteanaigh. Ag cruinniú Coiste Feidhmiúcháin ITÉ ar 5 Nollaig 2003 aontaíodh ar chlár am um leachtaitheoir a cheapadh. Ina dhiaidh ceapadh leachtaitheoir ar 9 Eanáir 2004. D'aontaigh an chuideachta fógraí iomarcaíochta a eisiúint don fhoireann sular ceapadh an leachtaitheoir.

Dheimhnigh mé cuntais dheireanacha na cuideachta go dtí 9 Eanáir 2004. Ag an dáta sin bhí sócmhainní iomlána de €395,000 ag ITÉ, airgead a bhí i €393,000.

Thug mé faoi deara go raibh maoiniú ón Vóta d'Oideachas agus Eolaíocht fós á chur ar fáil i rith an phróisis leachtaithe - €1.480m agus €1.304m i 2004 agus 2005 faoi seach (tá sé seo i gcomparáid le maoiniú de €1.764m agus €1.985m a cuireadh ar fáil sa dá bhliain roimhe). Thug mé faoi deara freisin nach raibh an leachtú críochnaithe tar éis dhá bhliana agus gur cuireadh €889,000 ar fáil do 2006 chun caiteachas ar phárolla, chostais oifige agus tháillí leachtaithe a sheasamh. D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasóireachta na cúiseanna leis an moill i ndeireadh a chur le cúrsaí na cuideachta seo a leagadh amach.

D'inis an t-Oifigeach Cuntasóireachta dom gur thug an Roinn gealltanas chun gach cúnamh a chur ar fáil don chuideachta agus a chinneadh á thabhairt chun saoil agus go raibh sé ag obair go gar leis an leachtaitheoir ina phost ina thaobh. I measc na hoibre seo bhí breathnú ar shocruithe féideartha leanacht ar aghaidh le gníomhaíochtaí taighde áirithe a rinne ITÉ roimhe, agus, ar mhaithe le cuidiú le foirceannadh ordaithe, athlonnú cuí nó socruithe cuí eile d'fhoireann de réir bheartas na seirbhíse poiblí maidir leis na ceisteanna seo a éascú.

D'fhadaigh an leachtaitheoir an tréimhse fógra d'fhoireann ag ITÉ go tréimhsiúil chun an próiseas leantach de bhreathnú ar roghanna athlonnaithe agus riachtanais feidhmiúcháin eatramhacha na cuideachta i rith na tréimhse foirceanta a thabhairt san áireamh. Shocrófaí teidil na bhfostaithe sin nach ndéanfaí socruithe athlonnaithe cuí lena n-aghaidh de réir téarmaí a gconarthaí. Dúirt sí go raibh seachtar den 26 ball foirne a bhí ann ar dtús fós fostaithe ag ITÉ faoi dheireadh Nollag 2005; d'fhág triúr acu sin go luath i 2006. Bhíothas ag súil go mbeadh an ceathrar ball foirne eile athlonnaithe faoi Lúnasa/Meán Fómhair 2006 nó go mbeadh a bhfógra reachtúil dóibh chun ITÉ a fhágáil tugtha dóibh.

Thug sí samplaí den chineál oibre a rinne ITÉ i rith an tréimhse leachtaithe dom. Ina measc bhí tionscadail i réimsí Shocheolaíochta na Teanga, Síctheangeolaíochta, Nuatheangacha agus Teangeolaíochta Struchtúrtha .

Fachtóir eile a bhí sa mhoill ná an gá le léasaí ar mhaoin a bhí ag an ITÉ a thabhairt suas. D'aistreofaí leas ITÉ i maoin le hOifig na n-Oibreacha Poiblí go luath go hInstitiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath; thug an Leachtaitheoir áitreabh eile ar ais in Aibreán 2005, ag baint tairbhe as clásal sosa sa léasa; agus tar éis idirbheartaíochtaí fada, bhí dhá léasa eile le tabhairt suas faoi Ghníomhas Géillte nuair a gheofaí síniú an tiarna talún. Chuir an gá le plé le dhá chaingean dlí ar leith i gcoinne ITÉ leis an moill freisin.

Chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta sonraí de na costais a tarraingíodh ó thús an phróisis leachtaithe in Eanáir 2004 mar atá léirithe i dTábla 28.

**Tábla 28**

| | Go deireadh 2005 | Eanáir-Bealtaine 2006 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Pá | 2,152,115 | 170,821 |
| Cíos | 479,800 | - |
| Costais eile Nach Pá Iad | 409,257 | 34,754 |
| Táillí an Leachtaitheora | 80,504 | - |
| Costais an Leachtaitheora | 167,645 | - |
| **Iomlán** | **3,289,321** | **205,575** |

D'inis an t-Oifigeach Cuntasóireachta dom go mbeidh críoch le cur le roinnt mionrudaí (ag an Roinn seachas an Leachtaitheoir) nuair atá na baill foirne atá fágtha imithe ó ITÉ, go príomha.

- Foilsiú tuarascálacha ITÉ sa todhchaí
- Athshuíomh cartlanna ITÉ,
- Socraíocht Dlí
- Aistriú cóipcheart ITÉ.

Bhí sí ag súil go gcríochnófaí an leachtú i 2006.

# 6.3 Scéimeanna Aoisliúntais

I mo Thuarascálacha Bliantúla 2004 agus 1995 tharraing mé aird ar theip na Roinne Oideachais agus Eolaíochta cinntiú go raibh údarás reachtúil suas le dáta d'athruithe ar scéimeanna aoisliúntais múinteoirí.

I rith iniúchta 2005, thug mé faoi deara go bhfuair Rannóg Pinsean na Roinne in Aibreán 2004, agus é ag breathnú ar cheist eile, nár cuireadh téarmaí comhaontais idir an Roinn agus ionadaithe múinteoirí atá sa Tuarascáil Aontaithe 4/87 i bhfeidhm. Bhí sé beartaithe soláthair áirithe de chuid scéimeanna aoisliúntais na múinteoirí a chuaigh i bhfeidhm ar mhúinteoirí a chuaigh ar scor de bharr drochshláinte, a chur ar aon treo le scéimeanna seirbhíse poiblí eile, ach níor tharla sé seo. Mar thoradh air, d'íocadh méid níos lú na a sochair scoir iomlána do na pinsinéirí seo agus dá gcéilí.

D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasóireachta na cúinsí as a d'éirigh an teip seo na sochair chearta a íoc do na pinsinéirí a bhí i gceist.

D'inis an t-Oifigeach Cuntasóireachta dom go raibh focail na Tuarascála Aontaithe ar bhealach a d'fhéadfaí iad a mhíthuiscint agus go raibh deacrachtaí na míthuisceana ina ábhar comhfhreagrais idir Rannóg Pinsean agus Rannóg Comhréitigh agus Idirghabhála na Roinn ó Dheireadh Fómhair 1988. Ach, ní dhearnadh soiléiriú ar an ábhar nuair a d'aistríodh Rannóg na bPinsean ó Bhaile Átha Cliath go hÁth Luain i 1991 agus ba chosúil go mbreathnaíodh thairis tar éis na n-athruithe móra ar fhoireann a tharla ag an am.

Ní dhearnadh aon rud faoin gceist go dtí Aibreán 2004, nuair a d'ainmnigh Aonad na bPinsean, agus é ag breathnú ar chomhad na dTuarascálacha Aontaithe, comhthreo idir rún na Tuarascála Aontaithe maidir le múinteoirí bunscoile agus meán-mhúinteoirí agus soláthair fhreagracha an Rialtais Áitiúil i scéim eile a bhain le múinteoirí gairme.

Gheall an t-Oifigeach Cuntasóireachta dom gur cuireadh téarmaí na Tuarascála Aontaithe i bhfeidhm i gceart ar bhonn leanúnach ar mhúinteoirí bunscoile agus meán-mhúinteoirí a chuaigh ar scor ar bhonn drochshláinte nó a d'éag agus iad i mbun seirbhíse ó Bhealtaine 2004. Freisin rinneadh athbhreithniú ar chásanna scor drochshláinte agus cásanna áit a fuair múinteoirí bás agus iad i mbun seirbhíse ó thús na bliana scoile 1986/87. Bhí sé riachtanach 655 dámhachtain san iomlán a athbhreithniú. I 428 gcás rinneadh íocaíochtaí riaráistí den mhéid iomlán de €1.65 mhilliún i 2005, rinneadh 85 íocaíocht iomlán den mhéid €98,000 go dtí seo i 2006 agus tá obair ar bun sna 142 chás eile. Bhíothas ag súil go mbeadh an costas iomlán pas beag níos lú ná an €2.2 mhilliún a measadh ar dtús. Tógann na híocaíochtaí san áireamh íocaíocht cúitimh costas maireachtála áit, gan aon locht a bheith ar an tairbhí, go raibh moill de níos mó ná bliain in íocaíochtaí aoisliúntais a íoc. Bhí na híocaíochtaí de réir nósanna a cheadaigh an Roinn Cosanta.

Bhí an Roinn sásta, mar thoradh ar na seiceálacha a rinne sé, go bhfuil forálacha tuarascálacha aontaithe eile agus athruithe aontaithe á gcur i bhfeidhm i gceart do scéimeanna dá bhfuil rialú feidhmiúcháin aige.

Ba é dearcadh an Oifigigh Cuntasóireachta ná nár éirigh an fhadhb sa chás seo as an teip scéimeanna reachtúla a nuashonrú ach gur tharla sé mar gheall ar mheascán de na cúinsí a leagadh amach. Chuige seo d'inis sí dom gur dháiligh sí oifigeach Roinn d'Aonad na bPinsean ar bhonn lán-aimseartha arbh é an t-aon tásc amháin a bhí aige ná na scéimeanna pinsin reachtúla a nuashonrú, ag tosú le Scéim Pinsin na Meán-Mhúinteoirí. Tá dréachtaí nuashonraithe de thrí Scéim Céilí agus Leanaí do Mheán-mhúinteoirí curtha ar aghaidh cheana chuig an Roinn Airgeadais chun cead a fháil agus chuig an gComhairle Parlaiminte . Tá obair ag leanacht ar aghaidh ar Phríomhscéim Aoisliúntais na Meán-Mhúinteoirí mar atá nuashonraithe a dhréachtú .

# Caibidil 7

# Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta/Dlí agus Ceart, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí

# 7.1 Seirbhísí Gníomhaireachta – Smacht ar Airleacain le Pobal

## Pobal

Is comhlacht neamhbhrabúis é Pobal (Bainistiú ar Fhorbairt Cheantair Teo mar a bhí roimhe seo) le stádas carthanachta a cuireadh suas sa 1990s chun cláir a bhainistiú thar cheann Rialtais na hÉireann agus an AE. Tar éis comhairle i 2003, d'aontaigh an Rialtas athchóiriú bunúsach a dhéanamh ar an gcomhlacht chun dul i ngleic le cás freagrachta, chun a ról mar ghníomhaireacht seachadadh cláir Rialtais agus foráil do cheapadh Bord agus Cathaoir don Rialtas. Oibríonn Pobal laistigh de theorainneacha na Roinne Ghnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta agus tá a chuntais bliantúla géillsineach do iniúchadh de mo chuid.

Níl aon fhoinse neamhspleách maoinithe ag Pobal. Forálann socruithe conraitheora, idirbheartaithe leis an Roinn agus le Gníomhaireachtaí dá seachadann sé seirbhísí dóibh, go bhfaigheann sé airleacan a chuireann ar a chumas freastal ar riachtanais airgeadais an chláir a bhainistíonn sé. Taispeánann ráitis airgeadais Pobal do 2005 go bhfuair sé airleacain airgid de €174m i rith na bliana. Chuaigh €10.5m de seo chun freastal ar chostais riaracháin, a bhí comhaontaithe mar chuid de na socruithe seo.

### Comharduithe Deireadh na Bliana na Roinne i Ráitis Airgid Pobal 2005

Taispeánann na ráitis airgeadais do Pobal i gcóir 2005 go raibh comhardaithe i seilbh an chomhlachta thar cheann Roinne agus an Bhoird Íoc Amach Ciste na gCuntas Díomhaoin ar an 31ú Nollaig 2005, de luach €34.5m nó mar sin de. Bhí comhardú de €37m de airgead tirim aige ag an am san (méadú timpeall €12m ar 31ú Nollaig 2004) agus thuill sé timpeall €700,000 in ús bainc as na comhardaithe seo. Taispeánann Tábla 29 na comhardaithe a bhí i seilbh Pobal thar cheann a bpríomh chliaint, na Ranna Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ag tosach 2005, cén méid a íocadh leis trí airleacan, na costais stiúrtha a raibh sé i dteideal, na h-íocaíochtaí a rinneadh sé faoi gach clár agus an méid ar lámh fós ag deireadh na bliana.

**Tábla 29**

| | Clár Comhardaithe ar an 1 Eanáir 2005 €'000 | Airleacan Faighte €'000 | Lúide costais stiúrtha €'000 | Lúide Íocaíochtaí Cláir €'000 | Clár Comhardaithe ar an 31ú Nollaig 2005 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta** | | | | | |
| Deontais do Sheirbhísí Pobail agus Deonach | 0 | 6,142 | 183 | 0 | 5,959 |
| Forbairt Áitiúil/Cuimsitheach Sóisialta (LDSIP) | 497 | 47,697 | 2,112 | 44,760 | 1,322 |
| RAPID | 462 | 1,333 | 783 | 679 | 333 |
| Scéim Shóisialta na Tuaithe | 172 | 24,287 | 360 | 23,036 | 1,063 |
| Eile | 181 | 0 | 0 | 126 | 55 |

| An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Clár Deiseanna Comhionann Cúram leanaí | 12,047 | 72,549 | 3,207 | 64,417 | 16,972 |
| Beartas Comhionannas do Mhná | 32 | 3,490 | 315 | 1,555 | 1,652 |
| Breisiú Clár Seirbhísí Míchumais | 0 | 3,000 | 146 | 3 | 2,851 |
| Eile | 3 | 345 | 75 | 2 | 271 |
| **Iomlán** | **13,394** | **158,843** | **7,181** | **134,578** | **30,478** |

De bhrí gur thug an méid úis a thuill Pobal sa bhliain le tuiscint go raibh meán mhéid laethúil de €20m i dtaisce acu ar feadh na bliana, d'iarr mé grinnithe na n-Oifigeach Cuntasóireachta ón dá Roinn.

## Freagra na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Thaispeáin an t-Oifigeach Cuntasóireachta ina fhreagra gur comhlacht príobháideach é Pobal teoranta faoi ráthaíocht gan rochtain chun maoinithe ina cheart féin. Dá bhrí sin bhí sé riachtanach do bheith maoinithe ag a Roinn chun a chur ar a chumas a dhualgais a chomhlíonadh i dtéarmaí cláir a sheachadadh agus a riaradh thar cheann a Roinne. Bhí imeachtaí maoirseachta agus smachta éagsúil de réir riachtanais gach clár. Comhaontaíodh buiséid agus costais stiúrtha bainteach le gach clár le Pobal gach bliain.

Dúirt sé gur cuireadh maoiniú ar fáil do Pobal ar bhonn airleacain, tarraingthe síos de réir socruithe conradh go h-áirithe cláir aonair, chun freastal ar ghealltanais agus caiteachas atá le teacht. Tógadh san áireamh caiteachas ar chuaigh Pobal faoi i dtréimhsí roimhe seo chun cinneadh a dhéanamh ar an méid airleacan a bhí le tabhairt de bhun gach tarraingt anuas . Níor tugadh airleacan maoinithe ach amháin san áit gur braitheadh go raibh gá leo chun gealltanais a chomhlíonadh nó éilimh a bhí dealraitheach le éirí laistigh den dtréimhse oibre ina dhiaidh sin.

Chuir sé in iúil dom go raibh athbhreithniú neamhspleách ar siúl faoi láthair idir a Roinn agus Pobal ar son seachadadh cláir Roinne ag Aonad Iniúchadh Inmheánach dá Roinn.

I gcomhfhreagras chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúil dom tar éis cruinnithe le Pobal le déanaí , go ndéanfadh an Comhlacht, do na Cláir mhóra (ms. LDSIP, Scéim Shóisialta na Tuaithe agus an Clár Seirbhísí Tuaithe),

- Ciste dhá mhí a fháil ag tosach na bliana airgeadais agus
- Gan iarratas a dhéanamh chun an chéad tráinse maoinithe a tharraingt anuas go dtí nach mbíonn ach mí nó níos lú de maoiniú fágtha.

Ciallaíonn sé seo, ag glacadh leis go dtógann sé 15 lá an t-íocaíocht a phróiseáil ar leibhéal Roinne go bhféadfadh airgead oibriúcháin titim chomh h-íseal le airleacan de íocaíocht coicíse. Bhí a leithéid de shocrú beartaithe chun a chinntiú nach mbeadh Pobal ag aon am i seilbh níos mó ná ciste de dhá mhí, agus go ginearálta níos lú ná sin. Bheadh na himeachtaí íocaíochta ceartaithe seo géillsineach le seiceálacha deimhniúcháin atá déanta ag an Roinn cheanna féin ar gach iarratas de mhaoiniú a fhaightear ó Pobal.

Maidir le Cláir níos lú, ar nós an Scéim Deontais Pobail Bliantúil, bhí sé molta gan íocaíochtaí a dhéanamh le Pobal ach amháin maidir le gealltanais iarmhír faoin Scéim agus bunaithe ar mheastóireacht de chaiteachais iarmhír.

Dúirt sé go mbíonn an íocaíocht deireanach gach bliain ríofa chun a chinntiú nach mbeadh aon tabhairt cistí anonn ó bhliain go bliain,. Mar sin féin, i gcás Cláir níos mó, bheadh sé riachtanach airleacan de 2 sheachtain de mhaoiniú a íoc le a chinntiú go gcoimeádtar tionscain i gciste go dtí go mbeadh próiseáil

déanta ar tharraingt anuas na chéad bliana eile .

Maidir leis an leibhéal úis tuillte ag Pobal, chuir sé in iúil dom, ag dearcadh ar mhéadú luacha na gclár atá Pobal ag seachadadh thar cheann na Roinne, táthar ag déileáil anois le ceist an úis tuillte san athbhreithniú leanúnach leis an gceist de roinnt costais stiúrtha bainteach leis na cláir seo .

I gcumarsáid ina dhiaidh sin, dúirt sé go raibh sé comhaontaithe le Pobal le déanaí go n-iarrfaí cead óna Roinn roimh aon fharasbarr ar chuntais an Chomhlachta a roinnt sa blianta atá le teacht Braitheadh, ag glacadh leis na himeachtaí bainistíochta sreabhadh-airgid a bhí dá fheidhmiú, go mbeadh an farasbarr ag fabhrú ó ús, laghdaithe go suntasach in aon chás,.

## Freagra na Roinne Dlí agus Cirt Comhionannas agus Athchóirithe Dlí

Chuir Oifigeach Cuntasóireachta na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí in iúil dom go raibh tacaíocht ag tarraingt anuas luacháil airleacan ag Pobal óna Roinn agus thóg sé cuntas den ngá a bhí le a chinntiú nach rachadh íocaíochtaí isteach i gcúl chiste a bheadh ró mhór maidir le riachtanais tarraingthe anuas i gcuntais Pobal agus go ndéanfaí foráil stuama do chaiteachas sa tréimhse oibriúcháin ina dhiaidh sin.

Maidir le maoiniú a Roinne de chaiteachais caipitil an Chláir Cúram Linbh dúirt sé gur bhraith a Roinn faoi Nollaig 2005, go mbeadh sé stuama maoiniú Pobal a mhéadú de timpeall 10% de na gealltanais seo. Braitheadh go raibh sé seo riachtanach chun moill neamhriachtanach ar phróiseáil iarratais a sheachaint laistigh de Pobal . Dúirt sé, fiú ag ceadú luacháil dian de iarratais tarraingt anuas, go bhféadfadh moill gan coinne éirí taobh amuigh de smacht Pobal agus príomh Roinne .

Mar sin féin, dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta go raibh gá le athbhreithniú ar an slí ina n-idir ghníomhaíonn Pobal le gach Roinn Rialtais. Bhraith sé go mbeadh ról na Roinne Airgeadais tábhachtach in aon athbhreithniú idir roinne i dtéarmaí an tslí a oibríonn Pobal, agus maidir leis an dtionchar a bheadh ag aon athraithe ar an bpróiseas meastacháin bliantúil. Chaithfí scrúdú a dhéanamh chomh maith ar an tslí a lamháiltear maoiniú ar bhonn bliain ar bhliain do scéimeanna oibrithe Pobal thar cheann Ranna Rialtais.

Dúirt sé nach raibh aon foráil i dtéarmaí bheith gafa le nó le conarthaí do Pobal chun ús tuilte ar aon chomhardú óna Roinn a choimeád, faoi Bhearta Comhionannais do Mhná, Breisiú Seirbhís Míchumais nó cláir Pobal Bhunaithe CCTV. Dhéanfaí soiléiriú ar seo le Pobal thar am. Bhí an cás maidir le ús tuilte ar mhaoiniú a cuireadh ar fáil faoin gClár Cúraim Leanaí ina ábhar leanúnach díospóide idir Pobal agus an Stiúrthóireacht Cúraim Leanaí ach bhí sé gan réiteach go fóill.

I gcomhfhreagras ina dhiaidh sin, tar éis cruinniú leis na príomh pháirtithe chuir an Roinn in iúil dom go gcuirfí imeachtaí Cuntasóireachta nua i fheidhm bunaithe ar fhianaise doiciméadach maidir le caiteachas comhfhreagrach ag Pobal trí shocruithe óinchiste seasta ar son rolladh amach cláir le cúnamh deontais ar nós na Tionscnaimh Cúram Leanaí, Bearta Comhionannais agus Míchumais. Laghdódh na himeachtaí seo comharduithe cuntais bainc i seilbh Pobal agus sa tslí sin an póitéinsiúlacht chun ús bainc a charnadh.

# Caibidil 8

# Comhoibriú Idirnáisiúnta

# 8.1 Cabhair Forbartha Thar Lear

## Cúlra

Is iad Cúnamh ó Éirinn, nó Development Co-operation Ireland roimhe seo, atá ina stiúrthóireacht de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha (An Roinn), atá freagrach as riaradh chlár cúnaimh na hÉireann do thíortha forbarthacha. Tagann an sciar is mó cúnamh faoi Fo-mhír B- Comhoibriú Déthaobhach agus Eile. Bhain caiteachas de nach mór €340m leis an bhfo-mhír seo i 2005.

Mar pháirt de chaiteachais chláir Cúnamh ó Éirinn bíonn deontais do thríú páirtithe ar nós rialtais páirtithe, Eagraíochtaí Neamhrialtasach (ENR), áisíneachtaí de chuid na Náisiúin Aontaithe, comhlachtaí iltaobhacha agus páirtithe cabhrach eile. Tá roinnt caiteachais díreach i gceist chomh maith. Dáiltear an mhaoiniú trí Cheanncheathrú na Roinne nó trí Oifigí Thar Lear sa domhan forbarthach. Léiríonn Tábla 30 déantús an chaiteachais sna blianta 2003 – 2005.

**Tábla 30**

| | 2003<br>€m | 2004<br>€m | 2005<br>€m |
|---|---|---|---|
| Deontais do thíortha ag a bhfuil Oifigí de chuid Irish Aid acu Thar Lear[34] | 130 | 143 | 145 |
| Deontais Eile (m.sh. do ENR, áisíneachtaí Iltaobhach) | 110 | 146 | [35]189 |
| Caiteachas Díreach | 14 | 6 | 6 |
| **Táille Iomlán do Fo-mhír B** | **254** | **295** | **340** |

Tá caiteachas díreach breise de €11m (2003), €9m (2004) agus €11m (2005) san áireamh i Fo-mhír A – Tuarastail, Pá agus Liúntais.

## Cúnamh Déthaobhach

Cuimsíonn Cúnamh Déthaobhach thacaíocht d'ocht tír cláir sonracha agus roinnt réigiúin agus tíortha áirithe eile, cúnamh trí eagraíochtaí neamhrialtasach (ENR), tacaíocht don troid i gcoinne VEID/SEIF agus cúnamh athshlánaithe.

Ó 2005 tá ocht tír – An Aetóip, Leosóta, Mósaimbíc, An Tansáin, Uganda, An tSaimbia, An Tíomór Thoir agus Vítneam- ceaptha mar thíortha cláir ag Cúnamh ó Éirinn. Tá rangú an-íseal ag na tíortha seo i dtéarmaí táscairí forbartha daonna ar nós an chéatadán a mhaireann i bhfíor-bhochtaineacht, ionchas saoil, litearthacht dhaoine fásta, mortlaíocht naíonáin, teacht ar uisce shábháilte, sláintíocht agus seirbhísí sláinte. Mar aon le seo, cuirtear cúnamh ar fáil do thograí sonracha i roinnt tíortha agus réigiúin eile, mar shampla sna Balcáin Thiar, Oirthear na hEorpa, An tSiombáib, An Afraic Theas agus An Phalaistín.

Tá an chaidreamh déthaobhach idir Cúnamh ó Éirinn agus tíortha cláir rialaithe ag pleananna straitéiseacha tíortha aonaracha. Déantar iad seo a shocrú idir Cúnamh ó Éirinn agus an rialtas náisiúnta cuí. Téitear i gcomhairle le deontóirí eile agus le roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta níos mó mar is cuí. Tá na pleananna dírithe ar spriocanna ísliú bochtaineacht inbhuanaithe a bhaint amach, agus déantar athbhreithniú orthu go hiondúil gach trí bliana. Ba é an chéatadán cúnaimh a seachadadh trí institiúidí rialtais ag leibhéal náisiúnta agus leibhéal rialtas áitiúil ná 68% i 2003, 74% i 2004 agus 72% i 2005. Léirítear sonraí caiteachais i 2003 agus 2004, atá bainteach go díreach leis na Tuairiscí Iniúchadh Comhdhlúite Bliantúla is déanaí, i dTábla 31.

[34] Poblacht na hAfraice Theas agus An tSiombáib, nach bhfuil stádas tíortha cláir acu, ina measc.
[35] Vítneam ina measc, a tháinig ar-líne i 2005.

**Tábla 31- Tacaíocht Bainistithe ag Oifigí Thar Lear**

| Tír | Trí Córais Rialtais Náisiúnta € m | | Trí Córais Rialtais Áitiúla € m | | Eile €m | | Iomlán Tacaíocht Bainistithe ag Oifigí Thar Lear € m | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2003 | 2004 | 2003 | 2004 | 2003 | 2004 | 2003 | 2004 |
| An Aetóip | 1.5 | 8.2 | 15.2 | 12.8 | 9.1 | 8.3 | 25.8 | 29.3 |
| Uganda | 25.8 | 27.2 | 0.6 | .5 | 7.9 | 4.6 | 34.4 | 32.3 |
| Mósaimbíc | 15.6 | 14.7 | 5.8 | 8.1 | 11.5 | 7.5 | 32.9 | 30.3 |
| An Tansáin | 14.4 | 15.2 | 1.9 | 3.4 | 4.4 | 4.6 | 20.7 | 23.2 |
| An tSambia | 4.9 | 5.9 | 2.4 | 4.0 | 7.3 | 7.8 | 14.6 | 17.7 |
| Lesótha | 8.2 | 9.1 | 0.0 | 0.0 | 2.6 | 2.3 | 10.7 | 11.4 |
| An Tíomór Thoir | 1.5 | 2.0 | 0.0 | 0.0 | 1.4 | 2.0 | 2.9 | 4.0 |
| An Afraic Theas | 5.3 | 3.4 | 1.6 | 2.5 | 4.8 | 4.1 | 11.7 | 10.0 |
| An tSiombáib | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.8 | 0.8 | 0.8 | 0.8 |
| **Iomlán** | **77.2** | **85.7** | **27.5** | **31.3** | **49.8** | **42** | **154.5** | [36]**159** |

Sa chúnamh a chuirtear ar fáil trí rialtas náisiúnta bíonn raon uirlisí cúnaimh i gceist, a bhformhór a bhaineann le hairgead atá curtha i leataoibh go speisialta do aidhmeanna áirithe m.sh. sláinte, oideachas, talmhaíocht, uisce agus sláintíocht, nó tograí sonracha. Sa Tansáin agus i Mósaimbíc cuirtear cuid den mhaoiniú ar fáil mar thaca buiséid ghinearálta don Órchiste.

San áireamh in airgead cláir Cúnamh ó Éirinn, ná seachadtar trí rialtas náisiúnta nó áitiúil, tá riarachán, tacaíocht do ENR, áisíneachtaí na NA agus áisíneachtaí iltaobhacha eile, agus airgead caite go díreach ag Irish Aid ar mhaithe le cláir agus páirtithe éagsúla.

Thugas faoi scrúdú a dhéanamh ar ghnáthaimh iniúchadh agus luacháil de chuid Cúnamh ó Éirinn le béim speisialta ar thograí maoinithe trí chúnamh déthaobhach sa chlár agus tíortha eile i 2003 agus 2004 toisc gurb iad seo na blianta is déanaí ar a bhfuil fáil ar thorthaí daingnithe ar na gnáthaimh luachála.

# Torthaí an Scrúdaithe

## Smacht agus Freagracht Airgeadais.

Gach bliain cuirtear gach buiséad cúnaimh chun faomhadh faoi bhráid choiste idir-ranna, bunaithe ag cinneadh Rialtais, ar a bhfuil ionadaíocht ag an Roinn Airgeadais agus Ranna eile atá bainteach le comhoibriú forbartha.

Déanann an choiste idir-ranna seo, ag gníomhú mar an Ghrúpa Measúnaithe agus Luachála Cláir (GMLC) faoi údarás an chinnidh Rialtais céanna, formheas ar gach moladh caiteachais nua. Cabhraíonn comhairleoirí seachtracha, a dhéanann luacháil ar na moltaí roimh a aighnítear iad do bhreathnú, leis an ngrúpa.

Déantar iniúchadh domhain ar chaiteachas díreach agus indíreach araon. Tá an iniúchadh ar chaiteachas

[36] San áireamh sa bhfigiúr seo tá costais Fo-mhír A de Oifigí Thar Lear, a bhí ós cionn €9m i 2004.

indíreach ag brath níos mó agus níos mó ar obair iniúchóirí lasmuigh den Roinn. Is Iniúchóirí Ginearálta de cuid rialtais páirtithe a bhíonn i gceist sa sciar is mó de iniúchóirí eile ar a bhíonn Cúnamh ó Éirinn ag brath, le gnólachtaí iniúchadh móra ag déanamh suas an chuid is mó den sciar atá fágtha. Oibríonn Irish Aid go dlúth leis na h-Iniúchóirí Ginearálta chun cur lena gcumas (m.sh. maoiniú ar thionscnaimh traenála, forbairt ar iniúchadh agus ceannach trealamh TF).

Sna hocht tír a fhaigheann cúnamh déthaobhach , bíonn cláir cúnaimh na hÉireann faoi réir iniúchadh seachtrach bhliantúil ag

- Aonad Measúnaithe agus Iniúchadh (AMI) na Roinne nó
- Iniúchóirí proifisiúnta coimisiúnaithe ag Irish Aid , nó i bpáirt le deontóirí cúnaimh eile nó go neamhspleách ag páirtithe forbartha nó
- Iniúchóirí Ghinearaltа tíortha eile.

Bíonn cláir ceantar-bhunaithe (cláir a gníomhaíonn i gceantair údaráis áitiúla áirithe) agus cláir tacaithe earnála (a chlúdaíonn earnálacha áirithe ar nós leigheas nó oideachas) sna tíortha cláir faoi réir freisin ag iniúchadh bliantúil.

Tá foireann cuntasaíochta i ngach Oifig Thar Lear sna tíortha cláir san Afraic.

## Aonad Measúnaithe agus Iniúchadh

Is aonad neamhspleách laistigh den Roinn í an AMI. Is é an misean atá aige ná feidhm iniúchadh agus measúnaithe éifeachtach, éifeachtúil, ábhartha agus neamhspleách a chur ar fáil, agus cur le forbairt polasaithe laistigh den mhór-chlár cúnaimh. Faoi láthair, tá foireann de cheann aonaid, triúir iniúchóir[37] beirt measúnóir agus triúir ball foirne tacaithe ag an aonad atá bunaithe sa cheannáras agus seisear iniúchóir bunaithe go háitiúil in Oifigí Thar Lear na Roinne sna tíortha cláir.

Déantar obair an AMI de réir plean oibre bliantúil agus an Plean Oibre Straitéiseach agus Ilbhliantúil 2006 go 2008. Tugann an plean faoi deara go bhfuil dul chun cinn déanta i neartú measúnú agus iniúchadh in Irish Aid ach dearbhaítear áfach go bhfuil easpa foirne ag cur bac leis an gcumas chun tuairisciú cuí a dhéanamh ar an gclár ar fad.

Cheistigh mé maidir le cumas an AMI chun tuairisciú iniúchadh fónta a chur ar fáil don gclár cúnaimh ar fad agus easpa foirne i gceist, agus na himpleachtaí atá ag an easpa seo ar mhisean shonraithe an aonaid.

Mar fhreagra, thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios go dtugann Cúnamh ó Éirinn faoi deara, faoi mar a mhéadaíonn an clár cúnaimh, go mbeidh gá cur le cumas an AMI chun iniúchadh agus measúnú éifeachtach a chinntiú. Dúirt sé go dtuigeann Cúnamh ó Éirinn go raibh roinnt srianta ag an AMI de bharr foirniú, go háirithe i bhforbairt clár iniúchtaí airgid ar luach mhaith, agus ar soláthar tacaíocht iniúchta do ranna eile deCúnamh ó Éirinn. Bhí sé mar sprioc i gcónaí ag an AMI na hacmhainní a bhí ar fáil a scaradh go héifeachtúil agus go héifeachtach le béim faoi leith ar na hoifigí thar lear agus deimhniú a mhéadú trí braith ar obair dhaoine eile agus trí húsáid comhairleoirí.

Maidir le líon foirne, dúirt sé gurb dúshlán é do Cúnamh ó Éirinn foireann a aithint agus choimeád san earnáil fíor-sciliúil seo. Sna tíortha cláir, tá triúr ball foirne breise earcaithe ó 2003, a fhágann líon na n-iniúchóirí áitiúla ag 6.

Lean sé ar ag rá gurb iad na torthaí a bhí ar easpa foirne ná moill ar aiseolas agus tacaíocht chuig an bainistíocht líne i léamh tuairiscí iniúchadh na bpáirtithe. Caitheadh, áfach, féachaint ar seo sa chomhthéacs go bhfuil tacaíocht ar fáil láithreach ón seisear iniúchóir inmheánach sna tíortha cláir agus ón struchtúr bainistíochta in-thír in Cúnamh ó Éirinn agus deontóirí eile san earnáil.

[37] Tá cead faighte do dhá phost breise.

Thug an tOifigeach Cuntasíochta le fios freisin go n-úsáideann an AMI iniúchadh coimisiúnaithe ag páirtithe éagsúla, nuair a bhíonn maoin Éireannach i gceist. Is iniúchtaí curtha i gcrích ag Iniúchóirí Ginearálta náisiúnta agus iniúchtaí curtha i gcrích ag gnólachtaí iniúchadh aitheanta atá sa sciar is mó des na h-iniúchtaí seo. Chabhraigh an chleachtas i dtaobh brath ar obair iniúchadh dhaoine eile maidir le deontais do pháirtithe forbartha le Irish Aid a ndualgais faoi Forógra na Róimhe ar Armónú a chomhlíonadh.

## Tuairisc Iniúchadh Comhdhlúite Bhliantúil

Cuireann an AMI Tuairisc Iniúchadh Comhdhlúite bliantúil amach, a chlúdaíonn caiteachas díreach ag Irish Aid agus an dáileadh dheontais go pháirtithe forbartha. Déanann na tuairiscí do 2003 agus 2004 achoimriú ar na gníomhaíochtaí iniúchadh a déanadh i dtaobh caiteachas sna blianta sin. Is é an fheidhm atá acu ná eolas a chur ar fáil don mbainistíocht líne, tacú leis an gCoiste Iniúchadh ina mhaoirseacht ar an ngníomh iniúchadh agus measúnaithe agus cabhrú le iniúchadh bliantúil mo oifig.

Is iad aidhmeanna na Tuairisce Iniúchadh Comhdhlúite ná

- Bearnaí a aithint i ndearbhú iniúchadh trí sonraí a thabhairt ar pé caiteachas nár déanadh iniúchadh air nó nach raibh tuairisc iniúchadh faighte ina leith
- Achoimriú a dhéanamh ar an líon mór iniúchtaí agus litreacha bainistíochta chun príomh-easnaimh sna gnáthaimh cuntasaíochta agus smacht inmheánach a aithint
- Stádas na moltaí ag éirí as iniúchtaí na blianta roimhe sin a léiriú
- Aibhsiú a dhéanamh ar an dtugann ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid airgeadais an aonaid nó an clár atá á iniúchadh.

### Oll-Tuairisciú Iniúchadh 2003 agus 2004

Bhí leagan suas chun dáta den bun-thuairisc ó 2003, críochnaithe i Deireadh Fómhair 2005, san áireamh sa Tuairisc Iniúchadh Comhdhlúite 2004 a críochnaíodh i Márta 2006,. Léirigh sé seo gur méadaigh tuairisciú iniúchadh ar chaiteachas ó 78% go 85% (mhéadaigh sé seo arís go 89% faoi lár Iúil 2006) do 2003. Ba é an tuairisciú iniúchadh do 2004, 63% mar a bhí in Aibreán 2006. Bhí sé seo méadaithe go 84% faoi lár-Iúil 2006. Is é polasaí na Roinne ná go mbeadh an leibhéal de thuairisciú iniúchadh níos mó ná 85% gach bliain. Tá an tuairisciú iniúchadh do 2003 agus 2004 ag lár-Iúil 2006 léirithe i dTábla 32

**Tábla 32 Tuairisciú Iniúchadh**

| | 2003 | | | 2004 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tír** | **Méid Iniúchta€** | **Méid neamh-Iniúchta€** | **% neamh-Iniúchta** | **Méid Iniúchta€** | **Méid neamh-Iniúchta €** | **% neamh-Iniúchta** |
| An Aetóip | 18,994,084 | 6,785,836 | 26 | 23,775,744 | 5,533,305 | 19 |
| Leosóta | 10,573,256 | 109,525 | 1 | 11,474,867 | - | 0 |
| Mósaimbíc | 28,583,553 | 4,351,987 | 13 | 20,278,900 | 10,005,227 | 33 |
| An Afraic Theas | 9,782,614 | 1,961,627 | 17 | 9,186,856 | 886,920 | 9 |
| An Tansáin | 20,359,075 | 357,025 | 2 | 19,283,474 | 3,940,000 | 17 |
| Tíomór Thoir | 2,485,743 | 450,420 | 15 | 3,915,727 | 9,900 | 0 |
| Uganda | 33,448,892 | 878,779 | 3 | 30,424,011 | 1,848,152 | 6 |
| An tSaimbia | 12,188,710 | 2,460,231 | 17 | 14,941,533 | 2,712,642 | 15 |
| An tSiombáib | 368,195 | 394,313 | 52 | 275,704 | 482,475 | 64 |
| **Iomlán** | **136,784,122** | **7,749,743** | **11** | **133,556,816** | **25,418,621** | **16** |
| **Iomlán don Bhliain** | | **€154,533,865** | | | **€158,975,437** | |

Toisc nach raibh tuairiscí iniúchadh faighte maidir le 37% (bhí sé seo feabhsaithe go 16% faoin 30 Meitheamh 2006) de chaiteachas 2004 ag am mo scrúdú, cheistigh mé i dtaobh an líon iomlán tuairiscí inghlactha do 2003 agus 2004, agus cé mhéid acu seo a bhí fós amuigh. Cheistigh mé freisin i dtaobh na srianta a bhí ar scóip na Roinne chun gníomh éifeachtach a dhéanamh maidir le torthaí ábhartha diúltacha nó moltaí iniúchadh suntasacha a bhíonn mar thoradh ar mhoill i seachadadh tuairiscí iniúchadh. Rinne mé tuilleadh fiosrú i dtaobh conas a chinntigh an Roinn go mbaintear sprioc an AMI chun gníomh measúnaithe agus iniúchadh éifeachtúil, éifeachtach agus ábhartha amach, agus conas mar a laghdaítear an baol do cistí poiblí atá ann de bharr neamhrialtachtaí nó mídhílsiú gan a bheith tugtha faoi deara toisc moill i seachadadh tuairiscí.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur leag polasaí iniúchadh na n-oifige thar lear béim ar tuairisciú iniúchadh mar uirlis agus ní thugann sé dearbhú iomlán ann féin. Tógann an pholasaí 85% mar threoir-fhigiúir amháin agus caithfear na cúinsí áirithe i ngach tír a thógáil san áireamh chomh maith. Tá mórán próisis agus uirlisí breise in áit a thugann eolas do dhearbhú Cúnamh ó Éirinn. Ina measc siúd tá athbhreithnithe caiteachais poiblí na Rialtais páirtithe féin, staidéir rianaithe, obair dheontóirí eile, measúnaithe náisiúnta déanta go hidirnáisiúnta (faoi cheannas an CAI/Banc Domhanda go hiondúil), monatóireacht laethúil agus cíoradh le bainistíocht líne bunaithe sna hoifigí thar lear.

## Tuairiscí Iniúchadh agus Tuairimí Faighte

Fuarthas ós cionn 450 tuairisc iniúchadh i dtaobh caiteachas i 2003 agus 2004. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios gur thánadar seo i ndá chatagóir éagsúil: iniúchtaí inmheánacha bainteach le Irish Aid agus iniúchtaí bainteach le húsáid deontais ag páirtithe forbartha na Roinne. Tá anailís déanta ar an 355 tuairisc iniúchadh bainteach le húsáid deontais ag páirtithe forbartha i dTábla 33, a léiríonn, tír ar thír, an chéatadán tuairiscí, ina raibh cáilíocht nó séanadh. Dúirt an tOifigeach Cuntasíochta go raibh sé tábhachtach a thabhairt faoi deara ná raibh baint ag aon cheann des na tuairiscí cáilithe le chaiteachas díreach Irish Aid.

**Tábla 33 Anailís ar Thuairimí Iniúchadh a fuarthas i 2003 agus 2004**

| | 2003[38] Tuairiscí Iniúchadh | | | Tuairiscí Iniúchadh 2004 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Faighte | Tuairimí Cáilithe nó Séanadh | % Cáilithe nó Séanadh | Faighte | Tuairimí Cáilithe nó Séanadh | % Cáilithe nó Séanadh |
| An Aetóip | 13 | 2 | 15 | 31 | 2 | 6 |
| Leosóta | 25 | 5 | 20 | 20 | 4 | 20 |
| Mósaimbíc | 33 | 12 | 36 | 29 | 13 | 45 |
| An Afraic Theas[39] | 22 | 12 | 55 | 12 | 9 | 75 |
| An Tansáin | 25 | 10 | 40 | 20 | 14 | 70 |
| An Tíomór Thoir | 2 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 |
| Uganda | 11 | 3 | 27 | 24 | 1 | 4 |
| An tSaimbia | 33 | 2 | 6 | 43 | 3 | 7 |
| An tSiombáib[40] | 6 | 5 | 83 | 4 | 3 | 75 |
| **Iomlán** | **170** | **51** | **30** | **185** | **49** | **26** |

[38] Is é foinse na bhfigiúirí seo ná tuairisc 2003. Chur tuairisc 2004 leis an dtuairisciú seo. Tugtar Séanadh go hiondúil nuair ná bhíonn an iniúchaí tar éis leabhair cuntasaíochta iomlána agus lán a choimeád.
[39] Baineann formhór na gcáilíochtaí san Afraic Theas (9 i 2003, 8 i 2004) le teacht isteach. Toisc go bhfaigheann na heagraíochtaí a dteacht isteach ó shíntiúis deonacha, ní féidir an teacht isteach a chinntiú roimh a chuirtear sna taifead cuntasaíochta iad. Toisc gurb é seo nádúr oibríochta dá leithéid d'eagraíochtaí, ní cás buartha mór ann féin an cháilíocht seo do Cúnamh ó Éirinn.
[40] D'eisigh roinnt iniúchóirí roghanna séanta toisc na staide hipearbhoilscithe sa Siombáib. Is iad seo ba chúis le dhá cheann de na roghanna codarsnacha i 2003 agus leis an trí cinn i 2004.

Maidir le 2003, thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios go raibh dhá thuairisc iniúchadh fós amuigh ag 1 Meitheamh 2006. Bhí súil leis na dtuairiscí seo ó Iniúchóir Ginearálta, agus is de bharr fachtóirí áitiúla go raibh moill orthu. Bhí oifig an Iniúchóra Ghinearálta sin fós gan críoch a chur le gach iniúchadh i dtaobh an bhliain airgeadais dar críoch 7 Iúil 2004, lena n-airítear deontais bronnta ag Irish Aid tar éis 7 Iúil 2003. Tá na h-iniúchtaí sin atá amuigh fós á ndéanamh faoi láthair.

Maidir leis an bhaol don gciste poiblí, thug sé le fios dom gurb é nádúr na ngnímh forbartha iad a bheith ar siúl i dtimpeallacht ard-bhaoil. Bíonn moill ar saghsanna áirithe de thuairiscí iniúchadh a fháil ó pháirtithe, ach bíonn tionchar níos lú ná mar a shílfí ar dtús ag cúinsí ama ar an mbaol neamhrialtachtaí nó mídhilsiú. Bíonn eolas ag bainistíocht Cúnamh ó Éirinn go hiondúil ar na ceisteanna a ardaítear in iniúchadh roimh a cuirtear an obair páirce i gcrích ar fad.

Dúirt sé freisin go laghdaíonn na córais cuimsitheacha bainistíochta atá in áit ag Cúnamh ó Éirinn chun an chlár cúnaimh a bhainistiú an bhaol. Dúirt sé, áfach, go gcaithfear a admháil go mbíonn tionchar uaireanta ag moill ar fhreagairt Cúnamh ó Éirinn do cheisteanna iniúchadh agus a gcumas chun cuir i gcrích. Freagraíonn Cúnamh ó Éirinn i mbealaí éagsúla

- Obair le bainistíocht líne pháirtithe chun clár gnímh feabhais a aontú
- Maoiniú nó páirt-mhaoiniú a aistarraingt nó a choimeád siar go sealadach ar feitheamh leasaithe, lena n-airítear athruithe foirne
- Obair le páirtithe chun fiosrúcháin shainiúla a dhéanamh.

## Tuairisc Iniúchadh Comhdhlúite

Déanann an AMI rangú ar chintí iniúchadh de réir leibhéal dáiríreacht

- Baineann cinntí i gCatagóir A le laigí mhóra i smachtaí airgeadais nó le cheist athfhillteach a ceaptar go gcaithfear dul i ngleic leis go tapaigh.
- Is scéalta tábhachtacha iad cinntí i gcatagóir B a chuirfeadh go mór leis an dtimpeallacht smachta, an gcóras cuntasaíochta nó le fheidhmiú an ní, ach níl siad chomh dáiríre nó leitheadach chun iad a thógáil mar laigí mhóra.
- Is laigí bheaga nó leithliseacha iad cinntí i gcatagóir C a gcaithfear dul i ngleic leo pé scéal é chun an timpeallacht smachta, an chóras cuntasaíocta nó feidhmiú an ní a fheabhsú.

Baineann mórán cinntí le tograí/cláir atá comhmhaoinithe ag Éire le deontóirí eile.

Déanann Tábla 34 anailísiú ar an líon tuairiscí iniúchadh a fuarthas agus an líon gaolmhar cinntí Catagóir A ag chuile tír cúnamh-tacaithe.

**Tábla 34 Anailís de chinntí Iniúchadh mar atá rangaithe laistigh de litreacha bainistíochta (lena n-airítear tuairiscí iniúchadh inmheánacha agus staidéir LAA)**

| Tír | 2003 | | 2004 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon na dTuairiscí Faighte | Líon na gcinntí Catagóir A | Líon na dTuairiscí Faighte | Líon na gcinntí Catagóir A |
| An Aetóip | 12 | 16 | 28 | 7 |
| Leosóta | 37 | 32 | 23 | 36 |
| Mósaimbíc | 30 | 46 | 36 | 51 |
| An Tansáin | 28 | 62 | 34 | 64 |
| TCDÉr Thoir | 2 | 4 | 2 | 1 |
| Uganda | 9 | 16 | 27 | 16 |
| An tSaimbia | 53 | 24 | 74 | 38 |
| An Afraic Theas | 24 | 9 | 14 | 2 |
| An tSiombáib | 6 | 2 | 5 | 3 |
| **Iomlán[41]** | **201** | **211** | **243** | **218** |

Maidir le nádúr na gcinntí Catagóir A, seo a leanas samplaí de cuid de na téamaí is minicí a tugtar faoi deara

- Easpa doiciméadú i dtaca le caiteachas
- Gan aon tairiscintí ar chonarthaí nó luachana comparáideach do cheannacháin
- Caiteachas gan a bheith ceadaithe i gcónaí
- Úsáid maoinithe i slite seachas iad siúd a bhí i gceist dóibh
- Smachta inmheánacha laige
- Réamhíoctaí neamh-shocraithe amuigh le achar fhada
- Neamhrialtachtaí stór.

Cheistigh mé cad é an gcur chuige a bhí ag an Roinn i dtaobh bainistíocht na gcinntí Catagóir A nochta sna tuairiscí iniúchadh agus i dtaobh conas is féidir leis an Roinn a chinntiú go mbíonn an ghníomh cuí sna cásanna seo in am chuí agus ábhartha, toisc an mhoill a bhíonn ar eolas na Roinne fúthu.

Mar fhreagra, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur chun dul i ngleic leis na ceisteanna a ardaítear i dtríú páirtithe a fhaigheann maoiniú Éireannach agus maoiniú ó dheontóirí eile a déantar leantaigh ar thuairiscí iniúchadh páirtithe, agus go mbíonn tionchar aige seo ar nádúr an leantaigh sin. Dúirt sé go gcuirtear gach clár i gníomh i bpáirt le tíortha forbarthacha agus tíortha deontóra eile, agus go ndéantar an leantach sa chomhthéacs seo. Tá sprioc an leibhéil straitéiseach ag na leantaigh le páirtithe, le aidhm chun freagracht agus oll-bhainistiú airgeadais na bpáirtithe a fheabhsú.

Dúirt sé freisin go bhfuil comhoibriú le deontóirí eile chun tacú le cur i gnímh athchóiriú riaracháin agus bainistíocht airgeadais san earnáil poiblí leanúnach rí-thábhachtach chun an-chuid des na ceisteanna a ardaítear sna tuairiscí iniúchadh a cheartú. Mar aon le seo, is seastán iad na comhchoistí comhordaithe deontóir/rialtais atá i dtíortha cláir do gnímh leantach do iniúchadh agus ceisteanna cláir eile. I bpáirtithe neamh-rialtais, is trí phlé idir Cúnamh ó Éirinn agus bainistíocht sinsearach na bpáirtithe a déantar an

[41] Tá na hiomláin foriomláin seo níos mó ná na cinn taispeánta i dTábla 4 toisc go bhfuil Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh agus Staidéir LAA san áireamh iontu chomh maith le tuairimí iniúchta.

leantach de gnáth. Bíonn leantaigh ar na ceisteanna a ardaíodh in iniúchtaí na bliana roimhe sin san áireamh i ngach tuairisc iniúchadh ar pháirtithe coimisiúnaithe ag Cúnamh ó Éirinn agus tuairiscí a bhformhór de Iniúchóirí Ghinearálta.

Chur se in iúl dom go n-athraíonn cur chuige Cúnamh ó Éirinn i dtaobh ceisteanna Catagóir A a thagann chun solais sa chlár, ag brath ar an struchtúr agus saghas clár áirithe agus an leibhéal tionchar gur féidir le Cúnamh ó Éirinn a thabhairt. Tugadh an chóras rangaithe isteach chun go bhféadfaí ceisteanna Catagóir A a aithint go soiléir agus go bhféadfadh an bhainistíocht líne béim a leagadh air sa leantach. Tá sé seo tábhachtach go háirithe nuair ná bhíonn cúlra airgeadais ag na bainisteoirí líne. Is é aidhm na rangaithe ná cabhrú leo na réimsí tábhachtacha a aithint chun a n-iarrachtaí leantach a dhíriú. Ba cheart go gcabhródh an rangú le bainisteoirí líne seiceáil go bhfuil na cheisteanna tábhachtacha ag teacht as na tuairiscí iniúchadh bunúsacha, a bheadh ar fáil don mbainistíocht líne le tamall, aithne acu.

Dúirt sé freisin go mbíonn Eire, in a lán cásanna, mar rannpháirtí i gcláir taobh le mórán deontóirí eile a roinneann eolas agus a chomhoibríonn go dlúth lena chéile. Ina leithéid de chláir, ní dhéanann na tíortha aonaracha leantaigh aonaracha, ach bíonn deontóir amháin comharthaithe chun bunfhreagracht a thógáil don chlár. Ina leithéid de chás, is é an príomh-dheontóir a bhíonn freagrach do leantaigh ar iniúchtaí ar mhaithe le gach deontóir agus roinnt eolais ar gnímh a déanadh.

Sa chomhthéacs seo, bíonn an leantach difriúil ar tuairisc cáilithe gach páirtnéir, ach faoi thionchar

- Nádúr an chúnaimh atá i gceist agus na struchtúir bainistíochta deontóir/rialtais comhfhreagrach
- An mhéid caiteachas sa chlár ó gach deontóir agus rialtas
- Tábhacht straitéiseacha an chláir/togra
- Clár ama an chláir
- Cumas bainistíocht líne an pháirtí chun clár gnímh a chur i gníomh.

## Measúnú Baoil agus Luach ar Airgead

Cheistigh mé an raibh measúnú baoil do thograí thar lear curtha i gcrích agus, má raibh, cén torthaí a bhí air i dtéamaí aithint agus bainistíocht baoil. Mar fhreagra, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur córas luachála chuimsitheach é an phróiseas formheas GMLC, ina chaitheann gach clár cúnaimh tír tástáil do chaighdeán, díriú ar bhochtaineacht, inmharthanacht agus cloí le polasaithe tosaíochta. Mar aon le córas an GMLC, is sampla shainiúil de thorthaí atá ar thabhairt isteach mhodheolaíocht measúnaithe baoil in Cúnamh ó Éirinn é an chuimsiú de rannóg ar baoil sna tuairiscí ceathrúnach a chuireann tíortha clár faoi bhráid ceannáras na Roinne.

Dúirt sé freisin go ndéanann an phobal deontóirí idirnáisiúnta níos leithne raon leathan measúnaithe, ina mbíonn anailísí baoil, agus go n-úsáideann Cúnamh ó Éirinn na staidéir seo. Ag leibhéal Rialtais páirtithe náisiúnta, is faoi cheannas an CAI/Banc Domhanda a bhíonn na measúnaithe seo de gnáth, ag úsáid uirlisí foirmiúil atá inghlactha go hidirnáisiúnta faoin dtráth seo. Níl córais bainistíochta agus maolaithe baoil éifeachtach agus sofaisticiúil ag na tíortha páirtithe forbartha fós ina gcórais bainistíochta inmheánacha. Tá sé mar aidhm thábhachtach ag an bpobal deontóra (Éire ina measc), i bpáirt le Rialtais páirtithe trí phleananna náisiúnta, forbairt a dhéanamh ar gach gné de fheidhmiú an earnáil poiblí, bainistíocht baoil san áireamh. Dúirt se freisin go n-athraíonn dul chun cinn ó thír go tír, agus go bhfuil dúshlán mhóra fós ann.

Ar deireadh, cheistigh mé faoi an méid tuairiscí luach ar airgead a bhí curtha i gcrích nó pleanáilte ó 2003, mar fhreagra, thug an tOifigeach Cuntasíochta le fios go raibh sé staidéar luach ar airgead déanta ag Irish Aid ó 2003, go raibh dhá cheann ar siúl faoi láthair agus ar a laghad ceann amháin pleanáilte do 2007. Thug sé le fios freisin go bhfuil Cúnamh ó Éirinn ag déanamh staidéir luach ar airgid trí Thionscnamh Athbhreithnithe Caiteachais na Roinne Airgeadais.

# Caibidil 9

# An Roinn Cumarsáide, Muir agus Acmhainní Nádúrtha

# 9.1 Suirbhéireacht Náisiúnta Ghrinneall Farraige na hÉireann

## Cúlra

Rinneadh roinnt staidéir grinneall teoranta thar na blianta a raibh suirbhé a choimisiúnaigh Rannóg Gnóthaí Peitriliam (RGP) na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (RCMAN) i 1995/6 ina measc. Chlúdaigh an suirbhé RGP achar de 231,000 cm cearnach. Chuir na staidéir seo eolas ilroinnte ar cheantar grinnill farraige na hÉireann ar fáil.

In Aibreán 1999 d'fhaomh an Rialtas beart chun suirbhé iomlán a dhéanamh ar ghrinneall iomlán na hÉireann ar chostas €26.3m thar thréimhse 7 mbliana. Dar leis an meabhrán a tugadh isteach bhí achar de níos mó ná 850,000 cm cearnach ag Éirinn. Leagadh freagracht iomlán as bainistíocht agus stiúradh na suirbhéireachta, ar a tugadh Suirbhéireacht Náisiúnta Ghrinneall Farraige na hÉireann (SNGÉ) ar Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann. Tháinig deireadh leis an tionscadal SNGÉ ag deireadh 2005. Toisc nár chlúdaigh an obair suirbhé iomlán cheantar grinnill na hÉireann, ghlac an Rialtas, i Samhain 2005, mar bheartas náisiúnta, le clár nua dár teideal "Integrated Mapping for the Sustainable Development of Ireland's Marine Resource (INFOMAR)", a dearadh chun críoch a chur leis an suirbhé grinneall. Táthar ag súil go dtógfaidh INFOMAR 20 bliain eile agus mheas RCMAN i 2005 gurb é an costas ná €80m.

## Costas

Leagadh buiséad athbhreithnithe formheasta SNGÉ ar €33m. Ba é iomlán an chaiteachais ar an tionscadal ná €34.4m mar atá sonraithe i dTábla 35.

**Tábla 35 Caiteachas SNGÉ 1999-2005 (€,000)**

| | 1999 | 2000 | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| SGÉ | 74 | 5,547 | 9,581 | 2,572 | 2,013 | 835 | 835 | 21,457 |
| Institiúid Mara | neamh ní | neamh ní | neamh ní | 2,390 | 3,429 | 3,679 | 3,405 | 12,903 |
| **Iomlán** | **74** | **5,547** | **9,581** | **4,962** | **5,442** | **4,514** | **4,240** | **34,360** |

Ba iad príomheilimintí caiteachas SGÉ ná íocaíochtaí conartha oibre suirbhé, comhairliúchán agus trealamh TE agus costais oibriúcháin do 2 long taighde agus threalamh a bhí i gcaiteachas na hInstitiúide Mara (IM) den chuid is mó.

## Monatóireacht Tionscadail


Bhí freagracht ag Grúpa Stiúrtha as treorú agus monatóireacht a dhéanamh ar an tionscadal. Bhí ionadaithe ón Roinn Fiontair Poiblí (RFP), ón Roinn Mara agus Acmhainní Nádúrtha, ó Roinn Airgeadais, ó SGÉ agus ón IM air. Bhuail se go rialta agus bhreathnaigh sé ar thuarascálacha dul chun cinn tionscadail agus nuashonraithe airgeadais. I Meán Fómhair 2003, roinnt ama tar éis do fheidhmeanna an RFP a aistriú don RCMAN agus atheagrú inmheánach laistigh den RCMAN, cuireadh deireadh le cruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha. Ina dhiaidh, chuaigh coiste ar a raibh ionadaithe ó RCMAN, SGÉ agus ón IM air i ngleic leis an tionscadal agus straitéis na todhchaí, mar a bhí leagtha amach in INFOMAR.

Freisin bunaíodh Coiste Comhairle Grinneall ar a raibh ionadaithe ó Ranna Rialtais eile i dteannta le hionadaithe ó IM, ó SGÉ, ó Ollscoil na hÉireann (Gaillimh) agus Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath i Meitheamh 1999 chun comhairle theicniúil a chur ar fáil.

Dhearbhaigh meabhrán tuisceana, a síníodh i 2000, freagracht SGÉ as cuspóirí intabhartha an tionscadail a thabhairt agus bhí IM chun príomhról a ghlacadh i dtacú le forbairt inbhuanaithe acmhainní mara na hÉireann .

Tar éis formheas an Rialtais a fháil, fostaíodh comhairleoirí eolaíochta agus bainistíochta i 1999.

# Léarscáil Criosanna[42]




- Crios 1 – uisce ar doimhneacht níos lú ná 50 méadar
- Crios 2 – uisce ar doimhneacht idir 50 agus 200 méadar
- Crios 3 – uisce ar doimhneacht níos mó ná 200 méadar

# Athbhreithniú Tionscadail

Go luath i ndiaidh thosú an tionscadail shocraigh an Coiste Stiúrtha aon chinneadh chun suirbhéireacht a dhéanamh i gCrios 1 a chur siar go ceann bliana ar a laghad.

Cé gur admhaigh taifid SGÉ ó Lúnasa 2001 gur bheartaigh an meabhrán don Rialtas go gclúdódh an suirbhé grinneall iomlán na hÉireann, luaigh siad go raibh sé soiléir go tapa nach raibh sé seo indéanta. Ba í an príomhchúis a tugadh ná go gcuirfeadh an costas a bhainfeadh le suirbhéireacht loinge in uiscí éadoimhne cosc ar é a dhéanamh.

Freisin thug na comhairleoirí eolaíocht rabhadh go mbeadh an costas a bhainfeadh le suirbhé a dhéanamh ar Chrios 2 níos airde ná an costas a rabhthas ag súil leis ar dtús san aighneacht don Rialtas. Mhol siad i

[42] Ní de réir scála

Nollaig 1999 nach bhféadfaí suirbhé iomlán ar ghrinneall na hÉireann, ar a raibh bunchinneadh an Rialtais bunaithe, a bhaint amach laistigh den mhaoiniú a dáileadh. Mar sin bhí sé riachtanach tús áite a thabhairt d'obair suirbhéireachta laistigh de Chrios 2 toisc nach bhféadfaí obair ar an gCrios iomlán a chríochnú. Ní dheachaigh an Coiste Stiúrtha siar don Rialtas leis an eolas nua seo ainneoin an tionchar a bheadh aige ar réimse an tionscadail.

Faoi dheireadh, rinneadh suirbhé ar 12.6% de Chrios 1, 22% de Chrios 2 agus 96% de Chrios 3 faoi SNGÉ.

D'inis an t-Oifigeach Cuntasóireachta dom gurb é iomlán an achair a ndearnadh suirbhé air ná 453,046 cm cearnach. San áireamh san fhigiúr seo tá forluí de 10% laistigh den achar RGP a ndearnadh suirbhé air ar dtús ar mhaithe le réiteach.

Maidir leis na cinntí an chuid is mó de Chrios 1 agus cuid de Chrios 2 a fhágáil amach ón suirbhé, luaigh sé gurb í an phríomhcheist ná an raibh an ceantar cladaigh (Crios 1) ina chuid lárnach de SNGÉ. Má bhí sé, measadh go mór faoi luach costas agus amscála an tionscadail. Dúirt sé gurb é dearcadh SCÉ ná nach raibh sé beartaithe riamh suirbhé a dhéanamh ar Chrios 1 mar chuid de SNGÉ. Ach dúirt sé nach raibh meabhrán an Rialtais agus na cáipéisí a chuaigh leis i 1999 soiléir maidir leis seo agus go raibh sé soiléir go raibh easpa soiléireachta sa teanga a d'úsáideadh chun cur síos ar an gceantar a rabhthas chun suirbhé a dhéanamh air. Ach, deireann meabhrán Rialtais 2005 gur aontaigh an Rialtas i 1999 gur cheart don Stát suirbhé cuimsitheach a dhéanamh ar ghrinneall na hÉireann ón gcladach amach.

Dúirt sé gur bhuail an Grúpa Stiúrtha leis an dá shraith comhairleoirí i Samhain 1999 agus, *inter alia,* gur shocraigh sé go mbreathnófaí ar chur isteach an cheantair in aice leis an gcladach i SNGÉ níos déanaí. Cúpla lá níos déanaí shocraigh an Grúpa Stiúrtha go socrófaí an méid suirbhéireachta ar doimhneacht uisce 0-50 méadar tar éis deireadh bliana 1. Dar leis ba í an chonclúid dhíreach uaidh seo ná go raibh Crios 1 cladaigh fágtha amach ó SNGÉ go dtí go socrófaí a mhalairt .

Dúirt sé go raibh an meas faoi luach ar chostais i gCrios 2 ina fhachtóir eile san athrú ar threoir an tionscadail. Shonraigh an meabhrán Rialtais é féin go raibh sé riachtanach tabhairt faoi chleachtadh dearaidh agus pleanála sonraithe agus gurbh é an cleachtadh seo go díreach a leag béim ar an riachtanas le dlús líne i bhfad níos mó i gCrios 2 – an fhachtóir mhór i gcostais a mhéadú thar na costais sin a measadh sa mheabhrán. Sa mheabhrán bhíothas ag súil le agus tugadh admháil iomlán don easpa taithí sa teicneolaíocht suirbhéireachta ceannródaíocha. Tuigeadh ar ndóigh, go dtiocfadh méadú ar chostais suirbhéireachta in aghaidh achar ionaid de réir mar a laghdaigh doimhneacht an uisce. Ach níorbh gaol líneach simplí é an gaol idir costas agus doimhneacht uisce. Ní raibh na comhairleoirí eolaíochta in ann an difríocht mhór idir a chostais choibhneasta arda do shuirbhéireacht i gCrios 2 agus iad sin a measadh don bhunmheabhrán don Rialtas. Freisin d'inis an t-Oifigeach Cuntasóireachta dom gur tharla roinnt clúdaigh i gCrios 1 (.i. An tSionainn, Corcaigh, Baile Átha Cliath, Cuan Módh, Cill Ala agus Maol Rua, Cuan Dhún Laoghaire agus Chill Árthaigh chomh maith le ceantair cladaigh i Muir na hÉireann) a laghdaigh clúdach i gCrios 2.

Cheap sé go raibh sé míchothrom bainistíocht an tionscadail a cháineadh as freagairt a dhéanamh don chomhairle dearaidh idirnáisiúnta is fearr go freagrach agus glacadh leis an gcúrsa gnímh brabúsach, tríd an nGrúpa Stiúrtha, beart a dhéanamh de réir a leasa féin. Cé nach ndeachaigh an Grúpa Stiúrtha siar chuig an Rialtas leis na hathruithe móra seo ar SNGÉ, thuig SGÉ gur cláraíodh na tuarascálacha ag an Aireacht chomh maith le coimriú a leag amach na príomhathruithe straitéiseacha. Dúirt sé gur creideadh nach mbeadh sé críonna maoiniú breise a lorg sula léireofaí roinnt fíor-ratha maidir leis na hacmhainní a bhí ar fáil a bhainistiú.

Ba é a bharúil ná go raibh pleanáil an tionscadail cuimsitheach agus go ndearnadh é i gceart. Níor tugadh faoi thionscadal léarscáilithe grinneall ar an scála seo aon áit ar fud an domhain riamh.

Dúirt sé gur creideadh faoi láthair go mbeadh sé níos fearr INFOMAR a chríochnú faoi dheireadh 2013, a bheadh ar aon am le deireadh an Phlean Forbartha Náisiúnta atá le teacht. Mar thoradh air, bheadh

giorrú substaintiúil ar an tréimhse do chríoch a chur leis an obair grinneall iomlán. Fágfar an cinneadh deireanach faoin Rialtas.

# Soláthar

Bhronn SGÉ conradh d'obair suirbhéireachta i gCrios 3 den mhéid €10.3 m i Meitheamh 2000.

I Meán Fómhair 2001, d'aontaigh SGÉ siaríocaíocht den mhéid €635,000 a thabhairt don chomhlacht i dtaobh oibre suirbhé breise a rinneadh i 2000 agus 2001, ach nár fógraíodh roimhe sin Rinneadh an obair seo i gCrios 1 agus 2 ar an mbealach chuig Crios 3, an áit amháin ina raibh obair an chomhlachta faoin gconradh bunaithe. Níor coinníodh aon sonraí de bhunús ná ríomh an mhéid.

D'fhiafraigh mé faoin mbunús ar a ndearnadh an íocaíocht seo. Mar fhreagra d'inis an t-Oifigeach Cuntasóireachta dom gur fhoráil athrú ar an gconradh d'íocaíocht bhreise i dtaobh suirbhéireachta i gcodanna de Chrios 3 agus sna ceantair chóngaracha de Chrios 1 agus 2. Ríomhadh an costas sonraithe agus úsáid á bhaint as na rátaí agus na praghsanna a leagadh amach sa chonradh. D'admhaigh sé nár fógraíodh torthaí na hoibre seo ar dtús. Ach gheall SGÉ go raibh an obair údaraithe i gceart, agus go raibh sé sásta go raibh íocaíocht dlisteanach agus gur lóisteáladh torthaí oibre cuimsitheacha agus sásúla ina dhiaidh.

# Bainistíocht Tionscadail

Thug an Roinn faoi deara go raibh gaol maolaithe idir SGÉ agus IM, rud a bhí soiléir ag leibhéil straitéise, beartais agus feidhmiúcháin i rith tionscadal SNGÉ . Ba é a bharúil ná go raibh inchreidteacht an tionscadail agus a luach ar airgead araon i mbaol. Bhí méid na ndeacrachtaí chomh mór gur fhostaigh an Roinn idirghabhálaí chun réiteach a mholadh. De thoradh sin, d'aontaíodh ar mheabhrán tuisceana athbhreithnithe idir na comhlachtaí i 2004 agus cuireadh socruithe riaracháin nua ar bun. Ina measc bhí comhghrúpa oibre nua agus oifigeach Roinne ag feidhmiú mar bhreathnóir.

Thuairiscigh an t-iniúchadh inmheánach nach raibh srianta bainistíochta tionscadail ar bun nó nach raibh siad bainteach maidir le SNGÉ agus shocraigh sé freisin nárbh ionann an struchtúr rialúcháin molta do INFOMAR agus an cleachtas is fearr do thionscadail dá leithéid. Mhol sé srianta déine buiséid agus bainistíochta tionscadail a chur ar bun chun cosc a chur ar fhorluí mar a tharla ar thionscadal SNGÉ.

D'inis an t-Oifigeach Cuntasóireachta dom go bhfuil caiteachais INFOMAR SGÉ á mbainistiú trí chóras bainistíochta airgeadais na Roinne a rianann na hidirbhearta ar fad i gcoinne fochinn buiséid dáilte. Nuair atá buiséid leagtha amach sa chóras ní cheadaítear forluí. Déanann an bainisteoir tionscadail SGÉ athbhreithniú ar thorthaí go míosúil. Tá comhoibriú gar le bainisteoir tionscadail IM ar gach ceist feidhmiúcháin. Dúirt sé freisin go ndéanfaidh Coiste Stiúrtha faoi chathaoirleacht oifigeach sinsearach Roinne, dá dtugann an chomhfhoireann bainistíochta tionscadail IM/SGÉ tuairisc, monatóireacht ar dhul chun cinn ar INFOMAR agus ar bhaint amach a chuspóirí intabhartha de réir sonraithe agus in am.

# Conclúid

Níor éirigh le tionscadal SNGÉ cuid mhór den cheantar a raibh sé ag súil go gclúdódh sé a chlúdach agus íocfaidh an Stát costas mór as an suirbhé ar cheantar grinnill gafa na hÉireann a chríochnú. D'ainneoin go raibh athrú mór ar réimse an tionscadail níor insíodh é seo go foirmiúil don Rialtas.

# 9.2 Íocaíochtaí le Coimisiún Craolacháin na hÉireann

## Cúlra

I mí na Nollag 2002 d'fhógair an tAire Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha (an tAire) go raibh creatlach nua do sheirbhís craolacháin poiblí chomh maith le méadú ar tháille ceadúnais teilifíse ó €107 go dtí € 150 formheasta ag an Rialtas. Chuir sé in iúil go mbeadh 5% de tháirge na dtáillí nua dá chur ar leaththaoibh mar chiste speisialta craolacháin, do ábhar nuálaíoch, óna bhfeadfadh gach craoltóir saor-chun- aeir tarraingt. Dúirt an tAire go raibh súil aige go dtiocfadh an ciste go dtí €8 milliún in aghaidh na bliana agus go mbeadh reachtaíocht riachtanach chun feidhm a thabhairt dos na h-athraithe.

Síníodh an tAcht Craolacháin (Maoiniú), 2003, (an tAcht), isteach sa dlí ar 23 Nollaig 2003. Cuireann an tAcht riachtanas ar Choimisiún Craolacháin na hÉireann (CCÉ)

- scéim nó scéimeanna a ullmhú le haghaidh deontais a mhaoiniú chun tacú le cláir agus tionscnaimh áirithe teilifíse agus radio , mar shampla, litearthacht do dhaoine fásta
- scéim nó scéimeanna a chur faoi bhráid an Aire chun formheasta
- téarmaí na scéime a chur i gcrích.

Sonraíonn Alt 4(2) den Acht go:

*Bhféadfadh an tAire le cead ón Aire Airgeadais, an coimisiún a íoc amach as airgead curtha ar fáil ag an Oireachtas ar mhaithe le deontais faoi scéim agus aon chostais réasúnta bainteach le stiúradh maidir le aon bhliain airgeadais, tar éis na bliana airgeadais dár gcríoch ar 31 Nollaig 2002, an méid sin bheith comhionann le 5 faoin gcéad de admhálacha glan na bliana san maidir le táillí ceadúnais craolacháin.*

Is fiú a thabhairt faoi ndeara go fhorálann an tAcht do ullmhú agus formheas scéim nó scéimeanna chun ligean do CCÉ cláir de shórt áirithe a mhaoiniú seachas ciste a bhunú chun acmhainní a fháil agus a charna ina bhféadfaí cláir den sórt sainithe san Acht a mhaoiniú.

Chuir an CCÉ dréacht de Scéim Maoinithe Craolacháin faoi bhráid an Aire ar an 8ú Nollaig 2004 chun formheasta. De réir forálacha Rialacháin AE 659/1999 agus 794/2004, thug Éire fógra de dhréacht Scéim do Choimisiún na hEorpa ar 28 Aibreán 2005 lena chinntiú go raibh an scéim comhoiriúnach le forálacha ábhartha de chonradh an AE. Thug an Coimisiún freagra ar 5 Deireadh Fómhair 2005 ag tabhairt le tuiscint go raibh cineadh déanta acu nach n-ardóidís aon agóid ina choinne. Thug an tAire formheas don Scéim ar 13 Deireadh Fómhair 2005.

Rinneadh íocaíochtaí de €25,858,395 in iomláine leis an CCÉ suas go dtí 31 Nollaig 2005 de bhun Acht 4(2) den Acht mar leanas: 2003 - €8,342,727, 2004 - €8,451,025, 2005 - €9,064,643.

Roimh 13 Deireadh Fómhair 2005, an dáta a fhormheas an tAire an Scéim go foirmiúil, bhí €23,366,806 íoctha in iomlán ag an Roinn leis an CCÉ ag braith ar Alt 4(2) den Acht mar údarás chun íocaíocht a dhéanamh.

Ní raibh aon íocaíochtaí déanta ag CCÉ le déantóirí cláir faoi théarmaí na Scéime faoin 31 Nollaig 2005.

# Imní Iniúchta

Bhí imní orm nach raibh aon bhonn dlíthiúil le híocaíochtaí déanta ón Vóta leis an gCoimisiún roimh formheas foirmiúil na scéime ag an Aire ar 13 Deireadh Fómhair 2005. Bhíos imníoch chomh maith faoi cén fáth go rabhthas ag leanúint ar aghaidh le híocaíochtaí chuig an Coimisiún iarmhartach de fhormheas an Aire den scéim ag breathnú ar an fharasbarr carnta, ar láimh agus ar fáil don CCÉ. Chuaigh mé ag lorg tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta maidir leis na cúrsaí seo.

# Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ar an eolas mé gur léirmhínigh an Roinn an tAcht Maoinithe Craolacháin, 2003 ar an mbonn, go mbunódh sé ar a achtú, Ciste Craolacháin ina íocfaí 5 faoin gcéad de admhálacha glan ó tháillí ceadúnais teilifíse gach bliain. Dúirt sé go raibh an Roinn den dtuairim gurb é intinn an bhille, a tugadh isteach chun an ciste a bhunú, ná chun ciste a bhunú láithreach faid agus a bheadh scéim nó scéimeanna á fhorbairt. Dúirt sé chomh maith, mura mbeadh na méideanna seo íoctha ag an Roinn leis an CCÉ maidir leis an gciste, bheadh ar an Roinn na h-airgid seo a íoc le RTÉ de réir Alt 8(a) de Acht an Údaráis Craolacháin (Leasú) 1976. Ar theacht ag an dtuairim seo bhí an Roinn ag meabhrú ar an Acht Craolacháin (Maoiniú) 2003 agus páipéir bainteach a bhí ullmhaithe roimh dréachtú an bhille.

Braith sé chomh maith gur thacaigh sé le léirmhíniú na Roinne den reachtaíocht dá mba rud é go bhféadfadh an reachtaíocht, nár achtaíodh go dtí déanach i mí na Nollag 2003, an 5 faoin gcéad de tháirge glan táillí ceadúnais teilifíse do 2003 a íoc isteach sa Chiste. Bhraith sé go raibh sé follasach nach bhféadfadh scéim a bheith forbartha ag an CCÉ, glanta le Coimisiún an AE agus formheasta ag an Aire sna laethanta a bhí fágtha i 2003.

In achomair mhaígh sé go raibh an Roinn den dtuairim gur bhunaigh an tAcht Craoltóireachta (Maoiniú) 2003 Ciste Craoltóireachta lena n-íocfaí 5 faoin gcéad den dtáille ceadúnas ó 2003 ar aghaidh agus go mbeadh scéim nó scéimeanna a bhí le forbairt ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann in ann teacht ar an gCiste seo. Léirmhínigh an Roinn an reachtaíocht mar bheith ag foráil gur chóir íocaíochtaí a dhéanamh leis an gciste in aon tréimhse ag teacht suas go dtí formheas den chéad scéim agus go leanfaí ag déanamh íocaíochtaí in aon tréimhse sa todhchaí ina raibh scéim tarraingthe siar agus go raibh scéim nua á fhorbairt.

Chuir sé in iúil dom, ag leanúint ar cheisteanna a ardaigh mo oifig maidir leis an léirmhíniú seo den Acht níos luaithe sa bhliain, chuathas ag lorg comhairle dlí. Chuir an comhairle a fuarthas amhras faoi léirmhíniú na Roinne den Acht agus thug sé le tuiscint chomh maith nach raibh forálacha an Achta ag déileáil le híoc airgid chomh mion-sonraithe agus a fheadfaidís a bheith. Chríochnaigh an Oifig Cuntasaíochta ag rá go raibh athbhreithniú á dhéanamh ar an gcás i gcomhairle leis an Roinn Airgeadais.

# Caibidil 10

# An Roinn Talmhaíochta agus Bia

# 10.1 An Scéim Íocaíochta Singil

## Cúlra

Tugadh isteach an Scéim Íocaíochta Singil (SÍS) i 2005 mar pháirt de bhearta nua chun an Comhbheartas Talmhaíochta a athchóiriú. Rinneadh sé athrú radacach ar an mbonn lena ndearnadh íocaíochtaí d'fheirmeoirí trí íocaíochtaí agus táirge a dhíchúpláil agus réimse íocaíochtaí a bhí bunaithe ar scéimeanna a chomhdhlúthú ina n-íocaíocht singil amháin. Rinneadh sé riachtanach chomh maith réimse próiseas gnó nua ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia (an Roinn) agus athraithe suntasach pearsanra agus eagraíochta.

Le h-éifeacht ó 1 Eanáir 2005 rinne an SÍS athchur ar scéimeanna tacaíochta éagsúla stoic, caorach agus curadóireachta. Bhí an chuid is mó de na scéimeanna díchúplála go hiomlán ó tháirge le h-éifeacht ó 1 Eanáir 2005. Na h-eisceachtaí a bhí ann ná an préimh déiríochta a tugadh isteach i 2004 agus atá díchúplála go hiomlán ó 31 Márta 2005, agus an scéim fodair tirim, atá díchúplála i bpáirt (50%) go dtí seo.

De bharr na n-athraithe radacach a bhí i gceist le tabhairt isteach an SÍS chuaigh mo fhoireann i mbun athbhreithniú ard leibhéal ar phróiseas agus imeachtaí a ghlac an Roinn leo chun an comhshaol nua a bhainistiú.

## Féidhmiú na Scéim Íocaíochta Singil (SÍS)

Is é Rialachán AE 1782/2003 atá mar creatlach rialaithe ag rialú an SÍS. Chomh maith le sin leagann Rialachán AE 795/2004 síos rialacha chun 1782/2003 a chuir i bhfeidhm, agus cuireann leagan Rialachán AE 796/2004 síos go mion ar na rialacha chun cros-ghéilliúlachta, modhnú agus an córas stiúrtha chomhtháite agus feidhmithe a bhfuil forála do i 1782/2003 a chuir i bhfeidhm.

Níl aon reachtaíocht náisiúnta ag chuir an SÍS i bhfeidhm. Tá sé feidhmithe trí Chinneadh Aireachta, mar a bhí na scéimeanna a rinneadh sé athchur orthu.

Thug na rialacháin AE rogha do thíortha an scéim nua a fheidhmiú idir 2005 agus 2007 agus ar dtús glacadh le díchúpláil iomlán nó páirt díchúpláil. Ba í Éire an chéad tír a ghlac le díchúpláil iomlán, de réir cinneadh Rialtais, chun tosú ag eisiúint íocaíochta SÍS ó 1 Nollaig 2005, an dáta is luaithe a bhí ceadaithe.

Tá an SÍS infheidhme d'fheirmeoirí a bhí ag feirmeoireacht go gníomhach i rith na trí bliana go léir nó ceann de na trí bliana tagartha – 2000 go 2002 – agus ar íocadh préimh stoic leo/nó ar íocadh cúnamh curadóireachta leo ar ceann amháin nó níos mó de na blianta seo, nó a mbeidh a gcomharba ag feirmeoireacht i 2005.

Tá na dualgais ceanna ag an Roinn, ina ról mar Ghníomhaireacht Íocaíochta thar cheann an AE, chun stiúrtha agus chun cleachta smacht airgeadais, maidir leis an SÍS, agus a bhí aige do na scéimeanna roimhe sin.

Bhí comhshaol teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TCF) sofaisticiúil forbartha ag an Rialtas thar na blianta. Bhí sé riachtanach de réir an SÍS, teideal gach feirm a ríomhadh, bunaithe ar stair uathúil na feirme thar an dtréimhse tagartha 2000-2002, agus próiseáil a dhéanamh ar thart ar 140,000 iarratas SÍS le haghaidh íocaíochta roimh Nollaig 2005. Bhí tréimhse gearr go leor ag an Roinn, ó fhógra an Rialtais i Deireadh Fómhair 2003, chun na córais TFC riachtanach a ghnóthú. Chuadar i mbun an tásca ar bhealach pragmatach trí cuid de na cónraí FT a fhadú agus trí forthairiscintí oscailte do eilimintí eile den gcóras. Bhí costais iomláin forbartha suas go deireadh 2005 beagnach €5m agus súil le costais breise de timpeall is €2.7m i 2006, chun díol as iarratais tacaíochta, cothabhála agus athraithe.

# Cúlchiste Náisiúnta

Bunaíodh Cúlchiste Náisiúnta de réir Rialachán AE 1782/2003. Cruthaíodh an ciste seo chun cúiteamh a thabhairt d'fheirmeoirí, trí theidlíochtaí nua, nú teidlíochtaí sa bhreis a thabhairt ar theidil atá acu faoi láthair, i gcomhair míbhuntáistí a bhí bainteach, in a gcuid gcásanna áirithe, le tabhairt isteach an SÍS. Is féidir an Cúlchiste Náisiúnta a mhaoiniú trí asbhaint as teidlíochtaí suas go 3%. Feidhmíodh an asbhaint ar ráta de 1.82% agus as san cruthaíodh Cúlchiste Náisiúnta de €22.7m. Chomh maith le sin, d'fhéadfaí an méid a bhfuil comhionann le teidil neamh-éilithe a tharchur go dtí an gcúlchiste. Tá sé measta ag an Roinn go mbeidh €5m curtha do shochar na gCúlchiste Náisiúnta ó theidlíochtaí nach raibh gníomhachtaithe i 2005.

Tá catagóirí sainithe feirmeoirí i dteideal iarratas a dhéanamh do lamháil de theidlíochtaí ón gCúlchiste go h-uathoibríoch.Go dtí seo tá timpeall €12.4m lamhála le iarratasóirí rathúil faoin gCúlchiste Náisiúnta i 2005. Ní féidir leis na bhfeirmeoirí a bhfaigheann teidlíochtaí nua ón gcúlchiste iad a dhíol, a ligean amach ar léas nú a tharchur (ach amháin i gcás oidhreachta nó bronntanas), aon cheann des na dteidlíochtaí a bhfaigheann siad ón gcúlchiste, ar feadh tréimhse de 5 mbliana ag tosú ón bhliain a lamháladh iad.

# Asbhaint agus Buaicphraghas Náisiúnta

Faoi reachtaíocht AE a rialaíonn an SÍS, tá buaicphraghas náisiúnta do luach iomlán na dteidlíochtaí do gach bhliain go dtí 2012. Ar dtús an buaicphraghas náisiúnta na hÉireann do 2005 a bhí ann ná €1,136m, ach tháinig méadú ar ina dhiaidh sin, trí Rialacháin Coimisiúin 118/2005, go dtí €1,260m chun an t-iniamh iarchurtha den scéim Phréimh Déiríochta SÍS i 2005 a thógáil san áireamh. Faoin rialachán seo, ní féidir dul thar an mbuaicphraghas seo agus, más gá, caithfear laghdú líneach a fheidhmiú ar theidlíocht chun géilliúlacht a chinntiú. Sa chás seo chuaigh teideal na bhfeirmeoirí thar an mbuaicphraghas de timpeall 1.18% agus caitheadh laghdú líneach a chur i feidhm suas go thart ar €15.1m.

Chomh maith le sinn tagann laghdú ar theidlíochtaí i gcomhair modheolaíochta – próiseas ina gcuirtear cistí ar mhalairt treo ó SÍS go dtí bearta forbartha tuatha. Ba é an laghdú modhnú i 2005 ná 3% agus méadófar é seo go dtí 4% i 2006 agus 5% ó 2007 ar aghaidh. Cuireadh aisíoc den laghdú modhnú i fheidhm go dtí an chéad €5,000 in aghaidh teidlíocht gach feirmeora i 2006 mar atá forála do sa rialachán. I gcleachta tiocfaidh sé seo go dtí uasmhéid € 150 in aghaidh gach feirmeoir iníoctha i 2006.

Chuir mé ceist ar an tOifigeach Cuntasaíochta faoi conas a chinnteodh an Roinn nach rachfaí thar an mBuaicphraghas Náisiúnta i 2005 ag dearcadh ar na híocaíochtaí déanta go dtí seo, na h-asbhaintí déanta don gCulchiste Náisiúnta agus íocaíochta modhnú atá le déanamh fós maidir le h-iarratais nach bhfuil próiseála fós.

Mar fhreagra chuir sé in iúil dom, cé gurb é €1,260m an Buaicphraghas Náisiúnta agus an laghdú a bhí ag an gCúlchiste Náisiúnta ná €22.7m, ar an gcaoi sin an méid a bhí ar fáil i gcomhair íocaíochtaí i leith 2005 ná €1,237.3m. Íocadh €1,160.3m in iomláine go Meitheamh 2006 (gan íocaíochtaí ón gCúlchiste Náisiúnta a chur san áireamh), glan de mhodhnú 3%. Ar an gcaoi sin sé an caiteachas iomlán go dtí seo (íocaíochtaí modhnú de €34.7m san áireamh) ná €1,195m.

Dúirt sé go raibh an Roinn sásta nach mbeadh na h-íocaíochta a rinneadh faoi SÍS 2005 níos airde ná an Buaicphraghas Náisiúnta de bharr coisc gníomhaíochta tógtha agus smachta éagsúla curtha i fheidhm mar pháirt den bpróiseas íocaíochta.

# Íocaíochtaí SÍS 2005

Ríomhtar an teidlíocht SÍS ag úsáid an meánlíon stoic(heicteáir i gcás scéimeanna cúnaimh curadóireachta) ar a ndearnadh íocaíocht faoi gach scéim sa bhlianta tagartha 2000 go 2002, méadaithe faoi ráta íocaíochta 2002 den scéim sin.

I rith mo scrúdú ar an scéim nua rinne mé sheic tástála ar ríomhadh na dteidlíochtaí agus a n-íocaíocht. Bhí sé seo sásúil.

Rinneadh timpeall 118,000 íocaíochtaí i mí na Nollag 2005 le comhshuím timpeall €1,058.6m (glan de 3% de Chúlchiste Náisiúnta agus 3% de laghdaithe modhnú). Íocadh gach iarratas a próiseáladh i mí na Nollag 2005. Mar sin féin, ní bhfuair timpeall 10,000 feirmeoirí aon íocaíocht toisc nach raibh a n-iarratais críochnaithe. Ag am iniúchadh bhí an uimhir seo laghdaithe go dtí timpeall 3,000.

Chuir an t-Oifigeach Cuntasaíochta in iúil dom go raibh 8,565 íocaíochtaí suas go €85.7m maidir le 2005, gan íocaíochtaí ón gCúlchiste Náisiúnta san áireamh, déanta sa tréimhse Eanáir go Meitheamh 2006. Íocadh €27.4m eile de íocaíochtaí forlíontach, íocaíochtaí ón gCúlchiste Náisiúnta san áireamh, do 10,396 fheirmeoirí sa tréimhse céanna. Chuir sé in iúil dom chomh maith, go raibh timpeall 900 iarrthóirí nach raibh íoctha, faoi SÍS 2005, ag deireadh Meithimh 2006. Thiocfadh roinnt beag eile iarrthóirí i dteideal tar éis a n-iarratais a phróiseáil chun teidlíocht a tharchuir chucu.

I rith mó scrúdú thugas faoi deara nach ndearnadh réiteach idir na h-íocaíochtaí iomlán a taifeadadh ar an gcóras SÍS i mí na Nollag 2005 agus na h-íocaíochtaí a bhí ar thaispeáint san chóras cuntasaíochta SAP. Chuir an t-Oifigeach Cuntasaíochta in iúil dom go bhfuil an réiteach críochnaithe ó thoin.

# Force Majeure

D'fhéadfadh feirmeoirí a bhraith go raibh tionchar díobhálach ar a chuid táirgthe trí gcásanna eisceachtúla i rith cuid nó i rith an tréimhse tagartha go léir (2000-2002) force majeure a éileamh. Dá nglacfaí leis an éileamh, thógfaí na blianta ina raibh tionchar díobhálach ar a dtáirgthe amach as na blianta tagartha ag ríomhadh a dteidlíocht. San áit gur glacadh leis gur éirigh a leithéid de chás i rith na mblianta tagartha ar fad, d'fhéadfadh an Roinn an tréimhse 1997-1999 a úsáid mar thréimhse tagairt mhalairt. Samplaí de force majeure is ea bás nó éagumas fadtéarmach d'fheirmeoir.

Rinneadh Coimisiún na hEorpa scrúdú i 2005 ar éilimh force majeure agus ina gcinneadh dúradar nach raibh údaráis na hÉireann ag socrú céatadáin soiléir chun titim i dtáirgthe a thomhas, ina leithéid de chásanna, agus mholadar scrúdú cruinn a thabhairt isteach le a chinntiú go gcaithfí le gach éilitheoir sa tslí ceanna. De thoradh a scrúdú, ba é tuairim an Coimisiúin ná, nach raibh an Roinn tar éis na rialacháin go h-iomlán a chomhlíonadh.

Mar fhreagra, dúirt an Roinn nach mbeadh cuspóirí airteagal 40 de 1782/2003, an t-airteagal ag déileáil le force majeure, ábalta bheith chomhlíonta dá socrófaí céatadáin soiléir chun an laghdú i dtáirgthe a thomhas. Dúradar chomh maith gur ndearnadh scrúdú ar chás gach aon iarratas chun cinneadh a dhéanamh faoi an sáraigh na cásanna na critéir do force majeure/cásanna eisceachtúil. Rinneadh é seo trí fhianaise doiciméadach a sholáthar maidir le teastais báis nó fianaise dochtúra. Tar éis bheith sásta leis go bhféadfadh na cásanna curtha ar aghaidh, pé acu a tharlú i rith nó roimh an tréimhse tagartha, cúis a dhéanamh de thitim i dtáirgthe, scrúdaigh an Roinn gach cás chun cinneadh a dhéanamh, faoi ar tharla, titim i dtáirgthe sna blianta tagartha. Chuir bunachar sonraí na Roinne ar a gcumas an patrún táirgthe a scrúdú. Ar dheireadh, dúradh go raibh an Roinn sásta go raibh a fheidhmiú den airteagal de réir forálacha an t-airteagal agus gur bé an tslí ab fhearr é chun déileáil leis na h-iarratais.

I 2005 cuireadh isteach ar 17,592 iarratas force majeure. Díobh seo glacadh le 4,266 (mar aon leis na gcinn a gceadaíodh ar achomharc, srl) chun íocaíochta agus caitheadh amach 13,326. Sé an t-iomlán a íocadh ar 4,266 cásanna ná €51.9m agus bhain €8.5m de seo le cásanna force majeure.

# An Coiste Achomhairc

Bhunaigh an tAire Talmhaíochta agus Bia Coiste Achomhairc i mí Feabhra 2004 chun athbhreithniú a dhéanamh ar cásanna feirmeoirí nach raibh sásta le cinneadh na Roinne maidir lena dteidlíochtaí SÍS.

Suas go Meitheamh 2006, breathnaíodh ar 4,943 achomhairc. Tacaíodh le 509 achomhairc, níor tacaíodh le 4,287, measadh 44 bheith neamh bhailí agus ní raibh 103 críochnaithe. Rinne iarratasóirí i 64 cásanna nár tacaíodh leo, gearán le Oifig an Ombudsman. Tar éis athbhreithniú, d'athraigh an Roinn cinneadh i ocht gcinn des na gcásanna seo, go minic de bharr breis eolais.

Ó mhí Mhárta 2006, tá an Coiste Achomhairc ag breathnú ar achomhairc maidir le lamháil teidlíocht ón gCúlchiste Náisiúnta. Tá timpeall 900 de na leithéid d'achomhairc taiscthe leis an gCoiste Achomhairc ach, faoi dheireadh mhí Meithimh 2006, níl aon chinneadh déanta fós ag an gCoiste.

# Cros Ghéilliúlacht

Faoi riachtanais cros ghéilliúlachta, caithfidh feirmeoir atá ag fáil íocaíocht SÍS Riachtanais Bainistíochta Reachtúil (SMRs) áirithe atá leagtha síos i reachtaíocht AE faoin gcomhshaol, sábháilteacht bia, sláinte agus leasa ainmhithe agus sláinte plandaí a chur i fheidhm agus caithfear an fheirm a choimeád i stáid mhaith talmhaíochta agus comhshaoil (GAEC). Tugadh isteach seacht SMRs i 2005 chomh maith le riachtanais GAEC d'Éire. Feidhmíodh ocht SMRs eile, an Treorach Níotráit san áireamh, in Éirinn i 2006 agus tá trí cinn eile le tabhairt isteach ar 1 Eanair 2007.

Do fheirmeoirí a roghnaítear i gcomhair sheiceála, déantar dhá shórt sheiceáil ar mhaithe le feidhmiú an SÍS – sheiceáil teideal agus sheiceáil cros ghéilliúlachta. Deimhníonn sheiceáil teideal cruinneas an achair feirme atá dá oibriú agus a bhfuiltear ag éileamh ar a shon. Is coinníoll é go mbíonn gach sheiceáil teidil críochnaithe roimh aon íocaíocht. Tá dhá shórt scrúdú ann – ar an dtalamh (ar an suíomh) agus cianbhraitheach le satailíte. Is coinníoll AE é go ndéantar seiceáil ar 5% d'fheirmeoirí atá ag déanamh iarratas ar an SÍS.

Rinneadh iniúchadh ar chros ghéilliúlacht i 2005 a ardaigh roinnt eisithe maidir leis an modh a bhí á úsáid chun feirmeacha a roghnú agus an leibhéal smachtbhannaí a bhí á chur ar bhfeirmeoirí neamh ghéilliúlachta. Bhí tráchtanna eile ag iniúchóirí an Coimisiúin faoi mheáite breise a cuireadh i fheidhm in gcásanna neamh ghéilliúlachta, iarratas ar smachtbhannaí agus táblaí agus treoracha a úsáidtear chun SMRs éagsúla a scrúdú.

Ghlac an Roinn le roinnt de na tráchta iniúchadh i mí Eanáir 2006 agus, de thoradh ar sin, déantar roinnt athraithe. Rinne mé fiosrú faoi cad iad na h-impleachtaí a bhainfeadh leis na scrúdaithe cros ghéilliúlachta seo a bhí le déanamh agus faoin uimhir foirne iniúchadh a bheadh riachtanach. Chuir an t-Oifigeach Cuntasaíochta in iúil dom go bhfuil cuairteanna iniúchadh comhtháite le iniúchadh teidil le dearcadh de a chinntiú, chomh fada agus is féidir, nach ndéantar ach cuairt amháin ar gach feirm. Sa chomhthéacs seo, bhí iniúchadh faoin scéim Liúntas Cúitimh do Cheantair faoi Mhíbhuntáiste comhtháite le scrúdaithe teidil agus cros ghéilliúlachta faoin SÍS. De thoradh ar tabhairt isteach an mhúnla anailíse riosca ceartaithe, cé gur ísleofar an uimhir cuairteanna go 2,000 cuairt, déanfar méadú suntasach ar an méid ama a caithfear ar gach fheirm toisc go gcaithfear fhoirm iniúchadh a líonadh maidir le gach SMR rud a dhéanfaidh iniúchadh ar an fheirm iomlán ag an fhoireann iniúchadh riachtanach.

# Conclúid

Marcálann tabhairt isteach an SÍS an t-athrú is mó in obair an Chomhbheartais Talmhaíochta ó bhunaíodh é ós cionn 30 bliain ó thoin. Bhuail dúshláin mhóra leis an Roinn ag déanamh cinneadh faoi teidlíochtaí fheirmeoirí faoin gcóras nua agus ag déanamh, rudaí a bhfuil gan dabht, príomh íocaíochtaí ioncaim leis na daoine a bhfuil bainteach faoin spriocdháta mhí na Nollag 2005. Caitheadh é seo a dhéanamh de réir rialacháin ilchasta AE agus géillsineach do dhian scrúdú AE. Taispeánann an fianaise atá ar fáil go dtí seo gur phleanáil an Roinn a chur chuige maidir leis na tascanna seo i modh straitéiseach agus gur fheidhmíodar iad i tslí pragmatach agus sásúil go ginearálta.

# 10.2 Sábhálacha Fhoirne

Le tabhairt isteach an SÍS bhí sé réamhmheasta go luath go mbeadh sábháil suntasach foirne le déanamh ins an Roinn. Measadh go n-éireodh na sábhála seo, toisc go mbeadh iarracht riaracháin níos lú ag teastáil i gcomhair an díchúpálá iomlán d'íocaíochtaí tacaíochta feirme ó táirgthe agus an chuíchóiriú bainteach de scéim tacaíocht ioncam feirme. Bhí sé reamh-mheasta chomh maith go ndéanfadh sábháil ar fhoireann fritháireamh ar an leibhéal níos airde de nasca smachta bainteach leis an tabhairt isteach de cros ghéilliúlachta faoin SÍS.

Tar éis comhfhreagras leis an Roinn Airgeadais in Aibreán 2005 léirítear gur bhraith an Roinn go mbeidís ábalta oibriú le fhoireann a bhí 400 níos lú. B'é miondealú den 400 ná

- 250 foireann oifige áitiúla
- 100 d'fhoireann oifig na Roinne i gCaisleán an Bharraigh
- 50 d'fhoireann ón roinn cúnaimh ceantair i mBaile Átha Cliath.

Tugadh faoi deara, ó Aibreán 2006, go deineadh laghdú suas go 152 ar uimhir foirne san oifig áitiúil. Rinneadh é seo trí 35 aistriú inmheánach laistigh den Roinn agus d'imigh 117 den fhoireann ón Roinn – den gcuid is mó trí aistriú go dtí Ranna Rialtais eile, scor agus briseadh gairme. Tugadh faoi deara, chomh maith, gur aistrigh 56 den fhoireann ó oifig Chaisleán an Bharraigh go dtí an Roinn Dlí agus Cirt (Lárionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána). Toisc go rabhthas ag súil go mbeadh an foireann cúnamh ceantair seo ag teastáil chun an SÍS a stiúradh an chuid eile de 2006, níor rinneadh aon laghdaithe san earnáil seo.

I mí Meán Fómhair 2005 chuaigh an Roinn i mbun athbhreithniú ar leibhéal foirne an Oifig Tréidliachta Réigiúnach (DVO). Rinneadh an t-athbhreithniú i gcomhthéacs leibhéal galair ainmhithe bheith ag titim agus éifeachtaí a n-éiríonn ó thabhairt isteach an Córas Ríomhaireachta Sláinte Ainmhithe (AHCS) nua. Fuair an tuarascáil athbhreithnithe, a eisíodh i Márta 2006, nach mbeadh gá le 115 d'fhoireann i na DVO's áitiúla.

Dá bhrí sin bhí sé measta go bhféadfadh an Roinn sábháil iomlán de 515 sna hearnálacha ábhartha. Cé go raibh 173 fíor aistrithe amach as an Roinn go Aibreán 2006, bhí sábhálacha de 342 fós le déanamh ag an am sin.

D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta

- Cé mhéid den fhoireann a bhí tar éis obair a dhéanamh ar scéimeanna athchurtha ag an SÍS?
- Cén bearta a thóg an Roinn chun a chinntiú go raibh an foireann seo ath-imlonnaithe? Idir an dá linn, cad iad na bhearta a thóg an Roinn le a chinntiú go raibh na baill foirne seo fostaithe go rathúil?
- Cad iad na deacrachtaí a bhraith an Roinn ag athlonnú foirne san áit nach raibh deiseanna athlonnaithe ar fáil agus conas a sáraíodh na deacrachtaí seo?
- Ar bhraith an Roinn aon deacrachtaí ar leith ag athlonnú nó ag athchóiriú foireann teicniúla ar nós foireann tréidlia agus, má bhraith, conas a bheartaigh an Roinn dul i ngleic leis na deacrachtaí?
- Cathain a mheastar go mbainfear amach an tsábháil foirne de 115 san DVO?

Chuir an t-Oifigeach Cuntasaíochta in iúil dom gur oibrigh, in iomláine, timpeall 400 d'fhoireann stiúrtha, 185 d'fhoireann teicniúil talmhaíochta agus 12 d'fhoireann cigireachta ar scéimeanna athchurtha ag an SÍS. Dúirt sé gur oibrigh an Roinn go dlúth leis an Roinn Airgeadais, le roinne eile agus chomh maith le sinn, le comhlachais foirne aitheanta d'fhonn forlíon foirne a athchóiriú. Seachas 50 d'fhoireann stiúrtha san aonad Cúnamh Ceantair, a bhí fós ina pháirt lárnach d'obair an SÍS agus nach raibh fós ar fáil chun athchóiriú, bhí cuntas déanta do timpeall 250 den gcomhardú den 350 foireann stiúrtha, faoi deireadh mí

Meitheamh 2006, trí athchóiriú, deachmaíocht nádúrtha, ardú céime srl..

Dúirt sé chomh maith go raibh, le cúnamh na Roinne Airgeadais, éascú déanta chun féidearthacht de bhloic sealadach oibre a athrú ó Roinne eile go suíomh Roinne nach raibh deiseanna athlonnaithe áitiúil ar fáil. Bhain an Roinn Comhshaoil, mar shampla, áis as barrachas fhoireann na Roinne i mBéal Átha Beithe,. In oifigí eile, bhí barrachas foirne, de bharr a taithí le scéimeanna eile roimhe seo, ag obair ar bhearta áirithe bainteach le feidhmiú leanúnach an SÍS.

Chuir sé in iúil dom nach raibh sé soiléir fós cé mhéid d'fhoireann teicniúil/cigireachta a bheadh ina bharrachas, má bheadh aon duine. Cé go raibh titim tagtha ar an uimhir cigireachta bliantúil, tháinig méadú ar an ilchastacht, go h-áirithe le tabhairt isteach réimse cros ghéilliúlacht agus bearta comhshaoil. Go dtí seo, bhí an Roinn dírithe ar athchóiriú a dhéanamh ar an mbarrachas fhoireann stiúrtha ach bhí sé ar aigne acu an staid a athbhreithniú maidir le fhoireann teicniúil /cigireachta roimh i bhfad.

Faoi dheireadh, dúirt sé gur bhraith an ráta lena bhféadfaí foireann a athchóiriú ón DVO ar an uimhir folúntais a bhí ag teacht suas i Roinne nó oifigí sa láthair geografach céanna.

# Conclúid

D'fhéadfaí eisithe bainteach le ath-eagrú agus ath-lonnú foirne trí tabhairt isteach an SÍS a léiriú mar obair ag dul ar aghaidh. Tá sé soiléir ón Oifigeach Cuntasaíochta, go gcaithfear déileáil leis na h-eisithe seo i gcomhoibriú leis an Roinn Airgeadais, ionadaithe foirne agus Ranna agus gníomhaireachta eile a bhféadfadh gá bheith acu le fhoireann in áit nach bhfuil gá le fhoireann na Roinne Talmhaíochta agus Bia níos mó de bharr tabhairt isteach an SÍS. Cé nach bhfuil aon amhras gur mar seo a tá, tá géar ghá ann a chinntiú go ath-lonnaíotar foireann gairmiúil, teicniúil agus stiúrtha a bhí ag obair ar scéimeanna atá anois athchurtha ag an SÍS sa tslí is éifeachtaí is féidir sa chomhsaol nua.

# Caibidil 11

# An Roinn Iompair

# 11.1 Córas Ticéadú Comhtháite

## Cúlra

Soláthraíonn an tAcht Iompair 2001 (Bonneagar Iarnróid), do bhunú an Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnród (RPA). Ba bhun dhualgas an ghníomhaireacht ná soláthar a dhaingniú, nó soláthar do, iarnród éadrom áirithe agus bonneagar metro mar a bhféadfaí a bheith leagtha amach ag an Aire Iompair ó am go h-am. I mí Márta 2002, leathnaíodh a ndualgais, tré Ionstraim Reachtúil 84/2002, chun sainordú a thabhairt dó maidir le soláthar ar chóras íloibreoirí de thicéadú comhtháite i dtaobh iompair poiblí ag úsáid teicneolaíocht an chárta cliste, a úsáideadh ar dtús i gceantar Baile Átha Cliath. Ag feitheamh le bhunú forais rialúcháin iompair, tugadh cúram don RPA córas ticéadú comhtháite a sholáthar mar, i dtuairim na Roinne Cumarsáide (an Roinn), ní raibh aon chúram díreach acu maidir le seirbhísí iompair a sholáthar agus, mar sin, bheidís in ann aon imní faoin tionscadal á aimsiú ag oibreoir atá ann cheana féin agus a bheadh ag déanamh deacrachtaí maidir le ceisteanna comórtais a sheachaint.

## Imlíne Thionscadail agus Buiséad

I 2002, d'ullmhaigh an RPA buiséad agus plean ceithre bliana - 2002 to 2005 - le 4 thréimhse shoiléir do sheachadadh an tionscadail. Leagadh an bun bhuiséad ag €29.6 milliún. I ndeireadh 2004, chuir an RPA in iúl go raibh an dáta athbhreithnithe go 2006 agus go bhféadfaí na costais a shroicheadh trí an mbuiséad comhaontaithe de €29.6 milliún fós a fháil. I mí Eanáir 2006, chuir an RPA buiséad athbhreithnithe faoi bhráid le h-uasteorann €42.7 milliún, an méid deireanach le brath ar an mbunús den mhéid ranníocaíochtaí ón Státchiste le bheith déanta i dtreo chostais caipitil oibreoirí. 'Siad na príomhfáthanna a tugadh don ardú sa bhuiséad ná an tréimhse feidhmiúcháin níos faide, an gá iarmhartach leis an bhfoireann tionscadail agus bainistíochta a choinneáil ar feadh tréimhse breise de dhá bhliain, chomh maith le moltaí maidir leis an líon ranníocaíochtaí caipitil a bheadh iníoctha le h-oibreoirí. Tá comhaontú le déanamh fós ar bhuiséad athcheartaithe agus ar an dóigh seo tá an tAire ag fanacht leis an tuarascáil atá le teacht ón mbord tionscadail ar thicéadú comhtháite den scóip, amlínte agus buiséad comhaontaithe don chomhlánú céimnithe den thionscadal ticéadú comhtháite.

B'iad 4 thréimhsí an phlean ná

- Bunú ag cuimsiú breithmheas
- Dearadh/sonraíocht ag cuimsiú comhairliúchán phoiblí
- Soláthar
- Cur i bhfeidhm méadaithe ag idirchéimeanna straitéiseacha tré líon próisis tábhachtacha – feachtas feasachta poiblí agus cruthúnas coincheapa.

Chuir an RPA foireann de shaineolaithe tiomnaithe in-tí le chéile do sheachadadh an tionscadail.

## Maoirsiú ar an dTionscadail

Bunaíodh dhá choistí chun an feidhmiúcháin a mhaoirsiúChuimsigh an coiste faireacháin, faoi stiúir na Roinne, d'oifigigh na Roinne agus RPA agus coiste stiúrtha, faoi stiúir an RPA agus ag cuimsiú ionadaithe ó na h-eagraíochtaí iompair, ón Roinn agus ó ghníomhaireachtaí Stáit leasmhara eile.

## Cur i bhFeidhm an Tionscadail

Comhlánaíodh tréimhsí 1 agus 2 gar go leor de réir an amlíne agus bhuiséid a leagadh amach ar dtús. Glactar chomh maith le gcruthúnas coincheapa. Cibé ar bith bhí fadhbanna le tréimhse 3 – soláthar – a thosaigh i mí Aibreán 2004 ach a críochnaíodh ina dhiaidh sin i mí Bealtaine 2005. Rinneadh an próisis soláthair a chomhlíonadh de réir na rialacha náisiúnta agus AE, ach faoi dheireadh níor shroich aon

thairgtheoir an critéir roghnúcháin. Is cosúil gur chruthaigh coimpléascacht an tionscadail, chomh maith le gníomhaireacht iompair Stáit eile ag lorg córas cosúlach sa mhargadh ag an am sin, deacrachtaí móra don phróiseas soláthair. Chuir an RPA in iúl don Roinn ina dhiaidh sin go raibh glanchostas breise de €860,000 ag eascairt ón soláthar neamhrathúil agus dá bhrí cuireadh moill ar an dtionscadal ar feadh timpeall bliain.

## Fionraíocht an Tionscadail

Ag tógáil na ndeacrachtaí leis an tionscadail san áireamh, choimisiúnaigh an Roinn tuarascáil chomhairleoireachta

- chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige do sholáthar
- chun costais an chórais a thagarmharc in aghaidh na bpríomhchórais ticéadú comhtháite eile a úsáideann cárta cliste
- chun inseachadacht na mbuntáistí a mheas

roimh thiomnú d'aon chostas breise a bhí, ar 31 Nollaig 2005, tar éis carnú go dtí timpeall €9.5 milliún. Cuireadh an tuarascáil seo ós comhair an Roinn in Aibreán 2006.

Ba iad na conclúidí a thángthas orthu ná go raibh comhaontú ginearálta i measc na gcoimeádaithe geallta go raibh ticéadú comhtháite de dhíth i mBaile Átha Cliath agus gur chóir leanúint leis an bpróiseas soláthair. Shonraigh an tuarascáil, cibé ar bith, gur airigh páirtithe áirithe éiginnteacht ginearálta faoi na struchtúir rialúcháin agus institiúide sa todhchaí don chóras iompair i mBaile Átha Cliath agus bhí dhá iarmhairt suntasacha aige seo. Bhí oibreoirí éiginnte mar gheall ar méid agus/nó nádúr an páirt a bhí acu sa ngréasán iompair poiblí sa todhchaí agus ní rabhadar, dá bhrí sin, toilteanach tiomnú do threoir thicéadú áirithe agus bhí ganntanas institiúidí chun an dticéadú comhtháite a bhrú ar aghaidh.. Luadh gur chruthaigh na h-éiginnteachtaí seo dhá fhadhb bhúnúsacha – tharraing ana chuid oibreoirí príobháideacha siar ón bpróiseas agus bhí Bus Átha Cliath, chomh maith le h-Iarnród Éireann, go pointe níos lú, ag leanúint lena bhforbairt féin ar chórais ticéadú i gcomhthreomhar chun solúbthacht a chothabháil dá gcúiseodh athbhreithniú rialúcháin go gcaithfidís córas a bhainistiú ina n-aonar.

Rinne an tuarascáil líon roghanna a phlé ach mholadar go láidir leanúint leis an tionscadal, agus luadar, le rialúcháin níos daingne, go mbeadh sé indéanta an tionscadal a choinneáil ar am agus laistigh den mbuiséad.

Choimisiúnaigh an Roinn athbhreithniú piaraí chomh maith, den dtionscadal de réir chinneadh an Rialtais ar bhainistiú na mórthionscadal ICT.Tugtar faoi deara sa tuarascáil seo an easpa aontachta i leith físe agus aidhme i measc na rannpháirtithe.Shonraigh sí go bhfabhrófar costas breise mura leantar ar aghaidh leis an tionscadal, ag tabhairt caiteachas iomlán go timpeall €13.5m. Moladh chomh maith gur chóir don tionscadal, mar a fheictear i láthair na h-uaire, leanúint ar aghaidh agus cuireadh béim go mbeadh comhlánú rathúil ag brath ar

- comhaontú iomlán ag na páirtithe uile do choincheap an ticéadú comhtháite
- aontacht físe agus aidhme é seo a bhaint amach
- toilteanas páirtíocht a sheachaint i bhfabhar an tionscadal
- riaradh agus bainistíocht níos éifeachtaí ar an dtionscadal.

Bhreathnaigh an dá athbhreithniú ar na roghanna an tionscadal a thréigean, é a chuir siar, nó leanúint leis agus mhol an dá thuarascáil ag eascairt uaidh seo go láidir leanúint leis an tionscadal, ag brath ar shocruithe nua agus feabhsaithe rialúcháin a bheith curtha i bhfeidhm.Rinne an Roinn na tuarascálacha seo a mheas, chomh maith lena n-anailís féin a thógáil san áireamh, agus mholadar don Aire go nglacfaí le réimse leathan de na mholtaí.

I mí Iúil 2006, chomhairligh an tAire don Rialtas go foirmiúil den rún a bhí aige leanúint leis an tionscadal ticéadú comhtháite ar an mbunús go mbunófaí socruithe feabhsaithe rialúcháin do chomhlánú an tionscadail. Rinne an Rialtas rúin an Aire a nótáil.

Cuimsíonn an caiteachas de €9.5 milliún go deireadh na Nollag 2005 i dTábla 36.

**Tábla 36**

| | **€ Milliún** |
|---|---|
| RPA | 4.7 |
| Córais dearadh agus forbairt | 3.0 |
| Ranníocaíocht ar threalamh na n-oibreoirí | 0.9 |
| Táillí proifisiúnta tríú páirtí | 0.7 |
| Margaíocht agus brandáil | 0.1 |
| Taighde Margadh | 0.1 |
| **Iomlán** | **9.5** |

An caiteachas a bhí sna ceithre bhliana ó 2002 go 2005 ná €0.3 milliún, €1.9 milliún, €4.9 milliún agus €2.4 milliún faoi seach.

## Imní Iniúchadh

Toisc go raibh imní orm gur chúisigh an dóigh a bainistíodh an tionscadal easpa dul chun cinn agus dá bhrí caiteachas cuimsitheach neamhbhríoch, chuir mé sraith ceisteanna ar an tOifigeach Cuntasaíochta.

## Rialú

**Cé mhéid a bhí an ráta míshásúil dul chun cinn inchurtha i leith an chórais rialúcháin a úsáideadh?**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom, go dtí gur theip ar an gcéad phróiseas soláthair i mí Bealtaine 2005, gur tuairiscíodh an tionscadal a bheith laistigh de bhuiséad agus ní raibh aon fhianaise ann suas go dtí an pointí sin nach mbeadh an struchtúr rialúcháin a bhí i réim ábalta an tionscadal a sheachadadh. Bhí roinnt tosca i gceist a chuir leis an bpróiseas soláthair neamhchonclúideach. Chuimsíodar seo scála beag an tsoláthair i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta, éiginnteacht faoi ról an RPA agus gníomhaireachtaí eile laistigh den gcóras agus sain-nádúr na seirbhísí a bhí á lorg. Is cosúil gur toisc rannpháirteach eile iad na bun-teannais idir chomhlachtaí an RPA agus CIE, go háirithe Bus Átha Cliath, a bhí ag teacht i bhfianaise níos géire ag an am sin. Léirigh tuairiscí na Roinne go raibh an próiseas ina lorgaítear comhaontú leis, agus lena raibh coimeádaithe geallta bainteach, an bpróiseas cinnteoireachta tar éis éirí fadálach. Cibé ar bith, bhraithfeadh seachadadh ar thionscadal mar seo, i gcomhshaol iloibreora agus ilgníomhaireachta, i gcónaí go pointe ábhartha ar chomhoibriú na ngníomhaireachtaí, is cuma cén socruithe rialúcháin nó cumhachtaí reachtúla atá ar fáil.

Shonraigh sí gur eascair an conclúid go raibh struchtúir feabhsaithe rialúcháin ag teastáil go díreach ó athbhreithniú na Roinne ar an dtionscadal tar éis teipeadh an próiseas soláthair i mí Bealtaine 2005, ó chomhráite fadálacha tríthaobhach idir an Roinn agus príomhfheidhmeannaigh an RPA agus Bus Átha Cliath a tharla idir mí Iúil 2005 agus Eanáir 2006, ón sainchomhairle a glacadh de chúram chun an tionscadal a athbhreithniú agus athbhreithniú piaraí a glacadh de chúram de réir Cinneadh Rialtais ar bhainistiú na bpríomhthionscadail ICT.Bhraith an córas rialúcháin ar chomhaontú idir an RPA, Bus Átha Cliath, Bus Éireann, Iarnród Éireann, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DFSA) chomh maith le h-oibreoirí príobháideacha bus agus Luas. Tugadh socruithe athbhreithnithe rialúcháin i bhfeidhm in Iúil 2006 i bhfoirm bord tionscadail nua ard leibhéil a leagadh cúram orthu teicneolaíocht an chárta cliste a sheachadadh go rathúil atá riachtanach ionas go soláthrófaí córas ticéadú comhtháite laistigh de shonraíocht, amlíne agus buiséad a bheadh comhaontaithe.

Dhéanfadh an bord ceisteanna eile a mheas maidir le scóp teicniúil agus cúrsaí dearadh mar a bheadh

riachtanach chun teicneolaíocht an chárta cliste a chomhlíonadh (i.e. cúrsaí dearadh teicniúil maidir le struchtúir féidearthach na dtáillí agus leibhéil, táirgí ticéid, straitéis bailiúcháin ioncaim, riachtanais sonraí srl). Sula a dtosaíonn oibreoir iompair poiblí le h-aon mholtaí dá gcuid féin ar infheistíocht maidir le ticéadú, chaithfeadh an t-oibreoir an bord a shásamh go bhfuil an trealamh molta i gcomhréir le riachtanais an ticéadú comhtháite.

Cuimsíonn an bord cathaoirleach neamhspleách, na príomhfheidhmeannaigh ón RPA, Bus Átha Cliath, Iarnród Éireann, Bus Éireann, oifigigh sinsearacha ón Roinn agus, mar a bheadh oiriúnach, an RGST agus ionadaí ar son na h-oibreoirí príobháideacha bus. Tá an tAire tar éis iar-Ard Rúnaí a cheapadh mar chathoirleach nemhspleách ar bhoird an tionscadail. Tharla an chéad chruinniú don bhord nua i Iúil 2006.

Beidh an bord freagrach don Aire Iompair. Táid tar éis ceist a chuir orthu tuarascáil foirmiúil ar dhul chun cinn a thabhairt don Aire i Meán Fómhair 2006 agus gach 3 mhí ina dhiaidh sin.

Bunófar foireann thionscadail chun díriú ar chur i bhfeidhm, a bheidh faoi stiúir an RPA, ag cuimsiú foireann thicéadú reatha an RPA agus pearsanra ábhartha ó Bhus Átha Cliath, Iarnród Éireann, agus Bus Éireann, oibreoirí príobháideacha agus, mar a bheadh oiriúnach, an RGST. Déanfaidh an fhoireann tuairisciú don bhord tionscadail agus beidh sé de chúram orthu maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt laethúil agus cur i bhfeidhm an tionscadail. Fanfaidh baill den bhfoireann seo, cibé ar bith, fostaithe ag a n-eagraíochtaí féin i gcaitheamh an tionscadail ar fad.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom chomh maith, go bhfuil an Roinn ag déanamh athbhreithniú ar shainordú reatha an RPA agus go n-athrófar an Ionstraim Reachtúil bunúsach, má tá sé oiriúnach, ionas éifeacht a thabhairt do na socruithe nua.

Shonraigh sí go raibh an struchtúr feabhsaithe rialúcháin don dtionscadal ticéadú comhtháite deartha chun ról neamhspleách reachtúil na bpáirtithe leasmhara difriúla a aithint agus pointe fócasach amháin a choinneáil do gach mhórchinneadh maidir leis an tionscadal ticéadú comhtháite.

Léirigh sí go raibh sé beartaithe go mbeadh an struchtúr rialúcháin fostaithe eatramhach i nádúr ag brath ar athruithe i socruithe institiúideach maidir le h-iompar poiblí.D'aithin an Roinn i gcónaí, gurb é an áit is oiriúnaí don tionscadal ná i gcomhlacht rialúcháin iompar neamhspleách le cumhachtaí reachtúla an margadh iompair poiblí a rialú**.** Tá an tAire Iompair ag breathnú ar seo i gcomhthéacs na moltaí atá aige Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath a bhunú.

Idir an dá linn, teastaíonn ón Aire a chinntiú go ndruideann an tionscadal ar aghaidh chomh tapaigh agus is féidir agus go mbainfí buntáistí an chaiteachais go dtí seo amach.

## Gníomh Tógtha chun Déileáil le h-Easnaimh

**Cén gníomh go díreach a thóg an Roinn chun déileáil leis na h-easnaimh sa chaidreamh idir an RPA agus ghrúpa comhlachtaí CIÉ suas chomh fada le deireadh 2005?**

Shonraigh an t-Oifigeach Cuntasaíochta, ó thús an tionscadal i 2002, go raibh an Roinn tar éis monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis an tionscadal idir an RPA agus CIE.Rinne sí mórán cruinnithe a óstáil idir fhochuideachtaí CIÉ agus an RPA chun réiteach a fháil ar cheisteanna áirithe maidir leis an ticéadú comhtháite mar a thángadar aníos. Chomh maith le comhfhreagras eile ón Roinn, scríobh sí chuig Cathaoirleach CIÉ i Meitheamh 2004, ag lorg dearbhuithe go mbeadh Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann rannpháirteach go hiomlán sa chóras ticéadú comhtháite a bhí i mbun forbartha ag an RPA. Chomh maith le sin scríobh an tAire go dtí Cathoirleach Bus Átha Cliath i Samhain 2004 maidir leis na socruithe eatramhacha tícéadú a bhí déanta ag Bus Átha Cliath agus arís, i mí Márta 2005 chun an polasaí poiblí ar thicéadú comhtháite a leagan amach go soiléir.

Tar éis straitéis an tsoláthair a théigean i mBealtaine 2005, chuir an RPA straitéis athbhreithnithe i láthair na Roinne in Iúil 2005**.** Bhí drogall ar an Roinn aontú leis an straitéis athbhreithnithe go dtí go raibh na costais agus fráma ama don tionscadal dearbhaithe agus go dtí go rabhthas tar éis teacht ar chomhaontú idir an RPA agus Bus Átha Cliath ar an mbealach ar aghaidh. Mheas an Roinn go raibh sé riachtanach go mbeadh Bus Átha Cliath, mar an t-oibreoir is mó iompair poiblí i mBaile Átha Cliath, tiomanta go h-iomlán mar rannpháirtí chun rathúlacht a chinntiú maidir leis an scéim ticéadú comhtháite.

Ar an ábhar sin, eagraíodh cainteanna tríthaobhacha mar iarracht na difríochtaí a réiteach. I mí na Nollag 2005, thángthas ar chomhaontú maidir leis an mbealach ar aghaidh agus rinne cathaoirligh an RPA agus CIÉ é a shíniú go foirmiúil in Eanáir 2006. Chlúdaigh an comhaontú líon ceisteanna lárnacha ag cuimsiú forbairt ar chárta cliste indiúscartha le h-úsáid ar sheirbhísí Bus Átha Cliath mar chéim eatramhach, bheadh an RPA i mbun eisiúna an chárta cliste le comhaontú ó Bhus Átha Cliath**,** tarraingt siar an chárta indiúscartha laistigh de 12 mhí ó thús an chórais comhtháite, tástáil an choimhéadain bogearraí ar líon busanna agus na céimeanna ar aghaidh le thógáil ag an dá pháirtí.

Cuimsíodh forálacha airgeadais chomh maith sa Mheabhrán Tuisceana (MT) comhaontaithe idir an Roinn agus trí fo-chuideachta de CIÉ i 2005 agus 2006.

## An tOrdú do Smachtbhannaí Airgeadais

**Ar tugadh aon aird ar an chur i bhfeidhm smachtbhannaí airgeadais ar ghrúpa comhlachtaí CIÉ, ag tógáil san áireamh an easpa tiomantais meabhairbhraite don tionscadal?**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur bhíodar tar éis é seo a mheas. Shonraigh sí go soláthraíonn an MT ar leibhéil seirbhísí agus spriocanna a aontaíodh idir an Roinn agus na comhlachtaí CIÉ go mbeadh íocaíochtaí fóirdheontais déanta ag na comhlachtaí. Maidir leis an tionscadal ticéadú comhtháite, soláthraíonn an MT go mbeadh cuid den íocaíocht ag brath ar chomhoibriú leis an tionscadal ticéadú comhtháite.

Soláthraíonn na comhaontaithe do 2006 go nascfaí íocaíocht le rannpháirtíocht shásúil i bhforbairt an chórais iloibreora de thicéadú comhtháite. Ní dhéanfaí íocaíocht a cheadú, i dtuairim na Roinne, ach dá gcloífeadh comhlachtaí le coinníollacha ábhartha an MT.

Tá an MT do 2005 tar éis soláthar a dhéanamh chomh maith, do chistí a tharraingt siar ar an mbunús nach gcloítear leis an tionscadal ticéadú comhtháite. I mí na Nollag 2005, scríobh an Roinn go CIÉ ag tabhairt rabhadh dóibh go dtógfaí íocaíochtaí áirithe gaolmharach le dul chun cinn i 2006 ar ais mura dhéanfaí dul chun cinn suntasach le linn 2006. Bheadh an Roinn ag déanamh measúnú amach anseo chun fáil amach an raibh dóthain fianaise de thiomantas ó chomhlachtaí CIÉ chun barántú nach dtarraingeofaí siar na h-íocaíochtaí.

Shonraigh sí nár ghlac comhlachtaí CIÉ go raibh nó go bhfuil easpa tiomantas ar a bpáirt don tionscadal ticéadú comhtháite.

## Giaráil Airgeadais

**Ar chuir an Roinn an giaráil airgeadais oiriúnach i bhfeidhm chun an tionscadal a bhrú ar aghaidh, ag tógáil san áireamh na fordheontais cuimsitheacha a íocadh le gníomhaireachtaí iompair Stáit?**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur thóg an tuarascáil athbhreithnithe piaraí faoi deara, ina nótaí deiridh, inter alia "a compelling case could be made to make the very substantial Exchequer investment in the various modes of transport contingent on transport operators introducing the integrated ticketing project."

Shonraigh sí gur aithin agus gur ghlac an Roinn leis an bpointe a bhí déanta sa tuarascáil. Cibé ar bith, b'éigean don Roinn é seo a chothromú leis an tionchar ar an bpobal agus sochaí taistil go ginearálta de tharraingt siar nó cuir ar athlá na gcistí poiblí ar sholáthar na seirbhísí iompair poiblí curtha ar fáil ag gníomhaireachtaí iompair Stáit. Bheadh meas ag aon idirghabháil airgeadais mar seo go bhféadfaí smaoineamh ar, cé go léirítear easpa sásaimh le tiomantas na gcomhlachtaí ábhartha CIÉ don tionscadal, chomh maith le bheith comhréireach, do shuíomh airgeadais iomlán an chomhlachta ábhartha agus don ghrúpa CIÉ agus gan toradh a chuisiú a mhoillfeadh seirbhísí go suntasach atá soláthraithe faoi oibleagáidí na seirbhíse poiblí.

Cé go ndearna an Roinn an-soiléir do na comhlachtaí CIÉ go gcuirfidís na smachtbhannaí san MT i bhfeidhm dá dtarlódh sé go ndearnadar a n-oibleagáidí faoin MT a mhainneachtain, ba phríomhfhócas na Roinne ná a chinntiú gur cuireadh an tionscadal ticéadú comhtháite i bhfeidhm chomh tapaigh agus ab fhéidir agus déileáil le h-údair imní dlisteanacha na n-oibreoirí iompair sa chomhthéacs seo. Dearadh na socruithe rialúcháin nua chun é seo a bhaint amach.

Pé scéal é, d'iarr an Roinn, i Samhain 2005 agus arís go luath i 2006, den RPA, dhá íocaíocht a chuir siar a bhí á éileamh ag Bus Átha Cliath maidir le caiteachas tabhaithe ag an gcomhlacht chun meaisíní tícéadú leictreonacha a sholáthar. D'eascair an t-éileamh ó chomhaontú ón Roinn (agus a cuimsíodh i mbuiséad an tionscadail) deontas a íoc i dtreo pháirtmhaoiniú an chostais do Bhus Átha Cliath ar mheaisíní ticéadú leictreonacha ag brath ar fhorbairtí maidir le ticéadú comhtháite.

Cé gur aontaigh an Roinn i dtosach le h-íocaíocht na gcistí do Bhus Átha Cliath, sa dá chás bhí na comhaontuithe curtha ar ceal ina dhiaidh sin. Ar an gcéad dul síos i Samhain 2005, chomhairligh an Roinn don RPA íocaíocht a chuir siar go dtí go dtiocfaí ar chomhaontú sna díospóireachtaí tríthaobhacha.Ar an dara dul síos, i Feabhra 2006, d'aontaigh an Roinn le h-íocaíocht ón RPA a d'éiligh Bus Átha Cliath. Cibé ar bith, roimh don íocaíocht a bheith déanta, bhí an tOifigeach Cuntasaíochta tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an tionscadal agus, ag tógáil na ndeacrachtaí agus moilleanna a tharla san áireamh, chuir sí tús láithreach le h-athbhreithniú comhairleoireachta agus athbhreithniú piaraí. Níor shíl sí go raibh sé oiriúnach na h-íocaíochtaí a bhí i gceist a dhéanamh le Bus Átha Cliath go dtí go raibh toradh ar an dá athbhreithniú agus soiléireacht maidir le cur chuige an tionscadail sa todhchaí.

Shonraigh sí go raibh na h-íocaíochtaí seo fós gan íoc agus go mbeadh sí ag mheas cé acu iad a cheadú, ag tógáil an cinneadh san áireamh leanúint ar aghaidh leis an tionscadal agus gluaiseacht faoi na socruithe nua atá anois á gcur i bhfeidhm.

## Caiteachas Neamhbhríoch

**Cé mhéid caiteachas neamhbhríoch a bhí tabhaithe ar an dtionscadal go dáta, agus go háirithe, ar an bpróiseas soláthair scortha i 2005?**

Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur inis an RPA don Roinn, i Meitheamh 2005, go raibh

glanchostas breise iarmhartaigh de timpeall €860,000 de thoradh ar an bpróiseas soláthair neamhchonclúideach.

Ó Iúil 2005 go deireadh na Nollag 2005, rinneadh timpeall € 700,000 a thabhú ar fhoireann thionscadal an RPA agus ar shaineolas gaolmhar. Le linn an ama seo, ghlac foireann thionscadal an RPA páirt i gcainteanna tríthaobhacha agus thacaíodar le plé teicniúil a chuidigh teacht ar chomhaontú le Bus Átha Cliath i mí na Nollag 2005. Sa chéad leath de 2006, íocadh €690,000 breise leis an RPA chun na costais ar thicéadú comhtháite a chlúdú. Chuidigh an maoiniú chomh maith go teoranta le h-obair dhearadh sonraithe agus forbairt ar mhódúil comhéadain an chárta cliste. Cé go bhféadfaí cuid de na costais leanúnacha a tabhaíodh le bliain anuas a áireamh mar chaiteachas neamhbhríoch, ní raibh an tOifigeach Cuntasaíochta i gcaoi a bheith cinnte cé mhéid.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur dhruid an Roinn chun déileáil leis na ceisteanna bunúsacha roimh cheadú don tionscadal leanúint ar aghaidh, cé gur aithin sí go bhféadfaí caiteachas neamhbhríoch áirithe a thabhú tré, gan cead láithreach a thabhairt don phróiseas soláthair athbhreithnithe molta ag an RPA. Shonraigh sí, gur aithin sí go mbeadh costais leanúnacha leis an tionscadal go dtí go gcomhlánófaí an dá athbhreithniú. Thóg sí an tuairim, tacaithe ina dhiaidh sin ag an dá athbhreithniú, má bhíonn an fhoireann thionscadail agus saineolas gaolmhar caillte, go gcúiseodh sé seo caiteachas neamhbhríoch ar scála cuimsitheach agus go mbeadh sé deacair an tionscadal a athmhúscailt ina bhfoirm reatha. De réir na dóchúlachta ar fad, bheadh an caiteachas breise riachtanaigh i bhfad níos mó ná an suim tabhaithe le linn an tréimhse athbhreithnithe chun an tionscadal a athmhúscailt. Dá réir sin, chreid sí go raibh tabhú leanúnach na gcostas seo barántaithe go dtí go dtiocfaí ar chinneadh deiridh maidir leis an tionscadal.

## Ceanglais RGST

**An raibh sí sásta go raibh riachtanais scéimeanna saorthaistil an RGST á gcuimsiú sa chóras atá molta?**

Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh súil ag an Roinn ón tús go dtabharfadh sonraíochtaí teicniúla an chórais ticéadú comhtháite aghaidh ar riachtanais an RGST. Bhí baint ag an Roinn sin leis an tionscadal ag staideanna difriúla ó tosaíodh amach. Bhíodar tar éis páirt a ghlacadh sa tionscadal mar bhaill den gCoiste Stiúrtha agus dúradar, ar roinnt babhtaí, gur thacaíodar leis an tionscadal. D'aithin an RGST buntáistí an tionscadail agus shonraíodar ag rabhadar i gcomhaontú go hiomlán ar an ngá a bhí le comhoiriúnacht a chinntiú idir thionscadal an ticéadú comhtháite agus an scéim saorthaistil. Bhí an Roinn i mbun díospóireachta leis an RGST chun socruithe a thabhairt chun críche maidir le cén dóigh lena mbeadh baint acu sa bhord nua tionscadail ar bhealach a aithníonn ról na Roinne sin mar úsáideoir iompair.

## Amchlár Forfheidhmithe

**Cérbh é an meastachán reatha costais agus ama is fearr chun an córas a chur i bhfeidhm go rathúil agus go h-iomlán?**

Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur leag an tAire amach líon áirithe tascanna láithreacha don bhord tionscadail, ina measc

- athbhreithniú agus socrú tré chomhaontú ar scóp, amchlár agus bhuiséad do chomhlánú céimnithe den tionscadal ticéadú comhtháite, ag tabhairt aird ar an obair comhlíonta ag an RPA go dáta, ar an gcomhaontú sínithe ag cathaoirligh an RPA agus CIE i mí Eanáir 2006, ar an spriocbhuiséad iomlán de €42.7 milliún a mhol an RPA i mí Eanáir 2006 agus ar mholtaí an dá athbhreithniú.
- pleananna i leith ticéadú agus amchlár gaolmharach na gníomhaireachtaí iompair a athbhreithniú chun iad féin a shásamh ar chomhoiriúnacht leis an tionscadal ticéadú comhtháite;

- comhaontú ar phlean soláthair don tionscadal ag meabhrú na gceachtanna atá foghlamtha ón dtaithí go dtí seo.

Tá an tAire tar éis iarraidh ar an gcathaoirleach tuairisciú ar ais chuige ar na ceisteanna seo faoi Mheán Fómhair 2006. Beidh an costas agus amchlár don tionscadal níos soiléire ag an staid sin.

## Conclúid an Oifigigh Chuntasaíochta

Chinn an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh tionscadail den nádúr seo coimpléascach agus deacair go háirithe i dtimpeallacht iloibreora.. Tharla sé chomh maith, go rabhadar níos costasaí agus thógadar níos faide le seachadadh ná mar a ceapadh ar dtús. Thacaigh an taithí i dtíortha eile, cosúil leis an Astráil agus an Ísiltír, leis an bpointe seo. Bhí sé i gceist go ndéanfadh na céimeanna a thóg an Roinn na deacrachtaí a mhaolú leis an ticéadú comhtháite a chur i bhfeidhm, ionas go bhfaighfí an luach is fearr airgid don cháiníocóir ar chaiteachas atá cheana féin gearrtha agus chun cur i bhfeidhm rathúil a chinntiú de thionscadal a raibh rannpháirt thábhachtach aige in iompar phoiblí comhtháite a sholáthar.

# 11.2 Comhlacht Calafoirt Dhún Dealgan – Ceisteanna ar Rialúcháin Corporáideach

Soláthraíonn Acht na gCalafort 1996 do bhainistiú, rialú, oibriú agus forbairt ar calafoirt áirithe. Chumasaigh sé seo don Aire, (an tAire Iompair ó 1 Eanáir 2006, an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha mar a bhí aithne air roimhe seo) le thoil an tAire Airgeadais, comhlachtaí a bhunú maidir le calafoirt áirithe don chuspóir sin agus feidhmeanna na gcomhlachtaí sin a shainiú. I measc na gcomhlachtaí a bunaíodh ná Comhlacht Calafoirt Dhún Dealgan, a ghlac le na feidhmeanna ar ionchorprú, a bhí á chomhlíonadh ag Coimisinéirí Cuain Dhún Dealgan roimhe seo. Siad an tAire agus an tAire Airgeadais nó a gcuid ainmní atá mar scairshealbhóirí aonair ar an gcomhlacht.

I nDeireadh Fómhair 2004, i mo ról mar Ard-Reachtaire, d'aimsigh mé iarratas ón Roinn Airgeadais ar mholadh na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha €119,000 a scaoileadh ó chuntas an Státchiste ag an mBanc Ceannais chun cumasú don Roinn maoiniú a sholáthar do Chomhlacht Calafoirt Dhún Dealgan faoin bPlean Náisiunta Forbartha 2000-2006.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an fhoréilimh agus na páipéir gaolmhara, thóg mo fhoireann faoi deara tagairtí do shealbhú iasachtaí roimhe seo ag an gcomhlacht agus bunú fo-chomhlachta. Ag tógáil mo chuid amhrais san áireamh níor leanadh leis an bhforéileamh. Rinneadh na ceisteanna seo a leanúint le linn mo iniúchóireacht i 2005.

## Iasachtaí Neamhúdaraithe

Tá thoil an tAire agus an tAire Airgeadais riachtanach do na h-iasachtaí uile a dhéanann comhlacht faoi Rannóg 23(1)(a) d'Acht na gCalafort 1996. Cibé ar bith, tugadh faoi deara trí iasacht neamhúdaraithe ag an gcomhlacht mar a leanas:

- Thóg an comhlacht iasacht neamhúdaraithe amach de €371,960, chun dreidire a cheannach, i nDeireadh Fómhair 2003
- Thóg an comhlacht iasacht neamhúdaraithe amach de €161,834 chun bád píolóta a cheannach i Lúnasa 2004. Thóg an comhlacht an iasacht seo amach fiú amháin go raibh an iasacht neamhúdaraithe roimhe seo tagtha chun solais agus ardaithe leis an gcomhlacht..
- I Lúnasa 2005, in ainneoin comhfheagras ón Roinn go raibh imní mhór orthu faoi sháraithe leanúnacha an chomhlachta ar riachtanais Acht na gCalafort, 1996 agus an Cód Cleachtais do Rialúcháin na bhForas Stáit, tháinig eolas chun solais don Roinn faoi iasacht eile neamhúdaraithe – rótharraingt gearrthéarmach de €280,000 a tógadh amach i bhFeabhra 2005.

Ba é an suim iomlán gan íoc ar na áiseanna seo ón 1 Aibreán 2006 ná €103,584 (€161,869 agus €761,923 faoi seach). Tá na h-iasachtaí íoctha ar ais ó shin ag úsáid airgid ó thalamh a díoladh.

## FoChomhlacht Neamhúdaraithe

Tá thoil an tAire, tugtha le toil an tAire Airgeadais, riachtanach do bhunú fo-chomhlachta faoi rannóg 6.1 den gCód Cleachtais do Rialúcháin na bhForas Stáit. Cibé ar bith, thug an Roinn faoi deara tar éis chuntais bhliantúil an chomhlachta a aimsiú do 2003 gur ionchorpraíodh fo-chomhlacht, Dealgan Shipping Ltd (Dealgan), in Iúil 2003.

Ba é Dealgan an t-úinéir cláraithe den ndreidire agus rinneadar é a oibriú i 2003. Aistríodh úinéireacht níos déanaí chuig an gcomhlacht calafoirt. I Meitheamh 2004 chuir an comhlacht calafoirt in iúl don Roinn gur ceadaíodh táille bainistíochta míosúil d'fhostaí chun an dreidire a oibriú lasmuigh dá ghnáthdhualgais. Cibé ar bith, cé go ndearnadh sonrasc a sheoladh don táille bainistíochta, ní dearnadh aon íocaíocht riamh agus tá sé dearbhaithe ag an gcomhlacht nach n-íocfar aon táille. Chuir an comhlacht in iúl don Roinn i

litir, i mí na Nollag 2004, nach raibh Dealgan ag trádáil a thuilleadh agus é seo in éifeacht ó 1 Meán Fómhair 2004.

## Imní Iniúchóireacht

I dtéarmaí atá ráite cheana, d'iarr mé ar an tOifigeach Cuntasaíochta an raibh sí sásta le monatóireacht an Rialtais ar ghníomhaíochtaí an chomhlachta agus cibé, ag tógáil san áireamh an leibhéal gníomhaíochta neamhúdaraithe sa chomhlacht, an raibh sí sásta go raibh an rialúchán rialtais anseo agus comhlachtaí calafoirt Stáit eile ag teacht leis na cleachtais is fearr.

D'iarr mé uirthi chomh maith ráiteas a dhéanamh, go háirithe ar

- Bearta tógtha chun cinntiú nach dtógann an comhlacht nó aon chomhlacht calafoirt eile iasachtaí neamhúdaraithe amach
- Moill maidir le Dealgan a ghearradh amach
- Iompar i leith dhíol na talún.

## Freagra Oifigeach Cuntasaíochta

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom arna chúlra a thabhairt go raibh cúram tógtha ag a Roinn d'fheidhmíochtaí iompair mara ar 1 Eanáir 2006. Tá dualgas ar Chomhlacht Calafoirt Dhún Dealgan na bearta cearta ar fad a thógáil do bhainistiú, rialúchán, oibriú agus forbairt a chalafoirt. Is ábhar don chomhlacht calafoirt agus a mbord go príomha cinntí oibríoctúla maidir leis an gcalafort .

Nuair a fuarthas amach faoin bhfo-chomhlacht agus cuntais an chomhlachta á mheas do 2003, a rinne an comhlacht a shíniú ar 25 Márta 2004, lainseáil an Roinn iniúchadh láithreach isteach san fáth gur bunaíodh fo-chomhlacht neamhúdaraithe, agus chúisigh sé seo CGB an chomlachta a bheith curtha siar go sealadach. Tugadh le fios don chomhlacht go gcaithfidís plean gnó cuimsitheach don fo-chomhlacht a sholáthar ionas go bhféadfaí an cheist a mheas níos faide.

Ag tabhairt comhairle don chomhlacht ar sholáthar an phlean gnó, chonacthas go soiléir gur phríomhthiománaí do bhunú an fho-chomhlachta ná aireachtáil mícheart ar pháirt an chomhlachta go raibh socrú mar seo riachtanach chun maoiniú a tharraingt ón bPlean Náisiunta Forbartha. Núair a chuir an Roinn in iúl dóibh nach amhlaidh a bhí i gceist, thug an comhlacht fúthu féin Dealgan a ghearradh ó thrádáil agus críoch a chur leis.

I gcomhairle le Cathaoirleach an chomhlachta thóg an Roinn seirbhísí ar bhoird i Meán Fómhair 2005 ó chuideachta cuntasaíochta agus comhairleoirí gnó chun tuarascáil a sholáthar ar mar a bhí cúrsaí sa chomhlacht. Ba iad na príomhmoltaí a aimsíodh ná

- Na h-iasachtaí agus áiseanna neamhúdaraithe ar fad a chomhdhlúthú isteach in áis údaraithe idirlinne amháin de €700,000 le bheith aisíoctha chomh luath agus ab fhéidir, ag baint úsáid as an t-airgead ó dhíol píosa talún.
- Foireann an chomhlachta a thraenáil ar nósanna imeachta an rialúcháin corparáidigh
- Monatóireacht a dhéanamh, go ráithiúil, ar cur i bhfeidhm na moltaí seo, agus gníomhaíocht leanúnach an chomhlachta agus a bhainistíocht.

Sa tslí seo bhí an Roinn ag lorg deimhin a fháil go mbeadh na modhanna ceart á cur i bhfeidhm agus á chaomhnú.

I mí na Nollag 2005 cuireadh grúpa cuntasóirí agus comhairleoirí gnóthaí le chéile chun an traenáil agus forleargas riachtanach a chur ar fáil. I dtuarascáil ar chur chun cinn, ar 10 Bealtaine 2006 dhearbhaíodar go raibh na moltaí ar fad á gcur i bhfeidhm. Ag tógáil na bhforbairtí seo san áireamh shonraigh an

tOifigeach Cuntasaíochta go raibh sí sásta le monatóireacht na Roinne ar ghníomhaíochtaí an chomhlachta.

Maidir le na gnólachtaí iniúchóireachta áirithe, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúil dom

- Go raibh an riachtanas maidir le thoil an tAire a aimsiú roimh iasacht airgeadais a shocrú leagtha amach go soiléir in Acht na gCalafort 1996. Scríobh an Roinn ar 10 Márta 2005 chuig an CEO do ghach comhlacht calafoirt, mar aon le Dún Dealgan, chun na nósanna imeachta go gcaithfí a leanúint agus iarratas ar iasacht á chur faoi bhráid. I gcás áirithe an chomhlachta, dhearbhaigh an Roinn go bhfuil aon íocaíochtaí neamhúdaraithe aisíoctha ag an gcomhlacht ó dhiúscairt ar shócmhainn neamhlárnaigh, go bhfuil tiomantais oiriúnacha ar ghéilliúlacht sa todhcaí aimsithe agus go bhfuil monatóireacht feiliúnach agus socruithe traenála curtha in áit. . Níor tháinig aon sáraithe eile chun solais in aon cheann de na comhlachtaí calafoirt eile.
- Go raibh na comhairleoirí tar éis chuir in iúl don Roinn nach bhféadfaí Dealgan a ghearradh ó chlár na gcomhlachtaí go dtí gur réitíodh cuntais 2005. Bhí na riachtanais ar fad maidir le comhlacht a ghearradh comhlíonta agus thuig an Roinn go gcomhlánfaí gearradh Dealgan go luath.
- Go raibh na comhairleoirí tar éis monatóireacht a dhéanamh ar thréimhsí deiridh maidir le díol na talún ar son na Roinne. Díoladh an talamh ar an margadh oscailte agus thuig an Roinn gur comhlíonadh an próiseas faoi na treoirlínte ábhartha Rialtais.

Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta bailíocht an chinnidh tráchtála dreidire a cheannach, dá réir sin ag seachaint an costas a bhainfeadh le long a fháil ar cíos ar bhonn sealadach. I bhfírinne, bhí sé indéanta ag an gcomhlacht íoc as an obair dreidireachta a comhlíonadh ag na rataí meastacháin a chuir comhlachtaí idirnáisiúnta ar fáil. Dá mbeifí tar éis teipeadh i leith na dreidireachta a chomhlíonadh, is cinnte go mbeadh orthu an calafort a dúnadh.

Dúirt sí chomh maith go raibh na buntáistí ón obair dhreidireachta a comhlíonadh i calafort Dhún Dealgan le feiceáil. Ceadaíonn sé rochtain do longa níos mó agus tá forbairt chuimsitheach tarlaithe ar líon na gcustaiméirí agus tráchta sa chalafort. Dá thoradh seo, chuir an comhlacht calafoirt in iúl go bhfuil súil acu go ndéanfar brabús oibríochta sa bhliain reatha.

# 11.3 Iniúchóireacht Feidhmíochta de Chomhlachtaí Calafoirt an Stáit

Soláthraíonn Acht na gCalafort 1996 cead don Aire chomh maith duine cáilithe go hoiriúnach a cheapadh chun scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht agus costéifeachtacht ar fheidhmíocht comhlachta calafoirt stáit dá bhfeidhmeanna agus tuairisciú i scríbhinn a chuir go dtí an tAire ar thorthaí an scrúdaithe. Cuirfidh an tAire cóip de thuarascáil mar seo faoi bhráid an Rialtais agus an comhlacht nó comhlachtaí lena mbaineann an tuarascáil.

Le linn dom an athhreithniú a chomhlíonadh thug mé faoi deara i mí Meán Fómhair 2000, gur choimisiúnaigh an Roinn iniúchóireacht feidhmíochta ar chomhlachtaí calafoirt an Stáit faoi na forálacha i Rannóg 29 d'Acht na gCalafort, 1996. Rinne na comhairleoirí a fostaíodh scrúdú ar éifeachtacht agus costéifeachtacht ó thaobh feidhmíochta de ar na comhlachtaí calafoirt a leanas

- Comhlacht Calafoirt Átha Cliath
- Comhlacht Calafoirt Chorcaí
- Comhlacht Calafoirt Dhún Laoghaire
- Comhlacht Calafoirt Inbhir na Sionainne/Comhlacht Calafoirt Fhainge (cumaiscthe Nollaig 2000)
- Comhlacht Calafoirt Ros Mhic Thriúin
- Comhlacht Calafoirt na Gaillimhe
- Comhlacht Calafoirt Dhroichead Átha.

Aimsíodh tuarascáil an chomhairleora san Earrach 2001 ach thug mé faoi deara nár cuireadh faoi bhráid an Rialtais í mar a bhí leagtha amach de réir Rannóg 29 (2) den Acht. D'iarr mé ar an tOifigeach Cuntasaíochta cén fáth, cén gníomh a bhí tógtha ag an Rialtas de thoradh na tuarascála agus an mbeadh sé molta, ag cuimhneamh ar ábhar na tuarascála, aon iniúchtaí breise feidhmíochta eile a choimisiúnú.

## Freagra Oifigeach Cuntasaíochta

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur cuireadh siar eisiúint na dtorthaí iniúchta go dtí Rialtas ar chomhairle dlí, dátaithe mí Aibreán 2002, maidir le h-athbhreithniú breithiúnach a chuardaigh iarbhaill agus iarfhostaithe boird de chomhlacht calafoirt amháin. Shonraigh an comhairle seo gur chóir don Roinn aon áit atá comhlacht calafoirt áirithe luaite a bhaint amach más mian leo an tuarascáil a chur i láthair an Rialtais. Cuireadh críoch leis na cásanna i mí Márta 2004 mar pháirt de shocrú comhaontaithe. Sa deireadh rinneadh an tuarascáil a chur i láthair an rialtais ar 12 Iúil 2006.

Shonraigh sí, go h-achomair, go bhfuair iniúchóireacht feidhmíochta amach gur bhainistigh an ocht gcomhlacht calafoirt Stáit i bhfeidhm sa bhliain 2001 calafoirt an-difriúla, gur dhéileáil na comhlachtaí go rathúil le fás lasrach tráchta, go rabhadar ag teacht le meon aigne níos láidre tráchtála agus go rabhadar ag eirí níos cost-éifeachtaí agus dírithe ar chustaiméirí. I mí Eanáir 2005, lainseáil Aire na Mara ráiteas ar pholasaí calafoirt an Rialtais. Dhírigh sé seo ar rannóg na gcalafort agus a ngeallsealbhóirí a threalmhú níos fearr chun cumas náisiúnta agus réigiúnach agus riachtanais seirbhíse a shroicheadh tré shainorduithe níos soiléire tráchtála do na calafoirt agus dá mbord, spreagadh a thabhairt don earnáil phríobháideach agus cumaisc, réitigh níos fearr ar aighnis agus comhordú níos fearr ar pholasaí iompair. Bhí na ceisteanna seo ar aon dul le líon áirithe de thorthaí a tháinig ón iniúchóireacht feidhmíochta.

Chuir sí in iúl dom chomh maith nár mhol an Roinn aon iniúchtaí cumaisc feidhmíochta eile de na comhlachtaí calafoirt Stáit ar fad. Chreid an Roinn, ag tógaint líon agus éagsúlacht na gcomhlachtaí calafoirt Stáit san áireamh, go raibh monatóireacht indibhidiúil agus idirghabháil dhíreach níos éifeachtaí agus costéifeachtaí nuair a bhí gá leis. Mheas an Roinn chomh maith go raibh na riachtanais sainorduithe i leith na tuarascála bliantúla a bhaineann le comhlachtaí calafoirt, i dteannta na gcruinnithe rialta agus na dteagmhálacha eile, na meicníochtaí is oiriúnaí do mhonatóireacht ar fheidhmíocht na comhlachtaí calafoirt. Bhí polasaí an Rialtais reatha dírithe ar pholasaí earnála na gcalafort agus, sa chomhthéacs sin, tá staidéar cuimsitheach díreach comhlánaithe i réimse an chumais calafoirt.

# Caibidil 12

# Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

# 12.1 Ró-íocaíochtaí

Riarann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh 50 scéim leasa trí Vóta 38 agus tríd an gCiste Árachais Shóisialaigh. Ba é an caiteachas ar scéimeanna cúnaimh agus árachais ná €6.30bn agus €5.46 bn faoi seach i 2005.

Léiríonn Táblaí 37, 38, 39, agus 40 an caiteachas iomlán ar scéimeanna éagsúla thar an tréimhse 2001 go 2005, agus don tréimhse chéanna, na méideanna taifeadta mar ró-íocaíochtaí, líon na ró-íocaíochtaí a d'fhágadh ar chalaois nó calaois amhrasach agus taifead carnach na Roinne d'aisghábháil ó 2001.

**Tábla 37– Caiteachais Scéime**

| | 2001 €m | 2002 €m | 2003 €m | 2004 €m | 2005 €m |
|---|---|---|---|---|---|
| Árachas Sóisialta | 3,517 | 4,198 | 4,649 | 5,081 | 5,460 |
| Cúnamh Sóisialta | 3,983 | 4,940 | 5,460 | 5,821 | 6,296 |
| **Iomlán** | **7,500** | **9,138** | **10,109** | **10,902** | **11,756** |

**Tábla 38– Líon agus Méid na ró-íocaíochtaí taifeadta do athghabháil (Uimhreacha taispeánta i lúibíní)**

| | 2001 €m | 2002 €m | 2003 €m | 2004 €m | 2005 €m |
|---|---|---|---|---|---|
| Árachas Sóisialta | 6.79 (15,786) | 9.72 (23,723) | 10.60 (26,174)) | 12.12 (26,131) | 11.02 (22,420) |
| Cúnamh Sóisialta | 19.26 (14,274) | 19.41 (15,084) | 28.77 (17,459)) | 44.85 (20,000) | 36.24 (17,126) |
| **Iomlán** | **26.05 (30,060)** | **29.13 (38,807)** | **39.37 (43,633)** | **56.97 (46,131)** | **47.26 (39,546)** |


**Tábla 39– Líon agus Méid na ró-íocaíochtaí a d'fhágadh ar chalaois[43] nó chalaois amhrasach (Uimhreacha taispeánta i lúibíní)**

| | 2001 €m | 2002 €m | 2003 €m | 2004 €m | 2005 €m |
|---|---|---|---|---|---|
| Árachas Sóisialta | 3.27 (5,321) | 4.59 (8,121) | 5.07 (9,606) | 6.24 (10,771) | 5.53 (8,587) |
| Cúnamh Sóisialta | 7.73 (5,350) | 7.43 (5,728) | 8.88 (7,148) | 12.69 (8,483) | 13.13 (7,758) |
| **Iomlán** | **11.00 (10,671)** | **12.02 (13,849)** | **13.95 (16,754)** | **18.93 (19,254)** | **18.66 (16,345)** |

[43] Ní rangaítear cásanna eastáit ina dtagann acmhainn nár nochtadh chun solais mar chalaois/chalaois amhrasta. Ba é €6.2 méid na ró-íocaíochtaí taifeadta maidir le cásanna eastáit i 2005.

Tá líon na ró-íocaíochtaí fágtha ar chalaois nó chalaois amhrasach i gcomparáid le ró-íocaíochtaí iomlána ó 2001 curtha mar achoimre i bhFigiúir 4

**Figiúir 4**




Tá taifead na Roinne ar athghabháil ró-íocaíochtaí le linn na tréimhse 2001 go 2005 taispeánta i dTábla 40.

**Tábla 40– Taifead na Roinne ar athghabháil ró-íocaíochtaí 2001 go 2005**

| | 2001 €'000 | 2002 €'000 | 2003 €'000 | 2004 €'000 | 2005 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí nach raibh curtha de láimh ar 1 Nollaig | 64,374 | 65,452 | 70,621 | 85,953 | 115,993 |
| Ró-íocaíochtaí taifeadta do athghabháil | 26,049 | 29,130 | 39,367 | 56,967[1] | 47,261 |
| **lúide:** | | | | | |
| Ró-íocaíochtaí taifeadta sna blianta roimhe curtha ar ceal | (668) | (394) | (381) | (693) | (1,826) |
| Méideanna curtha ar athghabháil mar airgead | (9,873) | (8,892) | (10,397) | (11,506) | (11,246) |
| Méideanna coinnithe siar ó theidil reatha | (5,185) | (6,734) | (6,521) | (8,332) | (8,715) |
| Méideanna glan díscríofa mar do-athfhála | (9,245) | (7,941) | (6,736) | (6,396) | (10,217) |
| **Ró-íocaíochtaí nach raibh curtha de láimh ar 31 Nollaig** | **65,452** | **70,621** | **85,953** | **115,993[1]** | **131,250** |

1. Athbhreithnithe

Den €131,250,158 de ró-íocaíochtaí le híoc ar 31 Nollaig 2005 – téann €34,295,696 siar go 2005; €38,787,682 ó 2004; €22,834,566 ó 2003 agus €35,332,214 ó bhlianta níos luaithe.

Chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta an laghdú ar líon agus luach na ró-íocaíochtaí i 2005 le tionscnaimh a ghlac an Roinn leo chun dul i ngleic le ró-íocaíochtaí agus dul i gcoinne calaoise.

San áireamh sna tionscnaimh rialaithe glactha ag an Roinn i 2005, a chabhraigh chun na leibhéil shuntasach de ró-íocaíocht a aithint, bhí

- Tionscadal um pian i mbun an droma
- Cor poist ar Liúntas Míchumais áit a déantar íocaíochtaí trí aistriú leicteonach airgid
- Cleachtais chomhoiriúnaithe sonraí lena n-áirítear
    - Aonad Fiosrúcháin Speisialta i gcásanna dífhostaíochta;
    - Agus i gcásanna Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora (ÍTA)
    - cásanna dífhostaíochta mic léinn
    - Sochar Linbh i gcásanna ÍTA
    - Oifig an Ard-Chláraitheora sonraí a chomhoiriúnú (Póstaí agus Básanna)

# 12.2 Ionchúisimh

Tá cásanna ag baint le mí-úsáid an chórais á mheas i leith imeachtaí dleathach a thógáil. Tá ionchúiseamh tógtha in aghaidh fostóirí a theipeann a ndualgais reachtúla a dhéanamh agus daoine a dhéanann calaois ar an gcóras íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Is féidir ionchúiseamh a bheith mar imeachtaí achoimre nó díotála. Tá imeachtaí sibhialta tógtha chun an athghabháil de ró-íocaíochtaí scéime a éascú nó ar an mbailiú de riaráistí ÁSPC. Tá cásanna mar sin tógtha nuair atá sé áitithe go bhfuil acmhainní fónta ag an bhféichiúnaí chun an fiach a scaoileadh.

I rith 2005, cuireadh 412 chás cóiriúil (2004 - 476 chás) ar aghaidh chuig Oifig an Phríomh Aturnae Stáit le haghaidh ionchúisimh mar atá taispeánta i dTábla 41.

**Tábla 41– Cásanna cóiriúla curtha ar aghaidh chuig an Phríomh Aturnae Stáit**

| | 2005 | 2004 |
|---|---|---|
| Cúnamh Dífhostaíochta | 197 | 191 |
| Sochar Dífhostaíochta | 153 | 226 |
| Sochar Míchumais | 19 | 9 |
| Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora | 19 | 23 |
| Scéimeanna Eile | 10 | 10 |
| Cionta Déanta ag Fostóirí | 14 | 17 |
| Iomlán | 412 | 476 |

Críochnaíodh iomlán de 256 ionchúiseamh cóiriúil (2004 – 259 n-ionchúiseamh) ag baint le faighteoirí leasa shóisialaigh sa chúirt i 2005. Ba é méid iomlán na ró-íocaíochtaí measta ar chásanna daoine a chuaigh sa lorg ar nó a fuair sochar/cúnamh trí chalaois ná €1,346,770 (2004 - €1,116,492). Tá torthaí ar ar 256 cás cúirte sin agus na pionóis a gearradh tugtha i dTábla 42.

**Tábla 42– Torthaí ar Chásanna Coiriúla a críochnaíodh sa Chúirt i 2005**

| | Cúnamh Dífhostaíochta | Sochar Dífhostaíochta | Sochar Míchumais | Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora | Eile[44] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fíneáilte[45] | 46 | 56 | 4 | 6 | 4 | 116 |
| Seirbhís Phobail | 3 | 3 | 0 | 0 | 0 | 6 |
| Curtha i bPríosún | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 | 4 |
| Acht Promhaidh | 33 | 41 | 5 | 5 | 1 | 85 |
| Pianbhreith ar fionraí | 17 | 5 | 1 | 1 | 0 | 24 |
| Scriosta amach | 4 | 2 | 1 | 0 | 1 | 8 |
| Dífe | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| Bannaí síochána curtha i bhfeidhm | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| Cead chun Athiontráil | 4 | 2 | 1 | 0 | 0 | 7 |
| Foraithne Faighte | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 2 |
| Iomlán | 115 | 110 | 12 | 12 | 7 | 256 |


[44] Eile 7 Liúntas Míchumais 2, Pinsean Easláinte 1, Pinsean Seanaoise 2, Gaol Dlisteanach 1 agus Cúramóirí 1

[45] Bhí fíneálacha de luach €56,525 gearrtha ag na cúirteanna (€68,886 i 2004 i 144 cás)

Críochnaíodh ionchúiseamh ar 15 chás ag baint le fostóirí (2004 – 16 fostóir) fuair 14 fíneáil[46] agus fuair duine amháin pianbhreith ar fionraí.

Tá líon na n-ionchúiseamh a críochnaíodh sna cúirteanna ó 2001 curtha ar achoimre i bhFigiúir 5.

**Figiúir 5**




Idir 2001 agus 2005, cuireadh 76 cás san iomlán ar aghaidh chuig Oifig an Príomh Aturnae Stáit (OPAS) le haghaidh imeachtaí dlí. Sa tréimhse seo, críochnaíodh 66 chás (49 gcás roimh 2001 san áireamh) have been finalised. Tá an briseadh síos in aghaidh na bliana leagtha amach thíos I dTábla 43

**Tábla 43**

| | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Curtha chuig an OPAS sa bhliain | 14 | 11 | 21 | 17 | 13 | **76** |
| Críochnaithe i rith na bliana | 8 | 11 | 14 | 12 | 21 | **66** |

As na 66 a críochnaíodh, baineadh socraíocht amach in 8 gcás gan dul chuig an gcúirt (bhí aisghabháil de €92,868 ag baint leis seo), críochnaíodh 2 chás sa chúirt (bronnadh foraitheanta), níor leanadh ar aghaidh le 12 chás mar gheall ar chúinsí an fhiachóra, cuireadh úrchosc reachta ar 10 gcás, rinne 34 chás socruithe chun na fiacha a íoc ina ngálaí . Tá críoch le cur le 78 gcás fós.

[46] Ghearr na cúirteanna fíneálacha de luach €8,370 (€7,039 i 2003 i 14 chás)

# Caibidil 13

# An Roinn Sláinte agus Leanaí

# 13.1 An Fiosrúchán Iarbháis

## Cúlra an Fhiosrúcháin

I 1999 thosaigh tuismitheoirí leanaí a fuair bás in Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Cromghlinn ag ceistiú cleachtadh an ospidéil maidir le fuadach agus coinneáil orgáin. Faoi deireadh Mí Márta 2000, bhí thart ar 1,700 fiosrúchán faighte ag na hospidéil móra ó thuismitheoirí. Cásaíodh imní nach raibh formheas ann le haghaidh fuadach agus coinneáil orgán. Bhí imní faoi leith ann maidir le stoitheadh faireog piotútacha ó leanaí nach maireann. Dhearbhaigh Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Cromghlinn, gur léirigh comhfhreagras ina cuid comhaid gur fhuadaigh a saotharlann faireoga piotútacha ó leanaí nach maireann agus gur dhíol siad na faireoga siúd do chomhlacht cógaisíochta chun hormón daonna fáis a tháirgeadh dá n-úsáidtear é i gcóireáil leanaí.

I Nollaig 1999, chruthaigh tuismitheoirí leanaí a raibh faireoga coinnithe ag Ospidéal Mhuire agus ag Ospidéal Ollscoil Chorcaí grúpa tacaíochta darb ainm "Parents for Justice (PFJ)".

In Aibreán 2000, shocraigh an Rialtas fiosrúchán neamh-reachtúla a bhunú a ndéanfadh athbhreithniú ar an bpolasaí, gcleachtadh agus modh iarbháis sa Stát ó 1970 maidir le stoitheadh, coinneáil agus diúscairt orgán ach go háirithe, trí thagairt a dhéanamh do na caighdeáin atá fós i bhfeidhm sa Stát agus i ndlínsí eile. Bunaíodh fiosrúchán d'fhonn an obair a chríochnú trí dhá phas.

- Bheadh tuarascáil curtha ar fáil taobh istigh de sé mhí de thoradh céad phas an bhfiosrúcháin.
- Mholfadh an tAire Sláinte agus Leanaí (an tAire) rún ar admháil na tuarascála seo, go mbeadh an dara phas den Fhiosrúchán déanta ag an gComhchoiste Oireachtais um Sláinte agus Leanaí. Tá cumhachtaí ag an gCoiste chun teacht ar cháipéisí agus iallach a chur ar fhinnéithe faoin Acht um Choistí Tithe an Oireachtais ( Inordaitheacht, Pribhléidí agus Díolúintí Finnéithe) 1997.

Ceapadh cathaoirleach ag an Aire ar 11 Aibreán 2000 faoi réir formheasa téarmaí agus coinníollacha fostaíochta an tAire Airgeadais.

## Cruth an Fhiosrúcháin

Reáchtáladh mionchainteanna leis an PFJ agus a chomhairleoirí dlíthiúla d'fhonn comhaontú a dhéanamh maidir le formáid an fhiosrúcháin. D'éiligh an PFJ i gcomhair bunú fiosrúcháin reachtúla le cumhachtaí lána maidir le hinordaitheacht, pribhléidí agus díolúintí finnéithe. Cibé ar bith, b'fhearr leis an Aire, formáid neamh-reachtúla do na cúiseanna seo a leanas

- D'fhéadfaí freastal ar riachtanais agus imní an PFJ leis an modh seo
- D'fhéadfaí é a chur ar bhun go gasta
- D'fhéadfaí é a bheith solúbtha lena chur chuige agus gan a bheith dolúbtha lena chur i bhfeidhm
- Bheadh sé saghas neamhfhoirmiúil agus ní bheadh sé chomh sáraíochta
- Ní chuirfeadh sé isteach chomh mór sin ar fhoráil seirbhísí ospidéil
- D'fhéadfaí plé leis na saincheisteanna pianmhara seo thar tréimhse ama níos giorra.

Chásaigh an tAire a imní nach mbeadh go leor tuismitheoirí sásta dul os chomhair binse oscailte poiblí chun caint faoin imeacht trámach atá ag baint le cailliúint linbh.Cé go mbeadh fonn ar roinnt tuismitheoirí páirt a ghlacadh ina leithéid d'fhóram is féidir go mbeadh daoine eile ann nach mbeadh sásta é a dhéanamh. Dhiúltaigh an PFJ an moladh ag an bpointe sin ar an mbonn gur thug an tAire gealltanas scríofa go mbeadh dara phas ann – an Comhchoiste Oireachtais um Sláinte agus Leanaí a ndéanfadh an pas reachtúla. D'fhéadfadh an Coiste cinneadh a dhéanamh cé acu éisteachtaí a iompar i ndáil leis an

tuarascáil agus, dá mba sé oiriúnach do dhéanamh dár leo, tairbhe a bhaint as na cumhachtaí chun gairm a chur ar fhinnéithe mar is cuí. Cibé ar bith, faoi dheireadh, ní raibh sé indéanta an dara phas a iompar le coiste Oireachtais sa mhodh a cheapadh i dtosach[47].

# Cuspóirí an Fhiosrúcháin

Cé gur éiligh grúpaí leasmhara, cosúil leis an PFJ go mbeadh an Fiosrúchán chomh fairsinge agus ab fhéidir mhol an Rialtas go mbeadh tarchur an Fhiosrúcháin cúngaithe d'fhonn críochnú tráthúil a chinntiú. Leagadh amach a chuspóirí mar seo a leanas ag an am a shocraigh an Rialtas an Fiosrúchán a bhunú in Aibreán 2000

- Chun na fíricí go léir a nochtadh go neamhspleách maidir leis an gcleachtadh stairiúil i ndáil le scrúduithe iarbháis agus chun freastal ar na saincheisteanna (fuadach, coinneáil, diúscairt, stóráil agus formheas) a luaigh tuismitheoirí agus an grúpa PFJ.
- Chun muinín iomlán poiblí a aischothú sna hospidéil agus i riachtanais scrúdaithe iarbháis ina n-áirítear coinneáil orgáin agus fíocháin i gcomhair a leithéid de chuspóirí agus fáthmheas breise, oiliúint agus taighde.
- Chun dearbhú poiblí a thabhairt nach dtarlóidh cleachtadh ar bith a raibh i bhfeidhm atá do-ghlactha. D'fhorálfadh fiosrúchán i gcomhair comhghnásanna a bhfeifí inghlactha go poiblí ionas go mbeidís i bhfeidhm i ngach ospidéal ina ndéantar scrúduithe iarbháis.
- Chun na fíricí go léir a fháil amach i ndáil le dearbhú roinnt ospidéil gur fhuadaigh siad faireoga piotútacha ó leanaí nach maireann agus gur dhíol siad na faireoga seo do chomhlacht cógaisíochta ar bhain úsáid astu chun hormón fáis a tháirgeadh a n-úsáidtear é i gcóireáil leanaí.

# Acmhainní Fiosrúcháin agus Comhrialú

I litir don Aire i bhFeabhra 2001 leag an cathaoirleach amach na téarmaí faoina raibh foireann an Fhiosrúcháin agus an cathaoirleach ag dul i mbun fiosraithe. Chomharthaigh an cathaoirleach

- Nach raibh sé de thuairim aici níos mó go mbeadh sí in ann an tasc a chríochnú laistigh de sé mhí mar a chomhaontaíodh i dtosach agus chruthaigh sí air go dtógfadh sé i bhfad níos mó ama mar bhí an Fiosrúchán níos fairsinge, casta agus cuimsithí ná mar a ceapadh i dtosach.
- D'éiligh sí seirbhísí Abhcóide Sinsearach amháin ar a laghad ar bhonn lánaimseartha seachas ar bhonn ad-hoc amháin.
- Bheadh sí féin agus beirt bhall den fhoireann dlí ag gníomhú le solúbthacht. Tabharfadh sé sin deis dóibh déileáil le hobair dlí seachas obair an Fhiosrúcháin a shíl sí a bheith riachtanach chun ceangail a choinneáil leis an Leabharlann Dlí agus lena cleachtais faoi seach.
- Theastaigh uaithi athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí seo gach sé mhí.

# Téarmaí Tagartha

Leagadh amach na Téarmaí Tagartha i bhFógra Poiblí ar eisíodh é ar 23 Márta 2001 ag an gcathaoirleach chomh maith lena Forléiriú féin ar na Téarmaí Tagartha. Tá na Téarmaí Tagartha atá foilsithe leagtha amach i bhFigiúir 6.

[47] Dúirt an tAire mura bhféadfaí an tuarascáil dheireanach a chur faoi bhráid Choiste an Oireachtais (pé mar thoradh ar bhreithiúnas Mhainistir Leathrátha nó do chúis eile) go raibh sé tiomanta di a chur faoi bhráid fhóram oiriúnach eile le cumhachtaí reachtúla. Nuair a foilsíodh an tuarascáil Madden dheireanach cuireadh faoi bhráid Choiste an Oireachtais í.

**Figiúir 6 Téarmaí Tagartha an Fhiosrúcháin**

Chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí, cleachtadh agus modh scrúdaithe iarbháis sa Stát ó 1970, agus díreach mar a bhaineann sé ach go háirithe le stoitheadh, coinneáil, stóráil agus diúscairt orgáin trí thagairt a dhéanamh do na caighdeáin araon atá i bhfeidhm taobh istigh den Stát agus lasmuigh de . Chun scrúdú a dhéanamh ar fheidhmiú na bpolasaithe, na gcleachtaí agus na modhanna in ospidéil, go ginearálta agus a bhfeidhmiú ach go háirithe sna 11 ospidéal ainmnithe[48].

Déanfaidh an Fiosrúchán freastal ar polasaithe, cleachtaí agus modhanna na n-ospidéal sa réimse seo .i. stoitheadh, coinneáil, stóráil agus diúscairt orgán, an riachtanas do na leithéid de chleachtadh agus an modh ina raibh siad déanta. Tógfaidh an Fiosrúchán san áireamh an cleachtadh is fearr maidir le scrúduithe iarbháis taobh istigh den Stát agus lasmuigh de in éineacht le hionchais réasúnta tuismitheoirí na leanaí nach maireann agus neasghaolta ina leithéid de imthosca. Déanfaidh an Fiosrúchán, ach go háirithe:

- Scrúdú ar pholasaithe agus cleachtaí na n-ospidéal i ndáil le teacht ar fhormheas ó thuismitheoirí agus ó neasghaolta i gcomhair scrúduithe iarbháis, stoitheadh, coinneáil, stóráil agus diúscairt orgáin.
- Scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna agus chleachtaí na n-ospidéal i ndáil le orgáin coinnithe, ina n-áirítear na cúiseanna do na leithéid de choinneáil, bainistiú na n-ospidéal i ndáil lena leithéid de choinneáil agus stóráil orgáin (coinneáil taifid san áireamh) agus um socruithe eile ar bith maidir leis a leithéid de orgán agus na cleachtaí ar chuireadh i bhfeidhm ach amháin chun dul i ngleic le horgáin coinnithe ina n-áirítear socruithe ar bith le comhlachtaí cógaisíochta maidir leis na horgáin siúd
- Athbhreithniú a dhéanamh ar nádúr agus iomchuibheas freastail foriomlán na n-ospidéal maidir le tuismitheoirí agus neasghaolta na leanaí a rinneadh scrúdú iarbháis orthu.
- Scrúdú a dhéanamh ar chás áirithe ar bith in ospidéal ar bith de réir mar is cuí do scrúduithe iarbháis agus cúrsaí a bhaineann le scrúduithe iarbháis.

Cibé ar bith, beidh sé ar discréid an Fhiosrúcháin scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna ábhartha ar bith eile a thagann chun solais le linn an Fhiosrúcháin maidir le polasaí, cleachtadh agus modh scrúdaithe iarbháis sa Stát ó 1970.

Tabharfaidh an fiosrúchán a thuarascáil dheireanach, ina n-áirítear a chinneadh, don Aire Sláinte agus Leanaí taobh istigh de sé mhí mura bhfuil a mhalairt dearbhaithe ag an Aire. Déanfaidh sé moltaí don Aire de bhun a chinneadh.

Áireoidh an tuarascáil dearbhú go bhfaighidh an Fiosrúchán an t-eolas go léir agus comhoibriú ó na gníomhaireachtaí sláinte, ó na daoine a fhostaítear ann agus duine ar bith eile, a raibh riachtanach do fhabhrú tuairimí agus conclúidí an Fhiosrúchán dár leis. I gcás easnaimh a tharlaíonn sna réimsí seo, a threoraíonn scóip a chuid fiosrúcháin dár leis an bhFiosrúchán, déanfaidh an tuarascáil aithint ar an méid céanna.

Shonraigh Forléiriú an chathaoirligh maidir leis na Téarmaí Tagartha gur mheas sí go bhforleathnófar obair an Fhiosrúcháin amach chun freastal ar na scrúdaithe iarbháis go léir is cuma pé áit a raibh siad déanta. Leag sé seo amach scóip an Fhiosrúcháin a leathnófaí amach go scrúdú faoi shainghnéithe scrúduithe iarbháis aonaracha. D'fhorleathnaíodh scóip an Fhiosrúcháin chomh maith do na hospidéil go léir taobh istigh den Stát ina raibh scrúduithe iarbháis déanta agus/nó ospidéil a d'achainigh, a stiúir nó a d'údaraigh scrúduithe iarbháis a bheith déanta ag láthair eile. Mhaígh an Forléiriú go raibh cinneadh déanta

[48] Ospidéal Leanaí Sráid Temple, Ospidéal na mBan, An Com, Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite (Cromghlinn), An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais (Sráid Holles), Ospidéal an Rotunda, agus na hOspidéil Oiliúna Acadúla Móra.

ag an Aire Sláinte agus Leanaí nach raibh an teorainn ama de sé mhí fós i bhfeidhm don tuarascáil deireanach agus go dtuairisceodh an fiosrúchán leis taobh istigh de thréimhse 18 mí mura raibh a mhalairt ordaithe aige.

Ar 22 Deireadh Fómhair 2002, chásaigh an tAire, i nDáil Éireann, roinnt forchoimeádtaí maidir le scóip na dtéarmaí tagartha. Shonraigh sé nach mbeadh sé indéanta dul go pas reachtúla laistigh de na téarmaí tagartha atá ann, ós rud é go mbeidís ró-fairsing. Shonraigh sé chomh maith gur bhain an fhadhb leis an amscála, a raibh soiléir faoin am sin, leis na téarmaí tagartha.

# Forálacha maidir leis na Modhanna

Ós rud é gur bunaíodh an Fiosrúchán ar bhonn neamh-reachtúla ní raibh cumhachtaí inordaitheachta, maidir le táirgeadh cáipéisí nó eolas, nó maidir le teacht na bhfinnéithe os a chomhair. De bharr sin, bhraith sé ar chomhoibriú deonach ó na daoine go léir a bhí mar ábhar rannpháirtithe dá chuid oibre. Mar gheall ar sin ceapadh go raibh sé riachtanach comhaontú a fháil idir gach duine a raibh ina ábhar rannpháirtithe maidir leis na modhanna chun a bheith curtha i bhfeidhm. Scríobhadh cáipéis dár teideal 'Meamram um Modhanna' don chríoch seo, i gcomhairliú leis na páirtithe ábhartha, agus d'eisíodh é ar an 3 Lúnasa 2002 do na rannpháirtithe go léir ionas go seolfaí thar n-ais lena gcuid sínithe. Tá meamram leagtha amach faoi conas a mhol an Fiosrúchán a obair a dhéanamh. Leag sé amach go sonrach trí chéim le bheith curtha i gcrích.

- Is é an chéad chéim ná taighde a dhéanamh chomh maith le heolas a fháil ó gach duine ábhartha. Thóg sé seo aighneachtaí béil agus scríofa san áireamh, ag fáil sampla de thaifid scrúduithe iarbháis agus taifid formheasa.
- Bhí sé mar sprioc ag an dara chéim chun an fianaise uile a mheas agus cúrsaí a aithint a d'fhéadfaí a bheith mar ábhar conspóide.
- Sa tríú chéim bhí sé pleanáilte na hábhair fíricí conspóideacha seo a réiteach.

Ráthaigh an Meamram an cheart bhunreachtúil i gcomhair modhanna cothroime dóibh siúd a rinne an obair éifeacht orthu. Anuas ar sin, shonraigh an Fiosrúchán go gcuirfeadh sé gach duine a raibh éifeacht aige orthu ar an eolas faoin inchreachadh molta atá cuimsithe ina thuarascáil agus go dtabharfaí cead freagra dóibh.

Níl sé soiléir cé mhéid ospidéil a d'aontaigh chun a bheith greamaithe ag na modhanna ach faoin 2 Deireadh Fómhair 2002 ní raibh ach 62 as 201 ospidéal aitheanta sa tuarascáil i ndiaidh don Mheamram a shíniú. Anuas ar sin, níor shínigh ach 65 as 402 tuismitheoirí agus neasghaolta a raibh aighneacht scríofa déanta acu don Fhiosrúchán an meamram faoin dáta sin. Cibé ar bith, níor cheap an cathaoirleach, agus féachaint aige don leibhéal chomhoibrithe faighte faoin dáta sin go raibh teip na rannpháirtithe maidir le síniú an mheamraim mar bhac do chumas an Fhiosrúcháin a chuid oibre a dhéanamh D'fhoráil roinnt rannpháirtithe nach raibh an Meamram sínithe acu lán tacaíocht don Fhiosrúchán.

# Iompar an Fhiosrúcháin

Cuireadh tús leis an gcéad phas den Fhiosrúchán ar an 5 Márta 2001. Ní raibh forálacha ar bith curtha i bhfeidhm do thuairisciú eatramhach os rud é go raibh an ionchas ann go mbeadh an tuarascáil seachadta faoi Mheán Fómhair 2002. D'inis an cathaoirleach leis an Aire i Lúnasa 2002 go raibh an Fiosrúchán i bhfad ó theacht ar phointe ina mbeadh tuarascáil ar fáil le féachaint do scóip fhairsing na téarmaí tagartha agus nádúr an Fhiosrúcháin. D'iarr an tAire tuarascáil dul chun cinn ón gcathaoirleach. Mar fhreagra ar sin, d'aighnigh an cathaoirleach Tuarascáil Dul Chun Cinn ar 2 Deireadh Fómhair 2002 ag leagadh amach an obair a bhí déanta cheana féin ag foireann an Fhiosrúcháin agus ag leagadh amach an obair a bhí fós le déanamh. Luaigh an Tuarascáil an ráta freagra a raibh faighte ó na hospidéil, tuismitheoirí aonaracha, na neasghaolta, agus ó pháirtithe ábhartha eile. Cibé ar bith, ní raibh an cathaoirleach in ann meastachán, a thabhairt maidir leis an amscála riachtanach d'obair an Fhiosrúcháin agus déanamh a thuarascáil a chur i gcrích.

Chuir an PFJ a mhíshástacht in iúl i nDeireadh Fómhair 2002 maidir leis an bpróiseas i gcruinniú leis an Aire shocraigh siad dul siar a dhéanamh i dtaobh an Fhiosrúcháin. Ag an am, bhí imní ann maidir le himpleachtaí an bhreithiúnais Abbeylara. Thug an tAire cinnteacht don PFJ, i ndiaidh dó comhairle dlí a fháil, nár chóir go ndéanfadh breithiúnas Abbeylara éifeacht ar bith maidir le pas a haon agus fur chóir leanúint ar aghaidh leis. Maidir le pas a dó, ba é a chomhairle ná go mbraithfeadh sé sin ar ábhair na tuarascála a gcuirfí i láthair os comhair an Choiste Oireachtais. I ndiaidh dóibh dul ó rannpháirtíocht leis an bhFiosrúcháin thóg an PFJ thar n-ais gach aighneacht a rinne a chuid baill leis. Chuir an Cathaoirleach in iúl don Aire, i mí na Samhna 2002, go raibh go leor tuismitheoirí ag glacadh páirte agus go raibh an Fiosrúchán ag leanúint ar aghaidh lena chuid oibre.

I Nollaig 2002, chomharthaigh an cathaoirleach don Aire go mbeadh tuarascáil eatramhach um ospidéil péidiatraiceacha curtha ar fáil roimh Nollaig 2003 agus go mbeadh tuarascáil faoi na hospidéil máithreachais agus faoi ospidéil ginearálta le fáil ina dhiadh.. Ina dhiaidh sin, i nDeireadh Fómhair 2003, mhaígh an cathaoirleach, i tuarascáil dul chun cinn eile, leis an Aire nach mbeadh sé de chumas aici tuarascáil eatramhach faoi na hospidéil péidiatraiceacha a fhoráil faoi dheireadh na bliana.

Le linn athbhreithniú ar na Binsí Breithimh agus na Fiosrúcháin leantach, scríobh an Ard-Aighne chuig an cathaoirleach ar an 16ú Iúil 2004 ag iarraidh dáta measta maidir le críoch an fhiosrúcháin. Níor thug freagra an chathaoirligh don achainí seo amscála cinnte maidir le críoch an fhiosrúcháin. Ina dhiaidh sin, bhí sé comhaontaithe ag an Rialtas ar 1 Meán Fómhair 2004 gur chóir iallach a chur ar an gcathaoirleach tuarascáil deireanach a thabhairt don Aire faoi 31 Márta 2005 agus go mbeadh críoch curtha leis an bhfiosrúchán ansin.

# Aschur Phas a hAon den Fhiosrúchán

Ar 31 Márta 2005, tugadh 54 bosca baincéireachta d'ábhar don Roinn Sláinte agus Leanaí. Bhí na hábhair seo cumtha de thuarascáil 3,500 leathanach i bhfad á thionlacan le 51 bosca d'aguisíní ina n-áiríodh aighneachtaí ó thuismitheoirí, neasghaolta, ospidéil, boird sláinte agus comhlachtaí gairmiúla. Phléigh an tuarascáil na trí ospidéil phéidiatraiceacha i mBaile Átha Cliath agus ní raibh aon tuairisc ann ar an 198 ospidéal eile aitheanta sa tuarascáil dul chun cinn. Cibé ar bith, bhí fianaise bailithe maidir leis na hospidéil eile seo, cuimsithe sna aguisíní. D'admhaíodh sa tuarascáil nach raibh sé críochnaithe de dheasca ceal ama.

D'áirithíodh Abhcóidí ó Oifig an Ard-Aighne chun an tuarascáil a léamh agus anailís a dhéanamh uirthi ag costas iomlán de €21,800. D'aithníodh saincheisteanna dlí áirithe de thoradh an athbhreithnithe seo. Dúirt an tArd-Aighne, i litir a chuir sé don Tánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí in Aibreán 2005, nár chóir an tuarascáil a fhoilsiú de dheasca cúiseanna dlí maidir le saincheisteanna a bhaineann le cothrom na féinne.

# Costas an Chéad Phas

Ón dtús bhí meastachán ann go mbeadh costais de €1.9 milliún i gceist nó mar sin de. Cibé ar bith, nuair a cuireadh an tuarascáil isteach, ar 31 Márta 2005, bhí costas iomlán an Fhiosrúcháin tar éis ardaithe go dtí níos mó ná €13 milliún. Leagann Tábla 44 amach costais an Fhiosrúcháin.

**Tábla 44 Na costais a tabhaíodh i leith bhfiosrúchán**

| **Catagóir Chostais** | **€ Milliún** |
|---|---|
| Costais de dheasca Feistiú na hoifige | 1.19 |
| Cíos an Áitreabh1 | 1.10 |
| Costais Dlí (Foireann an Fhiosrúcháin) | 7.70 |
| Costais Riaracháin[49] | 3.80 |
| **Iomlán** | **13.79** |

[49]Bhí tuarastail, riarachán oifige, cumhacht teasa, soilse, cothabháil, glanadh, slándáil r.l. san áireamh iontu seo.

Bhí iomlán de €7.7 milliún ligthe i gcóir costais dlí. Bhí na táillí seo ligthe mar atá leagtha amach i Tábla 45

**Tábla 45 Costais Dlí**

| Faighteoirí | Líon | Costas € Milliúin |
|---|---|---|
| Cathaoirleach | 1 | 2.5 |
| Abhchóidí Lánaimseartha | 2 | 3.1 |
| Abhchóidí Páirtaimseartha | 3 | 1.1 |
| Aturnae | 1 | 1.0 |
| **Iomlán** | **7** | **7.7** |

# Fiosrúcháin sa RA

Ní raibh fiosrúcháin ar bith den scála seo curtha ar bun riamh maidir le saincheisteanna um choinneáil orgán in Éirinn nó sa RA. Phléigh an dá fiosrúchán a raibh curtha ar bun sa RA le hospidéil aonair agus mar sin níl siad insamhlaithe go díreach ó thaobh amscála nó costas de.

- D'fhoilsigh fiosrúchán a cuireadh ar bun é i Meitheamh 1998 chun fiosrú a dhéanamh um bhainistiú cúraim leanaí dá raibh seirbhísí máinliacha casta á fháil acu ag an Bristol Royal Infirmary go raibh orgáin leanaí bainte agus coimeádta ag an Ospidéal i ndiaidh scrúduithe iarbháis. Bhí an Fiosrúchán stiúrtha ag Cathaoirleach a raibh ina Ollamh maidir le Dlí Sláinte, Eitic agus Polasaí, agus tugadh cúnamh dó ag Ollamh Leighis, Stiúrthóir Banaltrachta, agus Stiúrthóir Ionaid um Dlí Teaghlaigh. D'fhoilsíodh tuarascáil eatramhach de chuid an Fhiosrúcháin a raibh imscrúdú ar bun aige maidir le baint agus coimeád orgán i mBealtaine 2000.
- Fuair fiosrúchán in "Alder Hey Children's Hospital" i Learpholl, a bunaíodh i Nollaig 1999, gur choimeádadh baill mórán leaní gan chead óna dtuismitheoirí ná a neasghaolta. Bhí an Fiosrúchán san Alder Hey stiútha ag Cathaoirleach a bhí mar Abhcóide Banríona, le cabhair ó Phaiteolaí Péidiatraiceach Comhairleach, agus Príomhoifigeach de Chomhairle Sláinte Pobail. Níor bhain an Fiosrúchán seo ach le hospidéal amháin agus thuairiscigh sé i naoi mí.

Murab ionann agus na fiosrúcháin RA, bhí Fiosrúchán na hÉireann go mór mhór i muinín saineolas dlí. Bhí an chuid is mó de acmhainní an Fhiosrúcháin cuimsithe de bheirt abhcóide lánaimseartha, triúr abhcóide páirtaimseartha agus aturnae amháin. Ní raibh réimse saineolais eile le fáil san fhoireann. Cibé ar bith, bhí comhairle roinnt saineolaithe ar iarraidh, ar feadh tréimhse an Fhiosrúcháin. Iarradh comhairle ó staitisteoir ach is cosúil nár baineadh úsáid as.

# Ceapadh Saineolaí Dlí d'fhonn ullmhú na Tuarascála

I ndiaidh comhairle dlí an Ard-Aighne i mBealtaine 2005, thug an Rialtas formheas le ceapadh saineolaí dlí d'fhonn ullmhú na tuarascála um saincheisteanna tábhachtacha maidir le cleachtadh agus modhanna iarbháis faoin 21 Nollaig 2005. Críochnaíodh an tuarascáil deireanach agus cuireadh i láthair an Aire faoin spriocdháta tuairiscithe le costas iomlán de €436,000.

Ba iad na téarmaí tagartha áirithe don obair seo ná

- Chun fiosrúchán a dhéanamh maidir le polasaithe agus cleachtaí a bhain le baint, coimeád agus diúscairt orgáin leanaí a raibh scrúdú iarbháis déanta orthu sa Stát ó 1970 i leith.
- Chun fiosrúchán a dhéanamh maidir le líomhaintí go raibh faireoga piotútacha bainte ó leanaí a raibh scrúdú iarbháis déanta orthu chun iad a dhíol le comhlachtaí cógaisíochta laistigh agus lasmuigh den Stáit.

- Chun scrúdú a dhéanamh ar chleachtadh gairmiúil maidir le heolas tugtha do thuismitheoirí leanaí maidir le baint, coimeád agus diúscairt fíocháin agus orgáin agus iomchuibheas na gcleachtaí maidir le teacht ar fhormheas .
- Chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a thug na hospidéil freagra do cheisteanna imní ar chuir teaghlaigh na marbhán orthu maidir le cleachtaí iarbháis a rinneadh ar leanaí.
- Chun moltaí a dhéanamh do athrú reachtaíochta agus/nó polasaithe measta le bheith cuí maidir le scrúduithe iarbháis ar leanaí.

Ar mhaithe le cuspóir na tuarascála tagraíonn 'leanbh' nó 'leanaí' leo siúd ar rugadh beo iad agus a raibh níos óige ná dhá bhliana déag d'aois ar dhátaí a mbáis.

Agus an obair seo á dhéanamh, ba é an cuspóir a bhí ag an saineolaí ná chun fionnachtana maidir le fíricí faoi mhodhanna scrúduithe iarbháis sa chóras ospidéil. De réir tuarascáil an tsaineolaí rinneadh scrúduithe iarbháis in Éirinn de réir na caighdeáin gairmiúla agus idirnáisiúnta is fearr agus nach raibh dímheas toiliúil taispeánta do chorp an linbh. Maidir le stoitheadh faireog piotútacha bheartaigh an saineolaí nach raibh ceannfháth tráchtála ar bith fógartha maidir le hospidéal ar bith nó a fhoireann. Ba iad bunchúiseanna na conspóide ná go raibh easpa cumarsáide leis na tuismitheoirí i ndáil le an chúis go raibh orgáin coinnithe, an difir i bpeirspictíocht maidir lena suntais siombalacha agus an folús reachtaíochta ar ról formheasa i scrúduithe iarbháis. Mhol an tuarascáil go n-achtófaí reachtaíocht ghlan soiléir chun a chinntiú nach dtarlódh a leithéid de chleachtadh arís eile.

# Imní Iniúchóireacht

Don bhliain dár gcríoch 2005, tháinig caiteachas ar bhinsí agus fiosrúcháin faoi choimirce na Roinne Sláinte agus Leanaí (Fotheideal E) go ballaíocht ar €44.4m. Bhain ábhar €1m den táille seo le Fiosrúcháin Scrúduithe Iarbháis ag méadú na costais dlí agus riaracháin de Scrúduithe Iarbháis go €12m. Ní áiríonn na costais seo costais a bhaineann le feistiú oifige agus costais cíosa atá gearrtha do fhotheidil eile de chuid an vóta nó na gcostais ligthe ar ospidéil agus boird sláinte (an FSS anois) de dheasca tabhairt freagraí don fhiosrúchán.

Tá sé aitheanta go bhfuil comhardú cáiréiseach le bheith bainte amach nuair a dhéantar fiosrúcháin. Ar thaobh amháin, caithfidh na fíricí a bheith curtha ar bun trí mhodh oibiachtúil agus neamhspleách, ar an taobh eile, caithfidh fiosrúchán atá éifeachtúil ó thaobh costas de a bheith ann a mbaileoidh go leor fianaise atá ábhartha agus iontaofa chun an Stát a chumasú freastal a dhéanamh ar na saincheisteanna agus gach ábhar imní a thagann chun solas. Mholfadh sé seo tábhacht, ón tús, maidir le haird a tharraingt ar gnéithe tábhachtacha áirithe an fhiosrúcháin

- ag comhaontú an scóip ginearálta den Fhiosrúchán agus téarmaí tagartha áirithe atá dírithe agus soiléir
- bunú modheolaíochta fréamhaithe ar bhaint amach bailiú fianaise atá éifeachtúil ó thaobh costas de dá bhfuil dírithe ar saincheisteanna Fiosrúcháin atá sainmhínithe
- ag foráil i gcomhair clocha mhíle agus spriocdhátaí tuarascála.

# Ceisteanna curtha ar an Roinn

De thoradh na cúiseanna imní seo d'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntais maidir leis na céimeanna tógtha ó thús an Fhiosrúcháin agus le linn a thréimhse ag an Roinn d'fhonn soghontacht an Stáit a laghdú maidir le méaduithe costais agus chun tuairisciú tráthúil a chinntiú. D'fhiosraigh mé chomh maith maidir le cén ceachtanna atá foghlamtha i ndáil le hiompar an Fhiosrúcháin i réimsí socrú scóip, modheolaíocht agus bunú clocha mhíle athbhreithnithe agus spriocdhátaí tuairiscithe, agus an chéim dá mbeidh a leithéid de cheachtanna a bheith infheidhmithe le Fiosrúcháin eile. D'fhiafraigh mé, chomh maith, den Oifigeach Cuntasóireachta maidir leis a mheastachán is fearr maidir leis na costais ligthe ar an bhFeidhmeannacht Seirbhíse Sláinte (na Boird Sláinte roimhe seo) agus ar na hospidéil a raibh i mbun teagmháil leis an bhFiosrúchán .

# Freagra an Oifigigh Chuntasóireachta

Maidir le ról na Roinne i laghdú na riosca don Stát ó thaobh costais ag dul i mhéid de agus tuairisciú tráthúil a chinntiú, chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúl dom go raibh sé riachtanach freastal ar an gceist seo i gcomhthéacs an seasamh a raibh i bhfeidhm i 1999/2000 nuair a tháinig saincheisteanna maidir le cleachtaí scrúduithe iarbháis agus coimeád orgán go fios an phobail. Ba saincheist fíor maoithneach do na tuismitheoirí é seo agus bhí ceannfháthanna na n-ospidéil agus na gcliniceoirí a bhí bainteach faoi amhras, maidir le stoitheadh faireog piotútacha ach go háirithe Bhí éilimh déanta go ndéanfaí na daoine i gceist a "ainmniú agus a náiriú" áit is cuí agus chreid mórán daoine go raibh an Roinn féin freagrach, i bpáirt ar a laghad, as an méid a tharla.

Ba é Cinneadh an Rialtais in Aibreán 2000 gur chóir fiosrúchán neamh-reachtúla a bheith stiúrtha ag abhcóide sinsearach, a ngníomhódh go neamhspleách ón Roinn. D'fhormheasadh téarmaí agus coinníollacha cathaoirleach an Fhiosrúcháin i ndiaidh comhairliúcháin leis an Ard-Aighne agus an Roinn Airgeadais de réir na socruithe a raibh i bhfeidhm go ginearálta le Fiosrúcháin an tam sin. D'fhormheas an Rialtas téarmaí tagartha an Fhiosrúcháin faoi réir mionathruithe ar bith a raibh riachtanach dár leis an Aire i ndiaidh comhairliúcháin leis na príomh páirtithe. Dhearbhaigh an tAire ag cruinniú i bhFeabhra 2001 leis an gcathaoirleach go raibh léirmhíniú na dtéarmaí tagartha ina cheist don chathaoirleach amháin. Bhí sé comhaontaithe faoin am sin chun an t-amscála dá cuid oibre a fhorleathnú ó sé mhí go 18 mhí m.sh. go dtí Meán Fómhair 2002.

Ag cruinniú leis an PFJ go gairid roimh cinneadh an Rialtais chun Fiosrúchán a bhunú, dhearbhaigh an tAire don ghrúpa go raibh oibríochtaí an Fhiosrúcháin neamhspleách uaidh agus ón Roinn, agus nach raibh ceist ar bith ann go ndéanfaí deachtú don chathaoirleach faoin méid gur chóir di nó nár chóir di a dhéanamh. Sa chomhthéacs seo bhí sé ríthábhachtach go mbeadh an Fiosrúchán neamhspleách ó thús go deireadh maidir le déanamh a imscrúdú, ach go háirithe ós rud é go raibh an Roinn faoi imscrúdú í féin.

Ó thús an Fhiosrúcháin, ní raibh cúis ar bith leis an Roinn chun a chreidiúint nach mbeadh an tasc indéanta taobh istigh den amscála de sé mhí a cheapadh i dtús báire. Mar shampla, chríochnaíodh an Binse Fiosraithe deireanach maidir leis an tSeirbhís Fuilaistriúcháin a raibh cleachtadh ag an Roinn leis agus dá raibh chomh tochtmhar céanna taobh istigh de 5 mhí. De thoradh seo, ceapadh go raibh amscála de sé mhí réasúnta.

Bhí go leor moilleanna móra maidir lóistín oiriúnach don Fhiosrúchán a fháil, nach raibh ar fáil i ndeireadh na ndála go dtí Eanáir 2001 d'ainneoin na hiarrachtaí is fearr den Roinn agus an OOP. Chomh maith le sin, bhí roinnt deacrachtaí maidir le teacht ar bhaill foirne riaracháin agus cléirigh chun cúnamh a thabhairt don Fhiosrúchán. De thoradh chomhcheangal na bhfachtóirí seo ní raibh an Fiosrúchán oibríoch go dtí mí Márta 2001.

Ba é mí Lúnasa 2002 an chéad chomharthú fhoirmiúla go raibh an Fiosrúchán ar chúl sa sceideal nuair a chomhairligh an cathaoirleach leis an Aire go raibh an fiosrúchán i bhfad ó theacht ar chéim ina mbeadh tuarascáil curtha ar fáil agus d'iarr sí fadú amscála de don Fhiosrúchán. Ar iarratas ón Aire chuir an cathaoirleach Tuarascáil Dul Chun Cinn isteach i nDeireadh Fómhair 2002 a chur in iúl nach raibh an cathaoirleach i ann scála ama a mheas d'obair an Fhiosrúcháin a chur i gcrích agus gur cheap sí go dtógfadh sé roinnt ama sula bhféadfaí an tuarascáil a chur i gcrích. Bhí an tAire agus an Roinn buartha de dheasca easpa amscála cinnte. Tugadh méid mór machnaimh do na roghanna inrásta chun deifir a chur leis an bhFiosrúchán, an fhéidearthacht chun athruithe a dhéanamh do na téarmaí tagartha san áireamh. Agus comhairle tógtha san áireamh aige, bhain an tAire an tátal as nach mbeadh sé inoibrithe, ag an am sin, athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí tagartha nó chun an Fiosrúchán a chur ar ceal agus déanmhas eile a chur ina áit. Ceann de na príomh imní ab ea go d'fhéadfadh a leithéid d'athrú an obair a bheith déanta roimhe sin a chur ó mhaith cosúil le hagallaimh le finnéithe agus go mbeadh gá tús úrnua a chur leis an bhfiosrúchán. Ba ábhar imní eile go gcuirfeadh athrú sa téarmaí tagartha le héilimh an PFJ go gcuirfí Binse Fiosraithe reachtúla ar bun.

I gcruinniú leis an gcathaoirleach agus a fhoireann dlí i Nollaig 2002, chuir an tAire béim ar an riachtanas a bhí ar deifir a chur ar an bhfiosrúchán, tar éis an cinneadh déanta aige i gcoinne athrú ar bith sa téarmaí tagartha. Bhí sé comhaontaithe go gcuirfí tuarascáil faoi na hospidéil péidiatraiceacha ar fáil faoi dheireadh 2003, agus go gcuirfí tuarascálacha um ospidéil máithreachais agus ospidéil ginearálta ar fáil gach sé mhí ina dhiaidh sin. Chomharthaigh an cathaoirleach go mbeadh cur lena foirne dlí riachtanach d'fhonn na spriocdhátaí leasuithe seo a bhaint amach. D'iarr an Roinn cead ón Roinn Airgeadais i gcomhair méadú san fhoireann dlí ach níor thugadh é seo. De dheasca seo, chomhairligh an cathaoirleach leis an Aire i Meitheamh 2003 nach mbeadh spriocdháta deireadh 2003 do chríochnú na tuarascála um ospidéil péidiatraiceacha indéanta de réir na cosúlachta. Cibé ar bith, gheall sí, go gcoinneodh sí an cheist faoi athbhreithniú d'fhonn ráiteas níos deifnídí a dhéanamh taobh istigh de dhá mhí ina dhiaidh sin nó mar sin de. Ar 16 Deireadh Fómhair 2003 scríobh an cathaoirleach leis an Aire le chur in iúl dó nach mbeadh sí in ann an tuarascáil a sholáthar roimh dheireadh na bliana sin. Ní dúirt a litir, lena raibh tuarascáil dul chun cinn 12 leathanach iniata, caithin a mheas sí go mbeadh an tuarascáil ar fáil. Bhuail an tAire leis an gcathaoirleach agus a foireann dlí ar 17 Samhain 2003 agus léirigh sé a imní nach mbeadh an tuarascáil ar an ospidéal péidiatraiceach réidh don spriocdháta.

Chomhairligh an Fiosrúchán in Aibreán 2004 go raibh sé, agus eisceachtaí ann áfach, i ndiaidh críochnú a chur leis an dara chéim dá chuid oibre maidir le hospidéil péidiatraiceacha .m.sh. go raibh an bailiú agus anailísiú eolais críochnaithe agus go raibh na ceisteanna a bhí conspóideach fós áitithe acu. Ina dhiaidh sin bhí ar an bhFiosrúchán measúnú a dhéanamh ar an tríú chéim cinntitheach dá chuid oibre, dá raibh chun na ceisteanna conspóideacha a réiteach agus conclúid a chur leis an Tuarascáil. Dúirt an Fiosrúchán go raibh sé cuimhnithe acu go raibh gá ann go mbeidís in ann tús a chur leis an obair i ndáil le hospidéil máithreachais chomh luath agus a bhí an tuarascáil phéidiatraiceach críochnaithe.

I mí Iúil 2004, stiúir an tArd-Aighne, ar son an Rialtais, athbhreithniú ar gach Binse Breithimh agus Fiosrúchán a bhí ann ag an am chun dáta críochnaithe a fháil dóibh. Ar 1 Meán Fómhair 2004 bheartaigh an Rialtas, gur chóir a chur in iúl don chathaoirleach go gcaithfeadh an Fiosrúchán Tuarascáil Deiridh a sholáthar don Aire Sláinte agus Leanaí roimh 31 Márta, 2005 bunaithe ar an eolas agus ar an bhfaisnéis go léir faighte agus ar fáil don Fhiosrúchán ag an am sin agus ina dhiaidh sin nach mbeadh an Fiosrúchán ann a thuilleadh.

Maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta, cé go raibh na téarmaí tagartha formheasta ag an Rialtas, bheadh sé níos fearr dá gcoinneofaí an cumas chun ciall a bhaint astu agus le chur leis an modheolaíocht le bheith úsáidte. Toisc na gcúiseanna leagtha amach thuas áfach, ní fhéadfaí a leithéid a dhéanamh sa chás seo.

Bheadh sé níos fearr dá mbeadh struchtúr sna socruithe conartha leis an gcathaoirleach agus a foireann dlí a thugadh dáta cinnte ar a mbeadh an obair críochnaithe. Bhí na téarmaí agus coinníollacha leagtha amach i gcomhréir leis na socruithe a bhain le Fiosrúcháin de ghnáth ag an am sin áfach agus níl sé soiléir go bhféadfaí seirbhí na ndaoine ábhartha a chinntiú ar aon bhonn eile.

Bheadh sé níos fearr dá mba foráil déanta i gcomhair tuarascálacha dul chun cinn eatramhacha. Dá mba sé mar seo, bheadh an Roinn curtha ar an eolas níos luaithe go raibh fadhbanna ann maidir le hamscála an Fhiosrúcháin. Cibé ar bith, nuair a tháinig sé chun solas i nDeireadh Fómhair 2002, go mbeadh tréimhse fada ann sula mbeadh an tuarascáil curtha i láthair, shocraigh an tAire nach mbeadh sé indéanta, faoin am sin, athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí tagartha nó chun athsholáthar a dhéanamh ar an bhFiosrúchán le déanmhas eile. Dá réir sin, níl cinnteacht ann go ndéanfadh tuarascálacha eatramhacha rialta difir ar bith don toradh.

Maidir leis na costais ligthe ar an FSS (na Boird Sláinte roimhe seo) dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta gur chuir an Roinn maoiniú áirithe ar fáil i gcomhair caiteachas bainteach le Fiosrúcháin do Údarás Sláinte Réigiúnaigh an Oirthir (agus don Fheidhmeannacht Seirbhíse Sláinte ina dhiaidh sin), ar tháinig, don tréimhse 2000-2005, suas go €6,350,000. Níl an t-eolas ag an Roinn maidir le caiteachas ligthe ar na boird sláinte/hospidéil taobh amuigh de shean réigiún Údarás Sláinte Réigiúnaigh an Oirthir.

# Caibidil 14

# Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

# 14.1 Cártaí leighis Roghnacha

## Réamhrá

Forálann Alt 45 den Acht Sláinte 1970 (an tAcht) go mbeidh teideal iomlán chun seirbhísí sláinte ag daoine fásta agus a gcleithiúnaí "mura bhfuil sé ar a gcumas seirbhísí leighis agus máinliachta a shocrú dóibh féin agus dá gcleithiúnaí le gnáth dhochtúir gan cruatan míchuí,". Tugann an tAcht cumhacht don Aire Sláinte agus Leanaí chun rialacha a dhéanamh ag sainiú an aicme nó aicmí de dhaoine a meastar bheith oiriúnach don gcritéir seo. Níl a leithéid de rialacha déanta.

Tá roinnt grúpaí go bhfuil teideal iomlán acu chun seirbhísí sláinte gan aird ar acmhainn. San áireamh leis seo tá daoine ós cionn 70, oibrithe inimirce áirithe ón AE, daoine faoi thionchar an druga thalidomide agus daoine le coinneáil teidil faoi scéim rialtais deartha chun daoine a spreagadh chun fostaíochta. Seachas na grúpaí seo, eisíonn Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte (roimhe seo an Bord Sláinte) na cártaí le daoine nach bhfuil, i dtuairim an FSS ábalta seirbhísí leighis agus máinliachta a chur ar fáil dóibh féin agus dá gcleithiúnaí gan cruatan míchuí. Le fírinne, eisítear cártaí leighis ar mheasúnú acmhainne an iarratasóra. Tarraingíonn an FSS suas treoirlínte gach bliain chun cártaí leighis a thabhairt amach . Tugtar carta leighis do dhaoine a bhfuil an figiúir seo faoi bhun na treoirlíne[50]. Go ginearálta, ní cháilíonn daoine a bhfuil a n-ionam ós cionn na treoirlíne mura bhfuil costais mór dochtúireachta orthu nó go bhfuil fianaise eile chruatain ann. Tá an téarma" cárta leighis roghnach" tagtha chun úsáide le daoine a fuair cártaí leighis a bhfuil a n-ioncam ós cionn figiúir an treoirlíne.

## Íocaíochtaí le dochtúirí maidir le cártaí leighis roghnacha

I 2001 d'aontaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí le Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann (CDÉ) go, ag fanacht le scrúdú ar earnáil an chárta leighis roghnaigh, go n-íocfaí suim airgid de €2.54m le dochtúirí maidir leis an Scéim Seirbhísí Leighis Ginearálta (SLG) ar son seirbhísí le daoine áirithe i seilbh cártaí leighis roghnaithe. Thángthas ar an fhigiúir €2.54m le tuiscint na Roinne go raibh timpeall 20,000 cárta leighis roghnaithe eisithe. Tugadh an t-airgead do dhochtúirí ar leith de réir an comhréir othair agus toirt painéil Seirbhísí Leighis Ginearálta (SLG) a bhí acu ar an 1 Eanáir 2001. Bhí an t-íocaíocht sa bhreis ar an ngnáth íocaíocht caipitlíocha a déantar le dochtúirí ar mhaithe lena n-othair Seirbhísí Leighis Ginearálta.

Ag cur na mBord Sláinte ar eolas faoin gcomhaontas le Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann thug an Roinn le tuiscint go dtosódh an scrúdú faoin earnáil cártaí leighis roghnaithe i 2001 agus go leanfadh sé ag cinntiú nádúir agus an méid cártaí roghnaithe sa scéim Seirbhísí Leighis Ginearálta SLG. Sa chás nach gcríochnófaí an scrúdú faoi dheire na bliana le malairt socruithe cuí comhaontaithe curtha in áit, d'íocfaí an suim de €2.54m oiriúnaithe do mhéadaithe pá náisiúnta i 2002 ar an mbonn ceanna.

I mí an Aibreáin 2002, scríobh an Roinn go dtí Príomh Oifigeach (Íocaíochtaí) an Bord Seirbhísí Cúitimh Leighis Ginearálta an Bhoird Seirbhísí Leighis Ginearálta (PCRS) anois agus páirt den FSS, ag rá gur chóir na h-íocaíochtaí do 2001 a mhéadú ó €2.54m go dtí €9.52m. Bhí sé seo ar an mbonn gur chreid an Roinn anois go raibh an uimhir cártaí leighis roghnach a bhí measta le bheith 20,000 measta anois le bheith 75,000. Bhí an riaráiste do 2001 le híoc i 2002 agus bhí an íocaíocht do 2002 le déanamh ar bhonn míosúil i gcomhréir leis an méid a bhí ar phainéal othair Seirbhísí Leighis Ginearálta SLG gach dochtúra. Thug an dara litir ón Roinn go dtí na Boird Sláinte agus go dtí na Seirbhísí Leighis Ginearálta SLG 2002 soiléiriú nach raibh sé beartaithe na h-íocaíochtaí breise luach saothair a thabhairt do na dochtúirí maidir le gach sealbhóir carta leighis roghnach. Thug an Roinn le tuiscint, sa chomhthéacs seo "tuigtear go mbaineann cártaí leighis roghnacha leo seo a tugtar do dhaoine, cé go bhfuil siad ós cionn treoirlínte ioncaim do theideal carta leighis, go mbeidís de bharr bail nó breoiteacht, i ngá le cuairt dochtúra ar ráta i fhad níos

[50] Tugadh isteach scéim Carta Cuarta Dochtúra sa Bhuiséad 2005. Tugann an scéim teacht saor chun dochtúra, do dhaoine i dteideal agus a dteaghlach. Tá na treoirlínte ioncaim 25% níos airde ná mar atá siad do chartaí leighis.

airde ná an gnáth, dá bharr san bheidís ag dul faoi chostais i fhad níos airde." Cúngú suntasach a bhí anseo den sainmhíniú ar chárta leighis roghnach ar mhaithe le híocaíocht a dhéanamh le dochtúirí.

Thug an Roinn le tuiscint chomh maith, nuair a bheadh an fíor uimhir a bhí clúdaithe ar cártaí leighis roghnacha ar eolas go ndéanfaí réiteach ar an méid comhiomlán do gach bliain, m.s. d'íocfaí an €9.52m do 2001. D'iarr an Roinn sonraí faoi athruithe riachtanach don chóras Seirbhísí Leighis Ginearálta SLG ar leibhéal an bhoird sláinte le go bhféadfaí na cártaí roghnach seo a shainmhíniú níos fearr agus go bhféadfaí íocaíochtaí a dhéanamh ar an fhíor mhéid cártaí roghnach. I litir go dtí na boird sláinte, dúirt an Roinn "ba chóir do na boird sláinte na céimeanna riachtanach a thógáil le a chinntiú gur fhéidir cártaí leighis roghnacha a cheangal le dochtúirí ar leith ar mhaithe le cuspóirí íocaíochta."

Íocadh €10.046m i 2005 maidir le 75,000 cárta. Gach bliain ó d'eisigh siad na treoracha, rinneadh an Roinn deimhniú i scríbhinn gur chóir leanúint leis na h-íocaíochtaí leis na socruithe. Tá iomlán de €50.7m íoctha amach le dochtúirí faoi na socruithe seo suas go dtí 31 Nollaig 2005.

# Spriocanna Iniúchta

Ba iad na spriocanna iniúchta ná

- Cinneadh a dhéanamh faoi an oibrigh an scéim carta leighis roghnach i modh cothrom trasna na seirbhíse sláinte
- Chun athbhreithniú a dhéanamh ar cén dul chun cinn atá déanta i dtreo dochtúirí a íoc ar an fhíor uimhir sealbhóirí cártaí leighis roghnacha ar a bpainéal, mar a bhí ar aigne ag an Roinn i 2001.

Mar pháirt den iniúchadh, iarradh ar réigiúin an FSS sonraí a chur ar fáil faoi gach Carta Leighis SLG ar a gcóras ar an 31 Nollaig 2005 agus an uimhir cártaí a tugadh ar bhonn roghnach. Thug an PCRS na sonraí faoin uimhir cártaí leighis SLG ar a gcóras.

# Torthaí an Iniúchta

## Oibriú na Scéime

Taispeánann Tábla 46 an uimhir iomlán cártaí leighis roghnacha eisithe de réir réigiúin, cártaí mar chéatadán de dhaoine i dteideal agus cártaí roghnach mar chéatadán de aonaid teaghlaigh i dteideal.

**Tábla 46– Cártaí leighis roghnacha de Réir Réigiúin FSS**

| Réigiúin | An Uimhir Cártaí leighis roghnacha Eisithe | Cártaí Roghnach mar % de dhaoine i dteideal | Cártaí Roghnach mar % de aonaid teaghlaigh le teideal |
|---|---|---|---|
| An t-Oirthear | 7,418 | 2.17 | 3.19 |
| Lár na tíre | 4,885 | 6.98 | 10.33 |
| An Meán Iarthar | 4,950 | 4.94 | 7.18 |
| An t-Oirthuaisceart | 1,428 | 1.43 | 2.17 |
| An t-Iarthuaisceart | 2,915 | 2.95 | 4.76 |
| An t-Oirdheisceart | 8,415 | 6.06 | 9.09 |
| An Deisceart | 11,878 | 6.85 | 9.64 |
| An t-Iarthar | 3,794 | 2.84 | 4.17 |
| **Iomlán** | **45,683** | **3.95%** | **5.84%** |

Toisc go dtugann na torthaí ar Tábla 46 le tuiscint nach bhfuil an scéim dá stiúradh i modh cothrom trasna na tíre, chuir mé ceist ar an Oifigeach Cuntasóireachta faoi cad é an bonn ar a dtugtar cártaí leighis roghnacha do dhaoine i dteideal idir na réigiúin FSS éagsúla.

Chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúil dom go mbíonn gach iarratas do chárta leighis measúnaithe bunaithe ar threoirlínte ioncaim náisiúnta. I gcásanna ina meastar go bhfuil na h-iarrthóirí ós cionn na dtreoirlínte is féidir leis an FSS i gcásanna leighis nó sóisialta cúinsí maolaitheacha a chur san áireamh. D'fhéadfadh cúinsí leighis baint le duine nó aonad teaghlaigh atá, in ainneoin bheith ós cionn na dtreoirlínte ioncaim, bheith i ngá le cuairteanna minice go dtí a ndochtúir agus aisíoc ar drugaí nó cógais leighis de bharr bail leighis sheasta bheith ar bhall den dteaghlach, go mbíonn na costais de íoc a riachtanais leighis níos airde ná an farasbarr ioncaim measta. Sampla de chúinse sóisialta is ea san áit go bhfuil an t-aonad teaghlaigh, in ainneoin bheith measta mar bheith ós cionn na dtreoirlínte, go dtagann an FSS ar eolas go bhfuil fadhb andúile ag saothraí an teaghlaigh agus nach bhfuil sé/sí ábalta go leor chun tacaíocht a thabhairt d(h)á chéile agus páistí. Chun fuascailt a thabhairt as an gcruatan a thagann as seo, is féidir leis an FSS discréid a chleachtadh agus cárta leighis a thabhairt don gcéile agus leanaí ina leithéid de chás.

Dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta go raibh gá le scrúdú a dhéanamh ar an gcéatadán difríochtaí réigiúnach sa mhéid cártaí leighis roghnacha a bhí dá eisiúint agus go ndéanfar é seo mar pháirt de phróiseas atá ar siúl faoi láthair. Mar sin féin ba chóir a thabhairt faoi deara, gur eisigh an FSS treoirlínte náisiúnta sa bhliain seo caite a dhéileálann le, i measc rudaí eile, cleachtadh discréid in eisiúint cártaí leighis.

## Ag Fiosrú Líon na gCártaí Roghnacha

Tá an luach saothair do dhochtúirí as chartaí leighis ag glacadh leis go bhfuil 75,000 cárta roghnach ann. Tugann an figiúir seo a chuir an FSS ar fáil le tuiscint go bhféadfadh an figiúir ceart bheith i bhfad níos lú, bhféidir chomh h-íseal le 45,600. Tá an figiúir taifeadta ar bhunachar sonraí PCRS fós ar 36,000. Tá sé tugtha le tuiscint ag an Oifigeach Cuntasóireachta go bhfuil an cleachtadh leanúnach atá ar siúl faoi láthair i ngach réigiúin FSS dealraitheach a thaispeáint go bhfuil an figiúir idir 65,000 agus 68,000.

Tagraíonn na figiúirí seo do gach cárta roghnach gan aird ar na cúinsí a bhí lena eisiúint. Ar an dtaobh eile de, tá sé soiléir ó chomhfhreagras na Roinne leis na Boird Sláinte i 2002 gur bé a bhí i gceist ná breis luach saothair a íoc le dochtúirí maidir le cártaí eisithe le daoine a raibh an n-ioncam "go suntasach" ós cionn na dtreoirlínte ioncaim de bhar bail nó breoiteacht ina raibh riachtanas le cuairteanna dochtúra "go suntasach" ós cionn an ghnáth.

Liostálann treoirlínte náisiúnta an FSS faoi theideal cártaí leighis na gnóthaí seo leanas mar fachtóirí le tógáil san áireamh ag meas an bhfuil cruatan míchuí ag éirí in aon chás

- Cúinsí breoiteachta nó leighis
- An costas a bhaineann le cur seirbhísí leighis nó máinliachta ar fáil
- An costas bainteach le cur ar fáil cóireáil leighis, banaltraí agus fiaclóireachta
- Costas fisiteiripe agus teiripe labhartha agus teanga
- Costas córas iompair go dtí ospidéil agus clinicí
- Andúileach ar nós ólachán, drugaí agus cearrbhachas
- Droch bhainistíocht airgid
- Díobháil sóisialta– droch bhainistíocht teaghlaigh san áireamh
- Costas áiseanna agus trealamh cúnaimh.

Tá sé soiléir ón liosta seo go bhfuil réimse cásanna ina bhféadfaí cártaí leighis a eisiúint nach mbeadh bainteach le ráta cuairteanna ó dhochtúir a bheadh thar an gnáth. Fágann sin gur chosúil go mbeidh líon na gcártaí lánroghnacha ba chúis leis an íocaíocht bhreise le dochtúirí níos lú ná líon iomlán na gcártaí lánroghnacha taifeadta ar chórais an FSS.

Bhíos imníoch go raibh íocaíochtaí ag leanúint dá dhéanamh bunaithe ar an meastachán de 75,000, atá dealraitheach anois bheith ró ard, agus go bhfuiltear ag leanúint ag déanamh íocaíochta le dochtúirí i gcomhréir leis an méid othar ar a bpainéil in ionad ar bhonn an fhíor uimhir othar atá i seilbh cártaí leighis roghnacha.

Mar fhreagra ar mo fhiosrú, chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúil dom, ar am an chomhaontú le Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann nár bhailigh na boird sláinte sonraí de mhinicíocht cuairteanna othair ar leith leis an ndochtúir ná sonraí faoi leibhéal ioncaim na n-othar. Is é an figiúr is fearr a bhí ar fáil ná meastachán den uimhir de gach cárta a éidíodh ina raibh ioncam an iarrthóra ós cionn na dtreoirlínte. Bhraith sé gur pointe tábhachtach é seo de bharr an uimhir a bhí san áireamh m.s. nach raibh agus nach bhféadfadh 75,000 bheith scagtha go leor chun iad seo a raibh an n-ioncam go mór ós cionn na dtreoirlínte agus a mbíonn gá acu le cuairteanna minic go dtí a ndochtúir a léiriú.

Iarradh ar an Roinn mar bhróicéirí an chomhaontais seo ar roinnt ócáidí sainmhíniú oibríoch a thabhairt faoi cad a bhí i gceist le cártaí roghnach le tuiscint an chomhaontais seo (m.s. cad é an tairseach do "go suntasach ós cionn na dtreoirlínte" srl.). Mar pháirt de Chlár Nuálaíochta na Scéime, tá an FSS imithe chomh fada le sainmhíniú a mholadh don Roinn, ach táthar ag fanacht le cinneadh faoi seo go fóill. Ag tnúth le sainmhíniú soiléir ina bhféadfaí cártaí roghnach a bhunú, tá córas códála tabhartha isteach ag an FSS ina bhfuil cártaí roghnach catagóirithe de réir criosanna farasbairr ioncaim. Déanfaidh an breisiú seo níos éasca é an uimhir ceart de na leithéid de chártaí a ríomhadh. Ar athnuachan gach cárta leighis roghnach, tá réigiúin FSS ag bailiú sonraí a chumasaíonn códáil an chárta isteach i gceann de na cheithre chrios ioncaim atá ós cionn an tairseach cáilíochta. Tá gach carta leighis nua géillsineach don gcóras códála seo chomh maith. Tá na criosanna códála suas go dtí 25%, 25%-50%, 51%-85% agus ós cionn 85% ós cionn an tairseach cáilithe ioncaim do chárta leighis. Rolladh amach an cleachtas códála i lár-2005. Ag glacadh leis gur bé an meán tréimhse eisiúna do chártaí leighis ná 2 bhliain, beidh an chuid is mó de chártaí leighis áth-eisithe agus códála go cuí laistigh de fhráma ama de 2 bhliain. Tá sainmhíniú ón Roinn riachtanach fós mar sin féin.

Dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta ina thuairim féin gur fhéidir íocaíochtaí a dhéanamh maidir leis an uimhir ceart de chártaí leighis roghnach, géillsineach de shoiléiriú ar shainmhíniú ón Roinn agus feidhmiú na sainmhíniú le gach taifead ar leith ina dhiaidh sin. Bheadh, mar sin féin, ualach oibre ag baint le é seo a dhéanamh an chéad uair, ach, nuair a bheadh sé déanta, bheadh sé ina chás bainistíochta sonraí as san amach. Chaithfí áth-ríomha a dhéanamh ar na méideanna a bhí íoctha go dtí seo leis an Roinn tar éis cleachtas bailí agus soiléiriú ar shainmhíniú.

## Dearcadh na Roinne Sláinte agus Leanaí

Ag éirí ó thrácht an Oifigigh Chuntasóireachta, chuir mé ceist ar an Roinn Sláinte agus Leanaí ar a ndearcadh faoin gcás.

Chuir Oifigeach Cuntasóireachta na Roinne in iúil dom gur tharla an socrú maidir le cártaí leighis a bhí comhaontaithe le Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann i gcomhthéacs le h-idirbheartaíocht caidrimh poiblí deacair a bhí dírithe ar chárta leighis a thabhairt do gach duine in aois a 70 nó ós a cionn. I rith na n-idirbheartaíochta seo, chuir Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann réimse leathan eisithe ar an mbord a bhraitheadar a chóir a réiteach sula n-aontódh a mbaill seirbhís a chur ar fáil do gach othar ós cionn 70 saor in aisce,. Go h-áirithe, Bhí Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann ag lorg íocaíocht breise maidir le cártaí leighis roghnacha ar an mbonn gur eisíodh na cártaí seo le daoine, ní le tagairt dá maoin ach toisc go raibh gá acu le cuairteanna minic dochtúireachta. D'áitigh an CDÉ gur ionadaigh na h-othair seo ualach mór oibre agus in ionad cothromas le othair de ualach oibre mór agus beag bhí an t-ualach oibre ag sleamhnú i dtreo othair de ualach mór éilimh oibre,. Rinneadh íocaíocht ar fhigiúir barúlach de 20,000 cárta leighis roghnach, géillsineach do athbhreithniú.

I 2001 agus 2002, rinneadh an Roinn iarracht mór chun eolas a fháil ó na boird sláinte maidir leis na h-uimhreacha cártaí roghnach. I roinnt cásanna, ní raibh na boird sláinte ábalta an t-eolas a thabhairt agus fuair sé soiléir go raibh difríocht mór sa tslí a bhí míniú dá bhaint as an dtéarma "cárta leighis roghnach" idir na boird sláinte ar leith.

D éirigh cúinsí caidrimh tionsclaíochta i mí an Mhárta 2002 agus bhí bagairt ann go dtarraingeodh na dochtúirí siar ón scéim SLG. D'ardaigh an CDÉ cás na gcártaí roghnach arís ag rá go raibh 75,000 duine clúdaithe ag cártaí roghnach. Thacaigh an t-eolas a bhí faighte ag na boird sláinte faoin dtráth sin leis an fhigiúir seo agus rinneadh cinneadh go ndéanfaí íocaíocht ar an mbonn ceanna a bhí socair roimhe seo maidir le 75,000 cárta roghnach.

Lean an Roinn ag iarraidh ar bhoird sláinte córais a chur in áit chun an uimhir ceart cártaí roghnach a ainmniú le go bhféadfaí iad a cheangal le painéil na ndochtúir ar leith Bhí caighdeán sainmhínithe na Roinne den "cárta leighis roghnach" a eisíodh i mí an Aibreáin 2002 déanta chun a chur ar chumas na mbord sláinte teacht comónta a ghlacadh. Bhí an sainmhíniú beartaithe chun an difríocht idir daoine a fuair an cárta bunaithe ar acmhainn, fiú má bhíodar beagán ós cionn an tairisigh measúnaithe, agus iad san a fuair an cárta de bharr tionchar bail leighis. Bhíothas ag súil nuair a bheadh an uimhir cártaí roghnach déanta amach go cruinn ag na boird sláinte, go ndéanfadh sé bonn chun dul ar ais chun idirbheartaíochta le Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann.

Dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta chomh maith go gcaithfear dul i ngleic le cás na gcartaí leighis roghnach go léir anois I gcomhthéacs an chonradh SLG atá ar siúl ó déanach i 2005 faoi choimirce an Choimisiún Caidrimh Saothair (CCS). Dúirt sé go mbeadh sé míchuí ag an am seo déileáil le gnóthaí taobh amuigh de phróiseas an CCS agus go raibh roinnt eisithe eile a chaithfí a thógáil san áireamh ag dul i ngleic leis an ngnó seo -

- Na ceartuithe suntasach a rinneadh leis an gcóras agus na treoirlínte chun iarratasóirí a mheas do chárta leighis i 2005
- Tabhairt isteach an chárta nua cuarta dochtúra
- Athbhreithniú reatha ar reachtaíocht teidil
- An dréacht de chomhaontú comhpháirtíochta náisiúnta "I dtreo 2016" a fhorálann do athbhreithniú den chritéar teidlíochta do mheasúnú cártaí leighis.

# 14.2 Fóirdheontas Tí Altranais

Forálann an tAcht (Tithe Altranais) Sláinte 1990 (an tAcht) do thabhairt isteach Scéim Fóirdheontais Tithe Altranais. Is é cuspóir na scéime ná tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do dhaoine i dteideal a ghlacann le cúram tithe banaltraí. Déantar cinneadh faoi theideal trí thagairt do dhá chritéir

- An méid spleáchais atá ag an duine
- Acmhainn agus cúinsí an duine.

Tá an tslí a a déantar meastachán ar an dá chritéir seo leagtha amach go mion sonrach i rialacháin a tugadh isteach i 1993 agus leasaithe ar roinnt ócáidí suas go dtí 2005. Is féidir le duine iarratas a dhéanamh do fhóirdheontas nó is féidir le duine iarratas a dhéanamh thar a c(h)eann. Tháinig an FSS freagrach as stiúradh na scéime i 2005, tar éis díscaoileadh na mbord sláinte.

## Measúnú Spleáchais

Déantar cinneadh faoi spleáchas trí mheasúnú cliniciúil. San aireamh le measúnú tá cumas an duine, a bhfuil fóirdheontais dá iarraidh ar a s(h)on, chun gnáth obair laethúil a dhéanamh, an leibhéal tacaíocht sóisialta atá ar fáil don nduine agus bail sláinte an duine. Tá an measúnú bunaithe ar an méid soghluaisteachta, cumas chun iad féin a ghléasadh gan cabhair, cumas chun iad féin a chothú gan cabhair cumas cumarsáide, an méid treocht, leibhéal comhoibriú, cumas chun iad féin a ghlanadh gan cabhair, cumas cuimhne agus neamhchoinneálach. Tá trí leibhéal spleáchais:

Spleáchas measartha – bíonn gá ag an duine le cúram teach altranais de bharr nach féidir an cúram atá ag teastáil ón nduine a chur ar fáil sa phobal.

Ard Spleáchas– tá neamhspleáchas an duine lagaithe go dtí an méid go bhfuil gá aige/aici le cúram teach altraí ach níl sé/sí gafa go hiomlán leis an dteach.

Spleáchas Iomlán – tá neamhspleáchas an duine laghdaithe go dtí an méid go bhfuil gá aige/aici le cúram leanúnach téac altraí.

Déanann an leibhéal spleáchais a meastar faoin scéim cinneadh faoin uasráta seachtainiúil fóirdheontais Siad na rátaí faoi láthair

- Spleáchas Measartha €114.30 in aghaidh na seachtaine
- Ard Spleáchas €152.40 in aghaidh na seachtaine
- Spleáchas Iomlán €190.50 in aghaidh na seachtaine.

## Measúnú Acmhainne agus Cúinsí

Forálann na rialacháin go gcaithfidh an FSS agus iad i mbun measúnú acmhainne duine gach foinse ioncaim a thógáil san áireamh, pá, tuarastal, pinsean, liúntais, íocaíochtaí ó obair páirtaimseartha agus séasúrach, ioncam ó chíos, infheistíocht agus taisce agus aon ranníocaíocht ó aon fhoinse. Is féidir leis an FSS (ach ní gá dóibh) aon sócmhainní atá ag an duine a mheas.

Cé go bhfuil rogha ag an FSS faoi shocmhainní a chur san áireamh ag measúnú acmhainn, tá rialacha sainithe leagtha síos sa rialacháin faoi conas atá na sócmhainne le tógáil san áireamh dá roghnódis san a dhéanamh. Go h-áirithe, d'fhéadfadh an FSS diúltú aon fóirdheontais a íoc má fheidhmíonn aon cheann díobh seo leanas:

- má tá príomh láthair cónaithe an éilitheora luachála ar €500,000 (do mhaoin i mBaile Átha Cliath) agus €300,000 (don gcuid eile den dtír) má tá ioncam an éilitheora níos mó na €9,000 in aghaidh na bliana nó
- má tá luach sócmhainní an éilitheora (gan an príomh áit cónaithe san áireamh) níos mó ná €36,000.

Tá dhá eisceacht suntasach leis na rialacha seo

- caithfear neamhaird a dhéanamh den chéad €11,000 de aon sócmhainn
- ní tógtar príomh áit cónaithe an éilitheora san áireamh má tá céile an éilitheora nó leanbh faoi 21 nó in oideachas lánaimseartha nó gaol atá ag fáil íocaíocht míchumais, pinsean na ndall, sochar míchumais, pinsean easláinte nó Pinsean Seanaoise Ranníocaíochta ag cónaí ann.

## Íocaíocht Fóirdheontais Breisithe

Forálann Alt 22.3 agus 22.4 de Rialacháin (Fóirdheontais) Tí Altranais do íocaíocht fóirdheontais breisithe. Ciallaíonn sé seo go bhféadfadh an FSS íocaíocht breise seachtainiúil a dhéanamh sa bhreis ar an uasráta seachtainiúil. D'fhéadfadh na méideanna seo nuair a tógtar iad i gconáim leis an ioncam atá ar fáil ag an duine costas iomlán an tí altraí príobháideach a íoc. Tagann na h-íocaíochtaí breisithe isteach i gcásanna, nách féidir le teaghlach an duine fiú leis na uasmhéid fordheontais íoc as an easnamh costais cúram tí altraí agus go mbionn liosta feithimh fada chun leapacha poiblí. Beidh méid gach breisiú diffriúil, toisc go mbraitheann an méid a tugtar ar ioncam an duine, a leibhéal spleachais, táilí an tí altraí agus ar srianta buishéid.

Níl aon rialacha soiléir sa rialacháin faoi cé atá i dteideal íocaíochtaí breisithe. Le fírinne, tá sé faoi gach Ceantar FSS na h-íocaíoctha breise a dhéanamh, agus meastar gach cás leis féin. Níl aon uasmhéid do fhordheontais sa rialacháin agus gnó roghnach is ea é don cheantair Oifig Sláinte Áitiúil (OSÁ).

## Cásanna Dlí

Tá roinnt dúshláin Ard-Chúirte dá thógáil (104 i mí Iúil 2006) chun bunreachtúlacht na Achta (Tí Altranais) Sláinte 1990 agus rialacháin bainteach a thástáil. Baineann na cásanna dlí le teideal agus bheidh i dteideal, le éilitheoirí ag agóid go gcaitheadar tithe altraí príobháideach a úsáid toisc nach raibh aon leapacha poiblí ar fáil.

## Caiteachas - 2005

Íocadh amach €109.8m i 2005 ina raibh €49.2m i fhoirm fóirdheontais breisithe.

# Torthaí an Iniúchta

Le linn an iniúchta, rinneadh suirbhé ar an 19 Oifig Sláinte Áitiúil atá freagrach as stiúradh na scéime agus an méid bealaí ar leith ina n-úsáidtear an príomh áit cónaithe ag measúnú acmhainn agus ag íoc fóirdheontais breisithe. Níor rinne an suirbhé iarracht a chruthú cé acu ar rinneadh an tástáil ioncaim i modh comhsheasmhach.

### Measúnú an Phríomh Áit Cónaithe

Thaispeáin an suirbhé go raibh roinnt neamhréireacht sa tslí a cóireáladh an príomh áit cónaithe i measúnú acmhainne. Go sainithe, thug 7 Oifig Sláinte Áitiúil le tuiscint nach tógann siad an príomh áit cónaithe san áireamh má tá gaol ag cónaí sa teach. Níl sé seo de réir rialacha a fhorálann nár chóir neamhaird a dhéanamh den bpríomh áit cónaithe ach amháin má tá céile ag cónaí ann, leanbh faoi aois a 21 nó in oideachas lán aimsire nó gaol atá ag fáil íocaíochtaí áirithe leasa sóisialta. Cé gur thóg an 12 Oifig Sláinte Áitiúil an príomh áit cónaithe san áireamh ar mhaithe le acmhainn de réir na rialacha, thug dhá cheantar le

tuiscint nár rinneadh siad san go dtí 2005. Sé an príomh fáth a tugadh leis seo ná go riabh praghas maoine íseal sa ceantair seo.

## Íoc Fóirdheontais Breisithe

Léirigh an suirbhé chomh maith cleachtais an éagsúil ag ríomhadh méid an Fhóirdheontais breisithe. In achomair

- Íocann 10 Oifig Sláinte Áitiúil uasmhéid íocaíochta de idir €360 agus €680 –lúide ioncam measta
- Íocann 3 Oifig Sláinte Áitiúil suas go dtí costas na leapa lúide ioncam measta
- Íocann 5 Oifig Sláinte Áitiúil idir €38 agus €250 – móide an fóirdheontas caighdeánach
- Íocann Oifig Sláinte Áitiúil amháin an méid atá comhaontaithe.

Taispeánadh ag feidhmiú na gcleachtas éagsúla le gnáth chás go bhféadfadh duine nó baill teaghlaigh ag tacú le duine críochnú suas ag íoc méideanna éagsúla chun díol as tháillí theach altranais príobháideach ag braith ar an gceantar ina bhfuil siad ag cónaí. Mar shampla, sa Deisceart, san Oirthuaisceart agus sna trí cheantar FSS i mBaile Átha Cliath/an Oirthir ní bheadh aon ranníocaíocht riachtanach, cé go gcaithfí ranníocaíocht substaintiúil a dhéanamh san Oirdheisceart, sa Mheán Iarthair agus san Iarthar. Chomh maith leis sin, i gcontaetha áirithe i gceantair Meantíre agus Thiar Thuaigh chaithfí ranníocaíocht substaintiúil a dhéanamh, agus i gcontaetha eile sa ceantair céanna níor ghá aon ranníocaíocht a dhéanamh.

Léiríonn torthaí an tsuirbhé an teacht a thóg an Oifig Sláinte Áitiúil le ginearálacht na gcásanna. Mar sin féin, i gcásanna cruatain is féidir leis an Oifig Sláinte Áitiúil méid na fhordheontais breisithe a mhéadú chun comhardú costais leaba tí altranais nach bhfuil íoctha ag an duine a chlúdach. Go minic deanann an Oifig Sláinte Áitiúil iarracht idirbheartaíocht a dhéanamh leis an dteach altraí ar tháile comhaontaithe chun táille a shocrú ar feag tréimhe 12 mí. Ní thugann na treoracha in úsáid ag an Oifig Sláinte Áitiúil treoir faoin tslí ba chóir díscréid a úsaid, agus ní féidir a rá an úsáidtear díscréid i módh comhsheasamhach trasna na nOifig Sláinte Áitiúla.

## Imní Iniúchta

De bharr an neamh-comhsheasmhacht atá dealraithe le teacht, measúnú acmhainne agus íoc fóirdheontais breisithe i réigiúin an FSS, d'iarr mé dearcadh an Oifigigh Cuntasóireachta.

## Freagra an Oifigigh Chuntasóireachta

Chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúil dom go raibh nádúir roghnach an fhóirdheontais breisithe, mar ar oibrigh sé sa tsean chóras Bord Sláinte, bunúsach leis na neamh-comhsheasmhacht atá anois ann agus a bhfuil an FSS ag dul i ngleic leo i gcomhthéacs le córas seachadadh aontaithe. Faoi shean chóras an Bhord Sláinte, bhunaigh gach Bord Sláinte critéir do mhodh íocaíochta de shocruithe de fhóirdheontais bunúsach agus breisithe a bheadh go ginearálta tuarascála leis an mBord Sláinte ag cruinnithe míosúil, srl. Mar sin féin, bheadh tionchar ag srianta buiséid agus ag an méid maoiniú curtha ar fáil ag an Roinn Sláinte agus Leanaí ar an méid tacaíochta roghnach a bheadh ar fail.

Sa tsean chóras ba aonad dlí ina cheart féin gach Bord Sláinte agus bhí sé i dteideal socruithe a chur ar fáil mar pháirt de phleananna seirbhíse bliantúil a bhí comhaontaithe leis an Roinn.

Rinneadh an t-Oifigeach Cuntasóireachta sonraí faoi na h-eisithe bunúsach ba chúis le neamh-sheasmhacht in obair na Scéime Fóirdheontais Breisithe go náisiúnta

- Bhí Rialacháin Fóirdheontais 1993 oscailte i ranna éagsúla chun mínithe éagsúla
- Ní raibh na treoirlínte a tháinig leis na rialacháin mionsonraithe ná cuimsitheach

- Lean neamh-sheasmhacht i míniú reachtaíochta agus treoirlínte ceal cumarsáide idir Bhoird Sláinte
- Bhí difríocht suntasach idir Bhoird Sláinte maidir leis na h-acmhainní ar bhí ar fáil do dhaoine aosta m.s. leapacha fad téarmach, srl.
- Bhí buiséid éagsúla per capita lamhála le Boird Sláinte do scéimeanna fóirdheontais
- De bharr phróifíl déimeagrafach agus geografach cuireadh béim ar nithe ar leith dir Bhoird Sláinte.

Bhí tionchar ag roinnt fachtóirí ar fóirdheontais breisithe i réigiúin ar leith

- An céatadán de dhaonra ós cionn 65 a raibh gá acu le cúram leanúnach
- An t-uimhir iomlán de leapacha do cúraim leanúnach poiblí agus príobháideach a bhí ar fáil, chun freastal ar an riachtanas
- An uimhir leapacha poiblí a bhí ar fáil.

Bhí difríocht mór idir an cóimheas de leapacha poiblí leis na méid daoine ós cionn aois a 65 idir Bhoird Sláinte. San áit go raibh uimhir mór leapacha poiblí ar fáil, tháinig laghdú ar an éileamh do fhóirdheontais sa réigiúin sin. Mar an gcéanna, má tháinig laghdú ar an méid leapacha poiblí a bhí ar fáil, comhréir le riachtanas áitiúil, thiocfadh brú tacaíochta ó fhóirdheontais laistigh den réigiún sin. Le fírinne, d'fhéadfadh gur thug se seo scéimeanna fóirdheontais breisithe níos cuimsithe ina leithéid de bhoird.

Bhí difríochtaí forleathan idir costas tithe altranais príobháideach idir Bhoird Sláinte. D'fhéadfadh na táillí a ghearrann tithe altranais príobháideacha a bheith idir €550 in aghaidh na seachtaine agus €1,100 in aghaidh na seachtaine faoi láthair ag brath ar an suíomh. Siad na príomh fhachtóirí a dhéanann cinneadh faoi na costais seo ná éileamh agus soláthar do áiteanna agus costas áitiúil ar nós tógáil agus foireann. Tá an éagsúlacht i gcostais cúraim príobháideach léirithe i luach na n-íocaíochtaí breisithe.

Mar pháirt de thrasdul an Bhoird Sláinte go dtí FSS, chuaigh an Príomh Fheidhmeannaigh ag imeacht amach i mbun measúnú riosca cuimsitheach den mBord Sláinte ag an am agus cuireadh é seo ar fáil trí thuarascáil do Príomh Fheidhmeannach an FSS ag an am. D'ainmnigh an doiciméad seo na rioscaí bainteach le cumasc 11 struchtúr Bord Sláinte isteach i gcóras aontaithe leis na neamh-comhsheasmhachta de léirmhíniú de sheirbhísí áirithe, an Scéim Fóirdheontais Tithe Altraí san áireamh.

I gcomhthéacs an méid a bhí na neamh-sheasmhachta seo sa tsean chóras, dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta go raibh socruithe sa tsean Bhord Sláinte, agus leanann siad bheith san FSS, a éiríonn nuair a bhíonn aimhrialtacht ag éirí ó neamhsheasmhach i míniú nó i fheidhmiú scéime. De ghnáth déileálann na h-Oifigí Achomhairc leo seo agus déileálann Bainisteoirí Sláinte Áitiúil agus Stiúrthóirí Náisiúnta leo mar atá cuí.

Tuigeann an FSS nach féidir aistriú go dtí córas aontaithe le léirmhíniú caighdeánach agus feidhmiú reachtaíochta agus rialacháin ach amháin ar bhonn céimnithe. Tá sé mar seo de bharr na n-eisithe acmhainne a bhaineann leis agus an riachtanas chun taca a chur faoi leasaithe reachtaíochta agus rialaithe tríd an Roinn.

Ó bhunú an FSS tá socruithe dá chur in áit chun déileáil leis na neamh-sheasmhachta. Maidir le Seirbhísí do Dhaoine Aosta, Tá Grúpa Stiúrtha Náisiúnta bunaithe agus tríd an bpróiseas seo tá socruithe dá dhéanamh chun an clár oibre seo a chur chun cinn ar bhonn córasach. Laistigh den gcreatlach náisiúnta, tá grúpa oibre bunaithe agus baineann eilimint amháin dá obair le teacht caighdeánach a fhorbairt i dtreo Scéim Fóirdheontais Tí Altraí a fheidhmiú trasna na seirbhíse sláinte. I measc téarmaí tagartha an Ghrúpa Oibre tá éifeacht na reachtaíocht atá ann faoi láthair i dtéarmaí

- Impleachtaí na reachtaíochta maidir le comhionannas inrochtana
- Soiléiriú ar dhualgais an FSS de réir dlí
- Ainmniú bearnaí riosca agus ag cur suntais ar a n-impleachtaí (airgeadais agus eile) leis an FSS.

Sé an teacht atá dá thógáil ag an FSS ná na socruithe a chaighdeánú laistigh den reachtaíocht agus fráma rialacháin atá ann, agus san am ceanna ag obair leis an Roinn chun fráma reachtaíochta níos oiriúnaí comhionann agus cuí a chinntiú. Bhí na h-eisithe bainteach le teideal agus socruithe maoinithe maidir le cur ar fáil Cúram Fad Téarmach do Dhaoine Aosta, poiblí agus príobháideach ina n-ábhar comhairle leanúnach leis an Roinn sa tsean chóras Bhord Sláinte agus ó bunaíodh an FSS. Tá sé deimhnithe ag an Roinn, sa Straitéis Sláinte agus níos déanaí tar éis cinneadh na Cúirte Uachtaraigh faoi tháillí Fad Téarmach, go bhfuil siad i stáid tosaíochta ag forbairt creatlach cuimsithe reachtaíochta agus rialacháin a rachaidh i ngleic le teideal foriomlán na seirbhísí seo Cúram Fad Téarmach do Dhaoine Aosta san áireamh.

Chríochnaigh an t-Oifigeach Cuntasóireachta ag rá go rabhthas imithe i mbun obair suntasach le cúpla bliain anuas san earnáil seo agus go raibh grúpa ard leibhéil Rialtais faoi Chathaoirleach Roinn an Taoisigh bunaithe ag an Roinn chun déileáil le Cúram Fad Téarmach do Daoine Aosta, a dhéileálfaidh chomh maith le Maoiniú Fad Téarmach do Dhaoine Aosta ag dul ar aghaidh. Tá an obair seo bunaithe i dTuarascálacha Mercer agus O'Shea, agus sé tuiscint an FSS go mbeidh moltaí ag dul faoi bhráid an Rialtais go luath maidir leo seo. Tá an FSS ag obair go dlúth leis an Rialtas maidir leis na h-eisithe seo.

# 14.3 Luach Saothair Breise

Tá sé riachtanach de réir imeachtaí airgeadais poiblí forordaithe ag an Roinn Airgeadais go dtaispeánann gach Cuntas Leithghabhála an méid iomlán ar ghearradh don chuntas é maidir le ragobair agus tinreamh breise, líon na ndaoine ar íocadh ragobair leo agus an duine a fuair an íocaíocht ragoibre is airde sa bhliain. De bharr nádúir na seirbhíse sláinte, bíonn sonraí i gCuntas Leithghabhála an FSS chomh maith faoi luach saothair breise maidir le liúntais, dualgais oíche, pá deireadh seachtaine, ar-ghlaoch agus íocaíochtaí eile. Ba é an caiteachas iomlán ar luach saothair breise i 2005 ná €585,651,417 mar atá taispeánta i dTábla 47.

**Tábla 47**

| | € |
|---|---|
| Liúntais | 92,528,783 |
| Ragobair | 187,148,078 |
| Dualgas oíche | 64,451,495 |
| Deireadh Seachtainí | 166,379,057 |
| Ar-ghlaoch | 49,019,852 |
| Eile[51] | 26,124,152 |
| **Iomlán** | **585,651,417** |

Ba chóir a thabhairt faoi deara go fhaigheann daoine áirithe breis luach saothair i níos mó na catagóir amháin.

Costas párolla iomlán don FSS do 2005 (de réir an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais) ná €4,029,586,638 a ionadaigh luach saothair de 14.5%.

Anailís ar 30 faighteoirí luach saothair is airde i gcatagóir ar leith[52] i ngach ceann de na 10 iar-réigiúin bord sláinte taispeánta i dTábla 48.

**Tábla 48– Anailís ar saothraithe arda**

| € | Ragobair | Deireadh seachtainí | Liúntais | Dualgas oíche | Ar-ghlaoch | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 125,000 - 150,000 | 7 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 7 |
| 100,000 - 125,000 | 15 | 0 | 4 | 0 | 0 | 1 | 20 |
| 75,000 - 100,000 | 66 | 0 | 4 | 0 | 3 | 2 | 75 |
| 50,000 - 75,000 | 161 | 0 | 9 | 0 | 17 | 5 | 192 |
| 25,000 - 50,000 | 51 | 2 | 73 | 0 | 254 | 35 | 415 |
| 0 - 25,000 | 0 | 298 | 210 | 300 | 26 | 167 | 1,001 |
| **Iomlán** | **300** | **300** | **300** | **300** | **300** | **210**[52] | **1,710** |

Thaispeáin anailís breise gur chuaigh an 22 íocaíocht ragoibre le Dochtúirí Neamh-chomhairleach Ospidéil (DNO) (m.s. iad seo go léir ós cionn €100,000). D'oibrigh an 3 shaothraí is airde ar feadh 3,530; 3,193 agus 2,419 uair an chloig i 2005 sa bhreis ar a ngnáth 39 uair an chloig. Sin meán uaireanta ragoibre de 75; 68 agus 51 hours in aghaidh na seachtaine an duine, ar feadh 47 seachtain oibre.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go raibh 28 den 300 saothraí ragoibre ar an chéad 30 de fhaighteoirí breis luach saothair ó chatagóir eile ina n-earnáil agus fuaireadar méideanna ó €6,311 go dtí €61,226 maidir leis

[51] San áireamh le pá eile tá riaráiste daoine aonair seachas comhaontaithe náisiúnta agus liúntais ilghnéitheach.
[52] Ní dhéanann gach réigiúin FSS catagóireacht ar íocaíochtaí sa chatagóir "eile".

seo. D'fhéadfadh saothraithe rag-oibre arda eile a bheith sa faighteoirí de íocaíochtaí breise luach saothair ach ní rabhadar sa chéad 30.

Ag glacadh leis go mbeidh leibhéal áirithe de íocaíochtaí luach saothair de bharr nádúir oibreacha an FSS, chuir mé ceist ar an Oifigeach Cuntasíochta faoi

- cad iad na bearta atá in áit ag an FSS chun a chinntiú go bhfuil acmhainní atá dá caitheamh ar íocaíochtaí luach saothair breise dá úsáid go h-eacnamúil
- cad iad na smachta bainistíochta ó lá go lá atá in áit san FSS maidir le breis luach saothair, smachta buiséid agus imeachtaí monatóireachta,
- an bhfuil an FSS sásta go bhfuil a chóras tinrimh agus uainchlár agus smachta maith go leor chun a leithéid de chaiteachas párolla breise a bhainistiú.

Dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta go raibh sé géar comhfhiosach don ngá le a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as acmhainní, agus san am ceanna ag coimeád síos costas an leibhéal nó bheith ag braith ar liúntais breise/ ragoibre arl, agus i gcónaí ag coimeád an leibhéal clúdaigh chun cúram a chur ar fáil. Bíonn uainchláir DNO á scrúdú ag Bainisteoirí Daonchumhachta Leighis an FSS ar bhonn leanúnach ar mhaithe le seachadadh seirbhíse sábháilte, oiliúint agus luach ar airgead, le béim ar leith ar uaireanta a laghdú i gcomhthéacs na Treorach Eorpach ar Am Oibre (TEAO).

Braitheann bainistíocht lá go lá agus smacht ar ragobair an Dochtúirí Neamh-chomhairleach Ospidéil DNO ar an riachtanas go mbíonn gach uair oibre DNO, ragobair san áireamh, sínte amach ag an maor comhairleora. Comhoiriúnaíonn an gcomhairleoir na h-uaireanta atá molta chun íocaíochta annsan i gcoinne an uainchláir seirbhíse a bhí comhaontaithe le gach grád agus saineolaí. Sheiceálann foireann stiúrtha faoi mhaoirseacht an Bhainisteora Daonchumhachta Dochtúra nó Bainisteora Ospidéil éilimh íocaíochta i gcoinne uainchláir agus uainchláir ar-ghlaoch .

De bharr nádúir cur ar fáil seirbhís géar shláinte éiríonn ócáidí éigeandála nó moill ag seisiúin sceidealaithe obrádlainne nó clinicí ar uairibh, agus bíonn gá ag comhairleoir le clúdach breise meamh-uainchláir DNO. Suas go dtí 2006, bhí tionchar ag monatóireacht agus smacht ar chostais sonraí neamh-uain-chláraithe agus nós imeachta de shonraí a iniúchadh agus a fhíorú i gcoinne oibreacha ospidéil roimh íocaíocht a dhéanamh as obair breise nach raibh ar an sceideal. Sna h-áiteanna a raibh patrún de uaireanta neamh-uain-chláir ag forbairt, chuathas i ngleic leo seo leis na Dochtúirí Neamh-chomhairleach Ospidéir DNO ábhartha agus lena maoir comhairleora nuair a bhí san riachtanach.

Chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúil dom go raibh an FSS ar eolas go bhfuil an DNO ag obair i fhad thar an uainchlár, le costais do-chosanta dá thoradh. I mí Bealtaine 2006, thug Oifig na n-Ospidéil Náisiúnta treoir chuig gach Bainisteoir Ospidéil maidir le ragobair nach raibh ar uainchlár an DNO. De réir na dtreoracha caithfidh gach obair DNO bheith i líne lena uaireanta uainchláir. Dúradh le Bainisteoirí Ospidéil a chur in iúil dá gcomhairleoirí nach bhféadfadh an buiséad atá ann faoi láthair tacú le ragobair DNO nach bhfuil ar an uainchlár.

De réir na dtreoracha nua caithfidh Bainisteoirí Ospidéil

- an uainchlár a dheimhniú do gach speisialtacht ar bhonn riachtanas seirbhíse
- an uainchlár féin a chur i gcuimhne do gach DNO agus
- nach n-íocfar ach amháin as na huaireanta oibre ar a n-uainchlár DNO agus go gcaithfidh siad na h-uaireanta ar an uainchlár a chríochnú.

Tugadh smacht nua isteach le feidhm a chuireann ar DNO cead a fháil ón mBainisteoir Ospidéil roimh ré chun oibriú thar na h-uaireanta ar an uainchlár. Chuaig an socrú seo i fheidhm láithreach. Tá tacú aige ó pholasaí de mhonatóireacht ar gach clár ragoibre chun a fhíorú go raibh na h-uaireanta atá éilithe ceadaithe ag gach Bainisteoir Ospidéil. Ní íocfar as éilimh ragoibre nach bhfuil an cead riachtanach faighte aige agus cuirfear ar ais go dtí an DNO é le ceartú.

Dúirt an t-Oifigeach Cuntasóireachta go bhféadfadh uainchlár sofaisticiúil réiteach FT a thabhairt isteach a fhéadfadh buntáiste a thabhairt do bhainisteoirí áitiúil ag bainistiú leibhéal freastail agus socruithe uainchláir. Thug sé le tuiscint go raibh an córas AD(acmhainní daonna) agus córas párolla (PPARS) a bhí pleanáilte ag an iar bhord sláinte deartha chun déileáil, inter alia, le cuid den ngnó san earnáil seo. Mar sin féin, chuir an FSS ar fionraí aon rolladh amach den dtionscnamh seo go dtí go mbeidh siad sásta le luach an mholadh atá san áireamh.

## Iarmhairtí do Sheachadadh Sheirbhíse

Chuir mé ceist ar an oifigeach Cuntasóireachta chomh maith faoi an ndéanfadh earcaíocht ar fhoireann breise méadú ar mhéid agus chaighdeán na seirbhíse atá dá chur ar fáil agus an ísleodh sé costais.

Chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúil dom go dtabharfadh breis acmhainní cabhair i gcásanna áirithe agus go bhféadfadh sé cabhrú i dtéarmaí bheith ag braith ar shocruithe ragoibre. Tá, mar sin féin mórán fachtóirí a bheadh ina bpáirt den gcothromóid seo, soláthar measca scileanna srl. san áireamh. Dhearbhaigh sé nach ndéanfaí comhghéilleadh ar seirbhís. Dúirt sé chomh maith nach raibh an FSS, i láthair na h-uaire solúbtha go leor chun breis foirne a earcú pé acu an ndéanfadh sé seo áis chun luach saothair a laghdú nó an méid a táthar ag braith ar foireann gníomhaireachta a laghdú. Tá buaic phointe fostaíochta lamhála do gach eilimint den seirbhís agus ní féidir fostaí a earcú thar an bpointe seo. Tá cainteanna ar siúl leis na Ranna Rialtais ábhartha chun réiteach foriomlán a dhéanamh ar bhuaic phointe fostaíochta an FSS.

## Impleacht Treoir Am Oibre na hEorpa (TEAO)

Tugadh isteach Treoir Am Oibre na hEorpa TEAO, mar a fheidhmíonn sé leis an DNO, i ndlí na hÉireann i 2004. De thoradh ar sin, tá uaireanta oibre de leithéid dochtúirí teoranta de réir dlí go dtí uasmhéid de 58 uair in aghaidh na seachtaine ar an meán ó mhí Lúnasa 2004. Tá an uasmhéid de 58 le laghdú go dtí 48 ar bhonn céimnithe go dtí Lúnasa 2009. Cuireann ar Treoir agus dlí cáis atá tagtha amach le blianta anuas maidir leis srian suntasach ar an méid uaireanta oibre is féidir le dochtúirí a dhéanamh. Ní foláir do dhochtúirí gan níos mó ná 13 uair oibre a dhéanamh gach tréimhse 24 uair, agus tá siad i dteideal 35 uair scíth as a chéile gach tréimhse 7 lá, nó 59 uair de scíth gach tréimhse 14 lae. Chomh maith leis sin, san áit go dteann an dochtúir thar teorainn an tréimhse 13 uair, caithfidh an dochtúir atá san áireamh go leor scíth a thógáil chun téarmaí an treorach a chomhlíonadh agus beidh impleachtaí aige seo de am tosaithe an lá dár gcionn. De thoradh an leibhéil ragoibre a thugas faoi deara san iniúchadh, bhíos imníoch nach raibh an FSS géillsineach le téarmaí na Treorach.

Chuir an t-Oifigeach Cuntasóireachta in iúil dom go raibh téarmaí na Treorach Am Oibre na hEorpa TEAO dá chomhlíonadh go h-iomlán ag 30% den DNO. Maidir leis an 70% eile den DNO, tá cainteanna ag leanúint le Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann, faoi choimirce an Choimisiúin Caidrimh Saothair, chun socruithe a chomhaontú a chuirfidh laghdú ar uaireanta oibre DNO chun bheith géillsineach de forálacha uaireanta oibre agus scíth de Threorach Am Oibre na hEorpa TEAO.

Tá próiseas caidreamh tionsclaíochta in áit a dhéanfaidh maoirseacht ar roinnt socruithe piolóideach freastail don DNO i naoi aonad a bheidh géillsineach do Treoir Am Oibre na hEorpa TEAO. Leanfaidh na piolóid ar feadh 4 go dtí 6 mhí agus i rith an ama san déanfar luacháil ortha. Chomh maith leis sin, táthar ag súil go mbeidh conradh leasaithe dá phlé leis an DNO san am céanna. Annsan ba chóir na piolóid nua a shruthlíniú agus an conradh leasuithe a chomhaontú leis na DNO.

# Caibidil 15

# Gníonmhaireacht Bainistíochta an Chistáin Náisiúnta

# 15.1 Fiach Náisiúnta

Tá feidhm reachtúil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta airgead a fháil ar iasacht ar son an Státchiste, agus an Fiach Náisiúnta a bhainistiú ar son agus faoi réir smacht agus feitheoireacht ginearálta an Aire Airgeadais.

Íoctar costais a tharraingíonn an Ghníomhaireacht uirthi féin i gcomhlíonadh a feidhmeanna ón gCiste Lárnach. Tharraing an Ghníomhaireacht €19.9m i gcaiteachas uirthi féin maidir le riarachán i 2005 (€16.5 i 2004 mar a rinneadh coigeartú air le haghaidh FRS 17).

Faoi fhorálacha ailt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, tá sé de dhualgas orm cuntais na Gníomhaireachta a iniúchadh agus, ar ullmhú mo thuarascáil reachtúil bhliantúil ar na Cuntais Leithreasa, tuarascáil a ullmhú chomh maith do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna atá léirithe ag an nGníomhaireacht sa bhliain. Tá iniúchadh déanta ar chuntais na Gníomhaireachta do 2005 agus tugadh na cuntais, cuntas riaracháin agus cuntais ag baint leis an bhFiach Náisiúnta san áireamh, faoi bhráid an Aire a leag cóipeanna díobh faoi bhráid gach tí den Oireachtas.

Táim sásta go léiríonn na cuntais idirbhearta na Gníomhaireachta i 2005, agus a hiarmhéideanna ag deireadh na bliana, go cuí.

Tábla 49 an t-aschur don Fhiach Náisiúnta sa tréimhse cúig bliana 2001-2005

**Tábla 49 Fiach Náisiúnta 2001-2005**

| | Fiach Náisiúnta Gan Íoc €m | Costas Seirbhíse Féich €m |
|---|---|---|
| 2001 | 36,183 | 2,379 |
| 2002 | 36,361 | 2,169 |
| 2003 | 37,610 | 2,277 |
| 2004 | 37,846 | 2,203 |
| 2005 | 38,182 | 2,238 |

Tá cumadh an Fhéich Náisiúnta[53] ar 31 Nollaig 2005 léirithe i Tábla 50.

**Tábla 50 Cumadh an Féich Náisiúnta ar 31 Nollaig 2005**

| | €m |
|---|---|
| Fiach Meántéarmach /Fadtéarmach | 31,936 |
| Fiach Gearrthéarmach | 3,688 |
| Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta | 4,741 |
| Lúide: Sócmhainní Leachtacha Intíre | (2,183) |
| **Fiach Náisiúnta** | **38,182** |

Déantar obair na Gníomhaireachta maidir lena himeachtaí a thomhas go neamhspleách ag gnólacht cuntasaíochta idirnáisiúnta fostaithe go sainiúil don chúis sin. Réitíodh cúis agus bonn an mheasúnaithe feidhmíochta leis an Roinn Airgeadais. Beartaíodh go raibh €25.6m san iomlán, maidir le coigilteas, luaite le bainistíocht na Gníomhaireachta sa bhliain – é tomhaiste ar bhonn glanluacha láithrigh i gcoinne punann tagarmhairc neamhspleách.

[53] Luaitear an Fiach Náisiúnta ar bhonn suimeanna ainmniúla den bhunairgead a fuarthas ar iasacht ar tús.

# 15.2 Ciste Bainc Coigiltis

Déanann iniúchóirí An Post iniúchadh ar Bhanc Coigiltis Oifig an Phoist ar mo shon, faoi réir ag mo cheart níos chun mó scrúduithe iniúchta a dhéanamh má mheasaim go bhfuil siad riachtanach.

I 2006, thug siad tuairisc dom ar a n-iniúchadh de chuntais 2005. Glacaim lena dtuairim go dtugann cuntais Bhainc Choigiltis Oifig an Phoist léiriú fíor agus cothrom ar a idirbhearta do dheireadh na bliana sin agus ar a iarmhéid ag deireadh na bliana.

Chomh maith leis an bhFiach Náisiúnta a bhainistiú, tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta freagrach as cistí tarchurtha chuig an Státchiste ag Banc Coigiltis Oifig an Phoist a infheistiú agus a bhainistiú. Tá an Státchiste freagrach as cistí dá leithéid a aisíoc don Bhanc agus as an ús atá orthu a íoc.

Léirítear staid an chiste ag deireadh na bliana i dTábla 51.

**Tábla 51 Ciste Coigiltis Oifig an Phoist**

| | 2005<br>€m | 2004<br>€m |
|---|---|---|
| Fiachas maidir le maoiniú dlite do thaisceoirí agus chreidiúnaithe | 1,489 | 1,304 |
| Luach infheistíochtaí coibhneasacha coimeádta i gCiste Bhanc Coigiltis Oifig an Phoist (ar phraghais chostais)[54] | 1,499 | 1,315 |
| **Farasbarr ar 31 Nollaig** | **10** | **11** |

[54] Bhí margadhluach na n-infheistíochtaí i seilbh an Chiste €1.6m níos mó ná a bpraghas costas.